# COMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015

# AIRD AR 2015

MAYO.IE

Dia is Muire linn

## CLÁR NA nÁBHAR

Réamhrá .... 4
Ráiteas Misin .... 6
Fís .... 6
Plean Corparáideach .... 7
Comhaltaí Tofa .... 8
Ceantair Bhardasacha .... 10
Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh .... 11
Ceantar Bardasach Iarthar Mhaigh Eo .... 24
Ceantar Bardasach Bhéal an Átha .... 30
Ceantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris .... 41
Airgeadas .... 60
An tAonad Fiontraíochta agus Infheistíochta .... 69
Oifig Fiontair Áitiúil, Maigh Eo .... 70
An tSeirbhís Ealaíon .... 87
Forbairt Phobail & Forbairt Chomhtháite .... 98
Coiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo .... 101
Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo .... 104
Oifig na Gaeilge .... 110
Pleanáil & Forbairt Gheilleagrach .... 113
Comhshaol .... 119
Leabharlann Chontae Mhaigh Eo .... 133
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht .... 138
Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo .... 149
Ionad Cultúrtha Bhéal Átha na Muice .... 161
Mótarcháin .... 163
Sábháilteacht Uisce .... 164
Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo .... 166
An Roinn Tréidliachta .... 168
An Rannóg Uisce Tuaithe .... 169
An Rannóg Pearsanra .... 172
Ionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh .... 175
An Rannóg Soláthair .... 177

Teicneolaíochtaí Faisnéise & Cumarsáide (ICTanna) .......... 181
Oifig Oidhreachta Mhaigh Eo .......... 182
Cuspóirí Ginearálta .......... 187
Roinn na nAiltirí .......... 188
Coistí um Beartas Straitéiseach .......... 199
Léargas ar Úsáid Fuinnimh in 2015 .......... 203
I nDil Chuimhne ar John McNicholas, R.I.P.  (1957-2015) .......... 205
Aguisíní .......... 207

## RÉAMHRÁ

Bliain ghnóthach tháirgiúil eile ab ea 2015 do Comhairle Contae Mhaigh Eo agus sinn ag leanúint den obair chun soláthar a dhéanamh de réir ár bhfíse de Chontae atá Inbhuanaithe, Uileghabhálach, Rathúil agus Bródúil.

Cuireadh tús le roinnt eochairthionscadal i rith na bliana ar a n-áirítear an Cábla Snáthoptach Trasatlantach, Stáisiún Fuinnimh In-athnuaite Mhaigh Eo i gCill Eala agus tá ár rannpháirtíocht agus tacaíocht d'Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire i gcomhar le sé cinn d'Údaráis Áitiúla eile ag teacht níos gaire don sprioc. Déanann an tuarascáil seo imlíniú ar chuid de na príomhghníomhaíochtaí agus de na gnóthachtálacha a rinneadh sa bhliain atá díreach caite.

Tá tríocha comhalta tofa ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo go dtí 2019 agus tá Cathaoirleach ar an gComhairle a thoghann na comhaltaí gach bliain. Is é an Grúpa Beartas Corparáideach agus na sé Choiste Beartas Straitéiseach a thionscnaíonn, a fhorbraíonn agus a mholann beartais don Chomhairle.

Déanann an Príomhfheidhmeannach maoirseacht ar imeachtaí na Comhairle ó lá go lá le tacaíocht ó mhíle fostaí, geall leis. Tá oifig áitiúil ag gach Ceantar Bardasach a sholáthraíonn seirbhísí áitiúla do na daoine atá sa cheantar sin. Tugann an Chomhairle tacaíocht do gach ceann acu le seirbhísí ar fud an chontae agus trí sheirbhísí oibríochtúla na Comhairle.

Ba é an leibhéal caiteachais don Chuntas Ioncaim in 2015 ná **€139m** agus bhí an Cuntas Caipitil ag **€55m**.

I measc an iomad buaicphointí a bhí againn in 2015 tá suntas ar leith le roinnt acu:

**BARDAIS**

Le daingniú na gceithre Cheantar Bardasach i Maigh Eo táthar ag leanúint den chinntiú go gcuirfear seirbhísí éifeachta poiblí ar fáil dár bpobail. In 2015, bhí siad seo san áireamh in obair na gceantar Bardasach:

- Tar éis Stoirme Desmond i mí na Nollag, 2015, fágadh tithe cónaithe báite agus bailte scoite de bharr na dtuilte. Bhí líon mór bóithre dothrasnaithe sa Chontae. Thug oibrithe foirne amuigh faoin aer Chomhairle Contae Mhaigh Eo, mar aon le pobail áitiúla, an tSeirbhís Dóiteáin agus an Chosaint Shibhialta cúnamh do dhaoine a bhí buailte ag na tuilte. Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo tithíocht éigeandála ar fáil do roinnt daoine a raibh a dtithe báite ag na tuilte. Is mór againn an tacaíocht a thug Cumann Croise Deirge na hÉireann, an tArm agus grúpaí deonacha.
- Tógáil an ghlasbhealaigh trí Westport House. Mar chuid de sin tógadh 1100m de ghlasbhealach nua 3m ar leithead ar chostas €300,000. Rinneadh dul chun cinn freisin leis an nglasbhealach i mBéal an Átha (Ghlasbhealach Mhainistreacha na Muaidhe).

**FIONTRAÍOCHT**
Ar an 2ú Bealtaine rinne an tAonad Fiontraíochta agus Infheistíochta an chéad seoladh ar Lá Mhaigh Eo. Bhí glacadh ollmhór leis an tionscnamh agus eagraíodh ócáidí agus teacht le chéile ar fud an domhain:

- Cuireadh €490,000 san iomlán ar fáil mar chabhair dheontas do 32 gnó beag in 2014;
- Thug an Oifig Fiontair Áitiúil tacaíocht do 42 post nua trí oibriú le bunachar cliant de 188 gnó;
- Comhairle Contae Mhaigh Eo a fuair Gradam LAMA 2015 sa chatagóir 'An Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch is Fearr' as an obair a rinne an tAonad Fiontraíochta agus Infheistíochta.
- Ar an 14ú Meán Fómhair 2015, ghlac Comhairle Contae Mhaigh Eo le straitéis turasóireachta nua dar teideal "*Destination Mayo - A Strategy for the Future Development of Tourism in County Mayo 2015 – 2020*".

**PLEANÁIL**
2015 an chéad bhliain ar dearnadh gach iarratas don chontae a phróiseáil go lárnach i gCaisleán an Bharraigh. Ba í seo an chéad bhliain freisin ó 2006 inar tháinig ardú ar líon na n-iarratas a fuarthas agus é ardaithe níos mó ná 10%.

**LEABHARLANN**
Bhí an tóir ba mhó fós ar Bhailiúchán Jackie Clarke in 2015 agus 23,358 duine ag tabhairt cuairte air, ardú de 9252 ó 2014. Is cosúil go mbeidh na huimhreacha ardaithe beagnach 50% faoi dheireadh na bliana. Lean an leabharlann uirthi mar áit suaimhnis agus ciúnais i lár chlampar an chúlaithe eacnamaíochta.

**AILTIRÍ**
Cuireadh tús le hoibreacha tógála ar an ionad nua Linn Snámha agus ar an bhFoirgneamh Oideachais Allamuigh, ag Loch Chaisleán an Bharraigh, Caisleán an Bharraigh.

**TITHÍOCHT**
Cuireadh 128 aonad breise leis an líon iomlán de theaghaisí a chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo ar fáil in 2015, rud a chuir 3162 teach sóisialta san iomlán ar fáil sa chontae.

Is mian leis an gComhairle go léir a gcomhbhrón ó chroí a dhéanamh le teaghlach John McNicholas, R.I.P. a bhásaigh le linn oibre ar an 9ú Meitheamh 2015. Ar dheis Dé go raibh a anam dílis.

Mar fhocal scoir, is mian linn an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt don chomhoibriú a fuarthas ó na fostaithe go léir, na comhairleoirí agus na grúpaí deonacha, agus buíochas a ghlacadh leo as a dtiomantas agus a ndúthracht chun ár misean, ár bhfís agus ár spriocanna a bhaint amach i rith 2015. Ar aghaidh linn le chéile.



***Peter Hynes***
***Príomhfheidhmeannach***

***Al McDonnell***
***Cathaoirleach***

## RÁITEAS MISIN

***"Leas agus cáilíocht beatha na ndaoine agus na bpobal a bhfuil cónaí orthu i Maigh Eo a fheabhsú agus feabhas a chur ar tharraingteacht an Chontae mar áit le cónaí ann, le hoibriú ann, le cuairt a thabhairt air, le hinfheistíocht a dhéanamh ann agus le sult a bhaint as".***

## FÍS

***"Contae atá Inbhuanaithe, Uileghabhálach, Rathúil agus Bródúil".***

## PLEAN CORPARÁIDEACH

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ag croílár an phobail áitiúil agus tá sí ina soláthróir lárnach d'fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Maigh Eo. Mar cheannaire daonlathach ar an gContae, seasaimid do na daoine agus soláthraímid seirbhísí riachtanach áitiúla atá lárnach do cháilíocht beatha an uile dhuine atá ina gcónaí i Maigh Eo, ag obair ann nó ar cuairt ann.

Freisin, mar chomhlacht ceannródaíoch na hearnála poiblí i Maigh Eo, tugann Comhairle Contae Mhaigh Eo tacaíocht déanann sí éascaíocht do dhreamanna eile sa Chontae agus go náisiúnta atá freagrach as na seirbhísí riachtanacha poiblí. Nuair a chuirimidne ár bhfreagrachtaí i gcrích, bíonn dreamanna eile in ann a n-oibleagáidí a chomhlíonadh chomh maith.

Tá an Chomhairle ina gné lárnach chun Maigh Eo a dhéanamh Inbhuanaithe, Uileghabhálach, Rathúil agus Bródúil. Tá an Plean seo ina cuid lárnach chun ár dtiomantas a chur ar fail do Mhaigh Eo. Ansin, leagaimid amach ár misean mar an comhlacht daonlathach atá ag déanamh ionadaíochta ar mhuintir Mhaigh Eo, an méid a theastaíonn uainn a sholáthar do na daoine thar na cúig bliana seo romhainn, agus an dóigh a bhfuilimid chun ár dtiomantais dár bpobail a chur i gcrích. Leagann an Plean seo amach freisin an obair atá i gceist againn a dhéanamh agus an dóigh a dtomhaisfimid ár n-iarrachtaí chun go mbeidh muintir Mhaigh Eo in ann a fheiceáil go ndéanfaimid seachadadh éifeachtach ar ár dtiomantais dóibh.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo dírithe ar an bpobal agus dírithe ar dhaoine. Déanaimid ionadaíocht ar na daoine trínár gcomhairleoirí agus tá ár bhfoireann ina cuid de Phobal Mhaigh Eo, mar sin táimid ag iarradh a chinntiú go mbeidh gach ní a dhéanfaimid sna cúig bliana seo romhainn ag cur go deimhneach le forbairt Mhaigh Eo, anois agus sna blianta i bhfad chun cinn.

Chun Maigh Eo a bheith rathúil caithfidh an Chomhairle a bheith rathúil agus leagann an Plean amach an dóigh a mbeimid inár gComhairle rathúil.

## COMHALTAÍ TOFA

### CEANTAR BARDASACH CHLÁR CHLAINNE MHUIRIS



*An Comh. John Caulfield*



*An Comh. Tom Connolly*



*An Comh. John Cribbin*



*An Comh. Richard*

*Finn*



*An Comh. Gerry Murray*



*An Comh. Patsy O'Brien*




*An Comh. Damien Ryan*

### CEANTAR BARDASACH BHÉAL AN ÁTHA



*An Comh. Neil Cruise*



*An Comh. Gerry Ginty*



*An Comh. Michael Loftus*



*An Comh. Jarlath*

*Munnelly*



*An Comh. John O'Hara*



*An Comh. Annie May Reape*



*An Comh. Michael Smyth*



*An Comh. Seamus*

*Weir*

## CEANTAR BARDASACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH


***An Comh. Cyril Burke Gavin***


***An Comh. Lisa Chambers***


***An Comh. Frank Durcan***


***An Comh. Blackie K.***


***An Comh. Henry Kenny Ruane***


***An Comh. Michael Kilcoyne***


***An Comh. Al McDonnell***


***An Comh. Thérése***

## CEANTAR BARDASACH IARTHAR MHAIGH EO



***An Comh. Rose Conway-Walsh***


***An Comh. Gerry Coyle***


***An Comh. Michael Holmes***


***An Comh. Christy Hyland***


***An Comh. Tereasa McGuire***


***An Comh. Paul McNamara***


***An Comh. Brendan Mulroy***

## CEANTAIR BHARDASACHA



## CEANTAR BARDASACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH

Lean Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh ag freastal ar riachtanais bhaile Chaisleán an Bharraigh agus a cheantar ginearálta máguaird i rith na bliana trí, ar lámh amháin, seirbhísí riachtanacha a chothabháil agus ar an lámh eile trí iomaíochas agus fás a spreagadh.

Déanann an Ceantar Bardasach ionadaíocht ar phobal an cheantair ina iomláine atá ina chúlchríoch nádúrtha ag Caisleán an Bharraigh, ní ionann agus Baile Chaisleán an Bharraigh a raibh scóip fheidhmeach níos teoranta aige ó thaobh críche agus oibríochta de.

Seo iad comhaltaí tofa an Cheantair:

An Comh. B. Gavin (tofa ina Chathaoirleach ar 9ú Iúil, 2015)
An Comh. Cyril Burke
An Comh. Lisa Chambers
An Comh. Frank Durcan
An Comh. Al McDonnell (Cathaoirleach ó Mheitheamh, 2014 go dtí Iúil, 2015)
An Comh. Henry Kenny
An Comh. Michael Kilcoyne
An Comh. Therese Ruane



***Cathaoirleach Cheantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh – An Comh. Blackie Gavin***

## COMHALTAÍ CHEANTAR BARDASACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH



Ar mhaithe le Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh a dhéanamh níos tarraingí don chuairteoir áitiúil agus don infheisteoir araon, tá dul chun cinn suntasach déanta i rith 2015/2016 le cuid mhór tionscadal a bhí faoi bhealach in 2015:

- Tithíocht
  - Ionaid réadmhaoine thréigthe a bheith á nglacadh go leanúnach ag Sráid Spencer, Caisleán an Bharraigh
  - Leanúint de scéim na n-oibreacha deisiúcháin do thithíocht údaráis áitiúil
  - Leanúint den Scéim Aisfheistithe Fuinnimh d'aonaid údaráis áitiúil
  - Ionaid réadmhaoine údarás áitiúil a phéinteáil

- Athnuachan ar Láir Bailte
  - Méadú ar chosáin
  - Athchóirithe ar charrchlóis
  - Leathnú na Líne Nua
  - Feabhsú ar na bóithre ag an gCorr Dhriseach agus Baile na Cora
  - Feabhsúcháin lána ar Shráid an Droichid (Elverys)
  - Feabhsú ar Rock Square
  - Lánaí rothar a chur ar fáil

- Conláistí
  - Linn Snámha nua agus Ionad Gníomhaíochtaí Allamuigh i gCaisleán an Bharraigh
  - Scéim Feabhsúcháin Shráidbhaile Thurlaigh
  - Feabhsúcháin ar Shráidbhaile Bhaile na Cora
  - Clós súgartha agus páirc fóillíochta i gCoillte Mach

Cé go mbeidh dúshlán leanúnach ag baint le maoiniú na dtionscadal sin, leanfaidh Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh dá bhfiosrú faoi na roghanna ionchasacha maoinithe ar fad atá ar fáil.

**TITHÍOCHT**

**DEONTAIS THITHÍOCHTA DO THITHE PRÍOBHÁIDEACHA - 2015**

| Cineál Deontais | Líon Ceada | Luach a Ceadaithe € |
|---|---|---|
| **Cabhair Thithíochta do Dhaoine Scoth** | 63 | 145,519.29 |
| **Scéim Deontais na nÁiseanna Soghlua** | 26 | 53,951.76 |
| **Oiriúnú Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas** | 29 | 195,764.26 |

**STOC TITHÍOCHTA**
Ón 31ú Nollaig, 2015 ar aghaidh, tá 389 aonad de thithíocht údaráis áitiúla laistigh de Cheantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh, roinnte amach mar a leanas:

| | Líon na nAonad Tithíochta |
|---|---|
| Baile Caisleán an Bharraigh | 169 |
| Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharra Baile Chaisleán an Bharraigh | 220 |

Tá buiséad bliantúil i bhfearas ag Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh chun an stoc substaintiúil tithíochta seo a choinneáil i gcaoi.

Le blianta beaga anuas tá an Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh Clár na dTithe Folmha tugtha isteach ag an Roinn Comhshaoil do thithe cónaithe údaráis áitiúil. Cuidíonn an Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh le húdaráis áitiúla chun oibreacha a dhéanamh leis na leibhéil éifeachtúlachta fuinnimh a uasghrádú ina dtithe. Cuidíonn Clár na dTithe Folmha chun aonaid fholmha tithíochta sóisialta a chur in úsáid arís.

Déanann na hOifigí Ceantar Bardasach atá lonnaithe in Áras an Chontae, Caisleán an Bharraigh, na feidhmeanna tithíochta seo a leanas i measc nithe eile: -

- An clár tógála tithíochta a sheachadadh
- An Clár Cóiríochta Taistealaithe a chur i ngníomh
- Bainistiú ar an liosta feithimh tithíochta
- Seirbhísí a sholáthar do dhaoine gan dídean
- Riachtanais speisialta agus tithíocht tuaithe a chur ar fáil
- Ceannach Tithe agus Iasachtaí d'Fheabhsúcháin
- Cíosanna tithíochta a bhailiú
- Bainistiú ar an athrú ó Chomhairle Baile Chaisleán an Bharraigh agus Toghcheantar Chaisleán an Bharraigh go dtí Ceantar Bardasach amháin
- Athchóiriú a dhéanamh ar thithe atá folamh go fadtéarmach
- Scéim na nOibreacha um Éifeachtúlacht Fuinnimh a chur i bhfeidhm
- Cuidiú le comhlachtaí deonacha áitiúla tithíochta

## IOMPAR AGUS SÁBHÁILTEACHT BÓTHAIR

Tá 1,518 ciliméadar de bhóithre i gCeantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh agus iad roinnte idir Bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla mar atá leagtha amach anseo thíos.

| | |
|---|---|
| Príomhbhóithre Náisiúnta | 29km |
| Bóithre Náisiúnta den Dara Grád | 49km |
| Bóithre Réigiúnacha | 162km |
| Bóithre Áitiúla | 1,278 km |

Mar chuid den chlár oibreacha, leanúnach in 2015 agus tugtha ar aghaidh go dtí 2016, tá na suimeanna seo a leanas leithdháilte ar Cheantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh.

| | € | Iomlán |
|---|---|---|
| **Príomhbhóithre Náisiúnta** | | |
| Cothabháil Ghinearálta | 81,030 | |
| Cothabháil Geimhridh | 43,600 | |
| | | 124,630 |
| **Bóithre Náisiúnta den Dara Grád** | | |
| Cothabháil Ghinearálta | 87,306 | |
| Cothabháil Geimhridh | 42,230 | |
| Obair Cosán & Mionoibreacha | 3,221,500 | |
| | 3,351,036 | |
| **Bóithre Réigiúnacha** | | |
| Cothabháil Ghinearálta | 274,820 | |
| Cóiriú Dromchla | 268,642 | |
| Oibreacha Cothabhála Eile | 70,200 | |
| Treisiú/Athdheisiú Bóithre | 632,477 | |
| Cothabháil Geimhridh | 123,517 | |
| Scéimeanna Sonracha Feabhsúcháin | 700,000 | |
| Oibreacha Athshlánúcháin ar Dhroichid | 73,775 | |
| | | 2,143,431 |
| **Bóithre Áitiúla** | | |
| Cothabháil Ghinearálta | 828,691 | |
| Cóiriú Dromchla | 693,418 | |
| Treisiú/Athdheisiú Bóithre | 1,358,203 | |
| Feabhsúcháin ar Bhóithre Áitiúla | 30,853 | |
| Oibreacha Athshlánúcháin ar Dhroichid | 68,100 | |
| Scéimeanna Páirtíochta Pobail | 164,365 | |
| Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla | 182,331 | 3,325,961 |
| | | |
| | | 8,945,058 |

**BÓITHRE NÁISIÚNTA - TIONSCADAIL CHAIPITIL**

**TIONSCADAL BÓTHAIR AN N5 CATHAIR NA MART GO TURLACH - 27 KM**
Faomhadh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh agus an Ráiteas Tionchar Timpeallachta don Scéim in 2014. Leathann an tionscadal ó Chathair na Mart go dtí an taobh thoir de Chaisleán an Bharraigh, agus áirithe ann tá seachbhóthar nua ó dheas de Chaisleán an Bharraigh. In 2015, seirbheáladh Fógraí Gnóthaíochta ar na húinéirí talún go léir a bhí i gceist agus cuireadh tús leis an bpróiseas luachála talún. Cuireadh tús freisin leis an Trinseáil Tástála Seandálaíochta, an t-iniúchadh sonrach láithreáin agus réamhoibreacha eile ar an láithreán mar aon leis na doiciméid chonartha a ullmhú don fhálú.

Cuireadh an tionscadal, a bhfuil luach €200m i gceist leis, san áireamh i gClár Bonneagair agus Infheistíochta Caipitil an Rialtais i Meán Fómhair, 2015.



***Trinseáil Tástála Seandálaíochta ag teacht chun críche ar Bhóthar an N5 Cathair na Mart/Turlach***

**TIONSCADAL BÓTHAIR N5/N26/N58 CAISLEÁN AN BHARRAIGH GO BOTH CHOMHLA & BÉAL ÁTHA NA MUICE GO DTÍ AN DROIM RIABHACH**
Tar éis chinneadh an Bhoird Phleanála cead pleanála a dhiúltú do Chéim 2 den N26 Béal an Átha go Both Chomhla i mí Feabhra, 2010, rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo forbairt ar thogra leasaithe chun feabhas a chur ar bhealach an N5 idir Turlach agus an taobh thoir de Bhoth Chomhla mar aon leis an gceangal N26/N58 idir Béal Easa agus an bealach feabhsaithe N5.

Cuireadh na Roghanna Conaire Bealaigh atá ag teacht chun cinn do Thionscadal nua an N5/N26/N58 An Turlach Both Chomhla i láthair chomhaltaí Cheantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh agus Bhéal an Átha i Meitheamh 2015 agus glacadh leo ag cruinniú iomlán den Chomhairle in Iúil, 2015. Táthar ag súil go mbeidh infheistíocht leanúnach le fail ag an tionscadal N5/N26/N58 in 2016.

**SEIRBHÍSÍ UISCE**
Bhí ath-eagar iomlán na hearnála uisce go náisiúnta agus bunú fóntais náisiúnta uisce ar cheann de na hathruithe aonair ba mhó a tharla in earnáil na n-údarás áitiúil ó bunaíodh na húdaráis áitiúla in 1898. Bunaíodh Uisce Éireann go foirmiúil ar an 1ú Eanáir, 2014. Tá na húdaráis áitiúla ag leanúint orthu le bainistíocht agus ag feidhmiú an Chláir Seirbhísí Uisce ó lá go lá de réir Comhaontaithe Seirbhíse a rinneadh in 2013 ar feadh tréimhse dhá bhliain déag ó 2014.

De réir a chéile, aistreoidh sócmhainní agus dliteanais Sheirbhísí Uisce Chomhairle Contae Mhaigh Eo chuig Uisce Éireann agus ar feadh 13 bliana ó 2014 beidh Comhairle Contae Mhaigh Eo ag feidhmiú agus ag cothabháil na Seirbhísí Uisce Poiblí thar cheann Uisce Éireann faoi théarmaí an Chomhaontaithe Seirbhíse a shínigh an dá pháirtí i mí na Nollag, 2013. Meastar go bhfoilseoidh Uisce Éireann an chéad Phlean Infheistíochta Caipitil eile in 2016. Beidh ról go

leanúnach ag Comhairle Contae Mhaigh Eo i bhforbairt agus i seachadadh an Phlean Infheistíochta Caipitil. Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ag leanúint ar aghaidh mar Chomhlachta Maoirseachta do Ghrúpscéimeanna Uisce agus riarfaidh sí an Clár Uisce Tuaithe thar cheann na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil.

**CLÁR CAIPITIÚIL NA SEIRBHÍSÍ UISCE**

Scéimeanna idir Lámha

- Scéim Séarachais Bhréachmhaí
- Pacáiste Caomhnaithe Uisce 2

**FÉILTE AGUS IMEACHTAÍ**

Anuraidh cuireadh suim de bhreis ar €20,000 ar fáil d'eagraíochtaí éagsúla pobail agus spóirt i gceantar Chaisleán an Bharraigh d'fhéilte agus d'ócáidí éagsúla mar atá leagtha amach thíos.

- *Dancing at the Crossroads*, Caisleán an Bharraigh
- Oidhreacht Thurlaigh, Rás na Lachan agus Lá Spraoi don Teaghlach
- *Saddle up for Epilepsy*, Caisleán an Bharraigh
- Paráid Lá Fhéile Pádraig, Coillte Mach
- Féile Cheoil Bhéal Átha Bhearaigh "Cóisir ar an bPáirc"
- Coiste Cultúr Teanga agus Forbartha Thuar Mhic Éadaigh
- Paráid Lá Fhéile Pádraig, Caisleán an Bharraigh
- Coiste Geamaireachta Chaisleán an Bharraigh
- Siamsa Sráide Chaisleán an Bharraigh
- Féile Oidhreachta Phartraí
- Lá Spóirt don Teaghlach, Oileán Éadaí
- Féile Bhalla
- Corn Idirnáisiúnta Mhaigh Eo, Lios na Circe, Caisleán an Bharraigh
- Comhairle Pobail Bhalla
- Córfhéile
- Ceiliúradh Lá na hAfraice
- Lá Spóirt Bhoth Chomhla
- Féilte Pharóiste na Sráide

Tá breis agus €14,000 curtha ar fáil do Chumainn Áitritheoirí i gCeantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh in 2015. Is iad sin:

- Moat Estate, Balla
- An Nuachabháil, Balla
- Ashling Manor, Balla
- Meadow Park, Caisleán an Bharraigh
- Cill Chiaráin, Partraí
- Churchview, Balla
- Goirtín na Coille, Tuar Mhic Éadaigh
- Ard Chrónáin, Balla
- Páirc an Chaisil, Caisleán an Bharraigh
- Rowan Drive, Caisleán an Bharraigh
- Sráidbhaile Leicnín, Turlach
- Greenfields, Caisleán an Bharraigh

- Bóthar Mhic Éil, Caisleán an Bharraigh
- Millwood, Turlach
- Oakwood, Both Chomhla
- Foxfield, Dromainn na gCloch
- Davitt Grove, Caisleán an Bharraigh
- Cumann Áitritheoirí Phartraí
- Marian Row, St. Bridget's Crescent, Riverside, Caisleán an Bharraigh
- Fortfield agus St. Martin's Tce., Caisleán an Bharraigh
- Ceathrú an Urláir, Bréachmhaí, Caisleán an Bharraigh
- Garrduff Park, Caisleán an Bharraigh
- Áitritheoirí N84 Áit an Bhaile/Lúghortáin
- Lios na Circe, Caisleán an Bharraigh
- Oakmill Estate, Balla
- College Woods, Balla
- Plás Victoria, Caisleán an Bharraigh
- An Sruthán, Caisleán an Bharraigh

Ar na Clubanna agus Eagraíochtaí eile a fuair buntáiste as maoiniú ó Cheantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh in 2015 bhí:

- Cumann Gailf Bhalla
- Cumann Peile Cheiltigh Óga Chaisleán an Bharraigh
- Scor Gníomhach Chaisleán an Bharraigh
- Advanced Recovery Mayo Ltd - T/A Mindspace Mayo
- Cumann Peile Ban Mhistéalaigh Chaisleán an Bharraigh
- An tIonad Teaghlaigh, Caisleán an Bharraigh
- CLG Leathardáin
- Cumann Lúthchleasaíochta Chaisleán an Bharraigh
- Cumann Slatiascaireachta Bilberry/Lannagh
- Bailte Slachtmhara Bhalla
- Grúpa Cniotála Chaisleán an Bharraigh
- Castlebar Social Services Ltd
- Lárionad Mhaigh Eo do Dhaoine Dífhostaithe
- Coiste Cuimhneacháin Mhaigh Eo na nDaoine a Bhásaigh sa Chogadh
- Páirc Síochána Mhaigh Eo, Gairdín an Chuimhneacháin
- Ballyglass Football & Social Club Ltd.
- Bóíní Dé agus Donnóga Bhoth Chomhla
- Cumann Rothaíochta Oileán Éadaí
- CLG Mhistéalaigh Caisleán an Bharraigh
- Cumann Dornálaíochta Chaisleán an Bharraigh
- Cumann Peile Ban Cheiltigh Chaisleán an Bharraigh
- CLG Páirc na gCaológ Cromghlinn
- Cumann Cúramóirí Mhaigh Eo
- Cumann Peile Lúthchleasaithe Phartraí
- Grúpa Ban Chaonaigh
- Coiste Pobail Thuar Mhic Éadaigh Teo
- Club Gan Ainm Caisleán an Bharraigh

- Cumann Peile Celtic Chaisleán an Bharraigh
- Cuideachta Forbartha Ballyvary/na gCaológ
- Seid na bhFear, Gleann Néifinne, An Leathardán
- Club Dornálaíochta na hEaglaise, Caisleán an Bharraigh
- Club Gan Ainm Bhalla
- Bailte Slachtmhara Caisleán an Bharraigh
- Cumann Leacht Cuimhneacháin Chogaidh na Sráide (agus an cheantair)
- Club os cionn 55 Bhaile an Tobair
- Ceolfhoireann Mhaigh Eo agus Banna Ceolchoirme Chaisleán an Bharraigh, Ceolfhoireann Óige Mhaigh Eo
- Club Iománaíochta Mhistéalaigh Caisleán an Bharraigh
- Ionad Pobail Bhoth Faonáin
- Cumann Forbartha Pobail Thurlaigh
- Coiste Forbartha na Sraithíní
- Cumann Lucht Tráchtála Chaisleán an Bharraigh
- Bailte Slachtmhara Bhéal Átha hÉin
- Coiste Forbartha Chaonaigh
- Foireann Tarrthála Sléibhe Mhaigh Eo
- Grainne Uaile Sub Aqua Club Ltd.
- Club Rugbaí Chaisleán an Bharraigh
- CLG Thuar Mhic Éadaigh
- Gníomhaíocht Idirchultúrtha Mhaigh Eo
- Ionad i nDiaidh na Scoile Phartraí
- Comhairle Pobail Phartraí
- Cumann Forbartha Pobail Cheathrú na gCon
- CLG Bhréachmhaí
- Cluichí Pobail Chaisleán an Bharraigh
- Cumann Tuismitheoirí Scoil Náisiúnta Naomh Peadar, Dromainn na gCloch
- Club Peile Dhromainn na gCloch Aontaithe
- Foróige Oileán Éadaí
- Ord Mhálta, Caisleán an Bharraigh
- Cairde Scoil Naomh Antaine, Caisleán an Bharraigh
- Club Peile Bhaile Chaisleán an Bharraigh
- Ealaín Pobail Chromghlinne
- Parke Community Hall Ltd.
- Ionad Acmhainní Teaghlaigh Le Chéile, Caisleán an Bharraigh
- Seid na bhFear, Caisleán an Bharraigh
- Grúpa Pobail Tuismitheoirí, Naíonán agus Páistí Beaga Thurlaigh
- Ionad d'Oibrithe Deonacha Mhaigh Eo, f/ch FRC Le Chéile, Caisleán an Bharraigh
- Trádálaithe Shráid an Rois
- Parke Musical Society, Parke Community Hall Ltd.
- Comhairle Pobail Bhalla
- Clár IRD, Clár Chlainne Mhuiris
- Ionad Ealaíne Linenhall, Caisleán an Bharraigh
- Club Rothaíochta Chaisleán an Bharraigh
- Balla Community Resource Ltd.
- Grúpa Ealaíon & Drámaíochta Parke

- Club Karate Yotoshinkai, Caisleán an Bharraigh
- Bailte Slachtmhara Choillte Mach
- Páirc Conláistí Choillte Mach



***Bronnadh ar Ghrúpa Geamaireachta Chaisleán an Bharraigh***



***Na Soilse Nollag á Lasadh - 2015***

## BAINISTÍOCHT FORBARTHA

Tá roinnt forbairtí tithíochta príobháideacha glactha ar láimh ag an gComhairle le blianta anuas. Glacadh ar láimh na forbairtí bóthair agus tithíochta seo a leanas i gCeantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh i rith 2015:

- Plás Victoria Caisleán an Bharraigh
- Ceathrú an Churraigh- Eastát Gharrán na Sailí
- An Ráth Bhán - Brookhaven Estate
- Coimín na Tulaí & Ceathrú Bhruithneog
- An Corrán
- Baile na Cora
- An Ros Thoir, Caisleán an Bharraigh

## SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL AGUS ÁINEAS AGUS CONLÁISTE

### CÉIM 1 - LINN SNÁMHA AGUS IONAD ÁINEASA CHAISLEÁN AN BHARRAIGH, IONAD NÁISIÚNTA OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ALLAMUIGH

Áirithe san eilimint seo tá tógáil Linn Snámha agus Ionad Áineasa mar aon le Ionad Oiliúna d'Imeachtaí Allamuigh ag Loch Chaisleán an Bharraigh i gCaisleán an Bharraigh.

Corpraithe sa Linn Snámha tá linn 8 lána 25m mar aon le linn d'fhoghlaimeoirí, na háiseanna d'athrú éadaí a ghabhann leis, cóiríocht foirne agus gléasra, giom agus seomraí aeróbaic, agus tá achar de 3,340 m.cr. i gceist ar fad.

Tá saoráidí chun éadaí fliucha agus tirime a athrú agus a stóráil san Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh, mar aon le rochtain ar Loch Chaisleán an Bharraigh, balla dreapadóireachta agus ionaid le haghaidh léachtaí agus oifigí, agus t achar de 747 m.cr. i gceist leis seo.

Is é an costas measta don eilimint seo den tionscadal ná €11,095,235. Cheadaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt cistiú de €7,695,000. Síníodh na conarthaí ar an 16ú Samhain 2015 agus cuireadh tús leis an obair thógála ar an láithreán i mí na Nollag 2015. Is iad P. J. McLoughlin & Sons Limited na conraitheoirí. Tá sé beartaithe an obair a bheith críochnaithe i lár 2017.




***Maoiniú ceadaithe ón Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt***



***Tógáil ar an láithreán***

**GLASBHEALACH MÓR AN IARTHAIR - GRÉASÁN CHAISLEÁN AN BHARRAIGH**

Tá Glasbhealach Mór an Iarthair - Gréasán Chaisleán an Bharraigh ag síneadh ó Ard-Mhúsaem na hÉireann Saol na Tuaithe i sráidbhaile Thurlaigh go dtí baile Chaisleán an Bharraigh, Loch Chaisleán an Bharraigh, Coillte na Ráithíní agus as sin i dtreo Chathair na Mart. Tá meascán deas feadh na conaire de pháirceanna, coillearnaigh le hais na habhann, réimsí beaga de chúlbhóithre ciúine tuaithe agus timpeallachtaí uirbeacha.  Tá sé leagtha amach ionas gur féidir le coisithe áineasa, bogshodairí agus rothaithe é a roinnt lena chéile agus tá sé oiriúnach do dhaoine atá réasúnta aclaí.

Síneann an chonair 16 km san iomlán, tá an píosa ó Thurlach go dtí Caisleán an Bharraigh 10 km agus tá an bealach as Caisleán an Bharraigh go dtí Coill na Ráithíní in Oileán Éadaí 6 km ar fad.
Ó críochnaíodh iad, tá an-leas go deo bainte astu ag muintir na háite agus ag turasóirí araon. Le himeacht ama, tiocfaidh méadú mór ar an líon daoine a bheidh ag úsáid na gconairí de réir mar a bheidh siad á ndaingniú mar chuid de bhealach iomlán Ghlasbhealach Mór an Iarthair.

Rinneadh an oscailt oifigiúil ar an gconair ó Chaisleán an Bharraigh go Turlach ar an 1ú Bealtaine, 2015.



***Glasbhealach Chaisleán an Bharraigh go Turlach***

**BANC BUIDÉAL FAOI THALAMH - SRÁID AN CHAISLEÁIN**





**FEABHSÚ AR ROCK SQUARE**

Rinneadh obair fheabhsúcháin ag Rock Square, Caisleán an Bharraigh chun Sráid an Chaisleáin a nascadh leis an Mál agus chun trasnú cúirtéise a chur ar fáil chun éascaíocht a dhéanamh do choisithe le dul isteach sa Mál féin.

Tá na hoibreacha leanta ar aghaidh leis na hábhair agus an críochnú de réir na n-oibreacha feabhsúcháin críochnaithe ar/thart ar an Mál in aice láimhe.

Tá Rock Square lonnaithe sa chúinne thiar thuaidh den Mhál/Phlásóg i lár bhaile Chaisleán an Bharraigh. Tá an chearnóg féin ina cumar ghnóthach d'iliomad bhealach uirbeach cúrsaíochta agus í ag ligean daoine isteach agus amach as Sráid an Chaisleáin agus tailte an Chlochair. Bíonn dlús suntasach tráchta feithiclí sa cheantar seo, luath ar maidin agus nuair a bhíonn na scoileanna ag críochnú ach go háirithe. Tá leasú suntasach déanta ag na hoibreacha feabhsúcháin ar an gceantar i dtéarmaí eispéiris úsáideoirí agus taitneamhacht amhairc araon.





**LÍNE NUA MOLTA, BÓTHAR AN RÁITH BHÁIN, WATERVILLE & PONTÚN OIBREACHA FEABHSÚCHÁIN AR SPÁS CATHARTHA & TAISTEAL, CAISLEÁN AN BHARRAIGH, CONTAE MHAIGH EO**

Foilsíodh Pleanáil Cuid 8 do na hoibreacha thuasluaite ar an 29ú Iúil 2008. Dhréachtaigh an Pleanálaí Sinsearach tuarascáil agus cuireadh i láthair Chomhairle an Bhaile é dá gcruinniú ar 16ú Nollaig 2008.

Glacadh le cuid den Phleanáil Cuid 8. Áirithe sa chuid ar glacadh léi bhí na hoibreacha ag Davitt's Terrace, agus An Líne Nua. Ba é an moladh ar glacadh leis le vóta 4 in aghaidh a 3 ná go dtógfaí an fhorbairt mar a bhí molta ag An Líne Nua agus Davitt's Terrace agus é a bheith athraithe ionas go dtiocfadh deireadh leis an tionscadal bóthair díreach roimh Áras an Chroí Rónaofa.

Chuaigh an obair ar aghaidh ar Acomhal Davitt's Terrace agus anois tugann sé sin tús áite don trácht ar Bhóthar Réigiúnach an R310. Ní rabhthas in ann dul ar aghaidh leis na hoibreacha ar An Líne Nua mar nach raibh an Chomhairle in ann na tailte ar fad a cheannach, mar sin thug Bainisteoir an Chontae cead dul ar aghaidh le CPO ar an 19/11/2013.

Ar an 19ú Lúnasa 2014, dhearbhaigh An Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh. Fuarthas deontas ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2015 agus in Iúil 2015 tugadh conradh do Chonraitheoir (P&D Lydon Plant Hire Ltd) chun an obair a dhéanamh. Cuireadh tús leis na hoibreacha i Meán Fómhair 2015 agus cuireadh bailchríoch orthu ina dhiaidh sin faoi dheireadh na bliana. Thar ar €420,000 an luach deiridh a bhí ar an gConradh agus meastar go gcosnóidh an tionscadal ar fad thart ar €835,000.00. Chuir Comhairle Baile Chaisleán an Bharraigh €300,000 ar fáil agus thug An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt deontais de €300,000 dúinn in 2015 agus €200,000 in 2016.







***An Líne Nua, Caisleán an Bharraigh***

# CEANTAR BARDASACH IARTHAR MHAIGH EO

## SEIRBHÍSÍ UISCE

## UISCE ÉIREANN

Bunaíodh Uisce Éireann go foirmiúil ar an 1ú Eanáir, 2014. Tá na hÚdaráis Áitiúla ag leanúint orthu le bainistíocht agus ag feidhmiú an Chláir Seirbhísí Uisce ó lá go lá de réir Comhaontaithe Seirbhíse a rinneadh in 2013 ar feadh tréimhse dhá bhliain déag ó 2014.

Aontaíodh Plean Seirbhíse Bliantúil do 2015 idir Uisce Éireann agus Comhairle Contae Mhaigh Eo agus sa phlean sin sonraítear na hoibreacha ar fad tá le déanamh chun cloí le caighdeáin uisce óil agus le rialacháin reachtúla eile i réimse na seirbhísí uisce.

Leis an méid sin mar chúlra, lean foireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo i gCeantar Bardasach Iarthar Mhaigh Eo orthu ag feidhmiú agus ag cothabháil bhonneagar na seirbhísí uisce ar fad sa cheantar i rith 2015. I rith 2015 rinneadh athstruchtúrú ar sholáthar na seirbhísí uisce i gCeantar Bardasach Iarthar Mhaigh Eo trí fhoireann speisialaithe lánaimseartha a chur i mbun gnímh ag déileáil go hiomlán le seirbhísí uisce sa cheantar.

## CAIGHDEÁN UISCE

Eisíodh fógra nua amháin in 2015 an t-uisce ó sholáthairtí poiblí a fhiuchadh mar gheall ar eachtra le cripteaspóiridiam a tharla i gCathair na Mart. Eisíodh an fógra ar an 6ú Bealtaine 2015. Cuireadh cuid den fhógra i leataobh ar an 26ú Bealtaine agus cuireadh i leataobh go hiomlán é ar an 12ú Meitheamh 2015.

## CLÁR CAIPITIÚIL NA SEIRBHÍSE UISCE

**Scéimeanna a críochnaíodh in 2015 i gCeantar Bardasach Iarthar Mhaigh Eo**

Scéim Réigiúnach Uisce Loch Measca - An tSraith go Cathair na Mart

Pacáiste Caomhnaithe Uisce 4 - Cill Mheáin, Baile an Chaisil, Teach Chaoin agus Baile an Chaisil

**Scéimeanna atá le tosú in 2016 (ach maoiniú a bheith ar fáil)**

Scéim Séarachais Bhéal an Mhuirthead

Scéim Soláthair Uisce Inis Toirc

**Mionscéimeanna Cláir**

Gléasra Cóireála Fuíolluisce Chathair na Mart, Cóireáil UV

## BÓITHRE

## COMHTHÉACS

Áirithe i ngréasán bóithre Cheantar Bardasach an Iarthair tá iomlán de 1804 km de bhóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla agus cuireadh buiséad de €11,182,791 ar fáil in 2014 d'oibreacha bóithre d'iar-thoghcheantair Bhéal an Mhuirthead agus Chathair na Mart. Seo a leanas achoimre ar na príomhghníomhaíochtaí bóithre a rinneadh sa cheantar in 2014.

## BÓITHRE NÁISIÚNTA - TIONSCADAIL CHAIPITIL

### TIONSCADAL AN N5 CATHAIR NA MART - TURLACH

Rinne An Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh a dhearbhú agus cheadaigh sé an Ráiteas Tionchar Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura do chuid den tionscadal ó Chathair na Mart go dtí an taobh thoir de Chaisleán an Bharraigh, agus chealaigh sé cuid den Ordú Ceannaigh Éigeantaigh do mhír bheag ón taobh thoir de Chaisleán an Bharraigh go Turlach. I rith 2015, seirbheáladh Fógraí Gnóthaíochta ar na húinéirí talún go léir. Cuireadh tús freisin le hiniúchadh láithreáin, tástáil ailtireachta agus réamhoibreacha eile i rith 2015. Tá an tionscadal curtha san áireamh i gClár Bonneagair agus Infheistíochta Caipitil an Rialtais ar chostas measta de €200m.

### N59 CATHAIR NA MART GO DTÍ AN MHALA RAITHNÍ

Fuarthas leithdháileadh maoinithe de €2.0m in 2015. Rinne an Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh a dheimhniú in Iúil 2012. Tá Fógraí Gnóthaíochta seirbheáilte ar na húinéirí talún go léir agus tá an ceannach talún ag dul ar aghaidh. Socraíodh thart ar 50% de na héilimh ar chúiteamh in 2015.

Fuarthas leithdháileadh maoinithe de €2.0m in 2015, le gur féadadh tús a chur leis an tógáil ar stráice 2 km den N59 ar an gcasadh ag Ros Abha. Tá an scéim seo ag leanúint ar aghaidh ó scéim Chill Bhríde agus beidh an obair thógála críochnaithe in 2016. Fuarthas maoiniú freisin in 2015 chun dearadh sonrach a chur chun cinn ar thionscadal an N59 ag Cill Mhíona ina bhfuil 3 km breise i gceist ann agus é in shíneadh le scéim Ros Abha.



***Castaí N59 Ros Abha á dtógáil***

**COSÁIN N59 AN MHALA RAITHNÍ**

Fuarthas deontas de €1.69m in 2015. Cuireadh bailchríoch ar Chéim 1 de scéim na gcosán ar an taobh thiar den bhaile in 2013. Críochnaíodh Céim 2 - an chuid láir - in 2014 agus rinne An Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh do Chéim 3 ar an taobh thoir den bhaile a dhearbhú. Ceapadh conraitheoir go luath in 2015 agus tá an obair thógála ar Chéim 3 - an chéim dheiridh - beagnach críochnaithe.



***Scéim Cosán na Mala Raithní***

**BÓITHRE NÁISIÚNTA - OIBREACHA COSÁN AGUS MIONOIBREACHA**

Fuarthas maoiniú de €1.3m geall leis in 2015, rud a cheadaigh bailchríoch a chur ar dhá fhorleagan pábhála ar an N59 ag Béal Átha Ó bhFiannaí idir An Mhala Raithní agus Baile Chruaich.

Ar na mionoibreacha feabhsúcháin a rinneadh ar bhealaí náisiúnta in 2015 bhí an scéim sábháilteachta a rinneadh ar bheagán costais ag an gCeathrú Bhán tar éis ciste de €60,000 a chur ar fáil chun an léargas a fheabhsú ar acomhal beag bóthair. €196,679 an buiséad iomlán cothabhála bóithre a bhí ag Ceantar Bardasach Iarthar Mhaigh Eo in 2015 agus €99,860 an buiséad cothabhála geimhridh a bhí acu.



***Tionscadal Forleagain an N59 ag Béal Átha Ó bhFiannaí***

## BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA

Tá an maoiniú do bhóithre réigiúnacha agus áitiúla i gCeantar Bardasach Iarthar Mhaigh Eo in 2015 liostaithe thíos faoi na príomhchatagóirí

| | | |
|---|---|---|
| Bóithre Réigiúnacha - Cothabháil | | € 366,769 |
| Bóithre Réigiúnacha - Cothabháil Geimhridh | | € 150,596 |
| Bóithre Réigiúnacha - Cóiriú Dromchla | | € 334,838 |
| Bóithre Réigiúnacha - Oibreacha Eile | | € 116,507 |
| Bóithre Réigiúnacha - Deontas Athdheisithe Feabhsúcháin | | € 770,185 |
| Bóithre Áitiúla - Cothabháil | | € 802,353 |
| Bóithre Áitiúla - Cóiriú Dromchla | | 521,973 |
| Bóithre Áitiúla - Deontas Athdheisithe Feabhsúcháin | | €1,462,622 |
| Leithdháilte NOM Comhairleoirí (7x €37,500) | | € 262,500 |
| Bearradh Ciumhaise/Bearradh Fálta | | € 25,800 |
| Caiteachas Neamh-incháilithe | | € 141,900 |
| | IOMLÁN | €4,956,043 |

Leithdháileadh Deontais Shonracha Feabhsúcháin Droichead ar na scéimeanna seo a leanas.

| | |
|---|---|
| Droichead Mount Jubilee | €395,110 |
| Droichead Bhaile Uí Fhiacháin | €139,392 |

Cuireadh deontas de €436,000 ar fáil in 2015 chun bailchríoch a chur ar dheisiúcháin do bhóithre a bhí damáistithe ag an drochaimsir agus cheadaigh sé sin bailchríoch a chur ar an tionscadal eile a bhí fanta. Áirithe leis sin bhí an droichead nua a tógadh ar an R313 Béal an Mhuirthead go dtí an Fód Dubh ag Gaisce mar aon le hathnuachan ar suas le 500m de phábháil bóthair agus bacainní tuairte nua a chur i bhfearas. Thacaigh na cistí a bhí ar fáil leis na gnáthghníomhaíochtaí cothabhála ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla i rith 2015. Mar thoradh ar na cistí cuireadh bailchríoch ar 46 km de chóiriú dromchla ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla sa cheantar in 2015 mar aon le bailchríoch a chur ar 40 km d'oibreacha chun pábháil a neartú.

Rinneadh na hoibreacha seo a leanas faoin Maoiniú Deontais d'Fheabhsúcháin Shonracha.

## DROICHEAD MOUNT JUBILEE

Ceapadh an conraitheoir don tionscadal seo i dtús an tsamhraidh 2015 agus tá an tionscadal beagnach críochnaithe anois.



***Scéim Leathnaithe Dhroichead Mount Jubilee***

Ar na tionscadail eile ar tugadh fúthu in 2015 bhí an scéim sábhailteachta a rinneadh ar bheagán costais ag Leic Ainimhe ar cuireadh deontas de €150,000 ar fáil di.



***Scéim Feabhsúcháin Leic Ainimhe***

## CLÁR TAISTIL NÍOS CLISTE CHATHAIR NA MART

In 2015, leanadh leis na hoibreacha ar thionscadal píolótach taistil níos cliste Chathair na Mart agus ba í an fhorbairt ba shuntasaí in 2015 ná tógáil glasbhealaigh trí Theach Chathair na Mart. Mar chuid de sin tógadh 1100m de ghlasbhealach nua 3m ar leithead ar chostas €300,000.



***Glasbhealach Theach Chathair na Mart***

## DAMÁISTE STOIRME

Tar éis na stoirmeacha in Eanáir agus Feabhra 2014, críochnaíodh tuilleadh tionscadal in 2015 i dtaca le tógáil agus deisiúchán ar bhallaí mara agus ar struchtúir mhuirí ag na hionaid seo a leanas:

| | |
|---|---|
| • An Ros Beag | €136,000 |
| • Oileán na Rómhánach | €100,000 |
| • Ros Cathail | €50,000 |
| • Dumha Goirt | €45,000 |
| • Dumha Acha | €122,000 |
| • Foxpoint | €330,000 |
| • Cé Bhaile Uí Fhiacháin | €80,000 |
| • An Ráith | €50,000 |
| • Bunnafolly | €50,000 |
| • Rinroe | €50,000 |
| • Dumha Locha | €20,000 |
| • Port Durlainne | €120,000 |
| • An Fód Dubh | €80,000 |
| • Frenchpark | €50,000 |
| • Béal Deirg | €64,000 |
| • Bóthar an Chladaigh Béal an Mhuirthead | €160,000 |

Maidir le Scéim Chosanta Tuilte Cheathrú Chalaidh, táthar ag súil go gcuirfear tús leis an tionscadal seo i lár 2016 faoi réir na gceadanna reachtúla ar fad a bheith faighte, mar aon le socrú a bheith déanta le húinéirí talún agus maoiniú a bheith ar fáil.

Tá carrchlós nua á thógáil freisin ag an mBreartach agus beidh sé críochnaithe faoi dheireadh 2015 ar chostas €190,000.



***Carrchlós an Bhreartaigh á thógáil***



***Deisiú Balla i Ros Beag***

# CEANTAR BARDASACH BHÉAL AN ÁTHA

## TITHÍOCHT

### DEONTAIS TITHÍOCHTA 2015

| Cineál Deontais | Líon Ceadaithe | Luach a Ceadaithe | Líon Íoctha | Luach Íoctha |
|---|---|---|---|---|
| Cabhair Thithíochta do Dhaoine Scothaosta | 80 | €362,711.30 | 91 | €399,334.63 |
| Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta | 40 | €141,596.50 | 49 | €150,111.50 |
| Oiriúnú Tithíochta do Dhaoine Faoi Mhíchumas: | 17 | €171,649.00 | 12 | €99,281.06 |
| Iomláin | 137 | €675,956.80 | 152 | €648,727.19 |

### CORRFHOLÚNTAIS

Dhírigh an clár oibre ar athchóiriú iomlán a dhéanamh ar chorrfholúntais agus ar leithdháileadh an stoic i rith na bliana. San iomlán, rinneadh 41 ionad réadmhaoine sa Cheantar a 'Chur ar ais in Úsáid Tháirgiúil' ag deireadh na bliana, i gcomhar leis na hoibreacha Corrfholúntas atá liostaithe thíos.

| | Athchóirithe & Leithdháilte | Obair Idir Lámha Críochnaithe 2015 |
|---|---|---|
| Ceantar Bardasach Bhéal an Átha | 41 | 41 |
| IOMLÁN | 41 | 41 |

### GNÍOMHAÍOCHT TITHÍOCHTA EILE

- Bhain 6 Aonad Tithíochta buntáiste as oibreacha a bhain le hoiriúnú do Shoghluaisteacht;
- Críochnaíodh an obair thógála ar atógáil 2 theach i gceantar uirbeach Bhéal an Átha chomh maith leis an tógáil ar an tríú teach. Bhí daoine istigh i gceann de na haonaid in am don Nollaig, 2015 agus chuaigh daoine isteach sna haonaid eile san Athbhliain.
- Easpa dídine: Rinneadh maoiniú ar chóiríocht éigeandála do 12 Chliant Gan Dídean laistigh den Cheantar seo i rith 2015. Mar aitheantas ar an gcas seo atá ag dul i méid, Chuir Ceantar Bardasach Bhéal an Átha dhá aonad i leataobh laistigh dár stoc (ionaid ar leith) agus réitíodh iad sin mar áiteanna cónaithe do chúinsí Cóiríochta Éigeandála.

### IASACHTAÍ TITHÍOCHTA

I rith 2015, thug Ceantar Bardasach Bhéal an Átha cabhair do 4 theaghlach chun a bheith ina n-úinéirí tí, faoi Scéim Iasachta Tithíochta na Comhairle. Faomhadh 4 iasacht tithíochta san iomlán laistigh de Cheantar Bardasach Bhéal an Átha, miondealaithe mar seo a leanas:

| CUSPÓIR NA hIASACHTA | Líon na gCeadanna | Luach na gCeadanna |
|---|---|---|
| Tógáil Nua | 0 | 0 |
| Ceannach Tithe | 4 | €343,900.00 |
| Atógáil | 0 | €0 |
| Iomlán | 4 | €343,900.00 |

**STOC TITHÍOCHTA**

Ón 31ú Nollaig, 2015 ar aghaidh, tá 599 aonad tithíochta laistigh de Cheantar Bardasach Bhéal an Átha, roinnte amach mar a leanas:

| CEANTAR BARDASACH BHÉAL AN ÁTHA | Líon na nAonad Tithíochta |
|---|---|
| Stoc ó iar-cheantar uirbeach Bhéal an Átha | 231 + 2 |
| Stoc ó thoghcheantar Bhéal an Átha | 185 |
| Aistrithe stoic ó thoghcheantar Bhéal Átha na Muice | 152 |
| Aistrithe stoic ó thoghcheantar Bhéal an Mhuirthead | 29 |

**ÉADÁLACHA**

De thoradh na n-iarracht chun ár Stoc Tithíochta a mhéadú i rith 2015, thángthas ar Chomhaontuithe sásúla i dtaca le seilbh a fháil ar 5 aonad bhreise roimh dheireadh na bliana.

**IOMPAR AGUS SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE**

Áirithe i ngréasán bóithre Cheantar Bardasach Bhéal an Átha tá iomlán de 1,491 km de bhóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla. Seo a leanas achoimre ar na príomhghníomhaíochtaí bóithre a rinneadh sa cheantar in 2015.

| | |
|---|---|
| Príomhbhóithre Náisiúnta (Cothabháil Ghinearálta agus Geimhridh) | €178,033 |
| Bóithre Náisiúnta den Dara Grád (Cothabháil Ghinearálta agus Geimhridh) | €107,983 |
| Bóithre Réigiúnacha | €1,223,551 |
| Bóithre Áitiúla | €3,593,201 |

**BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA**

Tá an maoiniú do bhóithre Réigiúnacha agus áitiúla i gCeantar Bardasach Bhéal an Átha in 2015 liostaithe thíos faoi na príomhchatagóirí

| | |
|---|---|
| Bóithre Réigiúnacha – | €234,871 |
| Bóithre Réigiúnacha – Cothabháil Geimhridh | €96,438 |
| Bóithre Réigiúnacha – Treisiú | €493,210 |
| Bóithre Réigiúnacha - Cóiriú Dromchla | €214,423 |
| Bóithre Réigiúnacha Oibreacha Eile | €74,609 |
| Bóithre Réigiúnacha - oibreacha sábháilteachta ar chostas íseal | €110,000 |
| Bóithre Áitiúla – Cothabháil | €879,815 |
| Bóithre Áitiúla – Treisiú | €1,326,565 |
| Bóithre Áitiúla - Cóiriú Dromchla | €473,418 |
| Bóithre Áitiúla - Leithdháileadh Speisialta | €220,000 |
| Bóithre Áitiúla – oibreacha cosán/bóithre | €69,622 |
| Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla | €183,416 |
| Fógra Foriarratais Comhairleoirí (8x €37,500) | €300,000 |

Lena chois sin, cuireadh maoiniú de €178,000 ar fail faoi scéim HD/15 an NRA do chosáin agus soilsiú ar bhóthar Shligigh ar an N59 mar aon le trasrian coisithe ar Shráid Humbert, rud a chuideoidh le sábháilteacht bhóthair ag na hionaid sin.

De bhreis air sin, d'aontaigh na Comhairleoirí €120,000 a chur ar fáil as an Leithdháileadh Bardasach Ginearálta agus €164,365 as an Scéim Páirtíochta Pobail chun maoiniú a dhéanamh ar thógáil cosáin agus soilse nua ó bhaile Bhéal Easa go dtí an Stáisiún Traenach.

Bhí leithdháileadh forlíontach de €314,864 ann freisin don chlár treisithe i rith na bliana agus úsáideadh é sin chun tabhairt faoi oibreacha ar 10 km de bhóithre, geall leis, mar a leanas:

| | |
|---|---|
| L5114 An Cnoc Leitheach Béal an Átha | €32,000 |
| L1120 Bóthar Bhéal Leice Béal an Átha | €50,000 |
| L5149 Bóthar Scoile Ardach | €52,864 |
| L51801 An Stiallán Thuaidh | €45,000 |
| L52924 Dumha Liag | €45,000 |
| L5374 Ceathrú Liam Bheag | €45,000 |
| L1312 / L5349 An Seanchaisleán Míleac | €45,000 |

Tugadh faoi scéim pábhála Bóithre Náisiúnta freisin ar bhóthar an N59 Béal an Átha - Crois Mhaoilíona ag Cnoc an Oileáin, ina raibh fad 3 km ar chostas €900,000.

Lena chois sin, chuir an Chomhairle tús leis an obair thógála ar lána chun casadh ar dheis ag acomhal an R314 agus an casadh go dtí láithreán Chumhacht In-athnuaite Mhaigh Eo in aice le Cill Eala ar chostas €232,000, geall leis.

Cuireadh bacainn tuile nuacheannaithe na Comhairle i bhfearas ag Bóthar na hArdeaglaise, Béal an Átha chun cosc a chur ar abhainn na Muaidhe a theacht amach ar Bhóthar na hArdeaglaise.



## BAINISTÍOCHT FORBARTHA




***Stór nua Lidl ag Bohernasup, Béal an Átha a osclaíodh in 2015 agus fáilte roimhe mar áis bhreise ar an mbaile.***

## EASTÁIT A GHLACADH AR LÁIMH

Leanadh leis an obair chun eastáit a ghlacadh ar láimh in 2015.

## PLEANÁIL AGUS FORBAIRT

Glacadh le tograí Chuid 8 dóibh seo a leanas:

- forbairt ar charrchlós ag Sráid na hEaglaise, Cill Eala a gcuirfear tús leis in 2016;
- cosán a thógáil, carrbhealach a fheabhsú, soilsiú poiblí agus oibreacha coimhdeacha ó acomhal Bhóthar Bhéal Easa ar an R318 go dtí Stáisiún Traenach Bhéal Easa;
- Ionad Mháire Mhic Róibín, Sráid Emmett, Béal an Átha.

## IONAD MHÁIRE MHIC RÓIBÍN 2013 - 2017

Beidh Ionad Mháire Mhic Róibín do Chearta Ban agus Cearta Daonna ina mhúsaeim agus ina ionad oideachais, lonnaithe san áit ar rugadh Máire Mhic Róibín ar Shráid Emmett, Béal an Átha. Áirithe san ionad atá molta beidh an tithíocht sraithe Seoirseach atá ansin cheana féin ó na 1830idí mar aon le fortheach nua a bheidh lonnaithe in aice láimhe ar thailte na Comhairle. Mar chuid den Ionad beidh hallaí éisteachta, seomraí ranga, leabharlann agus Cartlann Mháire Mhic Róibín ina mbeidh taispeántas dá cuid oibre agus í ina dlíodóir cearta sibhialta, Seanadóir, an chéad Uachtarán ban, Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus laoch don athrú Aeráide, bronnta ag Máire ar mhuintir Bhéal an Átha.



## NASCADH

- Bunaíodh coiste nua nasctha in Aibreán 2015 ar a bhfuil na Comh. Neil Cruise, Annie May Reape, Gerry Ginty agus Michael Loftus.
- D’fhreastail toscaireacht ó Bhéal an Átha ar fheile a bhí in Athis Mons i mí na Samhna.
- Eagraíodh fáiltiú freisin do dhaoine mór le rá a tháinig ar cuairt as Craigavon agus Pittsfield
- An Comh. Gerry Ginty a rinne ionadaíocht thar ceann an Cheantair ag an bhFéile **‘**Country Comes to Town’ i bPort an Dúnáin, 19ú Meán Fómhair, 2015.

## SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

### BAILTE SLACHTMHARA

Rinne Béal an Átha, Béal Átha na Muice, Crois Mhaoilíona, Baile an Chaisil agus Muine Chonalláin go maith arís sna comórtais bhliantúla bailte slachtmhara agus tá moladh dlite don spiorad saorálaíochais agus pobail atá léirithe ag na hoibrithe deonacha. In 2015, bhí gliondar ar Choiste Bailte Slachtmhara Bhéal an Átha go raibh toradh ar a gcuid iarrachtaí nuair a bhuaigh siad an Gradam Cré-umha i gComórtas Bailte Slachtmhara SuperValu.



Bronze medal is a tidy first for Ballina

### GLANADH EARRAIGH BLIANTÚIL

San earrach, rinneadh an glanadh earraigh bliantúil sna pobail ar fud an cheantair le comhoibriú ón gComhairle a chuir trealamh ar fail agus a rinne socruithe chun fáil réidh leis an dramhaíl.

### REILIGÍ

Chuir an Chomhairle íocaíocht de €44,315 ar fail do 25 coiste in 2015 chun cuidiú leo cothabháil ó lá go lá a dhéanamh ar na reiligí. Chomh maith leis sin, leathnaíodh amach an cistiú caipitil do reiligí ar fud an cheantair i rith 2015. Áirithe sna hoibreacha bhí déanamh cosán ag reiligí Chill Mhuire agus Thuaim Mhór, obair riachtanach dhraenála ag Reilig Lisín chun maolú a dhéanamh ar chás leanúnach tuilte, obair dheisiúcháin ar bhalla teorann ag an gCreagach, agus bailchríoch ar bhalla teorann ag reilig Bhaile na hEaglaise. Lena chois sin, leanadh den tacaíocht do choistí áitiúla trí ábhair thógála a chur ar fáil ag láithreáin éagsúla ar a n-áirítear reiligí Mhuine Chonalláin agus Áth Tí an Mheasaigh.

## CAITHEAMH AIMSIRE AGUS CONLÁISTE

### ÁITEANNA SÚGARTHA

Leanadh den chaomhnú agus den chothabháil ar áiteanna súgartha atá faoi bhainistíocht na Comhairle i rith 2015 agus déanadh cibé deisiúcháin a raibh gá leo. Seo a leanas na saoráidí atá i gCeantar Bhéal an Átha:

| Ceantar Bardasach Bhéal an Átha | Láthair | Saoráid | Comhordanáidí | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Soir** | **Ó Thuaidh** |
| Béal an Átha | Páirc Tom Ruane, Br. Shligigh | Áit Súgartha<br>MUGA<br>Cúirt Leadóige<br>Cúirt Cispheile<br>Páirc Sacair | 525289 | 819401 |
| Béal an Átha | Páirc Chomharsanachta Br Bhun Riabh | Áit Súgartha<br>MUGA<br>Cúirt Leadóige | 525341 | 818384 |
| Béal an Átha | Páirc Chomharsanachta, Br Chrois Mhaoilíona | MUGA<br>Áit Súgartha | 523822 | 819135 |
| Béal an Átha | Páirc Chomharsanachta Br Bhéal Easa | Áit Súgartha<br>MUGA | 524263 | 818339 |
| Béal an Átha | Páirc Chomharsanachta Ard na Ria | Áit Súgartha<br>MUGA<br>Páirc Sacair<br>Cúirt Leadóige | 525815 | 819015 |
| Béal an Átha | Béal Leice | Raon Reatha Sintéiseach | 525043 | 819556 |
| Crois Mhaoilíona | An Muileann Mór Thuaidh | Áit Súgartha | 513999 | 817105 |
| Béal Easa | Carrchlós an tSéipéil | Áit Súgartha | 527153 | 804077 |
| Cill Eala | Páirc an Bhaile | Áit Súgartha<br>MUGA<br>Cúirt Leadóige | 520341 | 829827 |
| Béal Átha na Muice | Coillearnach Brabazon | Áit Súgartha | 537746 | 799473 |
| Béal Átha na Muice | Páirc MUGA | MUGA<br>Cúirt Leadóige | 537713 | 798850 |

### MAINISTREACHA AR THIONSCADAL GLASBHEALACH NA MUAIDHE

Tá Réimse Chill Eala den Ghlasbhealach a théann ó bhaile Chill Eala go dtí Mainistir na Maighne, agus 4.5 km ann, beagnach críochnaithe. Tá cuid den tionscadal á mhaoiniú ag Leader. In imeacht ama, beidh sé ag nascadh le réimse Bhéal Leice den Ghlasbhealach atá críochnaithe anois.



***Cuid lúbach den Ghlasbhealach ag Béal Leice***

**PAINÉAL EOLAIS d'ABHAINN GHLEANN NA MUAIDHE**

Tá Painéal Eolais faoi na linnte iascaireachta agus stoc na habhann curtha ar fái gcomhar le hIascaigh Intíre na hÉireann agus Comhairle Contae Mhaigh Eo. Tá an lonnaithe ar Phromanáid na Muaidhe (ar aghaidh na hArdeaglaise).



**LEACHT WW1 2014, AG GREEN PARK, BÓTHAR CHILL EALA**

Nochtadh Leacht Cuimhneacháin an Chogaidh Mhóir sa Pháirc Ghlas, Br Chill Eala, Béal an Átha ar an 20ú Meitheamh, 2015. Le gairid a rinneadh an leacht in ómós 100 bliana do na fir ar fad as Béal an Átha a throid agus a bhásaigh in Arm Shasana sa Chogadh Mór 1914 - 1918. Tá an dearadh bunaithe ar leachtanna caighdeánacha art deco an Choimisiún Uaigheanna Cogaidh de chuid na 1920idí agus 1930idí.

Tá na heipeagrafanna ag bun an leachta i nGaeilge agus i mBéarla:

*"1914 – 1919*
*All that we had we gave*
*All that was ours to give*
*Freely surrendered all*
*That you in peace might live*

*Erected by the people of Ballina in honour and memory of those from the area who lost their lives in World War One.*
*Let those who come after see to it that their names are not forgotten."*



## GLÚINEACH BHIORACH

2013, fuarthas rian den Ghlúineach Bhiorach, 'ionróir díobhálach atá torthúil agus marfach', i mBéal an Átha agus sa cheantar máguaird, agus táthar i mbun oibre ó shin chun feasacht a mhúscailt faoin bhfiaile agus chun é a scrios.



***Glúineach Bhiorach***

## SCÉIM DEONTAIS NA nAGHAIDHEANNA TRAIDISIÚNTA

Thug an Chomhairle isteach Scéim Deontais na nAghaidheanna Traidisiúnta i mí Dheireadh Fómhair. Anois tá lucht gnó i mbaile Bhéal an Átha, Baile Chaisil, Muine Chonalláin, Béal Easa, Crois Mhaoilíona agus Béal Átha na Muice ina ann cur isteach ar chabhair deontais chun feabhas a chur ar aghaidheanna a gcuid siopaí. Roimhe seo, ní raibh fáil ar an scéim ach amháin in iar-cheantar Chomhairle Bhéal an Átha, ach nuair a bunaíodh na Ceantair Bhardasacha anuraidh socraíodh an scéim a thairiscint do lucht gnó sna bailte beaga atá sa réigiún.

Tá mapaí ullmhaithe ag ailtire na Comhairle do na ceantair atá i dteideal cabhrach deontais agus fócas ar leith ar na ceantair lárnacha stairiúla atá sna bailte.

Tá roinnt tionscnamh is féidir a mhaoiniú, mar atá péinteáil, comharthaí agus fógraí míchuí a thógáil anuas, comharthaíocht nó litreacha traidisiúnta ar aghaidheanna siopaí agus sonraí traidisiúnta ar na fuinneoga.

**LINNTE SNÁMHA**

Tá an Chomhairle ag leanúint den fheabhsúchán agus don chothabháil ar an linn snámha poiblí i mBéal an Átha.

**FÉILTE AGUS IMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| Ionad Ealaíon Bhéal an Átha | €40,000 |
| Féile Bradán Bhéal an Átha | €25,000 |
| Regatta Ché Bhéal an Átha | €10,000 |
| Deireadh Seachtaine Francach Bhéal an Átha | €10,000 |
| Imeachtaí Lá Fhéile Pádraig, Béal an Átha | €5,000 |
| Féile Pobail Chrois Mhaoilíona | €3,000 |
| Siamsa na Sráide | €3,000 |
| Fleá Bia Bhéal an Átha | €2,500 |
| Féile Chill Eala - Beo ag an Ollphuball | €1,500 |
| Féile Abhann Bhéala Easa | €1,500 |
| An Fear is Láidre i bPoblacht na hÉireann 2015 | €1,000 |
| Imeachtaí Lá Fhéile Pádraig, Béal Easa | €1,000 |
| Seó Talmhaíochta Bhéal Átha na Muice | €1,000 |
| Seachtain Fháilte Abhaile Mhuine Chonalláin | €1,000 |
| North Mayo Show Ltd (Seó Bhéal an Átha) | €1,000 |
| Giro De Baile | €1,000 |
| Seó Mhuine Chonalláin | €1,000 |
| Leathmharatón Abhainn na Muaidhe | €500 |
| Teacht le Chéile Shráid an Phiarsaigh | €500 |
| Rith Puitigh Mhaigh Eo | €500 |
| Dúshlán Trí-atláin Humbert | €500 |
| Turnamaint Cystal Palace i bPáirc Bhéal Leice | €500 |
| An Post Rás (le Club Rothaíochta Bhéal an Átha) | €500 |
| Dráma Aonghnímh Bhéal an Átha | €500 |
| Féile an Fhómhair, Eiscreach, Crois Mhaoilíona | €500 |
| Tine Chnámh an Treana Láir | €250 |
| Healy Fest Bhaile Chaisil/Bhéal Deirg | €250 |
| **Iomlán d'Fhéilte nó Imeachtaí** | **€113,000** |

**CEOLCHOIRM SHARON SHANNON**

Reáchtáladh an chéad cheolchoirm riamh i gclás an Dúin Mhíleata ar an 22ú Lúnasa, 2015, agus Sharon Shannon ag cur scoth na siamsaíochta ar fáil don oíche. Díoladh na ticéid go léir don cheolchoirm seo agus tá bunchloch leagtha ag an ócáid do thuilleadh imeachtaí amach anseo.





Galway Hooker wins hearts at revived Ballina Regatta

***Athbhunaíodh Regatta na Cé in 2015***

## FEIRMEOIREACHT, OIDEACHAS, SLÁINTE AGUS LEAS

### PIARAÍ AGUS CALAFOIRT

Bhí an t-ádh arís leis an gComhairle in 2015 go bhfuair siad maoiniú ón An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faoin gClár Forbartha um Chuanta Iascaigh agus Bonneagar Cósta 2015 d'obair fheabhsúcháin ar Ché Chill Eala agus ar Chalafort Bhéal an Átha.

## SEIRBHÍSÍ ILGHNÉITHEACHA

### CRUINNITHE

Reáchtáladh 13 chruinniú de Cheantar Bardasach Bhéal an Átha in 2015.

### CATHAOIRLEACH AGUS LEASCHATHAOIRLEACH 2015

| | |
|---|---|
| Cathaoirleach | An Comh. Gerry Ginty |
| Leaschathaoirleach | An Comh. Michal Loftus |

### AINMNIÚCHÁIN AR BHOIRD

Ainmníodh na Comhairleoirí Annie May Reape agus Gerry Ginty mar ionadaithe Chomhairle Contae Mhaigh Eo ar Bhord Bainistíochta Parkside Community Development Ltd atá ag trádáil mar Ionad Cúram Leanaí Pobail Haven.

### SLABHRA OIFIGE NUA

Ceannaíodh Slabhra Oifige nua do Chathaoirleach Cheantar Bardasach Bhéal an Átha in 2015.



### SEID NA bhFEAR, BÉAL AN ÁTHA

Rinne an Chomhairle comhaontú léasa le Seid na bhFear Béal an Átha i dtaca le hiar-Phictiúrlann an Estoria ar Shráid Teeling. Tá péint nua curtha ar an bhfoirgneamh agus é athchóirithe, agus tá buíochas dlite do Sheid na bhFear as an tionscadal tairbheach seo a chur chun cinn ar bhealach an-ghairmiúil.



**TIONSCNAMH JABANNA GATEWAY**

Tá rannpháirtíocht iomlán ag Ceantar Bardasach Bhéal an Átha i dTionscnamh Jabanna "Gateway" an Rialtais agus bhí 9 rannpháirtí acu in 2015.

## CEANTAR BARDASACH CHLÁR CHLAINNE MHUIRIS

Bhí Cruinniú Ginearálta Bliantúil Cheantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris ar siúl ar an gCéadaoin 15ú Iúil, 2015.

An Comh. Gerry Murray a ceapadh ina Chathaoirleach
An Comh. Tom Connolly a ceapadh ina Leaschathaoirleach



**TITHÍOCHT**

Dhírigh cuspóirí lárnacha an Bheartais Náisiúnta Tithíochta ar an bprionsabail go mbeidh rochtain ag gach teaghlach ar thithíocht dhaingean ardchaighdeáin a bheidh oiriúnach dá riachtanais agus ar phraghas inacmhainne i bpobal atá inbhuanaithe.

Tá na heochairchuspóirí ag díriú ar Inacmhainneacht agus Cóiríocht Ardchaighdeáin, Roghanna Tionachta agus prionsabail na bPobal Inbhuanaithe.

De bhreis ar an soláthar traidisiúnta de Thithíocht Údaráis Áitiúil agus Tithíocht Dheonach (ó Chomhlachtaí Tithíochta Faofa), tá méadú curtha ar Scéimeanna mar an Scéim um Chóiríocht ar Chíos (RAS), an Tionscnamh um Thithíocht Shóisialta ar Léas (SHLI), agus an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP).

Lean na Scéimeanna sin de bheith ag tabhairt cúnaimh thithíochta (de bhreis ar Stoc Tithíochta Sóisialta na Comhairle) i rith 2015, chun freastal ar an éileamh ar Thithíocht Shóisialta. Déantar cur chun cinn láidir freisin ar chomhpháirtíocht leis na hearnálacha Deonacha/Comhoibrithe agus príobháideacha maidir leis an bhfreastal ar an riachtanas tithíochta sóisialta sa todhchaí. I rith 2015, ceadaíodh an chéim dheartha do Scéim Cúnaimh Caipitil le hEagraíocht Naomh Uinseann de Pól, ina bhfuil sé theach san áireamh ar Bhóthar Chill Mheáin, Baile an Róba.

I gCeantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris, déantar Seirbhísí Tithíochta an Údaráis Áitiúil a chur ar fáil trí Oifigí Údaráis Áitiúil ag:

Bóthar Chill Cholmáin, Clár Chlainne Mhuiris 094 93 72310
Bóthar Chill Mheáin, Clár Chlainne Mhuiris 094 95 41111

**STOC TITHÍOCHTA**

Ar an 31ú Nollaig, 2015, bhí 418 Aonad de Stoc Tithíocht Údaráis Áitiúla laistigh de Ceantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris.

**AN CLÁR ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH**

An Roinn Comhshaoil a thug isteach an clár seo chun cuidiú leis na hÚdaráis Áitiúla oibreacha a chur ar fáil agus a mhaoiniú le huasghrádú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh na dteaghaisí a bhfuil tionóntaithe iontu.

Rinneadh oibreacha feabhsúcháin i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh, i.e. insliú díonta; insliú ar chuasbhallaí agus tithe a dhéanamh díonmhar ar shéideáin i dTithe Údaráis Áitiúil i gCeantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris in 2015 i mbailte Bhéal Átha hAmhnais, Baile an Daighin agus Baile an Róba.

**CLÁR NA dTITHE FOLMHA**

Tá Clár na dTithe Folmha maoinithe ag an Roinn Comhshaoil chun aonaid tithíochta sóisialta atá folamh agus dúnta suas a chur ar ais in úsáid tháirgiúil.

In 2015 cuireadh maoiniú ar fáil do thithe cónaithe i gCeantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris. Tar éis oibreacha athchóirithe a dhéanamh orthu bhí na tithe sin ar fáil le ligean.

**AN CLÁR UM THÉAMH LÁRNACH**

Thosaigh an clár seo in 2015 chun téamh lárnach a chur ar fáil do shean-stoc tithíochta atá ag na húdaráis áitiúla. Ainmníodh roinnt ionad réadmhaoine i gCeantar Chlár Chlainne Mhuiris agus déanfar oibreacha orthu i rith 2016.

**TITHÍOCHT DHEONACH/COMHLACHTAÍ TITHÍOCHTA FAOFA**

Tá roinnt Scéimeanna Tithíochta Deonacha á mbainistiú ag Comhlachtaí Tithíochta Faofa laistigh de Cheantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris:

Cumann Tithíochta Deonaí Achadh Mór
Cumann Tithíochta na mBroicíní
Tithíocht Aosach Bhaile Chathail
Iontaobhas Naomh Uinseann de Pól/Ozanam
Cumann Tithíochta na Clúide, Clár Chlainne Mhuiris
Tithíocht Pobail Chill Mobhí
Cumann Tithíochta an Tuairín
Cumann Naomh Uinseann de Pól, Baile an Róba
Eagraíocht Tithíochta Deonach Chlár Chlainne Mhuiris
Cumann Cúraim an Iarthair, Suaimhneas, Baile an Róba
Cumann Cúraim an Iarthair, Cois Róba, Baile an Róba
Cumann Cúraim an Iarthair, Aisling Gheal, Baile an Róba
Cumann Tithíochta Sóisialta Bhéal Átha hAmhnais
Cumann Tithíochta Deonaí Cheathrú an Chaisil

Clár IRD Clár Chlainne Mhuiris
Clár ICH, Clár Chlainne Mhuiris
Cumann Tithíochta an Bhaile Ghaelaigh
Cumann Scrín Chnoc Mhuire
Cumann Cúraim an Iarthair, Béal Átha hAmhnais

**ATHCHÓIRIÚ RADHARC NA PÁIRCE, BAILE CHATHAIL**
De thoradh an Tionscadail seo tá laghdú tagtha ar líon na n-aonad tithíochta in Eastát Radharc na Páirce ó 42 go dtí 35. Tá éifeachtúlacht fuinnimh feabhsaithe anois sa meascán foriomlán de 35 aonad tithíochta ina bhfuil Tionóntaí/Úinéirí trí na nithe seo a bheith curtha ar fáil:

- Breis inslithe sna ballaí agus sa díon
- Insliú ar dhabhchanna nua uisce agus píopaí uisce te
- Painéil ghréine ar aonaid a bhfuil treoshuíomh oiriúnach acu

De thoradh an tionscadail seo tá athrú mór tagtha ar Eastát Tithíochta a raibh meath suntasach tagtha air, agus nach bhféadfaí tionóntachtaí a leithdháileadh ná a choinneáil. Tá tóir mhór ar an Eastát anois acu sin atá ag lorg Áitreabh Údaráis Áitiúil i gceantar Bhaile Chathail.



***Radharc na Páirce Baile Chathail***

**SCÉIMEANNA DEONTAS TITHÍOCHTA**
Glactar le hiarratais do Chabhair Dheontais faoi na Scéimeanna seo a leanas:

- Cabhair Thithíochta do Dhaoine Scothaosta
- Áiseanna Soghluaisteachta
- Oiriúnú Tithíochta do Dhaoine Faoi Mhíchumas:

Rinneadh athbhreithniú ar na trí Scéim Tithíochta d'fhonn oibriú na dtrí Scéim Tithíochta a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. De thoradh an athbhreithnithe rinne an SPC Tithíochta moltaí faoi athruithe a cuireadh i bhfeidhm ón 1ú Iúil 2015.

**CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL**

Tá soláthar leanúnach déanta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo i dtaca le riachtanais Chóiríochta an Lucht Siúil agus úsáid á bhaint as an réimse iomlán de Roghanna Tithíochta atá ar fáil. Tá dul chun cinn an-suntasach déanta sa réimse seo ón am ar glacadh leis an gcéad Phlean Cóiríochta.



***Leamhaigh Mhór Baile Chathail***

**TÁSTÁIL RADÓIN**

Cuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo maoiniú ar fáil chun leanúint dá Suirbhé Radóin agus an Obair Leigheasacháin.

Dá thoradh sin tá bailchríoch curtha ar oibreacha leigheasacháin a raibh gá leo do Thithe Comhairle i mBaile Chlár Chlainne Mhuiris, na Forbairtí Tithíochta ag Luí na Gréine agus Barr na hAille ach go háirithe.

Cuireadh tús le hobair freisin chun tuilleadh Suirbhéireachta Radóin a dhéanamh i mBaile an Róba, go háirithe ag Radharc na hEaglaise sa bhaile. Níor léirigh suirbhéireachtaí samplacha a rinneadh roimhe seo i mBaile an Róba go raibh aon leibhéal ard de Ghás Radóin san áit, ach ar eagla na heagla, rinne an Chomhairle suirbhéireacht ar a cuid tithe go léir sa cheantar agus rinneadh aon obair fheabhsúcháin a raibh gá leis. Mar chuid den chlár, tugadh comhairle do na Tionóntaí faoi na hOibreacha Radóin a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun aon iarmhairtí díobhálacha féideartha a laghdú

**DABHCHA SÉARACHAIS**

Le críochnú an phróisis chlárúcháin do dhabhcha séarachais, tá aird dírithe anois ar chlár bliantúil a thionscnamh chun a chinntiú go bhfuil na Tithe Cónaithe Údaráis Áitiúil ar fad ag úsáid daibhche séarachais atá ag cloí leis an gcaighdeán riachtanach.

Leanfar den chlár iniúchta nó go mbeidh réimse iomlán na riachtanas faighte amach. Tá foráil déanta sa Bhuiséad do chlár oibre agus leanfar de sin chun a chinntiú go ndíreofar ar dhabhcha a bhfuil fadhb leo chun iad a dheisiú.

**IOMPAR AGUS SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE**

Seo a leanas sonraí Scéim na nOibreacha Bóthair 2015 maidir le Toghcheantar Chlár Chlainne Mhuiris:

**PRÍOMHBHÓITHRE NÁISIÚNTA**

| Uimh. Bhealaigh | Fad/Ceantar | Sonraí na hoibre | Costas |
|---|---|---|---|
| N5 / N17 | 54 km | Cothabháil Ghinearálta Príomhbhóithre Náisiúnta | €147,538.00 |
| | | Iomlán | €147,538.00 |
| N5 / N17 | | Cothabháil Geimhridh Leathadh Salainn/Grin | €81,200.00 |
| | | Iomlán | €81,200.00 |

**BÓITHRE NÁISIÚNTA DEN DARA GRÁD**

| Uimh. Bhealaigh | Fad/Ceantar | Sonraí na hOibre | Costas |
|---|---|---|---|
| N60/N83/N84 | 74 km | Cothabháil Ghinearálta Bóithre Náisiúnta den Dara Grád | €126,807.00 |
| | | Iomlán | €126,807.00 |
| N60/N83/N84 | | Cothabháil Geimhridh Leathadh Salainn/Grin | €63,710.00 |
| | | Iomlán | €57,362.00 |
| | | Cosáin agus Mionoibreacha Béal Átha hAmhnais / Baile an Locha ag Cúil na Fearna Cill Mheáin ag an Lochán Buí | 270,000.00 190,000.00 |
| | | Iomlán | €460,000.00 |
| | | Feabhsúcháin Sábhála Acomhal Bóthair Chill Mheáin | €30,000.00 |
| | | Iomlán | €30,000.00 |

**BÓITHRE RÉIGIÚNACHA - COTHABHÁIL GHINEARÁLTA**

| Bealach Uimh | Fad/Ceantar | Sonraí na hOibre | Costas |
|---|---|---|---|
| R293/R320/R322/R323/ R325/R327/R328/R329/ R330/R331/R332/R334/ R345/R375/R376 | 137 km | Cothabháil Ghinearálta Bóithre Réigiúnacha | €254,540.00 |
| | | IOMLÁN | €254,540.00 |
| | | Cothabháil Geimhridh Leathadh Salainn/Grin | €104,514.00 |
| | | IOMLÁN | €104,514.00 |

**BÓITHRE RÉIGIÚNACHA - COTHABHÁIL ATHDHEISITHE (CÓIRIÚ DROMCHLA)**

| Bealach Uir | Fad/Ceantar | Sonraí na hOibre | Costas |
|---|---|---|---|
| R327 | 3,000/20,000 m cr | An Log Buí | €109,217.00 |
| R331 | 1100m/7150m cr | Cluain na gCaiseal | €39,325.00 |
| R332 | 1370m/8905 m cr | Torn | €48,979.00 |
| R376 | 975m/6340 m cr. | An Choill Gharbh Thiar | €34,857.00 |
| | | IOMLÁN | €232,380.00 |

**BÓITHRE RÉIGIÚNACHA - FEABHSÚCHÁN ATHFHEISTITHE (NEARTÚ)**

| Bealach Uir | Fad/Ceantar | Sonraí na hOibre | Costas |
|---|---|---|---|
| R320 | 200m/1300 m cr | Baile an Táfaigh | €44,000.00 |
| R320 | 1100m/7700 m.cr. | Aghavilla | €192,221.00 |
| R327 | 100m/650 m.cr. | Ceathrú an Éadain | €15,000.00 |
| R332 | 600m/360 m.cr. | Na hUltánaigh | €80,000.00 |
| R345 | 820m/4925 m.cr. | Baile Uí Chadhain | €123,115.00 |
| R316 | 495m/3210 m.cr. | An Choill Gharbh Thiar | €80,177.00 |
| | | IOMLÁN | €534,513.00 |

**BÓITHRE RÉIGIÚNACHA - OIBREACHA EILE - COTHABHÁIL**

| **Bealach Uir** | **Fad/Ceantar** | **Sonraí na hOibre** | **Costas** |
|---|---|---|---|
| R293 | | Oibreacha Draenála ag Breac-cl | €20,000.00 |
| R320 | | Oibreacha Cosán ag Mount St. C<br>Chlainne Mhuiris | €5,000.00 |
| R325 | | Oibreacha Ciumhaise ag Gleanr | €12,129.00 |
| R331 | | Oibreacha Cosán ag An Phríoml<br>Chlainne Mhuiris | €13,000.00 |
| R334 | | Draenáil na hÉille | €10,728.00 |
| R334 | | Carrchlós Chonga | €20,000.00 |
| | | IOMLÁN | €80,857.00 |

**BÓITHRE RÉIGIÚNACHA - SCÉIMEANNA SÁBHÁILTEACHTA AR CHOSTAS ÍSEAL**

| **Bealach Uir** | **Fad/Ceantar** | **Sonraí na hOibre** | **Costas** |
|---|---|---|---|
| R331 | | Acomhal Mhaolla | €100,000.00 |
| R334 | | An Chrois | €13,000.00 |
| | | IOMLÁN | €113,000.00 |

**BÓITHRE ÁITIÚLA COTHABHÁIL GHINEARÁLTA**

| **Bealach Uiı** | **Fad/Ceantar** | **Sonraí na hOibre** | **Costas** |
|---|---|---|---|
| | 1499 km | Bóithre Áitiúla [OR] | €329,663 |
| | | Bóithre Áitiúla [DMG] | €522,449 |
| | | Bearradh Ciumhaise/ Bearradh F | €27,400 |
| | | Caiteachas na bhfuil Incháilithe | €150,700 |
| | | IOMLÁN | €1,030,212 |

**BÓITHRE ÁITIÚLA - FEABHSÚCHÁN AR BHÓITHRE ÁITIÚLA**

| Bealach Uir | Fad/Ceantar | Sonraí na hOibre | Costas |
|---|---|---|---|
| LP1511 | | Cosán ag Baile an Daighin | €15,000 |
| LP1506 | | Cosáin Lios Mhic Fheorais | €19,240 |
| LS5659 | | Cosáin Bóthar na hEaglaise, C | €23,650 |
| LP1331 | | Cosáin Baile Chathail | €12,000 |
| LT19047 | | Cosáin Cill Cheallaigh | €11,633 |
| | | IOMLÁN: | €81,523 |

**<u>BÓITHRE ÁITIÚLA - COTHABHÁIL ATHDHEISITHE (CÓIRIÚ DROMCHLA)</u>**

| Bealach Uir | Fad/Ceantar | Sonraí na hOibre | Costas |
|---|---|---|---|
| LT-55528 | 750m/3300 m.cr. | An Cnoc Rua | €15,000 |
| LS-5559 | 2160 m/8200 m.cr. | Cill Mhiáin | €38,000 |
| LT-59311 | 1000 m/4000 m.cr. | Achadh an tSathairn | €18,000 |
| LT-65321 | 431 m/1730 m.cr. | An Seiseadh | €7,785 |
| LS-5549 | 2100 m/8400 m.cr. | Baile na mBreithiún Thuaidh | €38,624 |
| LT-22115 | 2295 m/8800 m.cr. | An Garraí Dubh | €40,000 |
| LT-55385 | 1760 m/6700 m.cr. | Cluain Buí | €30,000 |
| LT-15032 | 2245 m/8980 m.cr. | Gort na Carraige | €40,415 |
| LT-55553 | 40m/400 m.cr. | Cúirt Ashford | €5,000 |
| LT-16155 | 810m/2835 m.cr. | Maigh Chalgaigh | €12,760 |
| LT-56584 | 1290m/4515 m.cr. | Mucrosán | €20,316 |
| LT-56585 | 356m/1246 m.cr. | Mucrosán | €5,607 |
| LT-16126 | 1200m/4200 m.cr. | An Ráth Ard | €18,900 |
| LT-56515 | 2500m/8750 m.cr. | Baile Sheoinín | €39,375 |
| LT-66663 | 2000m/7000 m.cr. | Baile Lis na hEidhní | €31,500 |
| LT-56607 | 653m/2442 m.cr. | Cnoc Mhuire | €11,042 |
| LT-56597 | 550m/1925 m.cr. | Dumha Acha | €8,660 |
| LT-16131 | 800m/2800m.cr. | Droingín | €12,600 |
| LP-1916 | 3110m/15550 m.cr. | An Cheathrú Bheag | €69,975 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| LS-5918 | 3249m/11342 m.cr. | Barr Coill | €51,039 |
| LS-5337 | 1355m/4404 m.cr. | Trian na Caillí | €19,817 |
| LS-5342 | 485m/1698 m.cr. | Cluain Feachtrainn | €7,644 |
| LT-59261 | 910m/2730 m.cr. | Caiseal Aithinne | €12,285 |
| | 32,049m/121,947 m | IOMLÁN: | €554,344 |

**BÓITHRE ÁITIÚLA - COTHABHÁIL ATHCHÓIRITHE**
**CÓIRIÚ DROMCHLA LEITHDHÁILTE SPEISIALTA COMHAIRLEOIRÍ**

| Bealach Uir | Fad/Ceantar | Sonraí na hOibre | Costas |
|---|---|---|---|
| LT-15126 | 760m/2700 m.cr. | Diméin an Log Bhuí | €12,000 |
| LS-5546 | 1100m/3450 m.cr. | Cluain Mór Íochtair | €15,500 |
| LT-15048 | 700m/2400 m.cr. | Cill Cholmáin | €10,800 |
| LT-55422 | 380m/1180 m.cr. | Doire Abhall (Baile an Locha) | €5,300 |
| LT-15032 | 235m/820 m.cr. | An Cheathrú Bheag | €3,700 |
| LP-1503 | 430m/1710 m.cr. | An Cheathrú Bheag | €7,700 |
| LT-59461 | 830m/2800m.cr. | An Choillidh Liath | €11,672 |
| LT-55535 | 100m/350 m.cr. | An Lorgain | €1,600 |
| LT-59511 | 295m/1000 m.cr. | Fochaill | €4,500 |
| LT-59357 | 470m/1400 m.cr. | Breac-chluain Thoir | €6,300 |
| LT-55582 | 150m/6000 m.cr. | An Leathbhaile Rua | €2,500 |
| LT-26162 | 341m/1195 m.cr. | An Cheathrú Mhór | €5,370 |
| LT-16091 | 800m/2800m.cr. | Cill Chuair Uachtair | €12,600 |
| LT-56632 | 610m/2135 m.cr. | Cathair Mhic Uillic | €9,608 |
| LT-56661 | 1000 m/3500 m.cr. | Rostaff | €15,750 |
| LT-26132 | 800m/2800m.cr. | An Turlach Mór | €12,600 |
| LP-1916 | 320m/1600 m.cr. | Urlár | €7,200 |
| LT-13063 | 700m/2275 m.cr. | Cluain Mór | €10,238 |
| LT-13056 | 355m/1171 m.cr. | An Tóin Rua | €5,229 |
| LT-59261 | 358m/1074 m.cr. | Ráth Fhireolais | €4,833 |
| LT-13044 | 520m/1560 m.cr. | Béal Átha na Sróna, Baile Chath | €7,020 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| LT-23053 | 340m/1700 m.cr. | Back Streets, Baile Chathail | €7,655 |
| LT-19065 | 350m/1050 m.cr. | Sanúlán | €4,725 |
| LT-13041 | 600m/1800 m.cr. | Trian na Caillí | €8,100 |
| | 9784m/33170 m.cr. | IOMLÁN: | €192,500 |

**BÓITHRE ÁITIÚLA FEABHSÚCHAN ATHFHEISTITHE (NEARTÚ)**

| Bealach Uir | Fad/Ceantar | Sonraí na hOibre | Costas |
|---|---|---|---|
| LS-5545 | 800m/2800m.cr. | Muirnín Thuaidh | €40,000 |
| LS-5555 | 1250m/5000 m.cr. | An Corrán | €75,000 |
| LT-15015 | 1367m/5000 m.cr. | Cluain Lára | €72,000 |
| LT-55661 | 1000 m/3650 m.cr. | Baile Chonnámha | €50,000 |
| LP-1512 | 900m/3600 m.cr. | An Droim Bán | €50,000 |
| LP-1511 | 900m/3200 m.cr. | An Coilleán | €83,000 |
| LS-5544 | 2000m/6500 m.cr. | An Más Íochtarach | €95,000 |
| LS-5934 | 2780m/7000 m.cr. | Cluain Gamhnach (Kilbrogan) | €100,000 |
| LP-1918 | 600m/2500 m.cr. | Eadargúil | €40,000 |
| LS-5549 | 500m/2000 m.cr. | Droimnín | €32,400 |
| LT-19201 | 70m/400 m.cr. | St. Gerald’s Court | €15,000 |
| LS-5649 | 700m/2800m.cr. | Cluain Ciarraí | €41,000 |
| LT-16141 | 1000 m/3500 m.cr. | Droim Oilí | €50,000 |
| LP-1615 | 2000m/10000 m.cr. | Gleann Coirib (Bródalach) | €150,000 |
| LP-1609 | 1800m/9000 m.cr. | An Ráth Ard | €150,000 |
| LP-1613 | 260m/1430 m.cr. | An Éill (Ballywater) | €21,213 |
| LT-16140 | 480m/1920 m.cr. | Ceathrú na Coille | €28,800 |
| LT-56596 | 175m/630 m.cr. | Na Gorta Rua | €9,450 |
| LP-1916 | 1428m/7140 m.cr. | An Choill Mhór | €107,100 |
| LP-1305 | 1100m/6600 m.cr. | An Tóin Rua (An Tonnach) | €99,000 |
| LP-1306 | 1500m/4875 m.cr. | Both na Tonnaí | €73,125 |
| LS-5926 | 1100m/3850 m.cr. | Caiseal Aithinne | €57,750 |
| LS-5342 | 615m/2153 m.cr. | Cluain Feachtrainn | €32,288 |
| LS-5337 | 775m/2919 m.cr. | Tuaim Bhoth Chomhla | €37,781 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| LT-13063 | 390m/1268 m.cr. | Cluain Mór | €19,020 |
| LT-13056 | 495m/1610 m.cr. | Cluain Mór | €24,401 |
| | 25985m/101345 m.c | IOMLÁN: | €1,553,328 |

**BÓITHRE NÁISIÚNTA DEN DARA GRÁD - OIBREACHA COSÁN**

N60 Bóthar Bhéal Átha hAmhnais / Bhaile an Locha ag Cúil na Fearna Oibreacha Athdhromchlaithe Cosán
(€270,000).





## BÓITHRE NÁISIÚNTA DEN DARA GRÁD - OIBREACHA SÁBHÁILTEACHTA

Feabhsúchán Sábháilteachta N60 ar bhóthar Chlár Chlainne Mhuiris/Balla ag acomhal Choillte Mach (R320).



***Oileán Tráchta Nua***

## BÓITHRE RÉIGIÚNACHA - OIBREACHA COSÁN

Bóthar an R320 Clár Chlainne Mhuiris / Coillte Mach ag Aghavilla agus Baile an Táfaigh Oibreacha Athdhromchlaithe Pábhála (€236,221).



## R327 DROICHEAD KILNOCK

Áirithe sna hoibreacha seo bhí scartáil agus baint amach an tseandroichid a bhí prapáilte le fearais ar feadh roinnt blianta mar gheall ar an iomad scoiltí a tháinig sa choincréit mar aon le creimeadh ar an gcruach threisiúcháin. Rinneadh an obair le Saothar Díreach.



***Droichead Kilnock roimh an tógáil***



***Droichead Kilnock tógtha as an nua***





***Teascáin tóchair á leagan síos***

## TUILTE - TUILTE I gCEANTAR DHEISCEART MHAIGH EO

Tar éis Stoirme Desmond i mí na Nollag, 2015, fágadh tithe cónaithe báite agus bailte scoite de bharr na dtuilte. Bhí cuid mhór de na bóithre dothrasnaithe i gceantair Chonga, na Croise, agus na hÉille, Bóthar Bhaile an Róba go Gaillimh san áireamh ag an Éill.

Bhí bailte fearainn na Craobhaí, Garrán na Feá, Baile Uí Ruairc agus coda de Mhaolla faoi uisce agus gan teaghlaigh in ann imeacht as a gcuid tithe gan cúnamh a fháil.

Thug oibrithe foirne amuigh faoin aer Chomhairle Contae Mhaigh Eo, mar aon le pobail áitiúla agus an Chosaint Shibhialta cúnamh do dhaoine a bhí buailte ag na tuilte. Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo tithíocht éigeandála ar fáil do roinnt daoine a raibh a dtithe báite ag na tuilte. Chuir Oifigeach Leasa Pobail na Roinne Coimirce Sóisialaí cabhair airgeadais ar fáil.



***An Éill***

Tá maoiniú de €2,450,000 curtha ar fáil ag an Roinn Iompair in 2016 d'Oibreacha Bóthair chun cosc a chur le breis tuilte i gCeantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris.



***Droichead Cheathrú na gCorr***



***Creduff, Baile an Róba***

## SEIRBHÍSÍ UISCE

### UISCE ÉIREANN

Bhí ath-eagar iomlán na hEarnála Uisce go náisiúnta agus bunú Fóntais náisiúnta Uisce ar cheann de na hathruithe aonair ba mhó a tharla in Earnáil na nÚdarás Áitiúil ó bunaíodh Córas na nÚdarás Áitiúil in 1898.

Áirithe ann bhí:

- Bunú Fóntais Uisce nua (Uisce Éireann) chun freagracht a ghlacadh as soláthar na Seirbhísí Uisce.
- Samhail de mhaoiniú inbhuanaithe a thabhairt isteach chun tacú leis an infheistíocht bhreise sna Seirbhísí Uisce chun bun a chur faoi chruthú jabanna agus comhlíontacht reachtúil.
- Rialúchán neamhspleách geilleagrach ar Earnáil an Uisce a thabhairt isteach faoin an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh.
- Córas muirir a thabhairt isteach do Thomhaltóirí Tí.

Bunaíodh Uisce Éireann ar an 1ú Eanáir 2014, aistríodh sócmhainní agus dliteanais Sheirbhísí Uisce Chomhairle Contae Mhaigh Eo go dtí Uisce Éireann de réir na reachtaíochta a bhí tugtha isteach. Beidh Comhairle Contae Mhaigh Eo ag feidhmiú agus ag cothabháil na Seirbhísí Uisce Poiblí thar cheann Uisce Éireann faoi théarmaí an Chomhaontaithe Seirbhíse a síníodh.



***Túir Uisce Bhaile an Róba***

Beidh ról i gcónaí ag Comhairle Contae Mhaigh Eo i gCláir Infheistíochta na Seirbhísí Uisce agus déanfaidh Uisce Éireann an cinneadh deiridh faoi thosaíocht na scéimeanna. Lean foireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo i gCeantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris orthu ag feidhmiú agus ag cothabháil bhonneagar na seirbhísí uisce ar fad sa Cheantar i rith 2015.

**CLÁR CAIPITIÚIL NA SEIRBHÍSE UISCE**

**SCÉIMEANNA IDIR LÁMHA IN 2015 i gCEANTAR BARDASACH CHLÁR CHLAINNE MHUIRIS**

Pacáiste Caomhnaithe Uisce 4 - Teach Chaoin agus méadú ar Phurláin Loch Measca go dtí an Caisleán Riabhach.

**SCÉIMEANNA ATÁ LE TOSÚ IN 2016/2017**

Scéim Séarachais Bhéal an Mhuirthead, Bhéal Easa, Bhaile Chathail - Beart DBO

Thángthas ar chomhaontú freisin le hUisce Éireann faoi Phlean Seirbhíse Bliantúil inar sonraíodh an obair agus an chothabháil a bheadh le déanamh ar gach Scéim Uisce agus Séarachais. Leagann an Plean amach na hoibreacha ar fad atá le déanamh chun cloí le Caighdeáin Uisce Óil agus le Rialacháin Reachtúla eile i réimse na Seirbhísí Uisce.

**PLEANÁIL AGUS FORBAIRT GHEILLEAGRACH**

Tá athrú an-mhór tagtha ar an mbéim laistigh den Rannóg Pleanála ón bhfeidhm Rialacháin Phleanála (próiseáil na n-iarratas pleanála) go dtí tacaíocht forbartha trína bheith ag oibriú go dlúth le Forbróirí, Glacadóirí agus Leachtaitheoirí agus trína theacht ar chomhaontú faoi chláir oibre chun bailchríoch shásúil a chur ar Eastáit go dtí an caighdeán a bhfeadfaidh an Chomhairle iad a ghlacadh ar láimh.

Tá na hEastáit seo a leanas i gCeantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris glactha ar láimh ag Comhairle Contae Mhaigh Eo:

Cluain Aoibhinn, Clár Chlainne Mhuiris
Páirc na Feá Clár Chlainne Mhuiris
Bailtíní Naomh Eoin, Clár Chlainne Mhuiris
Gleann na Silíní, Béal Átha hAmhnais
Ard an Chláir, Clár Chlainne Mhuiris
Clós Shruthán an Mhuilinn Clár Chlainne Mhuiris
An Sean-Ráschúrsa, Béal Átha hAmhnais
Cúirt Ashford Clár Chlainne Mhuiris
Mainéar Chnocán an Chláir
Faiche an Choláiste Clár Chlainne Mhuiris
Gleann na Mainistreach Béal Átha hAmhnais
An Chollchoill Béal Átha hAmhnais
Gleann an Tobair, Clár Chlainne Mhuiris
Coill Bheag Clár Chlainne Mhuiris
Céide na Ceathrún Móire, Cnoc Mhuire
An Phlásóg, Clár Chlainne Mhuiris
Páirc na Leamhán Clár Chlainne Mhuiris
Faiche an Teampaill Clár Chlainne Mhuiris
An Bhreachlach Bhuí Béal Átha hAmhnais
Coill na Leamhán Clár Chlainne Mhuiris,
Lios Bán Clár Chlainne Mhuiris,
Céide Méiríní Púca Béal Átha hAmhnais,
Plásóg an Choill, Béal Átha hAmhnais,
Cúirt an Choill Béal Átha hAmhnais,

Hazelhill Downs Béal Átha hAmhnais

Na Mailpeanna, Béal Átha hAmhnais
Manor Brook Béal Átha hAmhnais
Ascaill Grattan Clár Chlainne Mhuiris
Corrán Grattan Clár Chlainne Mhuiris
Mainéar Grattan Clár Chlainne Mhuiris
An Gleann Clár Chlainne Mhuiris
Baile an Bhile Bóthar Dhún Mór An Baile Gaelach
Mullach an Droma Cnoc Mhuire
Baile Mháirtín Cill Mheáin,
Plás na Sceiche Gile, Baile an Róba
Clos Caoin Clár Chlainne Mhuiris
Ceathrú an Mhainéir Cnoc Mhuire
Móinéir Carramore Cnoc Mhuire
An Lantán Baile an Róba
Radharc na hAbhann Baile an Róba
Carraig Dhún Baile an Róba
An Crann Mór Baile an Róba
Cúirt an Iarnróid Baile an Róba
Cúirt Ghort na Bealtaine, Baile an Róba
Cúirt an Choill, Baile an Róba
Teallach Róba, Baile an Róba
Mainéar an tSáirséalaigh, Baile Chathail
Siúlán na hAbhann, Baile Chathail
Cois Abhainn, Cill Mobhí

Giúiseanna na hEascrach, Béal Átha hAmhnais,
Faiche an Aonaigh, Baile Chathail
Plásóga Ghort an Teampaill Cnoc Mhuire
Clós Grattan Clár Chlainne Mhuiris
Páirc Grattan, Clár Chlainne Mhuiris
Lána Lios na Buaile, Clár Chlainne Mhuiris
Cuairt na Ciarraidhe Clár Chlainne Mhuiris
Plásóga an Mhuilinn Thirim, An Baile Gaelach
An Cladrach Baile an Róba
Gort an Teampaill Sruthair
Ros Clochair Baile an Róba
Radharc an Locha Clár Chlainne Mhuiris
Eastát Bhaile an Bhile, An Baile Gaelach
Páirc na Feá Clár Chlainne Mhuiris
Cúirt Naomh Ledger Sruthair
Corr & Gort na gCloch, Baile an Róba
An Geagain Baile an Róba
Garrán na Leice Baile an Róba
Clós Rath Cheallaigh, Baile an Róba
Taobh an Uisce, Baile an Róba
Cúirt na Grúdlainne, Baile an Róba
Cúirt Cholmáin, Sruthair
Corrán an tSáirséalaigh, Baile Chathail
Garrán Culmore, Cill Cheallaigh



***Páirc MUGA agus Cruicéid na Mailpeanna***

Clinicí Pleanála ar Féidir Siúil Isteach Iontu - Bíonn siad ar siúl gach maidin Céadaoine in Oifigí Bhaile an Róba agus Chlár Chlainne Mhuiris. Reáchtáiltear na Clinicí ar bhunús an té is túisce a thagann is túisce a ndéantar gnó leis, agus tá deireadh curtha acu le hamanna feithimh le haghaidh comhairliúcháin le Pleanálaithe. Rinne siad laghdú freisin ar líon na gceisteanna guthán agus ceisteanna i scríbhinn chuig an Oifig Pleanála mar go mbíonn na Pleanálaithe ar fáil gach seachtain le dul i gcomhairliúchán leis an bpobal.

**AN TIMPEALLACHT**

Thacaigh Ceantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris le rannpháirtithe san Fheachtas Náisiúnta Glanta Earraigh, san Fheachtas um Pobail Níos Glaine agus sa tSraithchomórtas 'Beart in Aghaidh Bruscair i rith 2015.

Comórtas don chontae ar fad is ea an Fheachtas um Pobail Níos Glaine agus áirithe i measc na mbuaiteoirí bhí grúpaí deonacha as

**TORTHAÍ ÓN bhFEACHTAS UM PHOBAIL NÍOS GLAINE**

| **Catagóir** | **Torthaí** | |
|---|---|---|
| Uimh. 1 Bloomin I | Buaiteoir Iomlán:<br>An Dara hÁit:<br>An Ceathrú hÁit: | Partraí<br>Baile an Daighin<br>Cill Mheáin |
| Uimh. 2 Sweep yo | Buaiteoir<br>San Dara hÁit | Baile Chathail<br>Béal Átha hAmhnais |
| Uimh. 3 An Bhuns<br>Feistiúla | Tríú hÁit | S.N. Chonga |

## TORTHAÍ AN tSRAITHCHOMÓRTAIS ‘BEART IN AGHAIDH BRUSCAR’

| **Catagóir** | **Torthaí** | |
|---|---|---|
| Grúpa A | Baile Chathail | |
| Grúpa B | Buaiteoir Iomlán:<br>Buailte sa Bhabhta Ceannais<br>Iomaitheoir sa Bhabhta Ceannais Réitithe | Conga<br>Cill Mheáin<br>Baile an Daighin |
| Grúpa C1 | Buaiteoir sa Bhabhta Ceannais Réitithe | An Baile Glas |
| Grúpa C2 | Buailte sa Bhabhta Ceannais<br>Buaiteoir sa Bhabhta Ceannais Réitithe | An Clochar<br>Partraí |
| Grúpa D | Buaiteoir sa Bhabhta Ceannais Réitithe | Cill Chiaráin |

## AN LEACHT LIOTUÁNACH AG BOWERS WALK, BAILE AN RÓBA

Tógadh an Leacht Eitilte Liotuánach in 2015 ag Bowers Walk, Baile an Róba i cuimhne an Phíolóta Liotuánach, Felix Waitkus a tháinig slán ó thuirlingt éigeandála a eitleáin ag Cluain Gabhla, Baile an Róba in 1935 tar éis don aimsir dul in olcas le linn a thurais.

Thóg Bord Turasóireachta Bhaile an Róba i gcomhar le Cumann Liotuánach na hÉireann an leacht i Meán Fómhair 2015 le linn Fhéile na Liotuánach a reáchtáladh i mBaile an Róba. Fuair an tionscadal cabhair dheontais ó Chiste Pobail na gComhairleoirí 2015.



Tugann Ceantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris cabhair agus tacaíocht do Ghrúpaí Deonacha, i.e. bailte slachtmhara, chun a gcomharsanacht a choinneáil tarraingteach agus saor ó bhruscar trí shráideanna a ghlanadh, glanadh suas agus oibreacha leigheasacháin.

**COISTE NA mBAILTE SLACHTMHARA**

Tugann an Chomhairle tacaíocht do na coistí seo chun a gcomharsanachtaí a choinneáil tarraingteach agus saor ó bhruscar trí shráideanna a ghlanadh, glanadh suas agus oibreacha leigheasacháin a dhéanamh ar cheantair ina bhfuil bruscar, mar aon le haraidí bruscair a fholmhú gach seachtain.

**LINNTE SNÁMHA**

Cuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo cabhair dheontais ar fáil do choistí linnte snámha dá n-oibríochtaí bliantúla ag Linnte Snámha Bhéal Átha hAmhnais, Bhaile Chathail agus Chill Mobhí. Tá an tsaoráid Linn Snámha i gClár Chlainne Mhuiris (Saoráid Fóillíochta Chlár Chlainne Mhuiris) á oibriú ag Coiste Áitiúil i gcomhar le Comhairle Contae Mhaigh Eo.

**CISTE AN PHOBAIL**

Rinneadh foráil in 2015 chun maoiniú a leithdháileadh chuig gach Comhairleoir do thionscadail phobail ina gceantar.

Leithdháileadh maoiniú chuig grúpaí éagsúla i gCeantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris.

Séipéal Róibín - Páirceáil agus Bóthar - áirithe sna hoibreacha bhí leathnú an bhóthair agus saoráidí páirceála do charranna a thógáil gar don séipéal.





***Oibreacha Críochnaithe ag Séipéal Róibín***



***Radharc Foriomlán ar Oibreacha ag Séipéal Róibín***

## AIRGEADAS

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as oibríochtaí airgeadais na Comhairle agus leagtar béim ar leith ar a chinntiú go bhfuil socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm chun maoiniú a sholáthar do chúrsaí ioncaim agus gníomhaíocht caipitil. San áireamh i measc an réimse leathan seirbhísí a sholáthraíonn an Rannóg Airgeadais tá:

- Rialú Airgeadais agus Buiséid, Bainistíocht Sreabhaidh Airgid agus Cisteáin
- Ullmhú an Bhuiséid Bhliantúil
- Ullmhú an Ráitis Airgeadais Bhliantúil
- Riaradh na gCóras Bainistíochta Airgeadais
- Riaradh an Phárolla
- Rátaí Tráchtála - Billeáil agus Bailiú
- Táillí Uisce Nach Táillí Tí iad - Billeáil agus Bailiú mar ghníomhaireacht d'Uisce Éireann
- Cíosanna agus Iasachtaí Tithíochta - Billeáil agus Bailiú
- Cuntais na soláthraithe a íoc
- Admháil airgid thirim
- Riar agus Bailiú an Mhuirir ar Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha

Cinntíonn an Rannóg Airgeadais chomh maith go gcloítear leis na prionsabail chuntasaíochta reachtúla agus airgeadais, a bhaineann le gach airgead a íocann an Chomhairle nó a íoctar leis an gComhairle.

Tá Cuntas Ioncaim á fheidhmiú ag Comhairle Contae Mhaigh Eo chun déileáil le costais na heagraíochta ó lá go lá mar aon le Cuntas Caipitil chun sócmhainní a chur ar fáil, nithe mar thithe agus bóithre. Ba é an leibhéal caiteachais don Chuntas Ioncaim in 2015 ná €139m agus €55 a bhí ann don Chuntas Caipitil.

Íoctar caiteachas nó ioncam na Comhairle ó lá go lá ó fhoinsí ar nós an mhéid a leanas:-

- Deontais Rialtais
- Rátaí Tráchtála
- Cíosanna Tithíochta
- Táillí iarratas pleanála
- Muirir ar áiteanna cónaithe príobháideacha neamhphríomha
- Earraí agus seirbhísí eile ar nós Líonadh Talún/Muirir Fóntas Pobail, táillí Íoc agus Taispeáin
-

Bíonn an méid airgid a bhíonn ar fáil d'fhorbairtí caipitil nó bonneagair ag brath ar Dheontais Stáit, iasachtaí agus/nó tobhaigh.

**<u>BUISÉAD NA COMHAIRLE</u>**

Ullmhaíonn an Rannóg Airgeadais an Dréachtbhuiséad Bliantúil foriomlán i gcomhairle le gach rannóg den Chomhairle. €127.50m an Buiséad Ioncaim ar ghlac an Chomhairle leis don bhliain airgeadais dar críoch an 31ú Nollaig 2015.

## RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL

Ullmhaíonn an Rannóg Airgeadais Ráiteas Airgeadais Bliantúil na Comhairle chomh maith. Cuireadh an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2015 faoi bhráid na gComhaltaí ag a gcruinniú reachtúil an 13ú Meitheamh 2016, agus iarchuireadh é go dtí an cruinniú reachtúil a bhí acu ar an 18ú Iúil 2016.

## RÁITEAS FAOIN IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS FAOIN gCUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS)

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31ú NOLLAIG 2015

Tugann Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Chaiteachais le chéile an t-ioncam agus ar gaolmhar go léir.
Léiríonn sé an barrachas/(an t-easnamh) don bhliain. Léirítear aistrithe chuig/ó chúlchistí ar l ní leithdháiltear iad de réir rannóg seirbhíse.
Leithdháiltear aistrithe Nóta 16 de réir rannóg seirbhíse san fhormáid chéanna agus atá i bhuiséad an Údaráis Áitiúil ar glacadh leis.

### CAITEACHAS DE RÉIR RA

| | Oll-chaiteacha | Ioncam | Glan-chaiteac | Glan-chaiteac |
|---|---|---|---|---|
| | 2015 | 2015 | 2015 | 2014 |
| | € | € | € | € |
| Tithíocht & Foirgníocht | 15,776,486 | 15,645,031 | 131,455 | 709,223 |
| Iompar & Sábháilteacht Bóth | 36,849,365 | 28,496,421 | 8,352,944 | 9,738,810 |
| Seirbhísí Uisce | 19,193,794 | 20,057,835 | (864,041) | (939,262) |
| Bainistíocht Forbartha | 9,551,913 | 2,819,607 | 6,732,306 | 6,523,098 |
| Seirbhísí Timpeallachta | 17,849,855 | 10,488,561 | 7,361,295 | 7,746,289 |
| Caitheamh Aimsire & Conlái | 9,761,366 | 2,517,417 | 7,243,949 | 7,214,857 |
| Feirmeoireacht, Oideachas, Leas | 2,155,575 | 1,209,875 | 945,700 | 955,806 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 16,232,221 | 7,440,105 | 8,792,116 | 6,060,891 |
| **Caiteachas/Ioncam Iomlán** | **127,370,576** | **88,674,851** | | |
| | | | | |
| **Glanchostas na Rannán le** | | | | |
| **Ciste Rátaí & Rialtais Áitiú** | | | **38,695,725** | 38,009,713 |
| | | | | |
| Rátaí | | | 25,847,673 | 25,807,879 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | 17,171,286 | 17,492,594 |
| Asbhaint Pinsean-Choibhnea | | | 2,106,427 | 2,319,750 |
| **Barrachas/(Easnamh) don roimh Aistrithe** | | | **6,429,662** | 7,610,510 |
| | | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Aistrithe ó/(chuig) Cúlchist** | | | (6,025,926) | (7,276,333) |
| **Barrachas/(Easnamh) Móri Bhliain** | | | **403,736** | 334,177 |
| **Cúlchiste Ginearálta @ 1ú** | | | (5,059,932) | (5,394,109) |
| **Cúlchiste Ginearálta @ 31ú 2014** | | | **(4,656,196)** | (5,059,932) |

**RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE)**
**AG 31ú NOLLAIG 2015**

| | Nótaí | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Seasta** | 1 | | |
| Oibríochtúil | | 389,612,661 | 387,547,842 |
| Infreastruchtúir | | 2,987,361,463 | 2,986,296,803 |
| Pobal | | 8,689,944 | 8,415,434 |
| Neamhoibríochtúil | | 57,520,279 | 57,552,844 |
| | | **3,443,184,346** | 3,439,812,923 |
| | | | |
| **Obair idir Lámha agus Réamh** | 2 | 31,331,158 | 13,121,376 |
| | | | |
| **Féichiúnaithe Fadtéarmacha** | 3 | 68,349,094 | 68,296,497 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoic | 4 | 316,128 | 291,499 |
| Féichiúnaithe Trádála & Réamhí | 5 | 16,855,097 | 55,244,482 |
| Infheistíochtaí Bainc | | - | - |
| Airgead sa Bhanc | | 32,007,769 | 8,435,745 |
| Airgead Tirim faoi Bhealach | | 195,198 | 230,929 |
| | | **49,374,191** | 64,202,654 |
| **Dliteanais Reatha (Méideanna bhliain amháin)** | | | |
| Rótharraingt Bhainc | | - | - |
| Creidiúnaithe & Fabhruithe | 6 | 81,951,238 | 71,387,575 |
| | | **81,951,238** | 71,387,575 |
| | | | |
| **Glansócmhainní / (Glandlitean** | | **(32,577,047)** | (7,184,920) |
| | | | |
| **Creidiúnaithe (Méideanna dlite níos mó ná bliain amháin)** | | | |
| Iasachtaí Iníoctha | 7 | 103,014,603 | 119,928,557 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Éarlais inaisíoctha | 8 | 6,720,014 | 6,943,869 |
| Eile | | 1,325,504 | 1,005,318 |
| | | **111,060,121** | 127,877,745 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | **3,399,227,429** | 3,386,168,131 |
| | | | |
| **Léirithe mar** | | | |
| Cuntas Caipitlithe | 9 | 3,443,184,346 | 3,439,812,923 |
| Ioncam WIP | 2 | 30,779,709 | 13,008,785 |
| Cúlchiste Ioncaim Sonrach | | 1,238,512 | 1,238,512 |
| Cúlchiste Ioncaim Ginearálta | | (4,656,196) | (5,059,932) |
| Iarmhéideanna Eile | 10 | (71,318,942) | (62,832,156) |
| **Iomlán na nIarmhéideanna** | | **3,399,227,429** | 3,386,168,131 |
| | | | |

**ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS**
**RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31ú NOLLAIG 2015**

Rinneadh na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2015 a ullmhú de réir an Chóid Chleachtais Chuntasaíochta (ACOP) agus na Rialachán Cuntasaíochta d'Údaráis Áitiúla in Éirinn, mar aon le treoracha an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil faoi réir iniúchóireacht sheachtrach ag Iniúchóir an Rialtais Áitiúil ó Sheirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil arb é a dhualgas tuairim neamhspleách a fhoirmiú faoi na cuntais, cruinneas an Ráitis Airgeadais Bhliantúil a dheimhniú agus Tuarascáil Iniúchta a chur faoi bhráid Chomhaltaí na Comhairle. Déanfar cóip de Thuarascáil an Iniúchóra a scaipeadh ar gach Comhalta den Chomhairle nuair a gheofar í, de réir an ghnáthchleachtais.

**ACHOIMRE NA dTORTHAÍ**
Seo é an tIoncam agus Caiteachas Iomlán don bhliain mar aon le comparáid leis an mbliain roimhe:

| ***Ioncam*** | | |
|---|---|---|
| | **201** | **201** |
| | **€** | **€** |
| *Ioncam* | *139,62* | *144,698* |
| *Caipiteal* | *50,059* | *66,266* |
| ***Iomlán*** | ***189,67*** | ***210,965*** |
| | | |

| ***Caiteachas*** | | |
|---|---|---|
| | **201** | **201** |
| | **€** | **€** |
| *Ioncam* | *139,21* | *144,364* |
| *Caipiteal* | *54,955* | *61,674* |
| ***Iomlán*** | ***194,17*** | ***206,039*** |
| | | |

Léiríonn an leibhéal caiteachais sin méid na seirbhísí atá á soláthar go leanúnach ó lá go lá, forbairt bonneagair, mar aon le dearadh agus pleanáil chun cinn a rinne an Chomhairle ar fud an Chontae in 2015. Léiríonn sé freisin an tábhacht a bhaineann le hoibríochtaí na Comhairle Contae ar an ngeilleagar áitiúil.

**AN CUNTAS IONCAIM**

Cuimsíonn an cuntas costais na Comhairle ó lá go lá, ar nós cothabháil tithíochta, bóithre, scéimeanna uisce agus séarachais, pleanáil úsáide talún, costais riaracháin agus tacaíochta, aisíoc muirear iasachtaí, srl. Tá an cuntas ullmhaithe ar bhonn Seirbhíse agus Fosheirbhíse ag teacht leis an struchtúr costála a tugadh isteach do gach Údarás Áitiúil in 2008.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar an gcuntas mar seo a leanas:

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| ***Ioncam*** | *139,620,074* | *144,698,959* |
| ***Caiteachas*** | *(139,216,338)* | *(144,364,782)* |
| ***Barrachas/(Easnamh) don Bhliain*** | ***403,736*** | ***334,177*** |
| ***Iarmhéid Dochair ar 1ú Eanáir*** | *(5,059,932)* | *(5,394,109)* |
| ***Iarmhéid Dochair ar 31ú Nollaig*** | ***(4,656,196)*** | ***(5,059,932)*** |

B'ionann Leithdháileadh Chiste an Rialtais Áitiúil don Bhuiséad Bliantúil 2015 agus €17,171,286 (2014 - €17,492,594).

Seo a leanas an chomparáid idir an Buiséad mar a glacadh é agus toradh na bliana:-

| | **€** |
|---|---|
| ***Fáltais de bhreis ar an mBuiséad ar glacadh lei*** | 12,330,872 |
| ***Caiteachas de bhreis ar an mBuiséad ar glacad*** | (11,677,330) |
| | 653,542 |
| ***Easnamh Ciste Rialtais Áitiúil/Tobhach Pinsin/I*** | (249,806) |
| ***Barrachas don bhliain*** | **403,736** |

Tá tuairisc níos mionsonraithe ar na héagsúlachtaí idir caiteachas buiséadta agus ioncam ar leibhéal seirbhíse leagtha amach thíos.

**NA PRÍOMHFHACHTÓIRÍ A RAIBH TIONCHAR ACU AR AN TORADH CAITEACHAIS**

- Ardú de €1.15 milliún sa chaiteachas ar bhóithre mar gheall ar mhéadú in oibreacha Deontas-chuidithe;
- Bhí caiteachas breise de €803,000 ar Oibriú/Cothabháil na Scéimeanna Uisce & Séarachais. Os rud é go bhfaightear na costais sin ar ais ó Uisce Éireann, bhí tionchar neodrach ag an méid sin ar airgeadais iomlána na Comhairle.
- Bhí caiteachas breise de €628,000 ar mhuirir iasachtaí d'Iasachtaí Seirbhísí Uisce. Os rud é go bhfaightear na costais sin ar ais ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, bhí tionchar neodrach ag an méid sin ar airgeadais iomlána na Comhairle.
- Bhí ardú de €564,000 sa chaiteachas Pobail agus Fiontraíochta mar gheall ar mhéadú in oibreacha Deontas-chuidithe;

- Bhí laghdú de €1.36 milliún sa chaiteachas ar Dheontais Ardoideachais. Os rud é go bhfaightear na costais sin ar ais ón Roinn Oideachais agus Scileanna, bhí tionchar neodrach ag an méid sin ar airgeadais iomlána na Comhairle.
- Bhí an caiteachas ar an Ionad Oiliúna Réigiúnach €318,000 de bhreis ar an gcaiteachas buiséadaithe. Dá thoradh sin, bhí an t-ioncam comhfhreagrach ó tháillí Cúrsaí níos mó ná an Buiséad mar sin bhí tionchar neodrach ag an méid sin ar airgeadais iomlána na Comhairle;
- Bhí an caiteachas ar chostais indíreacha phárolla €388,000 níos lú ná an caiteachas buiséadaithe;
- Bhí an caiteachas ar Phinsin agus Aiscí €215,000 de bhreis ar an gcaiteachas buiséadaithe.
- Bhí an caiteachas ar Mhuirir Costas/Iasachta Airgeadais €470,000 níos lú ná an caiteachas buiséadaithe;

**NA PRÍOMHFHACHTÓIRÍ A RAIBH TIONCHAR ACU AR AN TORADH IONCAIM**

- Bhí ardú €1.15 milliún ar Dheontais Bhóithre;
- Bhí an forchúiteamh ar chostais Oibríochta/Cothabhála na Scéimeanna Uisce & Séarachais €803,000 de bhreis ar an mBuiséad;
- Bhí an forchúiteamh ar mhuirir iasachtaí d'Iasachtaí Seirbhísí Uisce €628,000 de bhreis ar na figiúirí buiséadaithe;
- Bhí méadú de €521,000 ar Dheontais Phobail agus Fhiontraíochta;
- Bhí an forchúiteamh ar Dheontais Ardoideachais €1.36 milliún níos lú ná an buiséad;
- Bhí an t-ioncam ón Ionad Oiliúna Réigiúnach €318,000 de bhreis ar an mBuiséad.
- Bhí an t-ioncam ó NPPR €1.17 milliún de bhreis ar an mBuiséad;
- Bhí an t-ioncam ó thobhaigh réadmhaoine na bliana iontrála €0.5 milliún níos lú ná an buiséad.

**BAILIÚ IONCAIM**

Ós rud é go bhfuil cúrsaí eacnamaíochta achrannach i gcónaí, tá sé an-deacair fiacha a bhailiú faoi láthair. In ainneoin é sin, tá dualgas ar an gComhairle fiacha atá dlite di a bhailiú agus tá laghdú tagtha ar riaráistí ar fud na réimsí móra bailithe ioncaim ar fad a bhaineann le Rátaí, Cíosanna agus Iasachtaí Tithíochta. Leanfaimid orainn ag cothabháil agus ag neartú ár bhfócas ar bhailiú fiach, ag oibriú lenár gCustaiméirí Tráchtála agus Neamhthráchtála ar bhealach forghníomhach ar cóimhéid leis an gcumas airgeadais atá acu féin. Ar an drochuair, i gcásanna áirithe nuair nach ndéantar aon iarracht réasúnach chun íoc as fiacha neamhíoctha, ní bhíonn aon rogha againn ach caingean chúirte cuí a thionscnamh chun na fiacha a aisghabháil.

As na riaráistí rátaí de €5.67 milliún ar an 31ú Nollaig 2015, bhí €1.68 milliún íoctha ar ais sa tréimhse ó Eanáir go dáta.

Tá laghdú de €178,291 tagtha ar riaráistí iasachtaí tithíochta agus tá laghdú de €72,239 tagtha ar riaráistí Cíosa faoin 31ú Nollaig 2015.

**ACHOIMRE AR an gCUNTAS IONCAIM**

Mar gheall ar na fachtóirí a dtagraítear dóibh thuas go príomha, bhí barrachas de €403,736 ar an gcuntas ioncaim in 2015 rud a thug an iarmhéid dochair carnach ar an gcúlchiste ioncaim ginearálta go dtí €4,656,196. Ach sin ráite, beimid ag glacadh na gcéimeanna réasúnacha ar fad in 2016 chun a chinntiú go ndéanfar tuilleadh laghdaithe ar an easnamh carnach ar an gCuntas Ioncaim.

**AN CUNTAS CAIPITIL**

Sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe) roinneadh an cuntas caipitil agus tá na hiarmhéideanna a chuimsíonn an Cuntas Caipitil curtha san áireamh faoi cheannteidil éagsúla sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Mar phrionsabal ginearálta, is féidir cur síos a dhéanamh ar chaiteachas caipitiúil mar an caiteachas sin a thabhaítear ar chruthú sócmhainne a mhairfidh níos faide ná an bhliain ina gcuirtear ar fáil í, mar shampla, talamh a cheannach, tógáil tithe, móroibreacha feabhsúcháin bóithre, stáisiúin nua dóiteáin, agus foirgnimh oifige idir nua agus fheabhsaithe srl.

Seo a leanas achoimre ar na hidirbhearta ar an gcuntas sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin:

| | ***2015*** | ***2014*** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| ***Ioncam*** | *50,059,895* | *66,266,947* |
| ***Caiteachas*** | *(54,955,566)* | *(61,674,978)* |
| ***(Easnamh)/Barrachas don Bhliain*** | ***(4,895,671)*** | ***4,591,999*** |
| ***Iarmhéid Sochair/(Dochair) ar 1ú Eanáir*** | *3,052,836* | *(1,539,163)* |
| ***Iarmhéid Dochair/(Sochair) ar 31ú Eanáir*** | ***(1,842,835)*** | ***3,052,836*** |

Tá méadú tagtha ar Chaiteachas Caipitiúil sna réimsí seo a leanas:

| | ***€'000*** |
|---|---|
| Tógáil/Ceannach Tithe | 1,806 |
| Corrfholúntais/Tithe Folmha | 904 |
| Deontais do Bhóithre | 5,321 |
| Uisce Tuaithe/Grúpscéim Uisce | 1,072 |
| SICAP | 931 |
| Líonadh Talún - Cealla Uasteorannaithe | 587 |
| **Iomlán na nArduithe ar Chaiteachas** | **10,621** |

Tá laghdú tagtha ar Chaiteachas Caipitiúil sna réimsí seo a leanas:

| | ***€'000*** |
|---|---|
| Scéimeanna Tithíochta Inacmhainne | 910 |
| Tailte CPO ag Cill Bhríde | 443 |
| Taisteal Níos Cliste | 1,124 |
| Scéimeanna Uisce/Fuíolluisce | 2,141 |
| Ráiteas Comhardaithe Uisce Éireann | 9,895 |
| Riverwalk, Caisleán an Bharraigh | 868 |
| Piaraí/Céanna (Damáiste Stoirme) | 1,111 |
| Halla an Bhaile, Cathair na Mart | 792 |
| **Iomlán na Laghduithe ar Chaiteachas** | **17,284** |

**FIACH CAIPITIL**
€139,804,243 an Fiach Caipitil a bhí ar an gComhairle ar an 31ú Nollaig 2015. €9,924,829 a bhí sna haisíocaíochtaí ar iasachtaí in 2015. D'aisíoc an Chomhairle iasachtaí arbh fhiú €21,487,863 iad in 2015, ar a n-áirítear €20,357,269 a bhain le Seirbhísí Sláintíochta a bhí maoinithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tharraing an Chomhairle anuas €14,400,000 in iasachtaí breise. Rinneadh na híostarraingtí sin dóibh seo a leanas:

| *Feidhmiú na nIasachtaí* | *€'000* |
|---|---|
| Infheistíocht in IWAK | 7,300 |
| Iasachtaí Chun Teach a Cheannach | 3,400 |
| Piaraí/Céanna | 3,200 |
| Uasteorannú na cille Líonta Talún | 500 |
| **Iomlán na nArduithe ar Chaiteachas** | **14,400** |

Den €139.8 milliún atá mar fhiach iomlán, baineann suas le €37.8 milliún d'iasachtaí na Comhairle le hiasachtaí chun maoiniú a dhéanamh ar iasachtaí atá tugtha do chustaiméirí tithíochta, agus baineann €1.0 milliún eile le gnáthscair na Comhairle in iasachtaí a heisíodh faoin Scéim Úinéireachta Roinnte. Tá a mhacasamhail de shuim áirithe sna féichiúnaithe a sheasann don phrionsabail iomlán atá dlite ar iasachtaí a eisíodh do chustaiméirí mar aon le cothromas cíosa atá gan íoc ar iasachtaí úinéireachta roinnte. Baineann €26.2 milliún eile d'fhiach na Comhairle le hiasachtaí do thithíocht Dheonach agus Seirbhísí Uisce atá maoinithe ag an RCPRÁ. Baineann €4.7 milliún eile den fhiach le hiasachtaí atá in-aisghabhála ó Údaráis Áitiúla eile agus baineann €1.4 milliún den fhiach le hoifigí a cuireadh ar fáil do TII agus an EPA óna bhfaigheann an Chomhairle ioncam cíosa. Baineann €0.5 milliún eile le clár athchóirithe na Comhairle atá á maoiniú ag Fáltais Chaipitil Inmheánacha. Baineann iarmhéid na n-iasachtaí (€68.2 milliún) le caiteachas ar nithe ar nós láithreáin líonadh talún, ceannach talún, oifigí agus foirgneamh a bhfuil sreabhadh ioncaim beartaithe ina leith.

**CONCLÚID**
€4,656,196 ab ea easnamh carnach na Comhairle sa Chuntas Ioncaim mar atá leagtha amach sa Chúlchiste Ioncaim Ginearálta amhail an 31ú Nollaig 2015. Tá sé tábhachtach go ndéanfar an t-easnamh seo a laghdú agus a dhíchur sna blianta amach romhainn agus go gcuirfear é san áireamh nuair a bheidh Buiséid na bliana 2017 agus blianta amach anseo á gceapadh. Déanfaimid monatóireacht ghéar ar Chaiteachas agus Ioncam na Comhairle d'fhonn staid airgeadais na Comhairle a choinneáil agus a fheabhsú.

€1,842,835 an iarmhéid dochair charnach a bhí ar an gCuntas Caipitil amhail an 31ú Nollaig 2015.

Tá traidisiún fada ag Comhairle Contae Mhaigh maidir le bainistíocht stuama airgeadais lena n-áirítear go nglacann na comhaltaí tofa le Buiséid réalaíocha agus go gcomhoibríonn an fhoireann maidir le rialú caiteachais, giniúint ioncaim agus luach ar airgead a fháil.

I rith 2015 tá bainistiú déanta go héifeachtúil ag an gComhairle ar an mbunachar acmhainní na comhairle in ainneoin an iomad dúshlán a bhí le sárú. Caithfimid leanúint ar aghaidh le bainistiú ár n-airgid ar bhealach stuama ag iarraidh i gcónaí a chinntiú go gcuirfear seirbhísí riachtanacha ar fáil ar ardchaighdeán agus go mbainfear amach luach ar airgead.
Leanfaimid ar aghaidh freisin ag cur rialuithe diana airgeadais agus buiséadta i bhfeidhm, ag iarraidh ár mbonn costais a laghdú tuilleadh agus tosaíochtaí ó thaobh na riachtanas is mó a

cheapadh dár seirbhísí chun go mbeidh sé d'acmhainn againn íoc as soláthar seirbhísí riachtanacha lárnacha.

Bliain dhúshlánach eile ab ea 2015 do Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Tá na coinníollacha dúshlánacha geilleagracha imithe i gcionn go mór ar chúinsí airgeadais na Comhairle ó 2008 i leith. Buaileadh foinsí ioncaim go han-trom agus ag an am céanna, tá méadú tagtha ar an éileamh ar go leor seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle. Cuireann an staid airgeadais atá ag teacht chun cinn brú ar an gComhairle agus ní mór na hacmhainní airgeadais atá ar fáil a bhainistiú go leanúnach ar bhealach atá spriocdhírithe go cruinn agus tá smacht cuí riachtanach maidir le hoibriú laistigh de na buiséid atá ar fáil agus faoi bhun na dtairseach inacmhainneachta.

## AN tAONAD FIONTRAÍOCHTA AGUS INFHEISTÍOCHTA

Tá an tAonad Fiontraíochta agus Infheistíochta (EIU) tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'fhiontraíocht agus do dhaoine fiontracha ar fud an Chontae agus ar fud an Diaspóra Domhanda. Tá ár dteachtaireacht shoiléir as Maigh Eo, TABHAIR CUAIRT, CRUTHAIGH NAISC, INFHEISTIGH, chun cinn sna gníomhaíochtaí go léir. I rith 2015, d'oibrigh an Roinn ar réimse leathan de thionscadail nua, tionscnaimh, fiontair chomhoibríocha agus imeachtaí.

Áirithe sna buaiceanna ardleibhéil i rith na bliana bhí:

- Fógraí faoi Infheistíochtaí Suntasacha
- Infheistíocht don Ghréasán Cáblaí Trasatlantach AEConnect (€250m)
- Infheistíocht i gCumhacht in-athnuaite Mhaigh Eo (€180m)
- Tháinig Údaráis Áitiúla Réigiúin an Iarthair ar chomhaontú faoi infheistíocht €7.3m in Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire
- Bhuaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo Gradam Náisiúnta do 'An Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch is Fearr' as an obair a rinne an tAonad Fiontraíochta agus Infheistíochta
- Lá Mhaigh Eo
- MeetMayo
- Comhdháil na Ladrann 2015
- Gradaim Ghnó Mhaigh Eo
- Forbairt ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus Spiorad Áite
- Bunú agus forbairt tionscadal suntasach trí:
- An Coiste um Beartas Straitéiseach do Thurasóireacht agus Bia
- An Coiste um Beartas Straitéiseach d'Fhorbairt Gheilleagrach agus Tacaíocht Fiontraíochta
- Seoladh na Straitéise Turasóireachta
- Seoladh na Straitéise Infheistíochta
- Seoladh na Straitéise Digití

Imlínithe thíos, faoi na cláir oibre ábhartha, tá sonraí faoi chuid de na príomhthionscadail a soláthraíodh de réir aonaid:

- Gníomhaíochtaí Fiontar Áitiúil
- Trádáil Idirnáisiúnta
- Fuinneamh In-athnuaite
- Mayo.ie agus Caidreamh leis an Diaspóra
- Turasóireacht

# OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL, MAIGH EO

www.localenterprise.ie/Mayo

Bunaíodh Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) Mhaigh Eo in 2014, le theacht in ionad Bhord Fiontar Contae Mhaigh Eo a bhí ann roimhe sin. Bunaithe ar bhonn Comhaontú Seirbhíse le Fiontraíocht Éireann, tá 4 fheidhm phríomhúla ag OFÁ:

1. Eolas agus Comhairle Gnó - comhairle agus treoir a sholáthar d'fhiontraithe luathchéime agus dóibh siúd ar mhian leo gnóthaí atá ann cheana féin a mhéadú agus a fhorbairt;
2. Seirbhísí Tacaíochta – lena n-áirítear tacaíocht airgeadais do ghnóthaí incháilithe sna hearnálacha Déantúsaíochta agus Seirbhísí Trádála Idirnáisiúnta;
3. Seirbhísí Tacaíochta Fiontraíochta – cultúr fiontraíochta a chruthú i Maigh Eo, ag díriú go sonrach ar oibriú le scoileanna agus le daoine óga;
4. Seirbhísí Forbartha Fiontair Áitiúil – a chinntiú gurb é an tÚdarás Áitiúil an comhlacht is fearr le dul chuige maidir le cúrsaí fiontair agus forbartha i Maigh Eo.

**ATHBHREITHNIÚ AR GHNÍOMHAÍOCHT 2015**

Bhain príomhghníomhaíocht an OFÁ in 2015 le soláthar réimse comhtháite tacaíochtaí do mhicreathionscadail agus tionscadail bheaga. Áirithe sna tacaíochtaí tábhachtacha bhí tacaíocht airgeadais (i bhfoirm deontais den chuid is mó) agus réimse leathan idirghabhála tacaíochta boige. Cuid lárnach d'obair an OFÁ ab ea tacaíocht saincheaptha a sholáthar le freastal ar riachtanais na gcliant ag céimeanna éagsúla dá bhforbairt agus cláir nua a thabhairt isteach mar fhreagra ar riachtanais athraitheacha chliaint an OFÁ.

**BUAICPHOINTÍ 2015**

- Soláthraíodh **€490,000** san iomlán mar chabhair dheontas do 32 gnó beag in 2014;
- Thacaigh an Oifig Fiontair Áitiúil le **42 post nua** trí oibriú le bunachar cliant in 182 ghnóthas;
- Bhain **206** gnóthas beag san iomlán úsáid as tacaíocht mheantóireachta ó OFÁ Mhaigh Eo;
- Sa dara bliain de comórtas **an Fhiontraí Óig Is Fearr** i Maigh Eo chuir 53 iontrálaí faoi bhun 30 bliain d'aois isteach air. Bhí ciste duaise de €50,000 ann don chomórtas agus ghlac 15 iomaitheoir sa bhabhta ceannais páirt i ngrodchúrsa réigiúnach in éineacht le fiontraithe óga eile ó Ghaillimh agus Ros Comáin. Reáchtáladh Babhta Ceannais an Chontae i lár mhí Dheireadh Fómhair agus b'iad seo a bhuaigh na duaiseanna catagóire: Sean McGarry (The TidyShower Company), Daniel Loftus (UrbanFox) agus Niall McCormick (Colmac Robotics). Chuaigh siad ar aghaidh ansin go dtí an Babhta Ceannais Réigiúnach áit ar bhuaigh Daniel Loftus ina chatagóir féin agus chuaigh sé as sin go dtí an Babhta Náisiúnta chun ionadaíocht a dhéanamh thar cheann Mhaigh Eo.




***Rannpháirtithe ag Babhta Ceannais Contae IBYE 2015***

**OILIÚINT**

Bhí 264 de lucht gnó rannpháirteach i gcúrsaí oiliúna a d'eagraigh OFÁ Mhaigh Eo in 2015. Chuimsigh an oiliúint seo réimse éagsúil de shaineolas agus áirithe ann bhí cúrsaí faoi Bhunú Gnó, Airgeadas a Bhainistiú, Margaíocht, na Meáin Shóisialta agus an tAcadamh Bia mar aon le hoiliúint agus seimineáir eile a bhain le bia.

**DÁMHACHTAINÍ FIONTAIR MAC LÉINN**

Is iad na Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn an comórtas fiontraíochta is mó in Éirinn do mhic léinn. Cuidíonn sé le mic léinn greim a fháil ar scileanna fíorshaoil atá bainteach le reáchtáil fiontair bheo ar a n-áirítear a bheith ag obair mar chuid d'fhoireann, bainistiú táirgeachta agus airgeadais, eagrú feachtais dhíolacháin agus mhargaíochta agus ag dul i dteagmháil go díreach le custaiméirí, moltóirí agus na meáin. Bhí beagnach 1,000 mac léinn as Maigh Eo páirteach in imeacht 2015 agus reáchtáladh an Babhta Ceannais Contae sa Mhárta. Rinne na buaiteoirí Contae ionadaíocht thar cheann Mhaigh Eo sna Babhtaí Ceannais Náisiúnta, agus chuidigh OFÁ Mhaigh Eo i gcomhpháirtíocht le Moy Valley Resources le hullmhúchán mhic léinn Mhaigh Eo don bhabhta ceannais. Bhí dhá bhuaiteoir ag Maigh sna Babhtaí Ceannais Náisiúnta - "Silo Lights" as Pobalscoil Bhéal Átha hAmhnais (a bhuaigh an gradam d'Fheasacht Maoine Intleachtúla sa chatagóir Sóisearach) agus "Babe Magnets" as Meánscoil Naomh Muire (a bhuaigh an gradam d'Fheasacht Maoine Intleachtúla sa chatagóir Sinsearach chomh maith).

**MEETMAYO**




Ócáid líonraithe neamhfhoirmiúil gnó le gnó is ea MeetMayo a thugann an deis do ghnóthais gach a bhfuil le tairiscint acu a chur ar taispeáint agus bualadh le gnóthais eile sa cheantar chun foghlaim óna cheile agus caidrimh nua gnó a chruthú. Reáchtáladh roinnt ócáidí MeetMayo in 2015, ócáidí i gCaisleán an Bharraigh agus i mBéal an Átha san áireamh. Eagraíodh clúdach cuimsitheach raidió agus meáin chun breis bolscaireachta a thabhairt do na gnóthais a bhí ag tabhairt taispeántas ag na hócáidí.

**GRODCHÚRSAÍ SAMHRAIDH GNÓ**

I gcomhar le Moy Valley Resources, d'eagraigh OFÁ Mhaigh Eo Grodchúrsa Gnó a bhí dírithe ar eolas agus oideachas a chur ar mhic léinn dara leibhéal i dtaca leis na buntáistí agus na deacrachtaí a bhaineann le fiontar gnó a bhunú. Mhair an cúrsa 4 lá agus bhí an-spraoi ann mar aon le réamheolas réalaíoch faoi choincheapa bunúsacha gnó do na daoine óga.

**SEACHTAIN SMAOINTE MHAIGH EO**

Is éard atá i Seachtain Smaointe Mhaigh Eo ná sraith seachtaine de ghiniúint smaointe, fiontraíocht agus ócáidí gnó a bhíonn óstáilte ag na gníomhaireachtaí agus na heagraíochtaí forbartha agus tacaíochta fiontar i gContae Mhaigh Eo.

Bhí OFÁ Mhaigh Eo i láthair agus taispeántais acu ag formhór na n-ócáidí i rith na seachtaine. D'eagraigh an OFÁ féin dhá phríomh-ócáid, seimineár "Téigh ó Thuaidh" chun cuidiú le gnóthais

fiosrú a dhéanamh faoi mhargaí nua i dTuaisceart Éireann, agus “Retail Fights Back”, painéal idirghníomhach díospóireachta ag ar léiríodh agus ar pléadh dea-chleachtas miondíola.

**MEETWEST**

Is é MeetWest an ócáid líonraithe gnó is mó in Iarthar na hÉireann, tugann sé réimse leathan de ghnóthais as Iarthar na hÉireann agus as áiteanna níos faide ó bhaile chun líonrú agus gnó a dhéanamh. Bíonn an ócáid ar siúl go bliantúil agus aistríonn sí thart idir Gaillimh, Maigh Eo agus Ros Comáin. Bhí OFÁ Mhaigh ina príomhpháirtí i seachadadh ócáide 2015 i Ros Comáin. Reáchtálfar ócáid 2016 i Maigh Eo.

**TÉIGH Ó THUAIDH**

Comhoibriú idir na OFÁnna i Maigh Eo agus Ros Comáin ab ea an tionscnamh “Téigh Ó Thuaidh” a bhí dírithe ar chúnamh a thabhairt do ghnóthaí áitiúla chun deiseanna nua i dTuaisceart Éireann a fhiosrú agus díriú orthu. Bhí deich gcuideachta rannpháirteach ann, agus thuairiscigh gach ceann acu go raibh deiseanna nua díolacháin aimsithe acu mar aon le conarthaí luachmhara.

**FORBAIRT NA hEARNÁLA BIA**

Tá fás leanúnach ag teacht ar earnáil an bhia i Maigh Eo agus riar tairgí den scoth agus nuálacha á gcur ar fáil bliain ar bhliain. Tá an earnáil aitheanta mar earnáil i mbéal forbartha sa chontae ag cuidiú leis an gcothabháil ar ár bpobail tuaithe agus ag cur leis an bhfás eacnamaíoch. Ionas go bhféadfar an earnáil a chomhordú, chuidigh Oifigeach Bia an OFÁ le táirgeoirí bia chun páirt níos mó a bheith acu i dteannta a chéile i bhforbairt agus i bhfás na hearnála i Maigh Eo. Cuireadh roinnt tacaíochtaí agus tionscnaimh i bhfearas in 2015 do tháirgeoirí bia agus meastar go mbeidh ról forghníomhach ag an earnáil féin chun na tionscnaimh sin a choinneáil ag imeacht agus tuilleadh fáis a chur ar an earnáil sna blianta atá le theacht.

**PRÍOMHTHIONSCNAMH 2015 A BHAIN LE BIA**

**FÉILE NA TUAITHE**

Bhí Féile na Tuaithe 2015 iontach rathúil agus d’fhreastail breis agus 28,000 duine ar an bhféil 2 lá ag Ard-Mhúsaem na hÉireann - Páirc an Turlaigh, ardú suntasach ar na blianta roimhe sin. Rinneadh forbairt ar an ócáid chun Margadh Bia a bheith áirithe inti ina raibh taispeántais bia ag chefanna a bhfuil cáil náisiúnta orthu (Catherine Fulvio agus Domini Kemp) agus chefanna áitiúla (Chamila Mananwatta, Stephen Lenahan, Michael Crowe agus Aisling Butler). Rinne OFÁ Mhaigh Eo ceannródaíocht ar chur chun cinn réigiúnach a chuimsigh comhoibriú le OFÁnna ó Dhún na nGall go Gaillimh. Trí chomhoibriú dlúth, bunaíodh agus neartaíodh roinnt comhchaidreamh tábhachtach idir Comhairle Contae Mhaigh Eo, Ard-Mhúsaem na hÉireann, gníomhaireachtaí leathstáit, na OFÁnna, gnóthais áitiúla agus an pobal.



**CEATHRÚ MHAIGH EO AG AN AONACH NÁISIÚNTA CEARDAÍOCHTA**

Ócáid bhliantúil san RDS i mBaile Átha Cliath is ea an tAonach Náisiúnta Ceardaíochta agus Deartha a bhfreastalaíonn suas le 30,000 duine air thar na 5 lá. Den dara bliain, comhordaithe ag OFÁ Mhaigh Eo, bhí Ceathrú Mhaigh Eo páirteach ag an Ollmhargadh Mórthaibhseach Bia Nollag atá ina chuid de Aonach. Réimse de tháirgeoirí bia Mhaigh Eo a bhíonn i gCeathrú Mhaigh Eo agus iad ag taispeáint agus ag díol lear mór de tháirgí bia blasta ardcháilíochta, iad ar fad déanta i Maigh Eo.



**GRADAIM BHLAS NA hÉIREANN**

Ócáid thábhachtach bhliantúil do tháirgeoirí bia in Éirinn is ea Blas na hÉireann, Dámhachtainí Bia na hÉireann. In 2015, bronnadh bailiúchán de chúig dhámhachtain déag (ór, airgead agus cré-umha) ar dheich gcuideachta dhifriúla atá ag táirgeadh i Maigh Eo. I gcomhar le Blas na hÉireann, bronnadh 'Dámhachtain do Scoth an Chontae' na hOifige Fiontair Áitiúil ar chuideachta Uí Cheallaigh as Baile Uí Fhiacháin.

**FANCY FOOD FAIR**

D'eagraigh an comhairleoir bia, Declan Droney, agus a pháirtí gnó, Mary Rodgers, as Stateside Solutions toscaireacht de tháirgeoirí bia as Iarthar na hÉireann chun freastal ar an Fancy Food Fair i Nua Eabhrac i Meitheamh 2015. Mar chuid den ócáid ghnó seo, eagraíodh roinnt imeachtaí eile ar nós cruinnithe Gnó le Gnó, cruinnithe le gníomhaireachtaí agus turais bhia. Bhí ceithre tháirgeoir bia as Maigh Eo mar chuid den toscaireacht. Thug an ócáid léargais iontacha ar thaighde agus forbairt dóibh sin a bhí i láthair.

**NA MEÁIN**

Lorgaíodh agus eagraíodh clúdach cuimsitheach ó na meáin in 2015, ar a n-áirítear meáin theilifíse, raidió agus irisí idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla. Cuireadh spéis ar leith sa chlár teilifíse '*Lord & Ladles*' de chuid RTÉ ina raibh chefanna cáiliúla Éireannacha páirteach sa tóraíocht agus sa chócaireacht ar fhéastaí traidisiúnta inar úsáideadh táirgí áitiúla bia i suíomh álainn Westport House. Tá an clár seo á chraoladh go fóill ar RTÉ, ag tabhairt bolscaireachta den scoth don earnáil bia agus turasóireachta i Maigh Eo.

**TRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA (INFHEISTIGH)**

www.mayo.ie/invest

"A bheith ar an gContae is fearr in Éirinn le gnó a dhéanamh ann agus leis".

In 2015 glacadh le agus foilsíodh an chéad 'Straitéis Infheistíochta' do Mhaigh Eo.
Feidhmeoidh an straitéis seo mar threochlár don Chomhairle Contae agus dár Stiúrthóireacht araon i bhforbairt beartas agus in iomaíocht idirnáisiúnta le bheith ina ardán chun fás eacnamaíoch agus deiseanna fostaíochta a mhealladh.

Díríonn fócas na straitéise ar ‘Cuideachtaí Reatha sa Chontae a Choinneáil’, Tacú le Fás inár nGeilleagar’ agus ‘Infheistíocht Nua a Bhuachan’. Rud sainiúil é freisin go bhfuilimid anois ar an gcéad Chontae tuaithe a chuir bailchríoch ar ‘Straitéis Dhigiteach’ chuimsitheach - treochlár go dtí 2020 agus an dóigh a gcuirfidh Maigh Eo poist ar fáil sa ‘gheilleagar nua’. Tá ceithre réimse phríomha inár gcur chuige:

1. Infheistíocht i mBonneagar Digiteach
2. Lárionad don Nuálaíocht in Acmhainní Nádúrtha
3. Tallann a chothú agus a mhealladh
4. Sochaí forásach digiteach a chruthú

**NITHE INSOLÁTHARTHA I RITH 2015 ÓNÁR gCUR CHUIGE**

Bunú an Halo Business Angel Network a thabharfaidh breis tacaíochta do ghnóthais atá bunaithe i Maigh Eo chun a theacht ar ghnáthscaireanna agus ar infheistíocht phríobháideach.

An Chomhdháil Drones and Data 2015 a reáchtáil, agus speisialtóirí teicneolaíochta ladrann de chuid Facebook, NASA agus eile a óstáil i Maigh Eo. Rinne torthaí as an gcomhdháil iarracht Maigh Eo a lonnú mar shuíomh ceannródaíoch do thástáil agus d’fhorbairt ladrann.

Tabhairt chun críche chábla snáthoptach fomhuirí AE Connect/AquaComms a nascann Nua Eabhrach leis an Eoraip trí Chill Eala i gContae Mhaigh Eo a éascú. Ag tógáil air sin, tá an t-aonad ag díriú ar earnálacha tionscalbhunaithe chun poiblíocht a thabhairt don bhonneagar nua seo agus do na garbhuntáistí a bhaineann le lonnú anseo le haghaidh gnó.

In 2015, cuireadh tús leis an bhFoirgneamh Ardteicneolaíochta i gCaisleán an Bharraigh. Thug Comhairle Contae Mhaigh Eo cead pleanála iomlán i Meán Fómhair na bliana seo agus táthar ag súil go mbeidh an obair críochnaithe i ndeireadh 2016.

Rinne an tAonad Fiontraíochta agus Infheistíochta forbairt ar roinnt Suíomhanna Forbartha Straitéisí i Maigh Eo ar a n-áirítear Cill Eala, Caisleán an Bharraigh, Cathair na Mart, Clár Chlainne Mhuiris, Cnoc Mhuire agus Baile an Róba.

Fuarthas maoiniú faoin ‘gCrios Forbartha Geilleagraí Tuaithe’ don fhorbairt ar an Dún Míleata i gCaisleán an Bharraigh agus chun Mol Cruthaitheach a chur ar fail i mBéal Átha na Muice.

Rinneadh dul chun cinn ar an Meabhrán Tuisceana idir Maigh Eo agus Rhode Island, Massachusetts. Tá cur chuige nuálach glactha ag an bhfoireann INVEST chun tacú le cuideachtaí atá lonnaithe i Maigh Eo dul isteach i margaí nua. In 2016, déanfar an seoladh oifigiúil ar Ionad Trádála Idirnáisiúnta Iarthar na hÉireann atá beartaithe i gcomhar le Comhairle Contae Shligigh, Comhairle Contae Ros Comáin, Comhairle Contae Liatroma, Coimisiún Forbartha an Iarthair agus Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire.

Faoinár Straitéis Dhigiteach, chuaigh an fhoireann i ngleic lenár n-earnáil dhigiteach atá ag méadú go mór maidir le roinnt tionscnamh ar a n-áirítear ócáidí INC60 i mBéal an Átha agus Caisleán an Bharraigh, seoladh na Margaíochta Digití i Maigh Eo agus ag tacú le hardáin nuálacha ar líne, ar nós Congregation.

Agus chuidigh foireann INVEST leis an bhforbairt ar ár láithreán gréasáin nua ag www.mayo.ie. Tugann an láithreán poiblíocht do na hacmhainní nádúrtha, daonna agus tógtha atá ar fáil ar fud ár gcontae d’fhiontraithe agus d’infheisteoirí ionchasacha.



***Seoladh an Tionscnaimh Mhargaíochta Digití, Caisleán an Bharraigh***

## FUINNEAMH IN-ATHNUAITE

### POBAIL FUINNIMH NÍOS FEARR 2015

Den dara bliain as a cheile, tá maoiniú SEAI faighte ag Comhairle Contae Mhaigh Eo d'oibreacha feabhsúcháin Fuinnimh i gCeantar Iorrais. D'fhógair an tAire Cumarsáide & Fuinnimh, Alex White cabhair dheontais de €161,045 do thionscadal €385,729 a ndearna Aonad Fiontraíochta & Infheistíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo ceannródaíocht air. Áirithe sa chlár bhí oibreacha athfheististhe fuinnimh ar thithíochta údaráis áitiúil, scoileanna agus foirgnimh phobail ar fud cheantar Iorrais agus Iarthuaiscirt Mhaigh Eo. Faoin tionscadal seo freisin tógfar dhá shuiteáil nua Fhótavoltacha (PV) leictreachais ghréine in-athnuaite. Teicneolaíocht in-athnuaite is ea PV atá an-oiriúnach do cheantair chósta. Tá suiteálacha PV curtha isteach go rathúil ar bhonn píolótach ag galfchúrsa dumhcha an Chairn agus ag Teach Greannaí i Cornaboy faoi scéim um Pobal Fuinnimh Níos Fearr Chomhairle Contae Mhaigh Eo 2014. Bronnadh tairiscintí agus conarthaí agus tá na hoibreacha críochnaithe anois.

### PORT NA bhFRANCACH




***Léaráid Ealaíontóra de na hOibreacha ag Cé Phort na bhFrancach***

Thug Rannóg Tionscadal na nÚdarás Áitiúil den Bhord Pleanála Cead Pleanála do Chomhairle Contae Mhaigh Eo i Meán Fómhair 2015 chun síneadh nua a chur leis an gCé mar aon le fánán ag Cé Phort na bhFrancach, An tEanach, Béal an Mhuirthead. Ullmhaíodh agus cuireadh amach tairiscintí de líníochtaí sonraithe de dearadh struchtúrtha mar aon le doiciméid. Táthar ag súil go bhfaighfear léas foirmiúil cladaigh go luath ón Aonad um Cheadúnú Cladaigh sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Beidh an méadú ar an gcé agus na hoibreacha feabhsúcháin tairbheach do na húsáideoirí áitiúla reatha a bhaineann úsáid as an gcé le haghaidh iascaireachta agus caithimh aimsire ach beidh sé oiriúnach freisin chun soithigh RIB a chur amach chuig Láithreán Tástála Fuinnimh Atlantic Marine (AMETS). €660,000 an costas iomlán do na hoibreacha ag Cé Phort na bhFrancach agus tá sé cómhaoinithe ag Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann agus Comhairle Contae Mhaigh Eo. Críochnófar an obair i 2016.

## NASCANN AE AN LÍONRA CÁBLA TRASATLANTACH

Bhí an tAonad Fiontraíochta agus Infheistíochta páirteach sa chomhordú le páirtithe leasmhara éagsúla chun bailchríoch foirmeálta a chur ar an mbealach duchtaithe don chábla snáthoptaice ón bpointe a dtagann sé i dtír ag Trá an Rois go dtí an stáisiún ag a dtagann an Cábla i dtír ag

Asahai. Bhí comhordú den chineál céanna ag teastáil chun duchtú a thabhairt as Cúl Toirc, Chrois Mhaoilíona go dtí an Stáisiún Tuirlingthe chun é a nascadh leis an mbealach náisiúnta duchtaithe snáithín optaice sa phíblíne gáis.




*AN TAOISEACH AG SEOLADH AN CHÁBLA OLLTAPA FOMHUIRÍ TRASATLANTACH AG NASCADH MHAIGH EO LE NUA EABHRAC AGUS AN EORAIP*

## IDA IRELAND



***Comhordú le IDA Ireland i dtaca le haighneacht na pleanála don Fhoirgneamh Ardteicneolaíochta nua atá beartaithe do Caisleán an Bharraigh. Tag Pleanála 15/487. Táthar ag súil go mbeidh na hoibreacha críochnaithe i Nollaig 2016.***

## CUMHACHT IN-ATHNUAITE MHAIGH EO

Tá Cumhacht In-athnuaite Mhaigh Eo á thógáil faoi láthair. Is iad SISK na príomhchonraitheoirí don fhorbairt ar an láithreán seo a bhfuil bailchríoch le bheith air i samhradh 2017. Tá E&IU ina chuid de choiste monatóireachta tionscadail leanúnaigh don fhorbairt MRP 42MW bithmhaise i gCill Eala. Tá suim ar leith ag an aonad i gcur chun cinn na mbuntáistí in-athnuaite atá ag an mbonneagar seo maidir le hionaid nua sonraí mar aon le fiontair chógaisíochta agus airgeadais a mhealladh chuig an ionad.




**AN SCÉIM UM THÉAMH CEANTAIR**

Tá suirbhéireacht foirgníochta déanta ag E&IU agus tús curtha le taighde cúlra maidir le hinmharthanacht Scéime ionchasaí um Théamh Ceantair (DHS) do bhaile Clár Chlainne Mhuiris. Tá túsphointe oiriúnach don DHS aimsithe ag an tsuirbhéireacht foirgníochta a bheadh in ann glacadh le bonneagar DHS ar nós coirí, dabhcha stórais 10,000L uisce agus sadhlann cothaithe bithmhaise. I R4 2015, rinneadh staidéar féidearthachta faoi inmharthanacht an tionscadail seo mar bhealach chun gníomhaíocht eacnamaíoch áitiúil a ghiniúint.

**STRAITÉIS MHUIRÍ**

D'eagraigh E&IU "Meitheal Machnaimh" le lucht tionchair agus páirtithe leasmhara muirí chun tús a chur le feidhmiú ar straitéis chuimsitheach muirí do Chontae Mhaigh Eo. Beidh sé mar aidhm ag an straitéis cothromaíocht a bhaint amach idir chosaint a thabhairt don éiceachóras mhuirí agus an úsáid is mó is féidir a bhaint as an acmhainn ollmhór seo mar fhoinse d'fhás eacnamaíoch.

**TÁSTÁIL FUINNIMH TONNTA**

Tacaíocht agus cur chun cinn leanúnach d'fhorbróirí fréamhshamhlacha fuinnimh tonnta IWEDA 1:15 i gContae Mhaigh Eo d'fhonn saoráid fhíorúil thástála farraige a bhunú ag Cuan an Fhóid Duibh Béal an Mhuirthead IWEDA a thabhairt isteach chuig SEAI chun rannpháirtíocht fhorghníomhach a bhunú d'fhorbairt ar shaoráid fhíorúil thástála farraige ag an ionad seo.

**MCC/IWEDA CUAN AN FHÓID DUIBH 2015**
Aighneacht chuig An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.
Chuir an Coiste um Beartas Straitéiseach d'Fhorbairt Gheilleagrach agus Tacaíocht Fiontraíochta aighneacht chuig An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i dtaca le Straitéis Idirghabhála Leathanbhanda na hÉireann "Pobail a Nascadh" chun imní Chomhairle Contae Mhaigh Eo a léiriú i dtaca le luas an leathanbhanda sa Chontae agus iarratas a dhéanamh ar luas 100Mbs chun déileáil le deighiltí idir ceantair uirbeacha agus tuaithe.

**AN DIASPÓRA AGUS CUMARSÁIDÍ**

**ATHFHORBAIRT AR MAYO.IE**




Bhí an obair leanúnach atá ar siúl ag an Aonad Fiontraíochta agus Infheistíochta chun Maigh Eo a chur chun cinn mar rogha ionaid do ghnó agus do thurasóireacht mar chuid den chúis ar dearnadh athbhrandáil ar Mayo.ie, tionscadal ar tugadh faoi i ndeireadh 2014. Tugann an branda nua Mayo.ie léiriú ar na fíorthréithe atá i Maigh Eo anois - na daoine ar leith atá ann, an tírdhreach dochreidte agus saibhreas a chultúir agus a staire mar aon le meascán sláintiúil, bríomhar, eicléicteach de ghnóthais atá bródúil as Maigh Eo mar bhaile. Chun an branda seo a neartú, tugadh faoin obair athfhorbartha ar shuíomh idirlín Mayo.ie i ndeireadh 2014 agus i dtús 2015. Seoladh an suíomh idirlín chun comhtharlú le lá Mhaigh Eo. Léiríonn an suíomh nua idirlín ár ngairm chun gníomhaíochta: TABHAIR CUAIRT, CRUTHAIGH NAISC, INFHEISTIGH




| | | |
|---|---|---|
| *Tabhair Cuairt ar a Lán Áiteanna* | *Cruthaigh Naisc lena Lán Daoine* | *Infheistigh a Lán Codanna* |

**<u>LÁ MHAIGH EO</u>**

Ar an 2ú Bealtaine 2015 rinne an tAonad Fiontraíochta & Infheistíochta an chéad seoladh ar Lá Mhaigh Eo. Bhí glacadh ollmhór leis an tionscnamh agus eagraíodh ócáidí agus teacht le chéile ar fud an domhain mar aon leo sin ar fud an Chontae agus na Tíre.: Cuireadh dath uaine agus dearg ar fhoirgnimh thábhachtacha agus ar chomharthaí talún domhanda le haghaidh an lae, agus Niagara Falls ag déanamh ceannródaíochta i dtéarmaí ionaid íocónacha domhanda. Thug gnóthais tairiscintí speisialta Lae Mhaigh Eo, agus rinne scoileanna, clubanna agus cumainn a gceiliúradh speisialta féin ar an lá. Ceann de na príomhaidhmeanna a bhí le Lá Mhaigh Eo ná poiblíocht a thabhairt do Chontae Mhaigh Eo go hidirnáisiúnta mar ionad deimhneach le haghaidh gnó agus turasóireachta agus chun tuilleadh feabhais a chur ar íomhá Mhaigh Eo mar Chontae forásach 'Déanfar é' agus mar chuisle ag Slí an Atlantaigh Fhiáin. Chun an tionchar is mó a bhaint as Lá Mhaigh Eo agus poiblíocht a thabhairt don chontae mar thoradh, d'oibrigh an tAonad Fiontraíochta agus Infheistíochta i gcomhpháirtíocht le Irish TV chun ceolchoirm cheiliúrtha dhá uair an chloig, *Mayo Day Live*, a chur ar fáil oíche an 2ú Bealtaine as an TF Royal Theatre i gCaisleán an Bharraigh, rud a craoladh beo ar an teilifís agus ar líne do lucht féachana domhanda. An aidhm a bhí leis sin ná teagmháil a dhéanamh leis an lucht féachana ba mhó ab fhéidir agus an teachtaireacht a scaipeadh don domhan faoi Mhaigh Eo atá deimhneach agus fáilteach, trí úsáid a bhaint as meáin na teilifíse, an idirlín agus na meán sóisialta.



Thaispeáin *Mayo Day Live* contae atá bródúil, misniúil, oscailte agus fáilteach roimh dheiseanna don turasóireacht agus d'infheistíocht. Lena chois sin, bhí an cheolchoirm agus an craoladh ina cheiliúradh ar an gContae agus a phobal, ar a bhfuil bainte amach acu agus ar an ionchas atá iontu. Chuir an seó borradh faoi chomhrá agus faoin tuiscint go bhfuil an oiread gnéithe iontacha sa chontae agus gur chóir iad sin a roinnt leis an oiread daoine agus is féidir. Tá an smaoineamh cothaithe aige go bhfuil sé dlite aitheantas a thabhairt don Chontae, do na daoine agus don Diaspóra agus iad a cheiliúradh agus nach mór dúinn roinnt ama a ghlacadh chun féachaint ar a bhfuil bainte amach againn sa chontae agus anailís a dhéanamh ar chumhacht an ionchais sin.

Chuaigh *Mayo Day Live* i bhfeidhm ar an gcontae, an tír agus an domhan agus chuir sé táirge ardchaighdeáin ar fáil a bhféadfaidh agus ar chóir do na daoine agus don chontae a bheith an-bhródúil as. Bhí an-ghlacadh leis choincheap uathúil seo i measc na Meán, an Phobail Ghnó, an Phobail Pholaitiúil agus a lán eile.

Bhí sé i bhfad níos fearr ná aon rud a raibh súil leis agus léirigh sé Maigh Eo ar an stáitse domhanda ag taispeáint theachtaireacht an Chontae, TABHAIR CUAIRT, CRUTHAIGH NAISC, INFHEISTIGH. I ndáiríre, tá an Contae idirnáisiúnaithe againn agus trí iarrachtaí comhoibríocha tá próifíl Mhaigh Eo ardaithe againn.

Ar cheann de na príomhbhuntáistí a bhain le Lá Mhaigh Eo 2015 bhí an clúdach deimhneach áitiúil agus náisiúnta a fuair Contae Mhaigh Eo agus tá Luach Coibhéise Fógraíochta de €417,646 luaite ina leith.

## CISTE TURASÓIREACHTA DIASPÓRA POBAIL

Rinne an tAonad Fiontraíochta agus Infheistíochta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo bolscaireacht agus riarachán ar Chiste Turasóireachta Diaspóra Pobail atá ag iarradh tógáil ar an toradh a bhí ar Thóstal 2013. An tAire Stáir Turasóireachta agus Spórt, Michael Ring, TD, a sheol an tionscnamh a bhí ina chomhpháirtíocht idir Fáilte Éireann, IPB Insurance agus na 34 Údarás Áitiúil, chun ciste bliantúil de €1 mhilliún a chur ar fail ar feadh trí bliana chun tacú le suas 700 imeacht áitiúil pobalbhunaithe gach bliain ar fud na tíre.




An phríomhchuspóir atá leis an tionscadal seo ná tacaíocht a chur ar fail do thionscadail áitiúla agus pobail a fhorbróidh nó a spreagfaidh naisc Diaspóra a thabharfaidh buntáiste don phobal áitiúil agus don Chontae ina iomláine. In Eanáir 2015, rinne an tAonad Fiontraíochta agus Infheistíochta fógraíocht faoi Chiste Turasóireachta Diaspóra An Phobail, ag tabhairt cuireadh do phobail áitiúla ar fud an Chontae cur isteach air. Fuarthas 48 iarratas i Maigh Eo agus fuair 34 tionscadal cead dá gcuid imeachtaí' I Maigh Eo reáchtáladh 14 de na himeachtaí sin ar Lá Mhaigh Eo nó deireadh seachtaine Lae Mhaigh Eo. Leithdháileadh iomlán de €33,940 d'imeachtaí a bhain le Maigh Eo.

**FONDÚIREACHT CHONTAE MHAIGH EO**

I ndeireadh 2015, fógraíodh an obair ar tionscadal nuálach, Fondúireacht Chontae Mhaigh Eo. Leis an tionscadal seo beidh Comhairle Contae Mhaigh Eo ag tógáil ar ár gclár Diaspóra chun ceannródaíocht a dhéanamh i gcomhpháirtíocht agus i bhforbairt pobail nua-aimseartha dhomhanda. Tá sé mar aidhm ag an bhFondúireacht ardán inrochtana a chruthú do shaoránaigh Meiriceánacha agus Cumainn Mhaigh Eo chun cur le tionscnaimh phobail agus charthanachta i Maigh Eo, ag cuidiú lenár bpobail áitiúla chun úsáid a bhaint as feidhmchláir chumarsáide agus teicneolaíochta ar líne nó chun tionscadail a sheachadadh.

**NAISC LEANÚNACHA LEIS AN DIASPÓRA**

Tá an tAonad Fiontraíochta agus Infheistíochta ag leanúint den obair ar thionscnaimh agus ar thionscadail a nascann lenár Diaspóra, ag tacú le Cumainn agus Gréasáin Mhaigh Eo gach uair a bhfaightear an deis sin a dhéanamh. Bhí Mayo.ie i láthair agus/nó thacaigh sé le:

Dinnéar Bliantúil Chumann Mhaigh Eo, Baile Átha Cliath agus Dámhachtainí Phearsa na Bliana Mhaigh Eo 2015
Dinnéar Bliantúil Chumann Mhaigh Eo, Gaillimh
Dinnéar Bliantúil Chumann Mhaigh Eo, Manchain
Rince mór Bliantúil Chumann Mhaigh Eo, Cleveland



***Comhaltaí de Chomhairle Contae Mhaigh Eo & Comhpháirtithe ag glacadh ghradam LAMA***

**GRADAIM**

**AN CHOMHPHÁIRTÍOCHT GHEILLEAGRACH IS FEARR**

Bhí an-áthas ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo go bhfuair siad Gradam LAMA 2015 sa chatagóir ‘An Chomhpháirtíocht Gheilleagrach is Fearr’ as an obair a rinne an tAonad Fiontraíochta agus Infheistíochta.  Tugann an gradam náisiúnta aitheantas do réamhfhéachaint na Comhairle i mbunú na rannóige seo atá dírithe go príomha ar thacaíocht a thabhairt agus forbairt a dhéanamh ar fhiontraíocht dhúchasach, timpeallacht dheimhneach ghlacach a chur chun cinn don infheistíocht isteach agus spreagadh a thabhairt don fhiontraíocht ag gach leibhéal.

**THUG MAYO.IE TACAÍOCHT FREISIN DO NA hIMEACHTAÍ SEO A LEANAS MAR CHOMHPHÁIRTITHE TIONSCADAIL**

Féile na Tuaithe
Rothaíocht RAS
Tionscadal F1 i Scoileanna
Comhdháil Ghréasán Éireann 2015
Gradaim Ghnó Mhaigh Eo 2015




**CUMARSÁID**

Tá clúdach suntasach faighte ag an obair leanúnach atá ar siúl ag an Aonad Fiontraíochta agus Infheistíochta thar réimse leathan meán, go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá an clúdach faighte i bhfoirm eagarfhocail, seónna tiomanta agus tionscadail chomhpháirtíochta.
Léiríonn an liosta thíos cuid de na cainéil mheáin ar oibríomar leo chun poiblíocht a chruthú do thionscadail agus do thionscnaimh éagsúla.

**FORBAIRT NA TURASÓIREACHTA**

**STRAITÉIS TURASÓIREACHTA**

Ar an 14ú Meán Fómhair 2015, ghlac Comhairle Contae Mhaigh Eo le straitéis turasóireachta nua dar teideal "*Destination Mayo*" *A Strategy for the Future Development of Tourism in County Mayo 2015 – 2020*.

An fhís atá ann do thionscail turasóireachta Mhaigh Eo in 2020 na go mbeidh an áit ina ceann scríbe ardchaighdeáin, uileghabhálach agus barántúil. Mar chuid bhunúsach den fhís sin, caithfidh táirgí turasóireachta Mhaigh Eo a bheith tarraingteach don chéad ghlún turasóirí eile, ag díriú ar an mórmhargadh i gcoitinne agus ar na margaí nideoige speisialaithe le réimse de nithe spéisiúla ardchaighdeáin agus de roghanna gníomhaíochtaí i gcomhar le rogha maith cóiríochta, seirbhísí fáilteachais agus táirgí coimhdeacha seirbhíse. Cuid lárnach de sheachadadh rathúil na físe seo is ea comhoibrithe a chothú idir gníomhaireachtaí, oibritheoirí tionscail agus pobail áitiúla. Tá tús curtha leis an dul chun cinn ar a fheidhmiú agus leanfaidh sé sin ar aghaidh in 2016.

## BONNEAGAR TURASÓIREACHTA

## SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

Fuarthas maoiniú de €256,885 ó Fháilte Éireann chun tabhairt faoi oibreacha feabhsúcháin i rith 2015 ar 33 Pointe Radhairc ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin i gContae Mhaigh Eo. Tá maoiniú breise de €124,474 ceadaithe ag Fáilte Éireann chun comharthaí a chur in airde ag gach ceann de na láithreáin.
Tá obair phleanála idir lámha don fhorbairt ar Pointe Sár-Radhairc ag an gCoim agus táthar ag súil tús a chur leis sin in 2016.


Cheadaigh Fáilte Éireann maoiniú de €940,000 chun glasbhealach easbhóthair a fhorbairt idir Loch Chaisleán an Bharraigh agus Na Ráithíní, Caisleán an Bharraigh mar aon le 16 km de bhealach rothar ar bóthar, ar bhóithre áitiúla a bhfuil trácht íseal orthu, ag nascadh le Glasbhealach Mór an Iarthair ag Cathair na Mart.


## CAISLEÁN AN BHARRAIGH - ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN, SAOL NA TUAITHE


Ar an Aoine, 1ú Bealtaine 2015, rinne an Taoiseach, Enda Kenny, agus an tAire Stáit, Michael Ring, an oscailt oifigiúil ar an Ghlasbhealach Mór an Iarthair atá nuafhorbartha ó Loch Chaisleán an Bharraigh, Caisleán an Bharraigh go dtí Ard-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe, An Turlach.
Conaire líneach 10 km is ea an Glasbhealach ina bhfuil meascán deas tuaithe de pháirceanna, coillearnaigh le hais na habhann, réimsí beaga de chúlbhóithre ciúine tuaithe agus timpeallachtaí uirbeacha. Tá an bealach seo ina chuid den Gréasán Náisiúnta Raonta Rothar atáthar a fhorbairt faoi láthair ar fud na hÉireann.

Tá an Glasbhealach leagtha amach mar limistéar coiteann do shiúlóirí áineasa, bogshodairí agus rothaithe, tá sé saor ó thrácht agus easbhóthair den chuid is mó, tá dromchla daingean air ina gairbhéal tarráilte agus dlúite araon agus is féidir é a úsáid chun dul taisteal chuig agus ar ais ón scoil nó ón obair.
Cuireadh maoiniú de €725,000 ar fail ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt faoin gClár um Ghréasán Náisiúnta Raonta Rothar chun an Glasbhealach a fhorbairt. Lena chois sin, chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo an maoiniú ceanna ar fáil don réimse uirbeach den Ghlasbhealach ó Loch Chaisleán an Bharraigh - Gort an tSamhraidh €1,450,000 a bhí sa phacáiste iomlán maoinithe.

Comhairle Contae Mhaigh Eo a phleanáil, a dhear agus a thóg an Glasbhealach, ag úsáid a bhfoireann deartha lasmuigh agus gairmiúil féin. Forbraíodh é trí Rochtain Cheadaitheach i gcomhpháirtíocht le 28 úinéir talún, agus gan a gcomhoibriú, a ndíograis agus a dtacaíocht ní bheifí in ann an Glasbhealach a dhéanamh.


Walking along the Greenway


Users on the Greenway at Official Opening


Work in Progress

**COTHABHÁIL AR GHLASBHEALACH MÓR AN IARTHAIR CATHAIR NA MART - ACAILL**

Bunaíodh an Patról Glas chun déileáil leis an gcothabháil agus an bhfeabhsúchán leanúnach ar Ghlasbhealach Mór an Iarthair. Ar an bPatról Glas tá ionadaithe ón Scéim Sóisialta Tuaithe áitiúil, an Scéim TÚS agus foireann ceantair Chomhairle Contae Mhaigh Eo. An aidhm atá leis an nGlasbhealach ná monatóireacht agus patról a dhéanamh ar an nGlasbhealach agus a chinntiú go mbreathnaítear i ndiaidh an Ghlasbhealaigh ar an gcaighdeán is fearr is féidir.



***Tír na bhFathach / Páirc Mhic Mhathúna Clare Lake, Clár Chlainne Mhuiris***


Cheadaigh An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil €40,000 i ndeireadh 2014 chun feabhas a chur ar an gcosán ag Páirc Mhic Mhathúna / Clare Lake, Clár Chlainne Mhuiris. Áirithe sna hoibreacha tá soláthar draenála agus leathnú ar an gcosán reatha.

**REDZ**

I rith 2015, cuireadh iarratais ar mhaoiniú chuig an RCPRA faoi chóras iomaíoch de thionscadal nua don Chrios Forbartha Geilleagraí Tuaithe (REDZ) do na hionaid seo a leanas:
Béal Átha na Muice - Mol Cruthaitheach a chruthú
Gaoth Sáile - Forbairt ar Ionad Cuairteoirí i dtaca leis an saol ar imeall Shlí an Atlantaigh Fhiáin
Caisleán an Bharraigh - Máistirphlean don Dún Míleata mar Ionad Cuairteoirí den Scoth agus mar Mhol Cruthaitheach
Tá maoiniú de €225,000 faighte do na tionscadail thuasluaite.

**MÓRSHIÚL NA nANAMACHA**

I mí Iúil 2015, osclaíodh an taispeántán Spiorad Áite ag Béal átha na Muice a bhí deartha agus tógtha ag mic léinn ailtireachta as an *Catholic University of America*. Déanann Mórshiúl na nAnamacha comóradh ar stair an Ghorta Mhóir i mBéal Átha na Muice agus tugann sé aitheantas do na laochra anaithnid a bhain leis an tréimhse sin. Tá an taispeántán lonnaithe ag an mbealach isteach chuig Reilig na mBochtán i mBéal Átha na Muice agus is turas mórshiúlach é a dhéanann macasamhail den strachailt trí bhealach tragóideach agus trioblóideach, ag teacht amach i struchtúr atá lán de sholas ag breathnú amach ar an reilig agus ar uaigh an Dr Henry, dochtúir áitiúil na linne úd a raibh ról suntasach ag a chuid oibre chun cuidiú le Béal Átha na Muice agus a phobal an lámh in uachtar a fháil ar thragóid mhillteanach an Ghorta Mhóir.



***Pasáiste Mhórshiúl na nAnamacha***

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ PROMÓISIN TURASÓIREACHTA

I rith 2015, bhí páirt ghníomhach an Aonad Fiontraíochta agus Infheistíochta i gComhairle Contae Mhaigh Eo i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, na ceantair cheann scríbe sa chontae san áireamh, i rannpháirtíocht i dtionscnaimh éagsúla promóisin agus margaíochta agus cuid acu seo a leanas san áireamh:

- Freastal ar Sheónna Trádála
- Holiday World Show
- Seó Trádála Best of Britain & Ireland
- Seastán Ceann Scríbe Mhaigh Eo ag an Milwaukee Irish Fest
- An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Bhí Seastán Turasóireachta Mhaigh Eo i láthair go sonrach ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i Ráithín an Uisce, Contae Laoise. Mar thoradh ar a bheith a láthair ansin, fuair Maigh Eo a lán bolscaireachta ó na meáin náisiúnta trí na sruthanna meáin seo a leanas:

- Breakfast Republic ar RTE 2Fm
- Dermot & Dave ar Today FM
- Sean O'Rourke ar Radio 1
- Irish TV, Clare FM agus go háitiúil sa Western People

## SEASTÁN CEANN SCRÍBE MHAIGH EO AG AN MILWAUKEE IRISH FEST

I rith 2015 bhí Maigh Eo páirteach san fheile bhliantúil The Milwaukee Irish Fest trí sheastán promóisin ceann scríbe a bheith acu ag déanamh bolscaireachta ar Dhiaspóra Mhaigh Eo, Turasóireacht Mhaigh Eo, gníomhaíochtaí fóillíochta agus Mayo.ie Is é an Milwaukee Irish Fest an Fhéile Éireannach bhliantúil is mó i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Chuir an fhoireann turasóireachta béim ag shuntasacht an Chontae; cuireadh na cuairteoirí a tháinig chuig an seastán ar an eolas faoi na tairiscintí éagsúla turasóireachta, mar shampla an Glasbhealach, Slí an Atlantaigh Fhiáin, Cruach Phádraig agus na gníomhaíochtaí fóillíochta ar fad atá feadh ár gcósta ollmhór. Cuireadh an-suim freisin sa ghineolaíocht agus cuireadh na cuairteoirí ar an eolas faoi na hionaid ghineolaíochta éagsúla atá ar fáil sa Chontae.




***Seastán Ceann Scríbe Mhaigh Eo ag an Milwaukee Irish Fest***

**PRÍOMHTHORTHAÍ**

Rinneadh teagmháil le hUachtarán an Milwaukee Irish Festival. Beidh an tUachtarán, Cathy Baker Ward, a fear céile agus grúpa de dheichniúr ag taisteal go hÉirinn agus go Contae Mhaigh Eo i rith 2016 chun cultúr Éireann a fheiceáil agus chun breathnú ar an iomad díol spéise atá ar fáil anois.

Ar na cuairteoirí eile a tháinig chuig an seastán bhí Brenda Willis ó chlann iomráiteach Willis ar den dara agus an tríú glún Éireann iad agus gaol sinsearachta acu le Béal Átha na Muice. Beidh an Chlann ag teacht go hÉirinn arís in 2016. Tá teagmhálacha tábhachta bunaithe freisin le roinnt tionscnóirí turas ar a n-áirítear:

- Dreaming of Ireland – Jodi Halsted, a dhíríonn ar shaoirí in Éirinn do theaghlaigh – in Éirinn le leanaí
- Gadabout Travel – Maire O'Donnell
- Celtic Journey's – Maria Flynn Conway
- Inroads Ireland – Tours off the Beaten Track – Phil Ryan / Carolyn Janette Owners
- Best Irish Tour – Kari Miller
- Terry Flynn Tours
- Middleton Travel - Torey Corcoran
- Destinations Ireland & Beyond – Tracy Lane O'Brien (Ionaid Gailf & Fóillíochta)
- InterTrav Corporation – Mark. A House
- Sceptre Tours – Cheryl A Gatto
- BrackTours – Nuala Devlin & Sinead Greaney
- Crafted Ireland Custom Tours – Rebecca Dixon

Cuireadh pacáistí promóisin Contae le chéile agus bronnadh iad ar gach ceann de na tionscnóirí turas.

**NA MEÁIN NÁISIÚNTA & IDIRNÁISIÚNTA**

*Tracks and Trails* – Rinneadh an scannánaíocht ar an gclár seo i dtús 2015. Inis Toirc an suíomh a úsáideach, ba é Dermot Bannon a chuir i láthair é agus mheall sé 241,300 de lucht féachana. Tá tús curtha leis an tsraith nua de *Tracks and Trails* 2016 agus beidh na suíomhanna seo a leanas á dtaispeáint: Loch Chaisleán an Bharraigh, Ard-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe, Muilte Olla Bhéal Easa agus Ionad Oidhreachta Uí Éanacháin mar aon le Siúlóid Lúibe na Leargan Móire, Béal Easa a bhfuil cáil náisiúnta uirthi.

*Wild Ireland* –Sraith 6 pháirt atá anseo ina bhfuil Slí an Atlantaigh Fhiáin faoi thrácht. Bhí Maigh Eo luaite go láidir mar go raibh dhá chlár ar leith ann a thaispeáin gníomhaíochtaí feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin i Maigh Eo. Bhreathnaigh suas le 500,000 de lucht féachana ar an gclár seo.

*Nationwide* – Rinneadh an scannánaíocht ar dhá chlár de chuid *Nationwide* i rith an tsamhraidh in 2015. Craoladh an dá chlár i rith Dheireadh Fómhair agus na Samhna. Áirithe ar na suíomhanna bhí Oileán Acla, Ceathrú Thaidhg - Iorras, Achaidh Chéide, Ceann Dhún Phádraig agus Cill Eala.

## AN tSEIRBHÍS EALAÍON

Ar bhonn bliantúil oibríonn an tseirbhís le breis is 250 grúpa pobail agus imríonn sí tionchar go díreach ar shaolta 30,000 duine ar a laghad a fhreastalaíonn ar ócáidí a eagraítear nó a fhaigheann cistiú tríd an Oifig Ealaíon. Tá luach fadtéarmach na hoibre thar a bheith tábhachtach agus tugann na tionscadail mhórscála ar fad deiseanna d'ealaíontóirí, do ghrúpaí pobail nó do ghrúpaí suime leas a bhaint as traenáil a fhágann oidhreacht ina diaidh laistigh den chontae.

### EOLAS, CUR CHUN CINN AGUS COMHAIRLE EALAÍON

Iarrann breis is 250 grúpa pobail, ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon comhairle go rialta faoi ócáidí ealaíon agus faoi fhoinsí cistithe dá gcuid tionscadal agus clár. Comhairle faoi dheontais d'ealaíontóirí agus faoi dheontais Achtanna Ealaíon. Feasachán ríomhphoist ar bhonn míosúil ag tabhairt nuashonruithe faoi ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh suim a bheith ag pobail agus daoine aonaracha áitiúla iontu.

### CLÁR EALAÍON

### ARTSQUAD MHAIGH EO

Agus é cistithe tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí, tá Artsquad Chomhairle Contae Mhaigh Eo ag feidhmiú ó 1997 agus leanann sé ag cur traenála den scoth ar fáil i scileanna ealaín pobail do chúig rannpháirtí déag (as réimse leathan cúlraí), gach bliain. IN 2015 d'oibrigh an Artsquad go forleathan le féilte ar fud an chontae, le grúpaí pobail, le grúpaí idirchultúrtha agus le daoine faoi mhíchumas.



***Samhain Abhainn: Suiteáil ag Coillte Bhéal Leice***



***Féile Abhainn Bhéal Easa***

Samhain Abhainn: Siúlóidí Scanrúla i gCoillte Bhéal Leice, Béal an Átha.
Don 5ú bhliain chomhoibrithe le pobal Bhéal an Átha dá bhFéile na Samhna tá an-tóir anois ar an ócáid seo agus bhí breis is 3,000 duine de gach aois i láthair thar na 3 oíche in 2015.

Féile Abhainn Bhéal Easa –Seo an dara bhliain don fhéile seo agus réitigh an Artsquad dealbha mórscála sailí, múrphictiúir le téamaí nádúir agus prapaí ar shuíomhanna. Chuir siad ceardlanna agus taispeántais ar siúl le linn an fhéile ag druidim le 'uisce solas' agus tine 'coinnle chuig an fharraige' le linn ócáidí ar uisce.

Onsight – Conair ealaíon atá sainiúil don suíomh ag Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann – Saol na Tuaithe i gcomhar le Féile na Tuaithe. I mbliana réitigh baill Artsquad agus roinnt ealaíontóirí neamhspleácha eile píosaí ealaíon faoi théama roghnaithe atá ag teacht le bailiúchán na hiarsmalainne. Fágadh na píosaí ealaíon tarraingteacha seo in situ ar feadh trí mhí chun go bhféadfadh cuairteoirí taitneamh a bhaint astu.

Láithreán Gréasáin – Tá láithreán gréasáin thar a bheith soláimhsithe deartha agus tógtha ag Brett Henning, ball den Artsquad atá ina áis luachmhar ag an scéim agus ag an bpobal níos leithne. http://www.mayoartsquad.ie/




***Suiteáil ó Chonair Ealaíon Onsight 'Saol na Tuaithe' ar thalamh Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann***

**CLÁR EALAÍON SAN OIDEACHAS**


Clár Thaispeántais Scoileanna Chomhairle Contae Mhaigh Eo

Tá píosaí ealaíne á mbailiú ag Comhairle Contae Mhaigh Eo le blianta fada agus ag an bpointe seo tá bailiúchán substaintiúil de bheagnach 250 píosa ann. I 2006 roghnaigh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo 16 píosa ealaíne ón mbailiúchán chun dhá thaispeántas a shainscagadh go speisialta le húsáid i mbunscoileanna. Ceadaíonn an Scéim Iasachta Thaispeántas Scoile do scoil ceann de na taispeántais a fháil ar iasacht do théarma scoile.

Istigh le gach taispeántas tá paca acmhainní do mhúinteoirí agus pacaí gníomhaíochtaí do na scoláirí. Nuair is féidir, spreagtar scoileanna chun cuireadh a thabhairt d'ealaíontóir ón taispeántas cuairt a thabhairt ar an scoil le linn thréimhse an taispeántais. In 2015 thaistil na taispeántais chuig Scoil N. Chomáin Naofa, Lios na Maothaile, SN Coill a tSidheáin and SN Baile Uí Fhiacháin.

Litríocht

**CLÁR SCRÍOBHNÓIR CÓNAITHE 2015**



D'oibrigh John F. Deane, scríbhneoir clúiteach as Maigh Eo a bhfuil gradaim buaite aige, le Grúpaí Scríbhneoireachta in Acaill, Béal Átha Bhearaigh, An Baile Glas, Baile an Chaisil, Béal an Átha, Cathair na Mart, Baile an Róba, Caisleán an Bharraigh, Béal an Mhuirthead agus Cnoc Mhuire. D'oibrigh sé, ina theannta sin, le roinnt scríbhneoirí aonaracha ar bhonn duine le duine agus léigh sé sleachta dá chuid oibre féin go poiblí.

Rugadh John in Acaill i 1943 agus bhunaigh sé Poetry Ireland/Éigse Éireann agus *The Poetry Ireland Review* i 1979. Is iomaí sin bailiúchán filíochta a bhfuil ardmholadh faighte acu atá foilsithe aige mar aon le roinnt ficsin. Tá mórghradaim go leor buaite aige as a chuid scríbhneoireachta agus bhí cónaitheachtaí scríbhneora aige i Bavaria, Monaco agus Paris. Is ball de Aosdána é.

## LÁ ÉIGSE ÉIREANN 2015

Rinneadh Lá Éigse Éireann a cheiliúradh i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh le píosaí léitheoireachta ag Rita Ann Higgins agus Martin Dyar.




***Rita Ann Higgins & Martin Dyar***

## NA hEALAÍONA DO DHAOINE BREACAOSTA

## BEALTAINE

Ba í seo an fichiú bliain ag Bealtaine, ceiliúradh náisiúnta Éireann ar an gcruthaíocht de réir mar a théimid in aois – comhordaithe ar fud na tíre ag Age and Opportunity. Féachann Bealtaine le páirt níos mó a thabhairt do dhaoine breacaosta sna healaíona, trí iad féin a chur in iúl agus trí rannpháirtíocht ghníomhach. Spreagann sé leis daoine breacaosta páirt a ghlacadh mar lucht éisteachta a bhfuil taithí acu le haghaidh foirmeacha éagsúla ealaíne.



***Ted Courtney ag obair le Cór Harmonia***



***Ceardlann Timothy O'Grady***

Na príomhghnéithe i gclár Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo ná:

- Saotharlann Drámaíochta – i gcomhpháirt le Féile Bealtaine d'oibrigh ealaíontóir drámaíochta Niamh McGrath le Raymond Keane agus Keith Singleton chun smaointe a chíoradh chun obair nua a aimsiú le cur ar stáitse in 2016.
- Tionscal na nDrisiúr le Michael Fortune –Tá Maigh Eo, Port Láirge, Ceatharlach agus Tiobraid Árainn taistealaithe ag Michael agus é ag obair le daoine breasaosta chun a gcuid drisiúr a dhoiciméadú.
- Timothy O'Grady – Bealtaine 2015 Scríbhneoir Cónaithe. Rinne Timothy ceardlanna le Grúpa Scríbhneoirí Bhaile an Chaisil. Léigh sé sleachta, chomh maith, as 'I Could Read the Sky' le tionlacan ón bhfidléar clúiteach Martin Hayes in Ionad Ealaíon Bhéal an Átha. Cuireadh an scannán, 'I Could Read the Sky' ar scáileán in Iarsmalann Náisiúnta Éireann – Saol na Tuaithe.
- saotharlanna Cóir agus Taispeántais –Thug Ted Courtney saotharlanna leis na cóir Rocks n' Roses agus Harmonia.

- 'A Game Called Lucy Finally Wins', leis an aisteoir Julie Sharkey in Aonad Bhanaltracht Pobail McBride agus D'Alton.
- Ceol le Golden Mile ag Aonad Bhanaltracht Pobail N. Breandáin, An Mhala Raithní.
- Ceardlanna leis an bhFile Terry McDonagh agus le Grúpa Thionscadal na Samhna.

## EALAÍONA IDIRCHULTÚRTHA

### INTERLAND

In 2012, fuair Comhairlí Contae Mhaigh Eo agus Liatroma cistiú ón gComhairle Ealaíon faoina Scéim Comhpháirtíochta Áitiúla. Tá páirt glactha ag grúpa thionscadal INTERLAND i dtaighde atá tógtha ar láimh ag Deirdre Walsh ag déanamh scrúdaithe ar Chleachtais Ealaíon Idirchultúrtha le Grúpaí Mná in Éirinn. Cuireadh an taispeántas oibre a chruthaigh na rannpháirtithe ar taispeáint don uair dheiridh sa Friary i mBéal Átha hAmhnais ar Lá Domhanda na dTeifeach 2015.



***Taispeántas INTERLAND ag Friary Bhéal Átha hAmhnais ar Lá Domhanda na dTeifeach 2015***

## CLÁR EALAÍNE POIBLÍ 2015

### PAINÉAL BRÉIGE

Cuireann an tionscnamh chlár Ealaíne Poiblí forbairt ghairmiúil ar fáil d'ealaíontóirí agus do mhic léinn ealaíne agus é ag díriú ar scileanna scríbhneoireacht togra agus cur i láthair a fheabhsú. IN 2015, tharla seisiúin i Scoil Ealaíon agus Deartha Luimnigh. Mar aon le scileanna gairmiúla ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn a fheabhsú, ionas gur féidir leo dul san iomaíocht go rathúil le haghaidh choimisiúin ealaíne poiblí, tugann an Painéal Bréige an deis sárthaispeántas a dhéanamh ar an gclár éagsúil ealaíne poiblí i Maigh Eo agus an contae a chur chun cinn mar áit iontach d'ealaíontóirí le bheith ag obair agus le bheith ag cónaí inti.

### COMHLACHAS TITHÍOCHTA MAYFIELD

Roghnaíodh James L. Hayes don choimisiún seo. Trí chomhchomhairle agus comhpháirtíocht leis na háitritheoirí áitiúla, via ceardlanna praiticiúla sa tionscnamh Growing Locally rinne sé roinnt teilgean cré-umha de thorthaí agus glasraí a aimsíodh ar an suíomh.







***Suiteáil molta James L. Hayes ag Comhlachas Tithíochta Mayfield i gClár Chlainne Mhuiris***

Tá siad suite sa bhforhalla i bhfoirgneamh pobail an eastáit. Ina theannta seo rinne James roinnt stiallacha cruach dosmálta scáthánacha mar a bheadh stráice pháipéar balla, atá greamaithe ar bheanna chuid de na foirgnimh.

**DÁNLANN CHLÁR CHLAINNE MHUIRIS**

I gcomhoibriú leis an gClár Ealaíne Poiblí cuireadh taispeántas ealaíne le healaíontóirí Mhaigh Eo le chéile i ndiaidh glao oscailte. Chuir thart ar 100 ealaíontóir píosaí oibre isteach agus rinne Catherine Marshall (a bhí tráth ina Ceannasaí ar Bhailiúcháin in Áras Nua-Ealaíon na hÉireann) agus Patrick T Murphy (Stiúrthóir ar an Acadamh Ibeirneach Ríoga) na roghnaithe deiridh. Tá téama Mhaigh Eo ar leith ag an taispeántas ar a tugadh ‘Mayo, God Help Us!’ D’fhéach an taispeántas le béim a leagan ar an gcaighdeán ard agus ar réimse leathan na n-ealaíontóirí sa chontae agus is féidir go dtabharfar ar chamchuairt é níos faide ó bhaile in 2016, ach an cistiú a bheith ann.

**COMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO 2016 - CÓNAITHEACHT JACKIE CLARKE**



Mar chuid dá gclár do chomóradh 1916 tá deis i leith chlár ealaíontóir cónaitheach curtha ar fáil ag Oifig Ealaíon Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus Bailiúchán Jackie Clarke. I ndiaidh glao oscailte náisiúnta le haghaidh moltaí, gearrliostaithe agus agallamh, bronnadh an chónaitheacht ar ealaíontóir Mhaigh Eo Katie Moore.

Ealaíontóir Katie Moore–Comhairle Contae Mhaigh Eo 2016–Cónaitheacht Jackie Clarke

Ó Dheireadh Fómhair 2015 tá smaointe á bhforbairt aici via taighde leis an mbailiúchán, comhpháirtíocht le daoine áitiúla, trí cheardlanna agus trí chomhoibriú neamhfhoirmiúil. Tá plean uaillmhianach ag Katie obair ealaíne a fhorbairt mar thoradh ar a cuid taighde a bheidh ar taispeáint i spás an Taispeántais Chathartha i mBéal an Átha le linn Bealtaine agus Meithimh 2016. Agus Katie á éascú, cuirfear obair ealaíne leis an bpobal ar taispeáint go poiblí ag Bailiúchán Jackie Clarke.

**TÍR SÁILE**

I ndiaidh d’iniúchadh cuimsitheach a bheith déanta ar oibreacha Tír Sáile (suite i 1995) atá ann cheana, agus cur chuige a bheith molta chun an chonair a dheisiú agus a athnuachan, tá an cistiú faighte chun tosú ar fhorbairt na hoibre seo. Ag breathnú amach romhainn tá dóchas ann gur féidir an tsomhaoin chultúrtha seo a leathnú trí choimisiúnú, margaíocht agus comharthaíocht nua.

**LÍONRA EALAÍONTÓIRÍ MHAIGH EO**

Bhunaigh Oifig Ealaíne Mhaigh Eo an líonra seo d’amharcealaíontóirí in 2011. Eagraíodh roinnt sainthionscnamh traenála, cainteanna agus turas a bhí bunaithe ar na riachtanais a bhí aitheanta ag na baill. Reáchtáladh seisiún tábhachtach forbartha gairmiúla i gcomhar le taispeántas ‘Mayo, God Help Us!’ i nDánlann Chlár Chlainne Mhuiris.

**EALAÍONA ÓIGE**

**EXCEL 2015**

Reáchtálann an Oifig Ealaíon clár ealaíon óige EXCEL gach bliain. Agus é ag díriú go sonrach ar riachtanais dhaoine óga ar fud an chontae cuireann sé seisiúin shaindírithe agus máistir-ranganna ar siúl le haghaidh grúpaí atá páirteach cheana féin sna healaíona: ceolfhoirne, córacha, bannaí ceoil, mic léinn ar mhian leo dul le gairm na hamharclannaíochta nó amharcealaíne, grúpaí drámaíochta, etc.

***Baill d'Amharclann Óige Mhaigh Eo Annie Ryan agus Mic Léinn ó Phobalscoil Bhéal Átha hAmhnais ag obair le healaíontóir Will O'Kane ar thaispeántas 'This is ours'***

**MÁISTIR-RANGANNA**

Cuimsíonn an clár trí sheisiún máistir-ranga i mbliana. D'éascaigh Annie Ryan ón gComplacht Amharclannaíochta Corn Exchange ceardlann neartú foirne le hAmharclann Óige Mhaigh Eo. Reáchtáil Anthony McNamee máistir-rang cnagtha le Comharghrúpa Ealaíne Phobal Crimlinne. Bhí máistir-rang ag Ceolfhoireann Óige Mhaigh Eo leis an stiúrthóir James Cavanagh.

**SRAITH BHLÚIRÍ EALAÍNE**

D'oibrigh Comhairle Contae Mhaigh Eo i bpáirtíocht le hionaid Ealaíon Mhaigh Eo chun clár blúirí d'ócáidí ealaíon a chur ar fáil do mheánscoileanna. Chlúdaigh na blúirí ócáidí réimse leathan foirmeacha ealaíne agus thug sé deis do dhaoine óga buaileadh le healaíontóirí agus le gairmithe ealaíne atá ina gcónaí agus ag obair i Maigh Eo. I measc na n-ionad ag glacadh páirt tá Fondúireacht Ealaíon Bhaile an Ghleanna i mBaile an Chaisil, Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh agus Artsquad i gCaisleán an Bharraigh, Stiúideonna Theach an Chustaim i gCathair na Mart agus Ionad Ealaíon Bhéal an Átha.



***Seoladh taispeántais 'This is Ours' i Friary Bhéal Átha hAmhnais***

**TAISPEÁNTAS 'THIS IS OURS'**

Mar chuid de EXCEL d'oibrigh 15 scoláire as Pobalscoil Bhéal Átha hAmhnais le healaíontóir chun obair ealaíon as Bailiúchán Chontae Mhaigh Eo a roghnú, a phlé agus a léiriú, sa Friary, Béal Átha hAmhnais. D'eagraigh siad oscailt oifigiúil agus tharraing siad lucht féachana mór ag an taispeántas. D'eascair an teideal as díospóireachtaí faoi bhailiúcháin ealaíon poiblí agus an tuiscint gur leis an bpobal i gcoitinne na píosaí ealaíne.

## AMHARCLANN ÓIGE MHAIGH EO 2015

Bunaíodh Amharclann Óige Mhaigh Eo i 1999 chun deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga a bheith páirteach i ndrámaí d'ardchaighdeán. Baineann fiche cúig duine óg tairbhe as seisiúin sheachtainiúla i mBéal an Átha, ag críochnú le léiriúchán bliantúil i mí Aibreáin gach bliain.

## CEOL

## CEOL CEATHAIRÉAD WHISTLEBLAST

Chríochnaigh an tionscadal comhpháirtíochta seo (cistithe ag an gCeoláras Náisiúnta agus Comhairle Contae Mhaigh Eo) sraith clár idirghníomhach oideachas ceoil go rathúil i Maigh Eo i mbliana. Chríochnaigh gach clár le taibhiú don phobal níos leithne, lena n-áirítear páistí a bhí rannpháirteach ann. Tá an fhreagairt atá faighte ó scoileanna agus pobail thar a bheith dearfach.

## MUSIC GENERATION MHAIGH EO

D'aistrigh Music Generation Mhaigh Eo ó chistiú daonchairdiúil in 2014 agus tá sé cistithe anois tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna le comhchistiú áitiúil á dhéanamh ag Comhpháirtíocht Oideachas Ceoil Mhaigh Eo; comhpháirtíocht neamh-bhrabúsach, neamh-pholaitiúil atá ann chun seirbhísí ceoil sa chontae a chomhordú, le cothromas rochtana a chinntiú agus le deiseanna oideachas ceoil do gach duine óg a fhorbairt. http://www.musicgenerationmayo.ie/

Bhí bliain thar a bheith gnóthach ag Music Generation Mhaigh Eo arís. In Aibreán aimsíodh Céimeanna 2 & 3 (Bainc Uirlisí Music Generation Mhaigh Eo agus Iorrais) de Bhanc Uirlisí an Chontae, ag cinntiú go bhfuil rochtain anois ag na daoine óga ar fad sa chontae chuig scéim iasachta atá á bainistiú ag Leabharlann Contae Mhaigh Eo.

I measc na n-éachtaí atá bainte amach ag Music Generation Mhaigh Eo tá:

- Tá ceithre ionad teagaisc i mbun oibre anois sa chontae – Cluain Cearbán, Crois Mhaoilíona, Baile an Róba agus Ros Dumhach.
- Ta taighde forleathan faoi theagasc ar líne a chur ar fáil chun freastal ar áiteanna níos iargúlta sa chontae críochnaithe. Fuarthas an teicneolaíocht chuí chun an gné seo den tseirbhís a éascú in 2015.
- Luathchlár Ceoil Soundworlds curtha ar fáil i gcomhpháirt le Coiste Chúram Leanaí Contae Mhaigh Eo.
- Lean Clár Ceoil & Míchumais BEAM ar aghaidh i Scoil Naomh Antóin, Caisleán an Bharraigh.
- Tionscadail Óige Bhéal an Átha agus Mol Cheol Óige.
- Bronnadh sparánachtaí sárdhaltaí ar cheoltóirí óga.
- Thug Bus Turais John Lennon cuairt ar Chathair na Mart an samhradh seo.




***Daoine óga ag baint taitnimh as Bus Turais John Lennon i gCathair na Mart an samhradh seo***

## CLÁR EALAÍON DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Tá Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo thar a bheith réamhghníomhach mar a bhaineann sé le míchumas agus na healaíona agus is ceannaire náisiúnta í sa réimse seo. Tá cistiú á dhéanamh ar roinnt tionscadal fadtéarmach comhionannas bhunaithe gach bliain.

## UPSTART

Chuir Oifig Ealaíon Mhaigh Eo tús leis an scéim comhpháirtíochta seo in 2010 chun ionaid ealaíon agus eagraíochtaí áitiúla a spreagadh le dul ag obair le healaíontóirí áitiúla agus le daoine faoi mhíchumas, trí chistiú a dhéanamh ar thionscadail d'ardchaighdeán. Tugtar UPSTART ar an scéim agus déantar ceiliúradh ar ócáidí a eascraíonn as, thart ar 3ú Nollaig, Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas.

Go dtí seo faoin scéim rathúil seo tá tacaíocht faighte ag 24 tionscadal comhpháirtíochta faoi scéim UPSTART ag cur fostaíochta ar fáil do 59 ealaíontóir/áisitheoir, ag obair le 330 rannpháirtí faoi mhíchumas, i 205 ceardlann chun 39 taispeántas/léiriúchán a chruthú, le breis is 1,300 de lucht féachana i láthair. In 2015, ceadaíodh cistiú do chúig thionscadal comhpháirtíochta breise. D'oibrigh seisear ealaíontóir ar éagsúlacht tionscadal idirghníomhach agus bhí taispeántais/léiriúcháin dá mbarr ar nó thart ar 3ú Nollaig i gcúig ionad.

## IGNITE!

Cuireadh tús le IGNITE! in 2012 agus tá trí thionscadal comhoibríoch coimisiúnaithe ag an gcomhpháirtíocht náisiúnta seo (ceann an contae do Chorcaigh, Gaillimh agus  Maigh Eo)chun scothchleachtas ealaíon agus míchumais a phróifíliú, ag obair go huileghabhálach ag an leibhéal áitiúil.





***Silent Moves – Coimisiúnú  IGNITE! Mhaigh Eo***

Bronnadh Coimisiúnú Mhaigh Eo ar Ionad Ealaíon Bhéal an Átha agus ar Aideen Barry, ag obair le Teicneolaíochta Scannán, Ionad Traenála Ridgepool le Cúram an Iarthair agus le cóireagrafaí Emma O'Kane. Chruthaigh siad an scannán 'Silent Moves' a taifeadadh ar an láthair thart ar Bhéal an Átha, agus rinneadh seoladh air os comhair lucht féachana croíléiseach de bhreis is 500 duine in Ionad Ealaíon Bhéal an Átha go déanach in 2014, agus leanadh i Feabhra 2015 le breis taispeántas don phobal i gcoitinne agus do scoileanna agus bhí taispeántas ag dul leis i Spás na Dánlainne.

Ina theannta sin i mbliana, le tacaíocht ó Oifig Ealaíon Mhaigh Eo, bronnadh cistiú taistil IGNITE! na Comhairle Ealaíon, le haghaidh 'Silent Moves' ar Ionad Ealaíon Bhéal an Átha, agus dá bharr sin rinne an scannán camchuairt ar Ghaillimh, Corcaigh, Baile Átha Cliath, le taispeántas  fillte abhaile i Movie World Mhaigh Eo i gCaisleán an Bharraigh.

**LUISNE**

Tá an Tionscadal Ealaíon agus Míchumais seo ag feidhmiú ó 2004 le grúpa úsáideoirí seirbhíse as Ionad Acmhainne Crann Mór atá á reáchtáil ag Cumann Cúraim an Iarthair. IN 2015, lean siad leis an obair den scoth i nGairdín an Phobail, Baile an Róba agus ag obair lena gcontrapháirtithe i Scannán, Béal an Átha.

www.artluisne.com.

**OÍCHE CHULTÚIR**





***Ceardlann Theilgean Cré-Umha ag Fondúireacht Bhaile an Ghleanna agus Ceiliúradh 25ú Breithlá ag Halla an Línéadaigh – cuid de chlár Oíche an Chultúir 2015 i Maigh Eo.***

Bhí Oíche Chultúir ann ar 18ú Meán Fómhair 2015. Thug an ócáid seo an deis le cur ar súile na bpobal áitiúil agus cuairteoirí, saibhreas agus éagsúlacht na ngníomhaíochtaí cultúrtha atá ar fáil i Maigh Eo, agus ag an am céanna, ceiliúradh a dhéanamh ar dhea-chlú cultúrtha an chontae ar an stáitse náisiúnta. In 2015, ghlac 30 ionad agus grúpa cultúrtha i Maigh Eo páirt san ócáid agus d'fhreastail thart ar 3,000 duine ar imeachtaí in Acaill, Béal an Átha, Baile an Róba, Baile an Tobair, Baile an Chaisil, Baile Chruaich, Béal an Mhuirthead, Ceathrú Thaidhg, Caisleán an Bharraigh, Baile Chathail, Clár Chlainne Mhuiris, Cill Cheallaigh, Cnoc Mhuire, Leathardán, Leic Ainmhithe, An Mhala Raithní, Béal Átha na Muice, Tuar Mhic Éadaigh, Turlach agus Cathair na Mart.

Mar is iondúil léiríodh samhlaíocht iontach sa chlár. San iomlán bhí beagnach 100 imeacht saor in aisce ar an oíche ag réimsiú ó scannáin, taispeántais, ceardlanna, imeachtaí amharclainne, cuairteanna ar thaispeántais agus ar bhailiúcháin, stiúideonna oscailte, imeachtaí ceoil, taispeántais cheardaíochta, scéalaíocht, cainteanna, etc. Go príomha chuimsigh an clár imeachtaí le cuairt a thabhairt orthu a lean ar feadh an tráthnóna agus bhí líon níos lú imeachtaí ann a bhí sceidealaithe.

## SCANNÁN MHAIGH EO

www.filmmayo.ie

"B'iontach go deo an áit í Contae Mhaigh Eo le scannán a dhéanamh. Creidim go gcuirfidh sé go mór leis an scannán seo 'Pilgrimage' gur roghnaíomar é a thaifeadadh i Maigh Eo. Tá an éagsúlacht agus an áilleacht a bhaineann leis na suíomhanna atá ann ar fheabhas an domhain. Ta na daoine thar a bheith cabhrach agus oscailte don smaoineamh scannánaíocht a dhéanamh ina gcontae álainn. Ba mhaith liom filleadh arís go luath ar an bpíosa álainn seo den domhan le léiriúcháin eile" Gordon Wycherley, Bainisteoir Suíomhanna, Pilgrimage (2015).

Is láithreán gréasáin é Scannán Mhaigh Eo, ar tionscnamh de chuid na hOifige Ealaíon é, atá tiomanta d'fhorbairt na scannánaíochta i Maigh Eo. Is pointe ilfhreastail é an láithreán gréasáin dóibh siúd ar mhian leo eolas a fháil i dtaobh scannán a dhéanamh i Maigh Eo agus cuimsíonn sé réimsí mar bhunachar sonraí suíomhanna, bunachar sonraí aisteoirí agus criúnna, liosta scannán agus rannán teistiméireachtaí. I mbliana tá cuidiú tugtha ag Scannán Mhaigh Eo do dhéantóirí scannán le socruithe praiticiúla agus le heolas áitiúil, ag cur béime ar dheiseanna san earnáil agus ag coinneáil súile agus cothrom le dáta maidir le nuacht faoi scannáin atá bainteach le Maigh Eo go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.




Gabháil Scáileáin de www.filmmayo.ie

## AINMNIÚCHÁN LÁITHREÁN GRÉASÁIN SCANNÁN MHAIGH EO

Bhí Scannán Mhaigh Eo ar cheann d'aon iomaitheoir déag deiridh sna 'Realex Payments Web Awards 2015'sa chatagóir – Láithreán gréasáin Rialtais agus Rialtais Áitiúil is Fearr – urraithe ag SENSORPRO.

## TRAENÁIL SCANNÁN MHAIGH EO

D'eagraigh Scannán Mhaigh Eo agus Inspiration Station ceardlann ginte smaointe do ghairmithe scannán agus teilifíse mar chuid de Sheachtain Smaointe Mhaigh Eo. Rinne Pam Relton, duine de na príomhoiliúnóirí meáin sa R.A. a dhéanann speisialtacht i gcúrsaí cruthaitheachta, an traenáil.

## DEONTAIS EALAÍON

Cuireann an Oifig Ealaíon réimse leathan deontas ar fáil do chleachtóirí gairmiúla agus neamhghairmiúla araon sna foirmeacha ealaíne ar fad.

**DEONTAIS ACHTANNA EALAÍON**

Íocaíochtaí Amharc-Ealaíon (2 íocaíocht chúnaimh i leith taispeántas agus 16 íocaíocht chúnaimh i leith ábhar).
Íocaíochtaí CC Mhaigh Eo Tyrone Guthrie (2 íocaíocht)
Íocaíocht Dráma Neamhghairmiúil (Íocaíocht amháin)
Íocaíochtaí Chúnamh Thaifeadadh Ceoil (2 íocaíocht)

**LÍONRÚ & COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ**

**TIONSCADAIL CHOMHPHÁIRTÍOCHTA**

Faigheann roinnt eagraíochtaí ealaíon cistiú bliantúil ar bhonn comhpháirtíochta le Comhairle Contae Mhaigh Eo. Tugann an tacaíocht seo aitheantas do chion tairbhe gairmiúil na n-eagraíochtaí seo i dtreo fhorbairt straitéiseach na n-ealaíon sa chontae. Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh (Caisleán an Bharraigh) Teachín Heinrich Boll (Acaill), Ionad Ealaíon Bhéal an Átha (Béal an Átha), Stiúideonna Theach an Chustaim (Cathair na Mart), Fondúireacht Ealaíon Bhaile an Ghleanna (Baile an Chaisil), Ionad Ealaíon Halla an Bhaile (Baile Chathail) agus Áras Inis Gluaire/Ionad Ealaíon Bhéal an Mhuirthead (Béal an Mhuirthead). In 2015, íocadh amach €144,000 mar chuidiú do na heagraíochtaí lena gcuid clár.

**COMHPHÁIRTIOCHTAÍ EILE**

Ta comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí eile rí-thábhachtach le haghaidh for-rochtana agus ratha go leanúnach. Tá comhpháirtíochtaí oibre maithe forbartha agus cothaithe ag an Seirbhís Ealaíon le rannóga eile laistigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo, le hoifigí ealaíon Rialtas Áitiúil eile, le Cumann Cúraim an Iarthair, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, Aoise agus Deiseanna, leis an gComhairle Ealaíon, le hAmharc-Ealaíontóirí Éireann, le hIonad Oideachais Mhaigh Eo agus Scoileanna, le Bord Oideachais & Traenála Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, le Music Generation, Údarás na Gaeltachta, Ionad Scríbhneoirí na hÉireann, Eagraíocht Chearta Ceoil na hÉireann agus Tionscadail Chomharsanachta don Óige, agus eile.

## FORBAIRT PHOBAIL & FORBAIRT CHOMHTHÁITE

**COISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL**

Bunaíodh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) Mhaigh Eo in 2014. An cuspóir atá le LCDC ná, ar an gcéad dul síos, le Plean Áitiúil um Gheilleagar agus Pobal (PAGP) sé bliana, ag cur san áireamh na hidirghabhálacha forbartha áitiúla agus pobail ar fad atá cistithe ag an stát, a réiteach agus a aontú. Sa dara áit bunaíodh é le comhordú, bainistiú agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme clár forbartha áitiúla agus pobail mar chuid de chur i ngníomh an phlean. Sa tríú áit tá sé ann le gníomhaíocht fhorbartha áitiúla agus pobail a chomhordú go ginearálta laistigh de cheantar feidhmíochta an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil ar mhaithe le forluí a laghdú, dúbláil a sheachaint agus le spriocdhíriú acmhainní a fheabhsú.

In Aibreán 2015 rinne LCDC Mhaigh Eo feidhmiú céimneach ar an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus um Ghníomhachtú Pobail nua (SICAP) le Comhlacht Forbartha Mhaigh Eo Thiar Theas agus Mhaigh Eo Thoir Thuaidh mar fhorfheidhmithe. I ndiaidh díospóireachtaí leis na Comhlachtaí Forbartha Áitiúla sa chontae, chuir an LCDC isteach Léiriú Spéise don chlár nua LEADER 2014-2020 i mBealtaine 2015.Rinneadh Straitéis Forbartha Áitiúla (LDS) a fhorbairt a bheidh mar bhunús ag an gclár nua, agus tharla 21 cruinniú comhchomhairle poiblí pobail le linn Mheán Fómhair agus Deireadh Fómhair ar fud an chontae uile.  Sa bhreis ar na cruinnithe pobail sin eagraíodh roinnt comhchomhairlí spriocdhírithe le príomhpháirtithe leasmhara, lena chinntiú go mbeadh an t-ionchur is leithne is féidir curtha isteach sa Straitéis ar fud an chontae. Ta sé beartaithe go mbeidh an Clár Leader nua, leis an LCDC mar shealbhóirí conartha agus Comhairle Contae Mhaigh Eo mar Chomhpháirtí Airgeadais, i mbun oibre faoi lár 2016. I ndiaidh comhchomhairle a bhí forleathan, ghlac an Chomhairle Contae leis an PAGP in Iúil 2015.

**FORBAIRT POBAIL / RANNPHÁIRTÍOCHT LE POBAIL & LEIS AN EARNÁIL DHEONACH**

Lean Gréasán Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) Mhaigh Eo ag forbairt a chuid Oibríochtaí agus Nósanna Imeachta in 2015. Tá go leor oibre curtha isteach i mbunú an Ghréasáin seo a bheidh ag feidhmiú mar phointe teagmhála oifigiúil leis na grúpaí pobail agus grúpaí deonacha uile sa Chontae. Tá clárú do ghrúpaí pobail ag leanacht ar aghaidh agus tá thart ar 360 eagraíocht cláraithe go dáta. Tá na hionadaithe PPN gníomhach mar bhaill de PPNanna Chomhairle Contae Mhaigh Eo, an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, an Comhchoiste Póilíneachta, agus eagraíochtaí eile.

Cuimsíonn na Pleananna Todhchaí Pobail a seoladh in 2015 Cill Ala, Crois Mhaoilíona agus Baile Chathail agus tá bailchríoch á cur ar Phlean Inis Toirc. Tá cuireadh tugtha do phobail a bhfuil a gcuid Pleananna Todhchaí imithe as dáta páirt a ghlacadh i bpróiseas athnuachana a thabharfaidh a gcuid tionscnamh cothrom le dáta.

Leanann Forbairt Pobail & Forbairt Chomhtháite ag tacú le tionscnaimh agus tionscadail phobail áitiúla atá aitheanta go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo. Tá an obair seo ag leanacht ar aghaidh ó bunaíodh an earnáil agus is díol suntais an obair sin mar a bhaineann sé le Comhairle Contae Mhaigh Eo.



***Seoladh Todhchaí Bhaile Chathail***

## CUIMSIÚ SÓISIALTA

Lean an Grúpa Oibre Oideachais ag teacht le chéile i rith na bliana agus d'eagraigh siad Aonaigh Traenála agus Oideachais, a raibh freastal maith orthu.
Lean an obair i rith na bliana ar thionscnamh Ag Dul In Aois Go Maith chun contae atá Aoisbhách a dhéanamh de Mhaigh Eo. Tá grúpa stiúrtha idirghníomhaireachta ag déanamh maoirseachta ar Straitéis an Chontae.

Leanann C&ID (Forbairt Pobail & Forbairt an Lucht Siúil agus cuirtear cúnamh ar fáil do Sheachtain Mhórtas an Lucht Siúil.

Leanann Fóram Comhtháite Mhaigh Eo ag teacht le chéile go rialta agus déanann sé machnamh ar shaincheisteanna atá bainteach le comhtháthú na náisiúntachtaí ar fad sa chontae, lena n-áirítear teifigh agus iarrthóirí tearmainn.

Tá C&ID páirteach le Gníomhaireachtaí eile agus le heagraíochtaí deonacha i nGrúpa atá ag féachaint le comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine óga leispiacha agus aeracha i Maigh Eo. Go háirithe tá an grúpa seo bainteach le cistiú a fhoinsiú chun seó taistil a thugann cuairt ar mheánscoileanna chun labhairt leis na ranganna sinsearacha a choinneáil ar an mbóthar. Tá baill foirne C&ID ar fáil chun comhairle a chur ar bhaill thofa, agus is féidir leo eolas cúlra a thabhairt faoi thionscadail atá á meas le haghaidh cistithe faoi na cistí agus na cláir éagsúla.

## NA GRADAIM IS AIRDE I nGRADAIM MHÓRTAS ÁITE IPB/CO-OPERATION IRELAND BUAITE AG MAIGH EO IN 2015

Bhuaigh Maigh Eo dhá phríomhdhuais i nGradaim bhliantúla Mhórtas Áite IPB Co-Operation Ireland, a fógraíodh ar an 14ú Samhain ag ócáid Gála shoilseach in Inis, Contae an Chláir. Líon breis is 800 duine ó thrasna an oileáin ar fad an t-ionad, chun go gcloisfidís na buaiteoirí á bhfógairt ag Ciana Campbell as RTÉ.

Thóg Béal Átha na Muice an chéad áit sa phríomhchomórtas sa Chatagóir do Chomharsanachtaí Uirbeacha, agus fuair Foireann CLCG Máistrí Mhaigh Eo Gradam Speisialta.
Dúirt na moltóirí faoi Bhéal Átha na Muice: "Bhain an chuairt ar iontráil an bhua sa chatagóir seo le nochtadh mórthaibhseach mhórtas pobail mar thionscadal pobail a chuimsigh comhthionscnamh leis an gcomhairle, an pobal agus le hinstitiúid idirnáisiúnta, a bhfuil clú agus cáil domhanda uirthi.

Tá sé tógtha ar iontrála rinneadh i Mórtas Áite 2014 agus é ag tabhairt spreagadh mar phobal chun cuid den bhaile a raibh cuimhní brónacha neamhráite ann ón am atá i bhfad caite, a athghiniúint. Tá cruthaithe anseo an deis le haghaidh todhchaí úrnua ar fad á chur ar an mapa idirnáisiúnta le tionscadal íocónach a léiríonn Spioraid a Áite."

Maidir le Foireann CLG Máistrí Mhaigh Eo bhí sé le rá ag na moltóirí: "Is sampla den scoth é seo den mhéid is féidir a bhaint amach nuair a leanann daoine i spóirt ag na leibhéil is airde orthu ag comhoibriú, trí bheith rannpháirteach ar bhealach uilechuimsitheach, ag síneadh lámh cúnta, agus i gcompánachas, i tionscnamh sláinte pobail. Tá urraí thar a bheith tacúil ag an tionscnamh seo, a bhaineann le Comórtas Peile CLG le haghaidh iar-imreoirí atá in aois 40 nó níos mó, agus níl amhras ar bith ar na moltóirí ach go bhfuil todhchaí inmharthana aige".

Tugann na Gradaim Mhórtais Áite aitheantas agus déanann siad ceiliúradh ar a bhfuil bainte amach ag daoine a oibríonn gan staonadh chun mórtas as a gceantar féin, agus áit níos fearr do na háitritheoirí áitiúla, a chruthú. Bhain trí ghrúpa is dhá scór, i réimse ó ghrúpaí i bpobail bheaga tuaithe go grúpaí in eastáit thithíochta lárchathracha, áiteanna an bhua nó dara áiteanna sa phríomhchomórtas agus sa chomórtas do chathracha. Bhuaigh sé ghrúpa eile Gradaim Speisialta agus bhí údarás amháin a fuair Gradam speisialta Comhairle.



***Ionadaithe ó ghrúpa Bhéal Átha na Muice le Tom Dowling, Cathaoirleach Coiste Mhórtas Áite, Ronan Foley, Príomhfheidhmeannach Árachas IPB, George Jones Cathaoirleach, Árachas IPB, Comhairleoir Mary Howard Leas Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chláir, Jimmy Deenihan TD, Aire Stáit don Diaspora, Tom Coughlan, Bainisteoir Contae Chomhairle Contae an Chláir, John Bruton, Iar- Thaoiseach agus Leaschathaoirleach ar Co-operation Ireland agus Neil Sheridan ag an 13ú Gradaim Mhórtas Áite IPB bliantúil i gcomhar le Co-operation Ireland ag Óstán West County Uí Threasaigh, Inis.***

## COISTE CHÚRAM LEANAÍ CHONTAE MHAIGH EO (CCC Mhaigh Eo)

Ba bhliain an-táirgiúil agus gnóthach í 2015 ag Coiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo. Cuireann CCC Mhaigh Eo tacaíocht ar fáil do 121 seirbhís luathbhlianta (isteach is amach le 2,311 páiste) ar fud an chontae le bheith páirteach sna Cláir Náisiúnta Chistithe Chúram Leanaí agus na cláir atá bainteach leo, mar chreat-churaclaim Aistear agus Síolta. Cuimsíonn an tacaíocht a thugaimid caighdeán cleachtais, traenáil faoi chosaint leanaí, tacaíocht riaracháin, forbairt straitéiseach inbhuanaithe, riachtanais thraenála agus soláthar faisnéise. Tacaíonn CCC Mhaigh Eo le seirbhísí feighlíochta leanaí, grúpaí do thuismitheoirí agus páistí beaga agus cuireann sé eolas ar fáil do thuismitheoirí.

Le linn 2015 bhí 121 seirbhís oifigiúil chúram leanaí sa chontae. Bhí 6 fheighlí fógartha ann agus 58 feighlí a thug fógra go deonach do CCC Mhaigh Eo. Ghlac 118 de na seirbhísí foirmiúla sin páirt sa Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE).

Le linn 2015 bhí 65 seirbhís phríobháideach luath-bhlianta ann agus 56 seirbhís phobail luath-bhlianta.

**PRÍOMH-BHUAICPHOINTÍ NA nGNÍOMHAÍOCHTAÍ A THARLA IN 2015**

Is iomaí sin buaicphointe a bhíonn ann i rith na bliana ag obair in earnáil na luath-bhlianta i Maigh Eo. Is díol suntais é tiomantas agus díograis an fhórsa oibre laistigh den chontae agus is iontach é le feiceáil. Agus é ag tacú leis an bhfórsa oibre sin díríonn CCC Mhaigh Eo ar na buaicphointí seo leanas:

- Cuireadh tús le cur chun feidhme an chláir leathnaithe nuafhógartha ECCE i Maigh Eo. Le linn 2015 rinneadh breis is €3,000,000 a infheistiú i Maigh Eo tríd an gclár ECCE amháin. Ag éirí as an bhfógra i mbuiséad 2016 faoi leathnú an chláir seo tá ardú suntasach le teacht ar an bhfigiúr sin in 2016.
- Thraenáil CCC Mhaigh Eo 73 oibrí chúram leanaí as 44 seirbhís i gcosaint leanaí agus traenáil leasa.
- Fuair 44 seirbhís chúram leanaí iomlán €438,223 ón gciste dheontas caipitil náisiúnta mionscála.
- Fuair 28 grúpa tuismitheoir agus páiste beag iomlán €15,388 ó thionscnamh náisiúnta tuismitheoirí agus páistí beaga.
- Fuair 9 bhfeighlí páistí iomlán €6,093 as Deontas Forbartha náisiúnta na bhFeidhlithe Páistí.
- I gcomhar le Music Generation Mhaigh Eo sheachaid CCC Mhaigh Eo an clár ceoil luath-bhlianta dar teideal 'Soundsworld'. Níl an clár seo ar fáil ach i Maigh Eo.
- Sheol CCC Mhaigh Eo a Leathanach Facebook. Le linn 2015 fuaireamar 346 ‘Is Maith Liom’.
- Thug 5,059 úsáideoir 15,326 cuairt ar leathanach gréasáin CCLC Mhaigh Eo.
- D’fhoilsigh CCC Mhaigh Eo 4 eagrán dár nuachtlitir le linn 2015. Téann an nuachtlitir seo ag breis is 2,000 duine agus tugann sé eolas mionsonrach faoi iliomad gnéithe d’oideachas agus cúram luath-bhlianta, lena n-áirítear creat-churaclaim Aistear/Síolta, cláir chistithe náisiúnta chúram leanaí agus tuairiscí chun dáta ó ghníomhaireachtaí éagsúla áitiúla chúram leanaí.

**MIONSONRAÍ FAOI AON TIONSCNAMH CEANNRÓDACH/PÍOLÓTACH/NUA GAFA DE LÁIMH IN 2015**

**'SOUNDSWORLD', CLÁR CEOIL LUATH-BHLIANTA**

Chuaigh CCC Mhaigh Eo i gcomhoibriú le Music Generation Mhaigh Eo chun 'Soundsworld', ár gclár luath-bhlianta ceoil, a chur ar fáil. Tá sé feicthe againn go gcruthaíonn an clár mórchuid deiseanna do dhaoine óga a bheith ag foghlaim ar bhealach cruthaitheach, spraíúil, a mheallann páistí. Tá sé feicthe againn leis go gcuireann an fhoghlaim seo mórchuid deiseanna ar fáil don tseirbhís luath-bhlianta chun na spriocanna foghlama, agus na téamaí atá ag Aistear, mar chumarsáid, taiscéaladh agus smaointeoireacht agus braistint folláine, a chur i bhfeidhm.

Is éard atá i gceist sa chlár ná go dtugann teagascóir Music Generation Mhaigh Eo cuairt ar an tseirbhís luath-bhlianta do 6 sheisiún uair an chloig an ceann thar thréimhse sé/seacht seachtain. Oibríonn an teagascóir leis na páistí agus spreagann sé/sí oibrithe na seirbhíse luath-bhlianta le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí 'ceoil'.  Is féidir le hoibrithe na seirbhíse luath-bhlianta iad a thabhairt faoi deara i dtosach agus ansin a bheith ag cruthú na nasc idir ghníomhaíochta ceoil, an fhoghlaim atá ar siúl agus téamaí Aistear. Spreagtar oibrithe na seirbhíse luath-bhlianta leis chun leanacht ag baint úsáide as na teicnící agus na gníomhaíochtaí i ndiaidh don chéad 6 seachtain a bheith críochnaithe. Tarlaíonn go leor cineálacha eile foghlama tríd an gclár lena n-áirítear litearthacht agus uimhearthacht, cuimsiú sóisialta, teacht aniar agus cruthaitheacht.

Rinneadh trí bhabhta de chlár Soundsworld a sheachadadh le linn 2015 i 29 seirbhís chúram leanaí ar fud an chontae. Táimid ag foghlaim le gach clár agus tá an tuiscint atá againn faoi acmhainn iontach an chláir ag fás.

**MIONSONRAÍ FAOI A BHFUIL BAINTE AMACH AG COMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO LE LINN 2015**

Thacaigh CCC Mhaigh Eo le 121 seirbhís luath-bhlianta chun cúram agus oideachas sna luath-bhlianta óige a sheachadadh do thart ar 2,311 páiste i Maigh Eo le linn 2015.

Thaispeáin measúnú neamhspleách a rinneadh ar ghnéithe éagsúla d'obair CCLC Mhaigh Eo le linn 2015, na torthaí seo leanas:

- Mar a bhain le heolas a chuir CCC Mhaigh Eo ar fáil faoi chláir chistithe na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óga: Rátáil 88.1% de na seirbhísí chúram leanaí sa taighde an tseirbhís a fuair siad ó CCC Mhaigh Eo mar go maith, an-mhaith nó ar fheabhas.
- Mar a bhain le cúnamh a chuir CCC Mhaigh Eo ar fáil chun páistí a chlárú ar an gcóras PIP: Rátáil 91.9% de sheirbhísí chúram leanaí Mhaigh Eo sa taighde an tseirbhís a fuair siad ó CCC Mhaigh Eo mar go maith, an-mhaith nó ar fheabhas.
- Mar a bhain le heolas, comhairle agus tacaíocht faoin gCiste Náisiúnta d'Fhoghlaimeoirí: Rátáil 96.2% de sheirbhísí chúram leanaí Mhaigh Eo sa taighde an tseirbhís a fuair siad ó CCC Mhaigh Eo mar go maith, an-mhaith nó ar fheabhas.
- Mar a bhain le heolas, comhairle agus tacaíocht faoi phleanáil airgeadais agus inbhuanaitheacht: Rátáil 100% de sheirbhísí chúram leanaí Mhaigh Eo sa taighde an tseirbhís a fuair siad ó CCC Mhaigh Eo mar go maith, an-mhaith nó ar fheabhas.
- Mar a bhain le tacaíocht le Polasaithe Íocaíochta Táille: Rátáil 95.9% de sheirbhísí chúram leanaí Mhaigh Eo sa taighde an tseirbhís a fuair siad ó CCC Mhaigh Eo mar go maith, an-mhaith nó ar fheabhas.
- Mar a bhain le cuairteanna don suíomh: Rátáil 89.6% de sheirbhísí chúram leanaí Mhaigh Eo sa taighde an tseirbhís a fuair siad mar go maith, an-mhaith nó ar fheabhas.

***Ag Tacú le Seirbhísí Luath-Bhlianta***

# COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT MHAIGH EO

## CÚLRA

An phríomhaidhm atá ag an gComhpháirtíocht Spóirt, a bunaíodh i Samhain 2004, ná le rannpháirtíocht i spórt agus i ngníomhaíocht choirp i measc gach earnáil den phobal, a mhéadú. Ta trí phríomhfheidhm aici:

- Faisnéis – chun próiseas comhairliúcháin le clubanna agus eagraíochtaí spóirt a chur ar bun agus chun na riachtanais agus na hacmhainní atá acu a aithint. Taighde a thosú agus eolaire spóirt a chur le chéile. Ionad ilfhreastail i Maigh Eo.
- Oideachas – Deiseanna ar ardchaighdeán maidir le cúrsaí traenála d'oibrithe deonacha a reáchtáil go háitiúil.
- Cur i bhFeidhm – Polasaí spóirt laistigh den chontae a fhorbairt trí phlean straitéiseach don spórt i Maigh Eo agus cláir rannpháirtíochta a roghnú a fheileann do riachtanais áitiúla.
- Táimid páirteach leis i roinnt clár, tionscadal agus tionscnamh sprioc-dhírithe a éascú agus a chomhordú ag an leibhéal áitiúil. Cuimsíonn na spriocghrúpaí Daoine faoi Mhí-bhuntáiste, Ógánaigh i mBaol, Daoine faoi Mhíchumas, Cailíní sna Déaga/Mná, Daoine Scothaosta agus Daoine Dífhostaithe. Oibríonn foireann na Comhpháirtíochta Spóirt leis an oiread is 30 teagascóir a chuireann cláir thraenála agus rannpháirtíochta ar fáil ar son na Comhpháirtíochta.

## GACH AR BAINEADH AMACH IN 2015

Cláir Áitiúla - 10,632 duine páirteach i 78 clár
Mná sa Spórt– 4259 ban páirteach i 10 gclár
Clár Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas– 403 rannpháirtí in 18 clár.
Traenáil agus Oideachas– 259 rannpháirtí i 17 cúrsa
Cód Eitice– 373 rannpháirtí i 26 cúrsa as 119 cumann.
Oifigeach na bPáistí– 33 rannpháirtí i 2chúrsa as 24 cumann.

## MÓR-THIONSCADAIL AGUS MÓR-THIONSCNAIMH IN 2015

### TEAGHLAIGH



***Operation Get Active Mhaigh Eo***

Ghlac 25 ceantar ar fud Mhaigh Eo páirt in Operation Get Active Mhaigh Eo, le titim isteach le Operation Transformation na bliana. Chuir Comhpháirtíocht Mhaigh Eo an glaoch amach do phobail, cumainn agus grúpaí ar fud an chontae a bheith páirteach i bhfeachtas gníomhaíochta 5 sheachtain. Chláraigh breis is 25 grúpa leis an gComhpháirtíocht agus cuireadh tús leis an bhfeachtas go háitiúil le 5 Shiúlóid Operation Transformation i mBéal an Átha, Béal an Mhuirthead, Caisleán an Bharraigh, Clár Chlainne Mhuiris agus Cathair na Mart ar an 17ú Eanáir.



***Tarlaíonn mórchuid imeachtaí le linn na Seachtaine Rothaíochta 2015***

Ba sheachtain rathúil agus lán le spraoi í Seachtain Rothaíochta Mhaigh Eo le 19 imeacht áitiúil ag dul ó cheardlanna, go traenáil sa rothaíocht go cothabháil rothar agus éagsúlacht píosaí rothaíochta gearra don chlann i rith na seachtaine. Uair amháin eile d'eagraigh coiste stiúrtha Sheachtain Rothaíochta Mhaigh Eo seachtain aistear rothaíochta ag am lóin agus d'éirigh go breá leo agus chuidigh siad le feasacht a ardú faoi shábháilteacht ar rothair do pháistí agus do chlanna.

**MNÁ**

Bhailigh sluaite móra d'fhir, mná agus páistí i bpríomhbhaile an chontae don 6ú Mionmharatón na mBan Iarthar na hÉireann, urraithe ag Western People. Ba í Sonia Ó'Sullivan, buaiteoir bonn airgid sna hOilimpeacha an aoi speisialta ar an lá, le taobh Chathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo, An Comhairleoir Damian Ryan.

Bheadh sé le rá gurbh iad na páistí réaltaí an lae leis na sluaite díobh ag cur a n-ainmneacha isteach don 2ú ócáid Mhionmharatón. Ar an gcaoi céanna bhí roinnt meánscoileanna a ghlac páirt mar chuid dá dtionscnamh chun spórt agus gníomhaíocht choirp i measc cailíní sna déaga a chur chun cinn.

Le sé bliana anuas chuidigh an Mionmharatón – eagraithe ag an Western People agus Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo – le go maith os cionn €1.5 milliún a bhailiú le haghaidh carthanachtaí áitiúla agus arís eile bhí ionadaíocht mhaith ar son na scórtha dea-chúiseanna i láthair ar an Domhnach. I mbliana chríochnaigh gar do 2,000 rannpháirtí an cúrsa 10 km agus ghlac 400 eile páirt sa Mhion-Mhionócáid.

**DÉAGÓIRÍ**

**DÉAGA GNÍOMHACHA**

Reáchtáladh tionscnamh píolótach i mBealtaine 2015 le 4 mheánscoil, Coláiste Mhic Daibhéid, Caisleán an Bharraigh, Mount Naomh Michael, Clár Chlainne Mhuiris, Scoil an Chroí Rónaofa, Cathair na Mart agus Santa Maria, Cluain Carbán chun leibhéil ghníomhaíocht choirp i measc scoláirí 1ú agus 2ú bliain i meánscoileanna a mhéadú. Cuireadh traenáil ar fhoireann cheannairí sóisearacha gníomhaíochta i ngach scoil faoi bhealaí chun clár sa bhreis ar an gcuraclam don 1ú agus don 2ú blain nach mbeadh cur amach acu ar spórt ag aon leibhéal, a chur le chéile.

## CLÁR SHAOL SLÁINTIÚIL DARA BHLIAIN CHOLÁISTE MHIC DHÁIBHÉID



Reáchtáil Fóram Spóirt Chaisleán an Bharraigh Clár Saoil Shláintiúil an-rathúil don Dara Bhliain, i gcomhar le Coláiste Mhic Dháibéid, Caisleán an Bharraigh. An téama uileghabhálach a bhí ag an gclár ná Spórt vs. Drugaí agus Alcól. Reáchtáladh an Clár i Halla Spóirt Choláiste Mhic Dhaibhéid ar 29ú Eanáir agus bhí thart ar 100 scoláire dara bhliain i láthair.

## RANNPHÁIRTÍOCHT DAOINE FÁSTA



***Rannpháirtithe i Parkrun***

Ta an líon is mó Parkrun lasmuigh de Bhaile Átha Cliath i Maigh Eo anois le 4 shuíomh i mBéal an Átha, Caisleán an Bharraigh, Iorras agus Cathair na Mart agus is féidir eolas faoi gach ceann a fháil ar www.parkrun.ie. Tógtar na hamanna ag imeachtaí gach seachtain agus déantar torthaí a uaslódáil chuig an láithreán gréasáin Parkrun, áit ar féidir le reathaithe díograsacha sonraí a gcuid rití agus an dul chun cinn a fheiceáil. Tagann Parkrun Bhéal an Átha le chéile gach Satharn ar 9.30a.m ag FC Baile Bhéal an Átha, casann Parkrun Chaisleán an Bharraigh ar a chéile ag Cumann Leadóige Chaisleán an Bharraigh, Parkrun Iorrais ag Siúlóidí Cross Loop agus tagann grúpa Chathair na Mart le chéile ag carrchlós Shráid an Mhuillinn/Shráid Ard, agus tosaíonn na himeachtaí uile ag an am céanna. Fiú mura mbeadh barrachód agat tugann na heagraithe cuireadh do dhuine ar bith ar mhian leis/léi Parkrun a thriail, teacht ar maidin Dé Sathairn ag ceann ar bith de na hionaid thuas.

## "GOAL TO WORK" - CLÁR OILIÚNA DO CHÓITSEÁLAITHE SPÓIRT MHAIGH EO THIAR

Chríochnaigh grúpa chuardaitheoirí post as ceantar Mhaigh Eo Thiar sainchúrsa cóitseálaithe spóirt, 10 seachtain ar fad agus tá dóchas ann go gcuirfidh an cúrsa ar a gcumas fostaíocht a fháil. Chuir an Clár Oiliúna do Chóitseálaithe Spóirt, "Goal to Work", a bhíonn ar siúl trí lá na seachtaine, ar chumas na ndaoine faoi oiliúint a bheith ina gcóitseálaithe lánchdáilithe CLG, Rugbaí agus Sacair, agus rinneadh modúil bhreise spóirt freisin ar chosaint leanaí, garchabhair, feasacht mhíchumais, lúthchleasaíocht do pháistí óga, ceannaire gníomhaireacht choirp agus ceannaireacht ghníomhach. Chuir cóitseálaithe faoi oiliúint barr feabhais ar a gcuid scileanna trí mhórchuid imeachtaí pobail agus cóitseála sna bunscoileanna áitiúla a eagrú, rud a thug an deis do chuid mhór páistí bunscoile taithí a fháil ar rannpháirtíocht d'ardchaighdeán.

## POBAIL FAOI MHÍBHUNTÁISTE

## MOL SPÓIRT PHOBAL BHÉAL ÁTHA hAMHNAIS



*Saoráid Chleachtadh Cruicéid Maples*

Rinne Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo iarratas rathúil ar chistiú do Mhol Spóirt Phobail i mBéal Átha hAmhnais faoi thionscnamh cistithe na gCuntas Díomhaoin. Tá cuid shuntasach den chistiú ag dul chun saoráid chleachtadh cruicéid a fhorbairt i bhforbraíocht áineasa Maples ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. Leithdháileann an infheistíocht acmhainní, chomh maith, do chláir fhorbraíochta mar chóitseáil chruicéid, cláir shiúlóide, oiliúint do cheannairí óige, Men on the Move, Couch to 5K agus tionscnaimh ghníomhaíochtaí i ndiaidh scoile.

## TRAENÁIL / OIDEACHAS

## DÉANANN COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT MHAIGH EO CÚRSA NÁISIÚNTA TRAENÁLA AR MHÍCHUMAS A ÓSTÁIL



*Cúrsa Oiliúna ar Uilechuimsitheacht Míchumais*

Tháinig an Cúrsa Oiliúna nua ar Uilechuimsitheacht Míchumais (D.I.T.), a bhfuil aitheantas náisiúnta aige, go Maigh Eo ar an 18ú Aibreán 2015. Tá an cúrsa seo deartha le haghaidh réimse lucht féachana lena n-áirítear Boird Náisiúnta Rialaithe, Cóitseálaithe, Oibrithe Deonacha, Múinteoirí/Cúntóirí Riachtanas Speisialta, foireann riaracháin, Oifigí Fóillíochta, Pearsanta agus Spóirt. Is féidir go mbeadh fócas ar 'spórt ar leith' ag an gcúrsa, ag braith ar an éileamh. Ghlac 17 rannpháirtí páirt sa chúrsa a reáchtáladh i Halla Spóirt Choláiste Mhic Dáibhéid.

## FIR



***130 Fear as Béal an Átha, Bealach an Doirín agus Crois Mhaoilíona a bhí páirteach i gClár Náisiúnta Taighde***

Tá fir Mhaigh Eo ag mothú níos aclaí, breathnaíonn siad níos fearr agus baineann siad taitneamh as níos mó gníomhaíochta choirp mar thoradh ar an gclár gníomhaíochta 'Men on the Move'. Cuidíonn an clár spreagúil seo, atá anois mar chuid de chlár náisiúnta taighde faoi shláinte na bhfear, le fir a bheith níos gníomhaí go fisiciúil, a leibhéil aclaíochta a ardú, meáchan a chailliúint, níos mó fuinnimh a bheith acu agus feabhas a chur ar a sláinte agus folláine go ginearálta.

I bhFómhar 2015 bhí thart ar 300 fear as 10 gceantar i Maigh Eo ag glacadh páirte sa tionscnamh thar a bheith rathúil seo agus tá sé beartaithe go dtiocfaidh ceantair eile isteach ann sa ghearrthréimhse. Orthu sin tá Acaill, Béal Átha hAmhnais, Bealach an Doirín, Béal an Átha, Caisleán an Bharraigh, Baile Chathail, Crois Mhaoilíona, Clár Chlainne Mhuiris, Iorras, Béal Átha na Muice agus Cathair na Mart.

## DAOINE FAOI MHICHUMAS

## CAMPA SAMHRAIDH UILECHUIMSITHEACH



***Rannpháirtithe Champa Samhraidh***

Reáchtáladh an Campa Samhraidh Spóirt Uilechuimsitheach ó 29ú Meitheamh go 3ú Iúil sa Spórtlann, Caisleán an Bharraigh.

Tá an campa dírithe ar pháistí faoi mhíchumas, a muintir agus a gcairde. Chuimsigh an campa spóirt éagsúla agus bhí téama difriúil spóirt ann gach lá, chomh maith le neart cluichí le spraoi a bhaint astu, gnéithe scile, cothromaíochta agus comhordaithe sa champa. Bhí na rannpháirtithe in aois 5-15 agus san iomlán d'fhreastail breis is 20 páiste ar an gcampa.

## FORBAIRT CHUMANN

## SCÉIM SPEISIALTA UM DHEONTAS RANNPHÁIRTÍOCHTA



***Club Rámhaíochta Bhaile Chruaich***

Leithdháil Bord Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo €19,000 ar 39 cumann/eagraíocht i Maigh Eo trí dhá scéim deontas rannpháirtíochta speisialta na gComhpháirtíochtaí 2015. I mbliana tá cistiú déanta ag an scéim ar thionscnaimh lena n-áirítear cumann nua rothaíochta in Oileán Éadaí, forbairt nua de chumann ramhaíochta i mBaile Chruaich, sacar na mban i Greenway Aontaithe, Baile Uí Fhiacháin, campaí samhraidh phobail, cláir rannpháirtíochta i gcamógaíocht agus leadóg boird, tacaíocht le haghaidh rannpháirtíocht máistrí i gcispheil agus CLCG. Tugadh tacaíocht leis do chláir don lucht taistil agus do Chumann Chathaoireacha Rothaí na hÉireann.

# OIFIG NA GAEILGE

Féachann Oifig na Gaeilge le húsáid na Gaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn i gContae Mhaigh Eo agus tacaíonn sí le forbairt agus cur chun feidhme Bheartas Údarás Áitiúil Mhaigh Eo i leith na Gaeilge.

Is contae Gaeltachta í Maigh Eo ina bhfuil pobal labhartha na Gaeilge beo fuinniúil. Tá saibhreas mór mar a bhaineann le béaloideas, litríocht, ceol, suíomhanna stairiúla agus seandálaíochta sna réigiúin Gaeltachta, Iorras, Acaill agus Tuar Mhic Éadaigh, agus níos tábhachtaí fós is í an Ghaeilge atá á labhairt sna ceantair sin ar fad.

## LÁ MHAIGH EO

Rinne Oifig na Gaeilge de Chomhairle Contae Mhaigh Eo Lá Mhaigh Eo a cheiliúradh sa réigiún Gaeltachta de Thuar Mhic Éadaí do 2015, agus tugadh cuireadh do gach grúpa agus do dhaoine aonaracha, a bhfuil suim acu sa teanga agus i gcultúr na Gaeilge. Bhí an ócáid seo ann ar 2ú Bealtaine 2015 in Ósta agus Bialann Mháire Luke i Tuar Mhic Éadaí. D'éirigh go hiontach leis agus bhain gach a raibh i láthair an-taitneamh as an ócáid. Thug an ócáid seo an deis do ghrúpaí éagsúla agus do dhaoine aonaracha teacht le chéile ar ócáid neamhfhoirmiúil chun Gaeilge a labhairt agus le taitneamh a bhaint as an gcultúr. Cuireadh tús leis an ócáid le siúlóid i gcoillte Thuar Mhic Éadaí agus ansin bhí taispeántas ealaíon agus ceardaíochta ann agus leanadh le ceol agus amhráin ó cheoltóirí áitiúla ina dhiaidh sin.





***Lá Mhaigh Eo – Tuar Mhic Éadaí***

## ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA, 2003

Fad is a bhí feabhas á chur ar leibhéal na seirbhíse atá ar fáil trí Ghaeilge lean Comhairle Contae Mhaigh Eo ag cur Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, agus Scéim Teanga Chomhairle Contae Mhaigh Eo i bhfeidhm. Sheol an tUas. Joe McHugh T.D, Aire Stáit Gnóthaí Gaeltachta, scéim dara teanga Chomhairle Contae Mhaigh Eo, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, go hoifigiúil in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead ar an 3ú Nollaig, 2015. Fanfaidh an scéim i bhfeidhm go ceann trí bliana ón 21ú Meán Fómhair, 2015 nó go dtí go mbeidh scéim nua ceadaithe, pé acu is túisce a tharlaíonn.



***Seoladh Scéim Dara Teanga Chomhairle contae Mhaigh Eo***



***Seoladh Scéim Dara Teanga Chomhairle Contae Mhaigh Eo leis an Uas. Joe McHugh, Aire Stáit Gnóthaí Gaeltachta in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead***

**<u>SEACHTAIN NA GAEILGE 2015</u>**

Seoladh Seachtain Gaeilge Mhaigh Eo ar an 25ú Feabhra, 2015 in Óstán Welcome Inn, Caisleán an Bharraigh.

Seoladh an leabhrán eolais leis an liostú ar fad d'imeachtaí a bhí eagraithe do Sheachtain na Gaeilge i Maigh Eo. Ar na himeachtaí a eagraíodh ar fud an chontae bhí tráthnónta scéalaíochta, ceardlanna drámaíochta, Lón Gaeilge, etc.

**<u>GAELTACHT MHEIRICEÁ THUAIDH</u>**

Chuaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo i bpáirt an samhradh seo, le Cumann na Gaeltachta i gCeanada chun Tumsheachtain Gaeltachta a thairiscint ag Gaeltacht Mheiriceá Thuaidh i gceantair Tamworth/Erinsville in Ontario. Seo í an dara bhliain as a chéile a reáchtáladh an clár. Roghnaíodh tríur mhúinteoir as Maigh Eo i bpróiseas iomaíoch; Deirbhle Ní Dhubhghaill, Laura Ní Mháille, Síóna Ní Dhufaigh. Sa bhreis ar ranganna teanga agus ceardlanna cultúir a mhúineadh bhí na múinteoirí an-sásta cúnamh a thabhairt do dhaoine aonaracha chun teanga na Gaeilge a úsáid lasmuigh den seomra ranga.

**<u>RANGANNA GAEILGE</u>**

Cuireadh Ranganna Gaeilge ar fáil d'fhoireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo i mí Dheireadh Fómhair 2015. Bhí na Ranganna Gaeilge ar fáil ag leibhéil éagsúla ó Chúrsaí Ullmhúcháin go Teastais sa Ghaeilge Ghairmiúil ó leibhéal 3 go leibhéal 6. Chuir Foireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo an-suim sna Ranganna Gaeilge.

D’fhreastail daichead a cúig ball foirne ar leibhéil éagsúla agus bronnfar a gcuid teastas orthu ar críochnú dóibh in 2016. Féachann an Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil leis an mhuinín agus na scileanna teanga atá ag teastáil a thabhairt do rannpháirtithe chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal trí Ghaeilge i gcomhthéacs a gcuid oibre agus an teanga a úsáid chomh maith ar ócáidí sóisialta.

**LÓN GAEILGE**

Lean Oifig na Gaeilge ar aghaidh ag cruthú agus ag cur deiseanna chun cinn do dhaoine chun bualadh le chéile agus Gaeilge a labhairt ar mhaithe le líonra Cainteoirí Gaeilge a fhorbairt ar fud an chontae. Leanann sraith ‘Lónta Gaeilge’ i gCaisleán an Bharraigh, Baile an Róba, Coillte Mach, Both Chomhla, Béal an Átha, agus Cathair na Mart. Tá éirithe go han-mhaith leis na lónta cainteoirí dúchais, foghlaimeoirí na teanga, agus iad sin nach labhraíonn an teanga ach go hannamh teacht agus an ‘cúpla focal’ a úsáid i gcomhluadar neamhfhoirmiúil gan strus.

## PLEANÁIL & FORBAIRT GHEILLEAGRACH

Ó thosaigh an cor chun donais geilleagrach, b'éigean don Earnáil Phleanála & Forbartha Geilleagraí oiriúnú agus freagairt do na choinníollacha aithreacha geilleagracha atá i réim sa Chontae.

Tá sé an-soiléir go bhfuil an bhéim laistigh den Roinn tar éis athrú go drámatúil ón bhfeidhm Rialachán Pleanála (ag próiseáil iarratas pleanála) go Forbairt Gheilleagrach agus go cúnamh a thabhairt don fhorbairt ar fud gach baile sa chontae, trí bheith ag obair go dlúth le forbróirí, glacadóirí agus leachtaitheoirí agus trí chláir oibre a aontú chun críochnú sásúil ar eastáit a chinntiú trí thaiscí in airgead tirim a bhí coinnithe mar urrús, a scaoileadh.

Chinntigh an scaoileadh airgid seo ar ais isteach sa gheilleagar ag am nuair nárbh fhéidir le forbróirí maoiniú a fháil ó na bainc, go raibh go leor forbróirí in ann leanacht ag cur fostaíochta ar fáil ina gceantair áitiúla, agus ag an am céanna in ann na heastáit a thabhairt aníos go caighdeán sásúil chun gur féidir leis an gComhairle iad a thógáil ar láimh.

Ar mhaithe leis an athrú béime seo a bhainistiú agus a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as na taiscí airgid atá á scaoileadh chun leasa is fearr áitritheoirí na n-eastát agus chun sástachta na Comhairle, cuireadh foireann fhorfheidhmithe, ar a bhfuil duine déag de na príomhbhaill foirne leis an saineolas cuí, le chéile, in 2013. Lean an fhoireann sin ag obair le chéile ar feadh 2014 agus isteach in 2015. Tagann an fhoireann ón Earnáil Fhorbartha, an Earnáil Fhorfheidhmithe agus Foireann Innealtóireachta Shinsearach as na Ceantair Bhardasacha.

### GLACADH AR LÁIMH

Is féidir rathúlacht na foirne seo a thomhais tríd an bhfíoras ná ó bunaíodh é go bhfuil 168 eastát tógtha ar láimh ag an gComhairle. Tá feabhas curtha aige sin ar chaighdeán na n-eastát tithíochta ar fud an chontae le feabhas dá réir curtha ar chomhshaol áitiúil go leor leor áitritheoirí. Chuir sé deireadh, ina theannta sin, le go leor baol sláinte agus sábháilte ar shuíomhanna, trí laghdú a chur ar líon na n-eastát nach bhfuil críochnaithe.

### EASTÁIT NEAMHCHRÍOCHNAITHE

Ta dul chun cinn suntasach déanta ar liosta na 'Eastáit Neamhchríochnaithe' ó cuireadh tús leis in 2010. Tá líon na n-eastát neamhchríochnaithe a bhí ag 129 i dtús ama laghdaithe anois go hiomlán 29 faoi láthair. Is ionainn sin agus laghdú 14 sa bhliain atá caite. De na 29 eastát atá fágtha tá obair tosaithe ar roinnt mhaith eastát agus beidh sin le feiceáil i dtorthaí suirbhé 2015, nuair atáthar ag súil go mbeidh laghdú suntasach eile le feiceáil.

### CISTE SPEISIALTA RÉITIGH

I mBuiséad 2013 cuireadh 'Ciste Speisialta Réitigh' de €10m ar bun le leithdháileadh ar líon teoranta den 1,258 eastát neamhchríochnaithe sa tír. Iarradh iarratais ó údaráis áitiúla agus níor leithdháil An Roinn Comhshaoil an ciste sin ach ar 86 eastát ar fud na tíre.

D'éirigh le Comhairle Contae Mhaigh Eo san iarratas i leith ceithre eastát agus i ngach cás leithdháileadh an cistiú a bhí iarrtha.

Tá na heastáit a fuair cistiú sa tábla thíos:

| Forbairt | Ceantar | Cistiú Iarrtha | Moladh |
|---|---|---|---|
| Sráidbhaile Bhreaclach Bhuí | Béal Átha hAmhnais | €84,559.30 | €84,559.30 |
| Barley Hill Court | Both Chomhla | €75,328 | €75,328 |
| Highland Park | Cill Cheallaigh | €45,400 | €45,400 |
| Sráidbhaile an Eanaigh | An Leathardán | €40,440 | €40,440 |

Tá sé foras a fheiceáil mar ar éirigh linn maoiniú a fháil faoin gCiste Speisialta Réitigh agus tharla sin go díreach mar thoradh ar fhigiúirí/meastacháin agus iad "réidh go hiomlán" a bheith leis an iarratas maoinithe, chomh luath agus bhí an scéim faoi shiúl. Tá na hoibreacha críochnaithe le linn 2014 agus luath in 2015 ar na 4 eastát ar fad agus tá sé i gceist go dtógfar ar láimh iad go luath.

**IARRATAIS FHOIRMIÚLA RÉAMHPHLEANÁLA**

In 2014 bhí ardú 8% ar fhigiúirí 2013 i líon na n-iarratas pleanála a fuarthas agus ag an am céanna bhí laghdú 35% ar líon na n-iarratas ar shíneadh ama (i.e. sa chás nach féidir le hiarrthóirí forbairtí a chríochnú mar nach bhfuil ar a gcumas maoiniú a fháil chun forbairtí, a bhfuil ceadanna pleanála ina dtaobh faighte cheana, a thosú nó a chríochnú).Lean an treocht sin isteach in 2015, le méadú eile de 18% ar fhigiúirí 2014, ar líon na n-iarratas faighte, agus breis laghdaithe de 67.6% ar líon na n-iarratas ar shíneadh ama.

Tá fáilte mhór roimh an treocht sin agus léiríonn sé, fiú tar éis do na Comhairlí Baile a bheith cónasctha leis an gComhairle Contae i Meitheamh 2014, go bhfuil ardú dáiríre ag teacht ar an bhforbairt laistigh den chontae.

**IARRATAIS FHOIRMIÚLA RÉAMHPHLEANÁLA**

Mar thoradh ar an gcúlú tá leisce ar dhaoine ceangal a chur orthu féin faoi iarratas pleanála gan méid áirithe cinnteachta a bheith ann faoin toradh ar deireadh. Mar fhreagra ar sin tá béim níos mó curtha ag an oifig phleanála ar an bpróiseas foirmiúil réamhphleanála. Seirbhís saor in aisce í seo agus tá méadú ag teacht ar an suim atá á cur ann. Fuaireamar 104 iarratas scríofa dá leithéid in 2014 agus tá méadú suntasach tagtha ar an bhfigiúr sin go 170 cheana féin in 2015 (Deireadh Fómhair). Tá mórchuid acmhainní leithdháilte don phróiseas seo ar mhaithe le hiarrthóirí a threorú trí eisíocaíochtaí ar féidir leo a bheith ar chuid díobh sin is suntasaí agus is costasaí a bheidh acu ina saol. Trí chomhairle dá leithéid a chur ar fáil, saor in aisce don phobal, is féidir go seachnófaí díomá costasach níos faide anonn.

**CLINICÍ PLEANÁLA SIÚL ISTEACH**

Tá Clinicí Pleanála Siúl Isteach á reáchtáil fós gach maidin Céadaoine ag seacht Oifig Cheantair na Comhairle. Déantar na clinicí a riaradh ar bhonn tús freastail ar an duine is túisce a thagann, agus tá deireadh curtha le tréimhsí feithimh le haghaidh comhairliúcháin le pleanálaithe. Laghdaíonn siad leis líon na bhfiosrúchán teileafóin agus scríofa a fhaigheann an Oifig Phleanála os rud é go bhfuil na pleanálaithe ar fáil le haghaidh comhairliúchán leis an bpobal ar bhonn seachtainiúil.

**RÍOMHAIRIÚ**

Tá infheistíocht shubstaintiúil déanta i T.F. le linn na cúig bliana seo caite. Is féidir aighneachtaí ar phleanáil a dhéanamh ar líne anois, 24 uair an lae, 7 lá na seachtaine agus tá roinnt gníomhairí pleanála ann atá ag cur isteach iarratais Phleanála ar líne, agus sa chaoi sin ag laghdú méid an pháipéarachais agus ag cur deireadh leis an ngá le cuairt a thabhairt ar an Oifig Phleanála. Tá an fhoireann oilte chun iarratais, aighneachtaí agus atreoruithe ar líne a bhainistiú. Déantar scanadh ar Iarratais Phleanála agus is féidir iad a fheiceáil i ngach Oifig Cheantair agus ar an idirlíon am ar bith. Tá ríomhairiú déanta ar an gClárleabhar Pleanála agus rinneadh Mapaí an tSean-Chlárleabhar a dhigitiú le linn 2013/2014.

**PLEANÁIL CHUN CINN**

Ó thús 2014 agus anonn trí 2015 tá an Earnáil Phleanála Chun Cinn tar éis tabhairt faoi réimse tionscadal mar a bhaineann le pleanáil úsáide talún agus beartú polasaí, an dá cheann i gcomhlíonadh oibleagáidí reachtúla na Comhairle, chomh maith le tionscadail neamhreachtúla, an aidhm fhoriomlán a bhaineann leo ná le tacú le pleanáil cheart agus le forbairt inbhuanaitheach ar fud an chontae agus í a éascú. Bhain cuid shuntasach den obair idir lámha le linn 2014 agus isteach in 2015 le críoch a chur ar Phlean Forbartha an Chontae nua don tréimhse 2014-2020 agus leis na hathruithe ar an bplean a lean ina dhiaidh sin.

Tá Measúnacht Chomhshaoil a theastaíonn don phlean thuas agus do thionscadail eile, i.e. Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnacht Oiriúnachta mar chuid lárnach anois d'ualach oibre na Pleanála Chun Cinn. Tá Oifigeach SEA tiomnaithe suite anois in Earnáil na Pleanála Chun Cinn. Cuirtear tograí Cuid 8 agus iarratais phleanála a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ghréasán Natura 2000 chuig an Oifigeach SEA le haghaidh measúnachta agus tuairiscithe.

**PLEANANNA FORBARTHA REACHTÚLA**

**PLEAN FORBARTHA CHONTAE MHAIGH EO 2014-2020**

I ndiaidh d'athruithe ábhartha ar Dhréachtphlean Forbartha Chontae Mhaigh Eo a bheith foilsithe ghlac an Chomhairle le Plean Forbartha Contae nua in Aibreán 2014 agus tháinig sé i bhfeidhm i mBealtaine 2014. Den chéad uair chuimsigh sé pleananna aonaracha agus criosú mionsonrach úsáide talún le haghaidh aon bhaile déag, nach raibh criosú déanta i gcúig bhaile díobh roimhe seo.

**ATHRÚ UIMH. 1 AR PHLEAN FORBARTHA CONTAE CHONTAE MHAIGH EO 2014-2020**

I ndiaidh d'Athrú Molta Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2014-2020 a bheith foilsithe i Lúnasa 2014 agus athruithe ábhartha ar an bplean a lean, ghlac baill na Comhairle le hAthrú Uimh. 1 in Iúil 2015.
An aidhm a bhí leis an Athrú ná lena chinntiú go gcloíonn Plean Forbartha Chontae Mhaigh Eo le Treoir Chomhshaoil an A.E. agus le Treoirlínte an Aire ar Thithíocht Inbhuanaithe Tuaithe, Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta.

**TUARASCÁLACHA AGUS AIGHNEACHTAÍ FOIRMIÚLA**

Sa bhreis ar an obair reachtúil a bhain leis an bPlean Forbartha Contae cuireadh tuarascálacha agus aighneachtaí foirmiúla faoi bhráid eagraíochtaí eile maidir le beartú straitéiseach polasaí ag leibhéil an chontae agus an réigiúin ar nós:

- Aighneacht chuig Comhdháil na Teorann, Lár Tíre & an Iarthair (BMW) faoin Dréachtchlár Oibriúcháin Réigiúnaigh BMW 2014-2020 (an tríú Clár Oibriúcháin Réigiúnaigh (ROP) don réigiún atá á thacú faoi Pholasaí Comhtháthaithe an AE).
- Aighneacht chuig Pobal & Fiontraíocht Mhaigh Eo faoi Dhréachtphlean Áitiúil Geilleagair agus Pobail Mhaigh Eo.
- Aighneacht chuig Comhairle Contae na Gaillimhe faoi Athruithe Ábhartha Molta ar Dhréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 – 2021.
- Suirbhé Infhaighteacht Thalamh Cónaithe 2014 chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
- Tuarascálacha agus nuashonruithe ar bhonn rialta chuig an RPS Pleanála, Comhshaoil agus Talmhaíochta.

**STAIDÉAR FAOI BHAILTE BEAGA**

Tosaíodh ar an obair ullmhúcháin le modh oibre a cheapadh chun measúnú a dhéanamh ar bhailte beaga a aithnítear sa Straitéis Lonnaíochta, ag tógáil ar an obair a tugadh fúithi faoin gClár Todhchaí Pobal leis an sprioc foriomlán le céimeanna tosaíochta a aithint a chuirfidh le hinbhuanaitheacht na mbailte. Tá an obair shuirbhéireachta thosaigh ar siúl i mbaile Chrois Mhaoilíona.

**PLEANÁIL & FORBAIRT**

Ó cuireadh deireadh leis na Comhairlí Baile ar an 1ú Meitheamh, 2014, ní mór do gach forbairt údaraithe, neamh-díolmhaithe, laistigh de Chontae Mhaigh Eo (lena n-áirítear Ceantair Chomhairlí Baile roimhe seo) cead pleanála a fháil trí iarratas pleanála a chur faoi bhráid oifig phleanála Chomhairle Contae Mhaigh Eo i gCaisleán an Bharraigh.

Ba í 2015 an chéad bhliain iomlán ina raibh na hiarratais ar fad sa chontae le próiseáil go lárnach i gCaisleán an Bharraigh. Dá bharr sin fuarthas 110 iarratas ó cheantair Chomhairlí Baile, an iarratais tráchtála a bhformhór ó cheantair uirbeacha Bhéal an Átha, Chaisleán an Bharraigh agus Chathair na Mart. Ba í 2015 an chéad bhliain leis ó 2006 ar tháinig ardú ar líon na n-iarratas a fuarthas. Bhí ardú 10% ar líon na n-iarratas a fuarthas ó na ceantair Chomhairlí Baile roimhe seo agus ardú 10.5% ar líon na n-iarratas a fuarthas ón gcuid eile den chontae.
Taispeánann an tábla thíos líon na n-iarratas a fuarthas ó 2006 go 2015.


| Year Received | No. Planning Applications | No. of Extension of Duration App.'s | Total |
|---|---|---|---|
| 2006 | 4,228 | 38 | 4,266 |
| 2007 | 3,702 | 40 | 3,742 |
| 2008 | 2,386 | 48 | 2,434 |
| 2009 | 1,500 | 52 | 1,552 |
| 2010 | 1,303 | 134 | 1,437 |
| 2011 | 946 | 299 | 1,245 |
| 2012 | 779 | 396 | 1,175 |
| 2013 | 744 | 366 | 1,110 |
| 2014 | 731 | 229 | 960 |
| 2015 | 871 | 128 | 999 |

2006-2015

Bliain Faighte Líon Iarratas Pleanála Líon Iarratas ar Shíneadh Iomlán

Tá an t-eolas seo níos suimiúla nuair a fhéachtar air sa ghraif thíos mar go taispeánann sé na figiúirí pleanála agus iad céim ar chéim leis an gcúlú. Taispeánann sé líon na n-iarratas pleanála faighte ag titim don chéad uair i 2007 agus 2008, ag léiriú thús an chúlaithe, sular tugadh faoi

deara é in áiteanna sa gheilleagar in 2009. Tá na deacrachtaí sa gheilleagar léirithe go grafach i líon na n-iarratas ar shíneadh ama ag dul in airde de réir mar a bhí an cúlú ag doimhniú le linn 2010 go 2013, nuair nach raibh ar chumas iarrthóirí airgeadú a fháil chun forbairtí, a raibh cead pleanála faighte ina dtaobh cheana, a thosú nó a chríochnú.




IARRATAIS PHLEANÁLA SÍNTÍ AMA IOMLÁN

Tá na chéad chomharthaí téarnaimh sa gheilleagar le feiceáil go soiléir arís sna figiúirí do 2015 nuair a chuaigh líon na n-iarratas ar chead pleanála in airde don chéad uair ó 2006. Cé gur ardú beag atá ann tá sé suntasach. Tá ardú foriomlán de 140 ann, ó 731 go 871 atá ag teacht ó 110 iarratas breise ó na Ceantair Chomhairlí Baile roimhe seo (i.e. ceantair uirbeacha níos mó) agus sin ardú 10 ar an mbliain roimhe sin do na ceantair sin, agus fuarthas 30 iarratas breise ó na bailte beaga agus ó cheantair thuaithe an chontae. Dá bhrí sin is táscaire maith iad na figiúirí pleanála faoi shláinte an gheilleagair go ginearálta, os rud é go léiríonn líon na n-iarratas nua agus na n-iarratas ar Shíneadh Ama an fháil atá ar airgeadú sa gheilleagar agus sa chontae.

**FORBAIRTÍ TITHÍOCHTA NEAMHCHRÍOCHNAITHE**

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar liosta na "eastáit neamhchríochnaithe" ón uair a tosaíodh in 2010 é. Tá an líon iomlán a bhí ann ar dtús - 129 eastát - á laghdú go seasta bliain i ndiaidh bliana agus níl ach 13 eastát fanta ar an liosta ag deireadh 2015. Tá an obair ag leanacht ar aghaidh ar na heastáit sin agus tá súil go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn le linn 2016.

**BAILTE & SRÁIDBHAILTE**

Tosaíodh ar an obair ullmhúcháin le modh oibre a cheapadh chun measúnú a dhéanamh ar bhailte níos lú agus sráidbhailte a aithnítear i bPlean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2014-2020 ar mhaithe le straitéisí inbhuanaithe a réiteach do na lonnaíochtaí sin. Tá sé i gceist leis tógáil ar obair atá idir lámha cheana i gcuid mhaith de na lonnaíochtaí ag an earnáil Forbartha Comhtháite Pobail faoin gClár Todhchaí Pobal. Cuideoidh sé seo le réiteach Pleananna Ceantar do na

lonnaíochtaí beaga sin. Tá an obair shuirbhéireachta thosaigh ar siúl i mbaile Crois Mhaoilíona a bheidh mar phíolóta don chur chuige nua seo chun Pleananna Ceantar a réiteach.

**STAIDÉAR ATHGHINTE BHÉAL ÁTHA NA MUICE**

Tugadh faoi Staidéar Athghinte Bhéal Átha na Muice thar thréimhse dhá mhí i gcomhar le hearnáil Ailtireachta Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Dhírigh an staidéar ar chroícheantar Bhéal Átha na Muice mar chás trialach i leith athbheochan bhaile tuaithe. Chuimsigh torthaí an staidéir:

- gach ceapach folamh nó gan úsáid agus/nó urláir fhoirgneamh ar an talamh agus ar leibhéil níos airde ar fud ceantar an staidéir a aithint, le clár réadmhaoine folamh a réiteach.
- cúig phríomhshuíomh a aithint laistigh den cheantar staidéir a bhfuil d'acmhainneacht iontu tithe sóisialta, tithe do lucht scoir nó deiseanna tráchtála inlíonta a fhorbairt iontu.
- trí fhoirgneamh suntasacha a aithint a bhfuil an acmhainn iontu go bhféadfaí iad a athchóiriú nó iad a fháil don phobal.
- Lána Pond a aithint mar cheantar féideartha ina d'fheilfeadh scéim dreasachta cánach.

**ATHBHREITHNIÚ AR AN STRAITÉIS FUINNIMH INATHNUAITE DO CHONTAE MHAIGH EO 2011 – 2020**

Ghlac Comhairle Contae Mhaigh Eo le Straitéis Fhuinnimh In-athnuaite (SFI) do Chontae Mhaigh Eo ar 9ú Bealtaine 2011.

Leagann an straitéis amach conair le cur ar chumas Chontae Mhaigh Eo a chuid a dhéanamh chun spriocanna náisiúnta fuinnimh in-athnuaite, atá ina gceangal de réir dlí, a shásamh, agus leagann sé amach deiseanna do dhaoine aonaracha, do phobail agus do ghnólachtaí chun fuinneamh in-athnuaite a shrianadh ar bhealach inbhuanaithe agus le cuidiú le hathrú aeráide a throid. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an SFI go déanach in 2015 chun forbairtí níos úrnua ag an leibhéal náisiúnta, agus treochtaí i dteicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite atá ag teacht chun cinn ó ghlacadh leis in 2011, a chur san áireamh.

**POLASAÍ ÁITIÚIL AGUS RÉIGIÚNACH**

Bhí sé mar chuidiú chun polasaí straitéiseach a cheapadh ag na leibhéil chontae, réigiúin agus fho-réigiúin gur cuireadh tuarascálacha agus aighneachtaí foirmiúla faoi bhráid eagraíochtaí eile, lena n-áirítear An Chomhdháil TLTI, Pobal & Fiontraíocht Mhaigh Eo agus Comhairle Contae na Gaillimhe.

## COMHSHAOL

Tá an cúram leagtha ar an Earnáil Comhshaoil as an reachtaíocht comhshaoil a fhorfheidhmiú, as treoir agus rialacháin an A.E a chur i bhfeidhm, as polasaithe náisiúnta agus réigiúnacha agus as ardú feasachta/oideachais faoi shaincheisteanna comhshaoil sa phobal i gcoitinne.

Tá feidhm an Chomhshaoil ann leis an bhfís d'fhorbairt inbhuanaithe, fhisiciúil agus gheilleagrach a éascú. Cothaíonn agus éascaíonn comhshaol d'ardchaighdeán forbairt i go leor earnálacha de gheilleagar an Chontae, lena n-áirítear turasóireacht, táirgeadh bia agus infheistíocht dhíreach eachtrach, go háirithe sna hearnálacha chúram sláinte. Cuidíonn earnáil an chomhshaoil ina leith seo trína ról maoirseachtaí agus tuairisce, ag cinntiú go gcoinnítear leis na caighdeáin is airde agus trí íomhá dhearfach de chomhshaol an chontae agus folláine shóisialta a thógáil fad a bhíonn an comhshaol á chosaint.

### COISTE POLASAÍ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL

Cuimsíonn an coiste seo baill thofa agus baill den phobal gnó agus feirmeoireachta. Déanann an coiste maoirseacht ar fhorbairt agus cur chun feidhme polasaí don fheidhm comhshaoil.

Tháinig an Coiste le chéile faoi thrí in 2015 agus inter alia pléadh:

- Plean Bainistíochta Bruscair
- Plean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola
- Íoc de réir Meáchain
- Straitéis Athrú Aeráide
- An Chreat-Treoir Uisce
- Athrú ar an bPlean Forbartha
- Treoirlínte Pleanála don Phlean Ceantair Bhardasaigh
- An tAcht Athghinte Uirbí, Tobhach Láithreán folamh

### FEASACHT CHOMHSHAOIL

Is cuid lárnach d'obair na Roinne Comhshaoil i gComhairle Contae Mhaigh Eo feasacht a ardú faoi chosaint chomhshaol Mhaigh Eo agus an pobal a chumasú chun freagracht a ghlacadh as an gcomhshaol. Tá feasacht comhshaoil ag díriú ar gach cuid den phobal – páistí scoile, ógánaigh, sealbhóirí tí, gnónna agus grúpaí pobail.

### CLÁR FEASACHTA COMHSHAOIL SCOILEANNA AGUS DAOINE ÓGA

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ag leanacht ag ardú feasachta i dtaobh na saincheisteanna - bruscar, dramhaíl, athchúrsáil, múiríniú, sábháil fuinnimh agus uisce - sna réamhscoileanna, bunscoileanna, meánscoileanna agus le grúpaí óige agus gasóga.

Reáchtáladh mórchuid clár scoilbhunaithe in 2015 lena n-áirítear feidhmiú céimneach ar cheardlanna "Ná fág Rian" chuig 26 bunscoil agus Clár Comhshaoil don Óige ECO UNESCO. Lean Comhairle Contae Mhaigh Eo ag tairiscint ceardlanna ar chosaint uisce, bainistiú dramhaíola agus bruscair, múiríniú agus caomhnú fuinnimh agus iad uile leis an aidhm ar leith le feasacht a ardú faoi shaincheisteanna comhshaoil i measc daoine óga. Sa samhradh 2015 reáchtáladh ócáid san Ionad Acmhainne Clainne Le Chéile, Caisleán an Bharraigh ina raibh páistí réamhscoile agus a gcuid tuismitheoirí ag ceardlann 'Greener Cleaning' (Glanadh Níos Glaise). Tríd an gceardlann seo cuireadh ar eolas do thuismitheoirí conas a gcuid tithe a ghlanadh gan ceimicí a úsáid. Reáchtáladh cláir, chomh maith, faoi bhruscar le grúpaí óige i gConga agus Baile Cathail.

Reáchtáladh cláir, leis, le haghaidh Beabhar Choillte Mach agus Macaomh Chaisleán an Bharraigh.



*'Nature is sad when litter is bad'*
*Clár Scoile 'Ná Fág Rian'*



*Ceardlann 'Glanadh níos Glaise' i Le Chéile, Caisleán an Bharraigh*

<u>**SCÉIM BUIDÉAL DÍ IN-ATHÚSÁIDE**</u>

I Meán Fómhair 2015 tairgeadh buidéal dí in-athúsáide do gach scoláire sa chéad bhliain i Meánscoileanna Mhaigh Eo. An aidhm a bhí leis an bhfeachtas ná le spreagadh a thabhairt chun iompú ó bheith ag baint úsáide as buidéil dí aon uaire i meánscoileanna.



## CLÁR NA SCOILEANNA GLASA





*Páistí as Scoil Náisiúnta N. Seosamh, Killaser agus an Tríú Brat Glas á fháil acu*

Is clár idirnáisiúnta é Clár na Scoileanna Glasa chun gníomhaíocht uile-scoile ar son an chomhshaoil a spreagadh agus a aithint. Reáchtáiltear an clár seo i gcomhoibriú le Rialtais Áitiúla ar fud na hÉireann agus tá sé á bhainistiú ag An Taisce – Iontaobhas Náisiúnta na hÉireann. Tugann Scoileanna Glasa bealach dea-shainithe, inrialaithe do scoileanna chun saincheisteanna comhshaoil a thógáil ón gcuraclam agus iad a chur in úsáid i saol na scoile ó lá go lá. Cuidíonn an próiseas leis na scoláirí an tábhacht a bhaineann le cúrsaí comhshaoil a aithint. Is clár agus scéim gradam araon é Scoileanna Glasa. Bronntar an gradam ar scoileanna a chríochnaíonn seacht gcéim den chlár agus tá sé le hathnuachan gach dara bliain. Go dáta, i Maigh Eo tá 185 scoil cláraithe do Chlár na Scoileanna Glasa agus astu sin tá stádas an Bhrait Ghlais bronnta ar 156 scoil. Reáchtáil Comhairle Contae Mhaigh Eo sé sheimineár Scoileanna Glasa do mhúinteoirí i Meán Fómhair 2015 agus d'fhreastail múinteoirí orthu as go leor páirteanna den Chontae.

## PLEAN SIAN – LAGHDAIGH DRAMHAÍL BIA TRÍ PHLEANÁIL BÉILÍ

Chun ceangal isteach le feidhmiú céimneach leanta sheirbhís na nAraidí Donna i gContae Mhaigh Eo reáchtáladh roinnt imeachtaí chun laghdú ar dramhaíl bia i líonta tí a chur chun cinn. I Feabhra 2015 reáchtáladh dhá ócáid dá leithéid i mBéal an Mhuirthead agus i gCaisleán an Bharraigh. Tugadh cuireadh do shaineolaí pleanála béilí Sian Breslin chun ceardlanna a reáchtáil sa dá bhaile agus thug na pobail áitiúla tacaíocht láidir don dá ócáid. Rinne Bailte Slachtmhara Conga agus Baintreach na Tuaithe Chaisleán an Bharraigh óstáil ar ócáid feasachta 'Stop le Dramhaíl Bia' don dá phobal i gcomhpháirt le Comhairle Contae Mhaigh Eo.




***Sian Breslin, Saineolaí i bPleanáil Béilí le baill de Choiste Bhailte Slachtmhara Bhéal an Mhuirthead agus Sharon Cameron, Oifigeach Feasachta Comhshaoil ag an ócáid 'Laghdaigh Dramhaíl Bia le Pleanáil Béilí' i mBéal an Mhuirthead.***



**FEASACHT COMHSHAOIL SAN ÁIT OIBRE**

IN 2015, reáchtáladh ócáidí in Allergan Pharmaceuticals agus in Ionad Lae N. Colmáin in Acaill. An aidhm a bhí leis na himeachtaí ná leis an teachtaireacht feasachta comhshaoil a thabhairt isteach go díreach in ionaid oibre na ndaoine.




**ATHCHÚRSÁIL SAOR IN AISCE AR EARRAÍ LEICTREACHA DO LÍONTA TÍ**

Le linn 2015 reáchtáil WEEE Éire, le tacaíocht ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo, ócáidí athchúrsála ar earraí leictreacha saor in aisce ag 25 láthair. Is cuid iad seo de scéim fhoriomlán athchúrsála earraí leictreacha agus cadhnraí ina n-áirítear an clár 'Geall WEEE Scoileanna'.



***Bhuaigh Meánscoil Mhuire i mBéal an Átha gradam náisiúnta as cadhnraí caite a bhailiú le haghaidh Athchúrsála***

## FEASACHT FAOI SHALÚ MADRAÍ

Tá an Oifigeach Feasachta Comhshaoil tiomanta d'fheasacht a ardú faoin bhfadhb faoi shalú madraí. Socraíodh Cuaillí Solais Cainteacha le linn mhíonna an tsamhraidh le tacaíocht Choistí na mBailte Slachtmhara agus bhí lá amuigh ag 'Coco' Sonóg Salaithe na Madraí le Comhairle Contae Mhaigh Eo, ag Féte Gairdín Bliantúil Bhaile Slachtmhar Chrois Mhaoilíona.






## BAILTE SLACHTMHARA

Tugtar tacaíocht do Choistí Bhailte Slachtmhara ar bhonn leanúnach go háirithe leis na catagóir 'Is Néata' agus 'Rialú Bruscair' agus 'Dramhaíl Inbhuanaithe' agus 'Bainistiú Acmhainní'.

**FEASACHT COMHSHAOIL GNÓ**

In Iúil 2015 reáchtáil Comhairle Contae Mhaigh Eo, i gcomhpháirt le Comhlachas Tráchtála Bhéal an Átha seimineár 'Fáilteachais Glas'. Reáchtáladh seimineár eile don phobal gnó níos leithne i gCaisleán an Bharraigh i Meán Fómhair 2015 le béim ar éifeachtúlacht Acmhainní sna réimsí dramhaíola, uisce agus fuinnimh.





**FEACHTAIS RAIDIÓ**

IN 2015 chuaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo uair amháin eile i bpáirt le raidió i102 agus raidió Midwest chun sraith teachtaireachtaí frith-bhruscar agus frith-dhramhaíl a chraoladh. Tá an-mheas i gcónaí ar an sliotán míosúil comhshaoil ar Sheó Tommy Marren ar Raidió Midwest agus tugtar cuireadh do bhaill an phobail a gcuid ceisteanna a sheoladh isteach don bhabhta 'mearcheisteanna' ag deireadh gach sliotáin.

**DÁILEADH FAISNÉISE**

- Bileoga faisnéise comhshaoil forbartha agus dáilte
- Seoladh ríomhphoist thiomanta le haghaidh clamhsán agus ceisteanna

- Sliotán míosúil comhshaoil ar raidió Midwest ag seachadadh theachtaireacht an chomhshaoil.
- Agallaimh faoin gcomhshaol ar Radio Phobal Chaisleán an Bharraigh, Clár Chlainne Mhuiris agus Iorrais.

- Tugtar faisnéis ar shuíomhanna gréasáin agus leathanach Facebook Chomhshaol na Comhairle cothrom le dáta go rialta. Preaseisiúintí agus fógraí.

## GLANTACHÁN NÁISIÚNTA EARRAIGH



***An pobal i gConga agus iad i mbun ghlanadh bruscair mar chuid de Ghlantachán Náisiúnta an Earraigh***

Is é Glantachán Náisiúnta Earraigh an Taisce an feachtas frith-bhruscair is mó in Éirinn. Spreagann sé daoine as gach cúlra le bród a bheith acu as a gcomhshaol áitiúil agus le dul i mbun gnímh in aghaidh bruscair. Ritheann an feachtas ar feadh mhí Aibreáin ar fad agus bíonn sé ar braith go mór ar an tacaíocht iontach ó dhaoine deonacha ar fud na tíre. Tugadh cuireadh do gach scoil agus grúpa pobail páirt a ghlacadh sa Ghlantachán Náisiúnta Earraigh agus eisíodh málaí, miotóga agus maidí pioctha chuig gach grúpa a chláraigh mar chuidiú dóibh chun an glanadh a dhéanamh.

## CEARDLANN ATHÚSÁIDE

I mí Iúil 2015, chuaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo i bpáirt le Gréasán Athúsáid Pobal (Community Reuse Network) agus pobail Chill Mobhí agus Cill Mheáin chun Ceardlanna Athúsáide a reáchtáil – dhírigh na ceardlanna seo ar uaschúrsú a dhéanamh ar sheantroscáin agus ar bhunscileanna obair shnáthaide a mhúineadh do pháistí.






## RIARADH AGUS CUR I bhFEIDHM SCÉIMEANNA DEONTAS

## DEONTAIS FHRITH-BHRUSCAIR AGUS FHRITH-GHRAIFÍTÍ

Tá an scéim deontais seo dírithe ar eagraíochtaí atá ag pleanáil tionscadail chun díriú ar chéimeanna frith-bhruscair agus frith-ghraifítí. Tugtar cuireadh d'eagraíochtaí iarratas a dhéanamh ar chúnamh deontais le comhchistiú a dhéanamh ar thionscnaimh phoiblÍ oideachais agus feasachta faoi bhruscar agus graifítí. Dáileadh cistiú ar 12 eagraíocht i leith thionscadail Fhrith-Bhruscair agus Fhrith-Ghraifítí in 2015.

## CISTE ÁITIÚIL COMHPHÁIRTÍOCHT COMHSHAOIL CHLÁR ÁITIÚIL 21

Is próiseas é Clár Áitiúil 21 a éascaíonn forbairt inbhuanaithe ag leibhéal an phobail. Tacaíonn agus cuidíonn tionscadail incháilithe faoin scéim seo le polasaithe náisiúnta comhshaoil, mar dhramhaíl, bithéagsúlacht, athrú aeráide, aer, uisce, agus forbairt inbhuanaithe. Tá cistiú roinnte ar 15 eagraíocht as Ciste Áitiúil Comhpháirtíocht Comhshaoil Chlár 21.






## BAILIÚ DRAMHAÍOLA GUAISE TÍ

Le cur ar chumas sealbhóirí earraí tí guaiseacha a dhiúscairt i gceart reáchtáladh ócáid bhailiúcháin saor in aisce i mBeal Átha na Muice i Nollaig 2015, i gcomhpháirt le Coiste Bailte Slachtmhara Bhéal Átha na Muice. Bailíodh breis is 5 tonne de dhramhaíl ghuaiseach tí ar an ócáid sin.



## FEACHTAS NA NOLLAG

In Eanáir, 2015 reáchtáladh Feachtas Athchúrsála Cártaí Nollag i gcomhthráth leis an bhfeachtas Athchúrsála Crann Nollag. Bíonn an Comórtas Bliantúil Mhaisiúchán Nollag do Bhunscoileanna ar siúl gach bliain i mí na Nollag. An dúshlán atá ann ná leis na páistí a spreagadh le maisiúcháin a dhéanamh do Chrann Nollag Chomhairle Contae Mhaigh Eo as amhábhair choitianta. Cuirtear na maisiúcháin ar fad ar taispeáint sa Láthair Fháiltithe d'Áras an Chontae, Caisleán an Bharraigh.



## PLEAN BAINISTÍOCHTA BRUSCAIR

Tá Plean Bainistíochta Bruscair nua dréachtaithe le teacht in áit an phlean reatha 2011 – 2014 do Mhaigh Eo ag teacht leis na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar 1997 – 2009. Leagann an plean síos na spriocanna atá againn chun bruscar a chosc agus a bhainistiú, chun dlíthe ábhartha bruscair i Maigh Eo a fhorfheidhmiú agus na bealaí chun na spriocanna sin a bhaint amach. Tá an plean atá romhainn bunaithe go príomha ar ghníomhaíocht leis na príomhphointí fócais ag díriú ar chomhpháirtíocht, cosc, forfheidhmiú agus oibríochtaí. Ná príomhspriocanna atá againn ná le laghdú mór a chur ar leathadh bruscair agus ar an gcaoi sin comhshaol níos glaine a chur ann do Chontae Mhaigh Eo agus dá chuid cónaitheoirí. Tá an dréachtphlean ceadaithe ag Rialú Próisis de réir Staitisticí(RPS) Pleanála, Comhshaoil agus Talmhaíochta agus tá sé le cur faoi bhráid na Comhairle iomlán lena ghlacadh in Iúil 2016.

## BAILIÚCHÁN DRAMHAÍOLA AGUS ATHCHÚRSÁIL

Tá an tseirbhís bhailiúchán dramhaíola le colbha an chosáin i limistéar feidhme Chomhairle Contae Mhaigh Eo fós á cur ar fáil ag bailitheoirí dramhaíola príobháideacha ceadaithe. Faoi láthair tá seacht mbailitheoir dramhaíola ceadaithe a chuireann an tseirbhís bhailiúchán dramhaíola ar cholbha an chosáin ar fáil i gContae Mhaigh Eo. Déanann Comhairle Contae Mhaigh Eo na bailitheoirí seo a rialáil trí chlár iniúchta agus cigireachta, ag baint úsáide as forfheidhmiúchán agus as tionscnaimh feasachta.
Ceadaíonn líonra ionad 'fág anseo' ar fud an chontae aisghabháil áisiúil ar bhuidéil agus cannaí alúmanam ó líonta tí. Bailíodh beagnach 2,313 tonne gloine agus 78 tonne alúmanaim in 2015.

## SUÍOMHANNA CONLÁISTÍ CATHARTHA

Cuireann suíomhanna conláistí cathartha ar chumas líonta tí réimse dramhaíola tí a athchúrsáil. Cuimsíonn na hábhair a bhailítear dramhaíl ghuaiseach agus neamh-ghuaiseach. An táille atá ar líon tí le húsáid a bhaint as an suíomh conláistí cathartha ná €3.40 (VAT san áireamh). Faoi láthair tá saoráid mhúirínithe 'Dramhaíl Ghlas' in úsáid ag Líonadh Talún Rath Ruaín ar a láithreán ar Bhóthar Chill Ala, Béal an Átha.

## CEADÚNAIS SHAORÁID DRAMHAÍOLA AGUS TEASTAIL CLÁRÚCHÁIN

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ag leanacht ag próiseáil iarratas ar Cheadúnais Shaoráid Dramhaíola agus Teastais Clárúcháin don chontae. Ní mór go gcuimseodh iarratas bailí fianaise faoi chead pleanála nó díolúine pleanála don ghníomhaíocht atá molta. Tá an fhreagracht coinnithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo faoi fhorfheidhmiú na gCeadúnas Bailiúchán Dramhaíola uile a bhfuil an príomhsheoladh gnó acu i gContae Mhaigh Eo. Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo a dhéanann aon aighneachtaí nua maidir le hiarratais nua bailiúchán dramhaíola.

## FORFHEIDHMIÚ COMHSHAOIL

Ag teacht le rialacháin an AE réitítear Moltaí um Bunchritéir Cigireachta Comhshaoil (RMCEI) gach bliain. Tugann sé treoirphlean bliantúil faoi chur chun feidhme na cigireachtaí gnáthúla agus neamh-ghnáthúla comhshaoil faoi na teidil Bainistíocht Dramhaíola agus Monatóireacht Uisce/Fuíolluisce. Gach bliain tugtar an plean cothrom le dáta le cur san áireamh aon reachtaíocht nua nó leasuithe agus tosaíochtaí náisiúnta nó AE.

Leanann pleananna RMCEI ag bogadh i dtreo leagan amach bunaithe ar 'thorthaí' seachas ar chéimeanna ón am atá caite; a bhí bunaithe go príomha ar iomlán na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích.

Cuimsíonn gníomhaíochtaí sa phlean pointí seiceála ar thaobh an bhóthair, faireachas rúnda, cigireacht ar shaoráidí ceadaithe (bunaithe ar ord tosaíochtaí rioscaí), cigireachtaí tí agus cigireachtaí tráchtála faoi bhainistiú dramhaíola agus tionscnaimh eile. Tá Pointí seiceála idirchontae le Comhairlí Contae Shligigh, na Gaillimhe agus Ros Comáin críochnaithe i mbliana.

Na príomhphointí fócais in 2015 ná ELVanna, Aisghabháil Dramhbhia, Ceadúnais Dhoirte agus Bainistiú Dramhaíola Tógála & Scartála (C&D).Tá Oifig Phríomhúdarás Réigiúnach Fhorfheidhmiú Dramhaíola do Réigiún Chonnacht Uladh le dul i mbun oibre go luath in 2016.

**LÍONTA TALÚN**

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ceadúnaithe ag an EPA le dhá Líonadh Talún a oibriú. Tá siad suite ag Doire an Iomaire agus Rath Ruaín. Faoi láthair níl dramhaíl ag dul sa talamh ag Doire an Iomaire ach tá an dramhaíl ar fad atá fágtha á atreorú go Rath Ruaín.

Ag cur san áireamh treoracha an AE faoi Dhramhaíl agus Líonta Talún, Polasaí an Rialtais "*Deis Acmhainne – Polasaí Bainistíochta Dramhaíola in Éirinn 2012"*, Dréachtphlean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún Chonnacht Uladh, 2015-2021, agus cainníochtaí atá ag teacht chun cinn san Earnáil Dramhaíl go Fuinneamh, níl sé i gceist a thuilleadh infheistíochta a dhéanamh i mbonneagar nua líonadh talún sa Chontae. Beidh an clár caipitil ag díriú ar oibleagáidí sa todhchaí a chomhlíonadh mar a bhaineann le hiarchúram ar na líonta talún atá ann cheana agus ar chéimeanna chun costais amach anseo as a gcúram a laghdú.

Is gearr go mbeidh an tionscadal chun leictreachas a ghiniúint as gás líonadh talún i nDoire an Iomaire críochnaithe agus beidh an teacht isteach uaidh beag ach beidh fáilte roimhe mar sin féin.



***Ciseal Draenála Láisteáite á chur síos (barr an phictiúir)***

**LÍONTAÍ TALÚN STAIRIÚLA**

Faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola 2008 (Deimhniú faoi Ghníomhaíocht Stairiúil Neamhúdaraithe Diúscartha agus Aisghabhála Dramhaíola) (SI Uimh. 524 de 2008), bhí sé d'oibleagáid ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo na líontaí talún dúnta ar fad sa chontae (a bhí in úsáid idir 1977 agus 1996), a aithint.

Tá 5 líonadh talún dá leithéid i gContae Mhaigh Eo, suite ag Béal Átha na Muice, Clár Chlainne Mhuiris, Béal Easa, Baile Chathail, agus Béal Átha hAmhnais. Tá Béal Átha na Muice rangaithe mar 'Ard' Riosca, Clár Chlainne Mhuiris mar 'Meán' Riosca agus na trí cinn eile mar 'Íseal' Riosca.

Rinne an Chomhairle iarratas ar an Roinn Comhshaoil in 2012 le haghaidh cistithe de €45,000 i dtreo an chostais le measúnú 'Leibhéal 2' a dhéanamh ar an suíomh i mBéal Átha na Muice. Ar an drochuair, níl an cistiú faighte go dtí seo agus tá an dul chun cinn ar an suíomh loicthe.

Tá monatóireacht ar Láisteáit agus gás líonadh talún ag leanacht ar shuíomh Chlár Chlainne Mhuiris, mar chuid d'oibreacha leanúnacha measúnaithe 'Leibhéal 2' ansin. Bhí na hoibreacha seo á gcistiú roimhe seo ag an Roinn Comhshaoil faoi scéim phíolótach leithleach.

**PLEAN RÉIGIÚNACH DRAMHAÍOLA CHONNACHT/ULADH**

Ar mhaithe le Pleanáil Bhainistithe Dramhaíola tá an tír roinnte i dtrí réigiún, Connachta-Ulaidh, Oirthear agus Lár Tíre agus an Réigiún Theas. Tá príomhúdarás ainmnithe ag gach réigiún ar mhaithe le pleanáil dramhaíola. Sa réigiún Chonnacht-Uladh tá Cathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe, Maigh Eo, Ros Comáin, Sligeach, Liatroim, Dún na nGall, An Cabhán agus Muineachán.

D'aontaigh Údaráis Áitiúla Réigiún Dramhaíola Chonnacht-Uladh in 2013, tar éis measúnú a dhéanamh ar na trí phlean bainistithe dramhaíola a bhí ann cheana i gConnacht, Dún na nGall agus sa Réigiún Thoir-Thuaidh, Plean Bainistíochta Dramhaíola Nua a réiteach don réigiún. Rinneadh an Plean a fhorbairt de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoracha Dramhaíola) 2011 agus na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pleanáil) 1997.

Rinneadh comhairliúchán réamh-dhréachtaithe go déanach in 2013 agus foilsíodh an Dréachtphlean Dramhaíola Réigiúnach i Samhain 2014. I ndiaidh comhairliúcháin ar an Dréachtphlean foilsíodh an Plean Réigiúnach deiridh in Aibreán 2015 agus cuirfear i bhfeidhm é thar thréimhse cúig bliana go dtí 2021.

Leagann an Plean Dramhaíola Réigiúnach amach fís straitéiseach chun athsmaoineamh a dhéanamh ar an gcur chuige atá againn i leith dramhábhair a bhainistiú, trí bheith ag smaoineamh ar na sruthanna dramhaíola mar ábhair acmhainní luachmhara ar féidir leo cur le comhshaol níos sláintiúla agus le deiseanna tráchtála inbhuanaithe. Istigh sa phlean tá spriocanna, polasaithe agus gníomhartha polasaí a chuirfear i bhfeidhm thar saol an phlean chun na cuspóirí atá leagtha amach sa phlean a bhaint amach.

Tá trí chuspóir foriomlán feidhmíochta sa Phlean Réigiúnach mar a leanas:

1. Le laghdú 1% per annum i méid na dramhaíola tí per capita a ghintear thar thréimhse an phlean a bhaint amach.
2. Chun ráta athchúrsála 50% de dhramhaíl bhainistithe chathrach a bhaint amach faoi 2020.
3. Le laghdú go 0% a chur ar dhiúscairt dhíreach dramhaíola neamhphróiseáilte iarmharaí chuig líonadh talún (ó 2016 ar aghaidh) i bhfabhar próisis réamhchóireála níos luachmhara agus cleachtais dhúchasacha aisghabhála.

Tá dúshlán suntasach ag baint leis na cuspóirí feidhmíochta agus ní bhainfear amach iad ach trí na polasaithe agus na gníomhartha atá luaite sa phlean a chur bhfeidhm.

Sa chéad sé mhí de chur i bhfeidhm an phlean dhírigh an Oifig Réigiúnach Dramhaíola, treoraithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo, ar na gníomhartha seo leanas:

1. Suíomhanna stairiúla líonadh talún a aithint agus a chur in ord tosaíochta le haghaidh leasúcháin.
2. Treoirlínte suite saoráidí dramhaíola a fhorbairt.

3. Uirlisí a fhorbairt le tacaíocht a thabhairt d'Údaráis Áitiúla chun Measúnú Oiriúnach a dhéanamh ar shaoráidí dramhaíola atá ann cheana agus saoráidí atá molta.
4. Gníomhaíochtaí chosaint dramhaíola a chomhordú ar fud an réigiúin.
5. Feasacht a fhorbairt faoi chur i bhfeidhm na socruithe malartacha muirir i leith dhramhaíl tí.
6. Comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt don dúshlán leanúnach atá ann faoi chainníocht dhiúscairt dramhaíola iarmharaí sa réigiún agus go náisiúnta.

Leanfaidh an Oifig Réigiúnach Dramhaíola, faoi threoir Chomhairle Contae Mhaigh Eo, ag obair leis na hÚdaráis Áitiúla ar fad sa réigiún chun na gníomhartha polasaí atá sa phlean a chur i bhfeidhm. Réiteoidh an Oifig Réigiúnach Dramhaíola tuarascáil bhliantúil faoin dul chun cinn i gcur i bhfeidhm na ngníomhartha polasaí.

**CIGIREACHTAÍ AR CHÓRAS CÓIREÁLA FUÍOLLUISCE TÍ (DABHACH SHÉARACHAIS)**

In Iúil 2013, tháinig an Plean Náisiúnta Cigireachta (NIP) do Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí (CCDT) in éifeacht. An aidhm atá ag an bplean seo ná aghaidh a thabhairt ar chliseadh na hÉireann san am atá caite Creat-treoir Dramhaíola 1975 a chur i bhfeidhm; sé sin an fuíolluisce a thagann as ceantair gan séarach a rialú.

Is plean bunaithe ar an riosca é NIP a shainíonn ocht gcatagóir riosca ar leith go náisiúnta agus dá bharr sin laistigh de gach contae.

Faoin NIP, b'éigean do Chomhairle Contae Mhaigh Eo íosmhéid 52 cigireacht a dhéanamh do 2015.

**CREAT-TREOIR UISCE**

Rinne Rialacháin (Polasaí Uisce) an CE an Creat-Treoir Uisce (CTU) a thrasuí i ndlí na hÉireann i 2003. In Iúil 2014 rinne Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Polasaí Uisce) Rialacháin 2003 a leasú. Leagann na Rialacháin síos spriocdhátaí reachtúla don phróiseas pleanála abhantraí. Ina theannta sin éascaíonn Rialacháin 2014 bunú agus feidhmiú chóras nua Rialachais Thrí Chisil chun an Chreat-Treoir Uisce a chur chun feidhme in Éirinn.

Cuimsíonn an córas Rialachais Thrí Chisil comhordú polasaí náisiúnta ag Ciseal 1 treoraithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (DECLG); Ciseal 2 treoraithe ag an EPA chun díriú ar chur i bhfeidhm agus tuairisciú, comhairliúchán poiblí, forbairt agus cur i bhfeidhm na bPleananna Bainistithe Abhantrach agus cláir na gcéimeanna ag an leibhéal áitiúil.

Is píosa reachtaíocht chomhshaoil thábhachtach an Chreat-Treoir Uisce a fhéachann le comhshaol an uisce a fheabhsú. Éilíonn sé go dtógfaidh Rialtais cur chuige iomlánaíoch i leith uisce na tíre a bhainistiú. Baineann sé le haibhneacha, locha, screamhuisce, inbhir agus uisce cósta. Éilítear ar Bhallstáit a gcuid acmhainní uisce a bhainistiú ar bhonn comhtháite ar mhaithe le stádas éiceolaíoch maith ar a laghad a bhaint amach agus ní mór dóibh a chinntiú nach dtéann an stádas in olcas in uiscí ar bith.

Tá Éire roinnte faoi láthair in 8 gCeantar Abhantraí (RBDanna) ar mhaithe le bainistiú agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar an gCreat-Treoir Uisce. Tá Contae Mhaigh Eo mar chuid de Cheantar Abhantraí an Iarthair.

**LINNTE SNÁMHA**

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo páirteach go díreach in oibriú 8 linn snámha sa Chontae. Tá linnte á n-oibriú i gCaisleán an Bharraigh agus i mBéal an Átha agus tugtar deontais do choistí linnte snámha i gCill Mobhí agus i mBealach an Doirín go bliantúil i leith oibríochta. Tá an linn snámha i gClár Chlainne Mhuiris á hoibriú ag coiste áitiúil i gcomhar le Comhairle Contae Mhaigh Eo.

**REILIGÍ**

San iomlán tá 156 reilig i gContae Mhaigh Eo, agus breathnaíonn grúpaí pobail i ndiaidh 108 díobh le rannaíocht i dtreo cothabhála ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo mar chuid de leithdháileadh na gCeantar Bardasach.

Spreagtar rannpháirtíocht an phobail an oiread agus is féidir ag cur san áireamh na hoibreacha is féidir a dhéanamh i reilig atá cosanta faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004.

Tá gá le hacmhainní breise a chur ar fáil chun fáil agus forbairt reiligí nua go tráthúil a chistiú. Tá ranníocaíocht chaipitil san áireamh sa bhuiséad ina leith seo.



**LÁITHREÁIN THRÉIGTHE**

Cuireadh tús le clárleabhar de na láithreáin thréigthe le linn 2015. Críochnaíodh na suirbhéanna ar an tógáil ar fad ar an gclárleabhar agus chuaigh an Chomhairle i dteagmháil le húinéirí faoi sceideal na n-oibreacha a bhí riachtanach chun an réadmhaoin a dhéanamh neamhthréigthe. Le linn 2015 baineadh iomlán 7 bhfoirgneamh den gclárleabhar agus eisíodh 41 fógra chuig úinéirí.

Thug foireann áitiúil faoi shuirbhé de bhailte agus sráidbhailte chun an staid faoi chlárú láithreán tréigthe ar fad a thabhairt cothrom le dáta. Cuirfear ceanglais na Comhairle na láithreáin sin a dhéanamh neamhthréigthe in iúl d'úinéirí na láithreán.

Tá na láithreáin thréigthe ar fad curtha ar Chlárleabhar na Láithreán Tréigthe atá ar fáil le scrúdú ag an bpobal. Eisíodh tobhaigh chuig úinéirí réadmhaoine a bhí sa Chlárleabhar mar a bhí ar 1ú Eanáir 2013.

Tá an Chomhairle ag leanacht ag dul i gcomhairle le húinéirí, le foireann oifig áitiúil na Comhairle agus le pobail áitiúla chun na réitigh/nua-úsáidí is fearr a fháil do láithreáin thréigthe.

**TRÁNNA**

In 2015 fuair Maigh Eo 12 Brat Gorm do Chuan Oilí, An Mullach Rua, Trá an Óir, Cliara, Dumha Goirt, An Caol, An Cheathrú Mhór, Dumha Éige, An Choim, An Bheartrach, An Mhala Raithní agus An Ros. Sásaíonn tránna brait ghoirm 32 géarchritéir faoi chaighdeán uisce, bainistíocht, sábháilteacht agus oideachas comhshaoil.

Ina theannta fuaireamar 8 nGradam Cósta Glas do Cheathrú an Uisce, An Chrois (Béal an Mhuirthead), An Chrois (Cluain Carbán), Port an Chlóidh, Trá an Airgid, An tSraith, An Tearmann agus An Trá Gheal. Bronntar Bratacha Cósta Glais bunaithe ar áilleacht nádúrtha agus caighdeán uisce den scoth, gan an bhéim ar an mbonneagar tógtha mar atá i gcaighdeán an Bhrait Ghoirm.



***Trá na Coime, Acaill***

## LEABHARLANN CHONTAE MHAIGH EO

**RÉAMHRÁ**

In 2015 thug Leabharlann Chontae Mhaigh Eo amach breis is 600,000 leabhar ar iasacht do 26,000 ball. Cuireann an Leabharlann seirbhís staire áitiúla, seirbhís gineolaíochta agus clár fadréimseach imeachtaí cultúrtha ar fáil le linn na bliana. Ina theannta sin tá seirbhísí nua ar fáil anois mar leabhair in-íoslódála, seirbhís fóin chliste, nuachtáin ar líne agus líonrú sóisialta. Tugadh thart ar 359,000 cuairt ar leabharlanna Mhaigh Eo le linn na bliana, uimhir atá i bhfad níos airde ná a tugadh ar aon eagraíocht chultúrtha nó oidhreachta eile sa chontae.

**CLÁR CULTÚRTHA**

Reáchtálann Leabharlann Mhaigh Eo clár cuimsitheach cultúrtha atá á fhairsingiú in aghaidh na bliana. In 2015 reáchtáladh breis is 250 imeacht i leabharlanna sa chontae lena n-áirítear:

- Taispeántais Ealaíon
- Seoladh Leabhar
- Léachtaí
- Imeachtaí Ealaíon agus Ceardaíochta
- Campa Samhraidh litearthachta
- Cainteanna faoi Ghairmeacha
- Ciorcail Cheoil
- Cúrsaí Ríomhaireachta Saor in Aisce.

Is ionad é an Leabharlann chomh maith ag mórchuid grúpaí pobalbhunaithe, m. sh. Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Grúpaí Scríbhneoirí agus Ealaíontóirí, Comhlachas Tráchtála Bhéal an Átha, Ionad d'Oibrithe Deonacha Mhaigh Eo, Bord Forbartha Phobal an Mhuaigh, Cumainn Ógtheagmhála agus Aoisghníomhaíochta. Bhuaigh an Leabharlann gradam Bharr Feabhais Ghnó Irisleabhar na Seirbhíse Poiblí in 2015.

**DEICH mBLIANA d'IMEACHTAÍ NA gCUIMHNEACHÁN**

Lean an Leabharlann lena comóradh ar dheich mbliana na gcuimhneachán in 2015 trí ábhar a chur le Centenarymayo.ie láithreán gréasáin a dhéanann taifead ar a thit amach sna deich mbliana is cinniúnaí sa stair, 1913 go 1923. Cuirfear stair Chomhairle Contae Mhaigh Eo sna deich mbliana sin ar fáil roimh dheireadh na bliana. I measc na mbuaicphointí i gcomóradh na bliana seo bhí caint le léaráidí ar Ernie O' Malley a thug a mhac Cormac agus taispeántas i Leabharlann Cheathrú na Líne in onóir na ndaoine áitiúla a throid agus a maraíodh sa Chogadh Domhanda.

**BAILIUCHÁN LIAM LYONS**

Tá bailiúchán Liam Lyons de bhreis is 50,000 íomhá ar fáil ag muintir Mhaigh Eo i ngach leabharlann chraoibhe. Is féidir é a úsáid le haghaidh taispeántas, foilseachán agus suíomhanna gréasáin agus is acmhainn luachmhar atá ann do mhic léinn agus do thaighdeoirí. Is féidir é a úsáid, chomh maith, mar bhealach chun cuairteoirí a mhealladh chuig ár gcontae.

**SCÉIM IASACHTA UIRLISÍ CEOIL**

Bhí an-éileamh ar an scéim iasachta uirlisí ceoil ó gach áit sa chontae sa dara bhliain ina bhfuil an scéim ar bun. Bhí breis is 1,000 uirlis ar iasacht ar fud an chontae in 2015. Is é Leabharlann Mhaigh Eo an t-aon seirbhís leabharlainne in Éirinn nó sa R.A. a chuireann seirbhís dá leithéid ar fáil. In 2015 leathnaíodh an tseirbhís go Béal an Átha agus go Béal an Mhuirthead.

**CLÁR NA bPÁISTÍ**

Reáchtálann an leabharlann clár leathan imeachtaí do pháistí i rith na bliana ó uaireanta scéalaíochta agus comórtais go cuairteanna ó údair agus ceardlanna. Ba é buaicphointe na bliana ná Féile Leabhar do Pháistí i nDeireadh Fómhair a mhair an mhí ar fad agus a chuimsigh imeachtaí éagsúla do phaistí lena n-áirítear:

- Taispeántais faoi chúram do pheataí
- Comórtas gearrscéil ar líne
- Tráthanna na gceist leabharlainne
- Cainteanna ó Ghardaí áitiúla
- Cainteanna faoin gComhshaol
- Am scéalaíochta Scanrúla d'Oíche Shamhna
- Ceardlanna Éagsúla

Eagraíodh Dúshláin Léitheoireachta Shamhraidh do pháistí i leabharlanna Chrois Mhaoilíona, Chathair na Mart, Chaisleán an Bharraigh, Choillte Mach agus Bhéal Átha hAmhnais. Tugadh dúshlán na bpáistí 10 leabhar ar a laghad a léamh thar an samhradh. In 2015 chláraigh Leabharlann Bhéal Átha hAmhnais an ráta rannpháirtíochta is airde san togra nuair a chríochnaigh 200 páiste an Dúshlán agus bhronn peileadóir Mhaigh Eo, Keith Higgins, boinn agus teastais orthu.

**TIONSCNAIMH ICT**

**ROCHTAIN CHUIG SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE AR LÍNE VIA FÓN CLISTE.**

Is féidir le baill leabharlainne seirbhísí Leabharlann Chontae Mhaigh Eo a rochtain via fóin chliste. Is féidir le baill dul tríd an gcatalóg, féachaint ar leabhair, a gcuntais a sheiceáil agus mír a chur in áirithe.

**SEIRBHÍS ÍOSLODÁLA CLOSLEABHAR**

Is féidir breis is 1,000 closleabhar a íoslódáil saor in aisce go ríomhairí, fóin nó seinnteoirí mp3 na mball.

**PÁIPÉIR NUACHTA MHAIGH EO AR LÍNE**

Tá na páipéir nuachta Seo a leanas ar fad ar fáil ar líne sa leabharlann: *The Western People, The Mayo News, The Ballina Herald, The Connaught Telegraph, The Mayo Examiner,The Ballinrobe Chronicle* agus *The Western Journal.*

**FACEBOOK, TWITTER AGUS EZINE**

Cuireann Leabharlann Mhaigh Eo faisnéis atá cothrom leis an nóiméad ar fáil faoina cuid imeachtaí agus seirbhísí ar Facebook agus Twitter.

Cuireann an leabharlann ríomhiris le chéile a chuirtear chuig breis is 3,000 teach ar bhonn rialta. Baintear úsáid as Teachtaireacht SMS chun fógra a chur ag iasachtaithe faoi leabhair atá thar téarma, míreanna atá iarrtha agus imeachtaí leabharlainne, via teachtaireacht téacs.

**WIFI**

Tá rochtain chuig WIFI ar fáil anois i leabharlanna Chaisleán an Bharraigh, Bhéal an Átha, Chathair na Mart, Chlár Chlainne Mhuiris, Bhéal Átha hAmhnais agus Bhéal Átha na Muice.

**GINEALAS MHAIGH EO AR LÍNE**
Cuireann Leabharlann Chontae Mhaigh Eo, i gcomhar le hionaid Stair Theaghlaigh Mhaigh Eo, seirbhís ghinealais ar fáil ar shuíomh gréasáin na leabharlainne. Tugann an áis seo rochtain chuig na milliúin taifead teaghlaigh atá coinnithe ar bhunachair shonraí na n-ionad d'úsáideoirí na leabharlainne.

**BORROWBOOKS**
Tá an-tóir i gcónaí ar 'Borrowbooks', seirbhís iasachta leabharlainne ar líne, a chuireann ar chumas léitheoirí Mhaigh Eo leabhair a fháil ar iasacht as áit ar bith in Éirinn.

**MAPAÍ MHAIGH EO AR LÍNE**
Tugann Mapaí Mhaigh Eo Ar Líne rochtain chuig mapaí Suirbhéireachta Ordanáis 1838, Mapa Bald de Mhaigh Eo agus mapaí de na heastáit Lynch-Blosse le naisc chuig breis faisnéise, lena n-áirítear sonraí Dhaonáirimh 1901, Luacháil Uí Ghríofa, Suirbhé Turasóireachta ó na 1940aidí agus faisnéis faoi ainmneacha áite.

**LÉARÁIDÍ STAIRIÚLA NUACHTÁN**
Tugann an áis seo ar shuíomh gréasáin na leabharlainne amharc pictiúrtha comhaimseartha ar chuid de na heachtraí is suntasaí i stair na hÉireann ó léaráidí i nuachtáin an 19ú céad.

**SEIRBHÍSÍ EILE AR LÍNE**
- Suirbhé Chumann Turasóireachta na hÉireann (1940idí)
- An Gorta i Maigh Eo: portráid ó fhoinsí comhaimseartha ar líne
- I gCoischéimeanna Humbert: 1798 & Bliain na bhFrancach
- Muintir Mhaigh Eo – saolta daoine cáiliúla ón gcontae
- Mapa de Chlanna Mhaigh Eo
- Roinn na Léirmheasanna ar Leabhair –nuashonraí gach mí

**EACHTRAÍ CULTÚRTHA**
Le haghaidh Sheachtain na Gaeilge i mí Márta, eagraíodh eachtraí éagsúla trí mheán na Gaeilge i leabharlanna tríd an contae.
Ina measc bhí:
Lochlain O'Meara Drámaíocht, Caisleán an Bharraigh
Sheila Duddy ag léamh as Gaeilge, Caisleán an Bharraigh
Taispeántas Leabhar Gaeilge – Béal an Átha
Eoghan Mac Giolla Bhríde , scéalaíocht i gCaisleán an Bharraigh agus Béal an Átha, Comórtais do phaistí scoile - Caisleán an Bharraigh
Ciorcail craic i mBéal an Átha,
Spraoí na gCleamairí le Colm de Bhaldraithe i mBéal an Átha

**SCÉIM LÉITHEOIREACHTA SLÁINTIÚLA**
Reáchtálann an leabharlann Scéim Léitheoireacht Shláintiúil Mhaigh Eo i gcomhar leis an HSE. Tá an tionscnamh seo deartha le treoir a thabhairt do dhaoine aonaracha sna roghanna a dhéanann siad maidir le leabhair fhéinchúnaimh ar féidir a úsáid le taobh chóir leighis ó ghairmí sláinte i leith coinníollacha mar dúlagar, bulaíocht, neamhoird itheacháin agus strus.

**SEIRBHÍS LEABHARLAINNE NA SCOILEANNA**
Bhraith Leabharlann Chontae Mhaigh Eo ardú ar an éileamh ar sheirbhísí litearthachta do pháistí ó thuismitheoirí agus múinteoirí Tacaíochta Foghlama/ Acmhainní araon. Tá an leabharlann ag leanacht ag cur Seirbhís Riachtanas Speisialta gníomhach ar fáil do gach múinteoir Tacaíochta

Foghlama agus Riachtanas Speisialta. Cuireadh ceardlanna eolais do thuismitheoirí páistí a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu – mar chuid de thionscadal litearthachta comhoibríoch idir Leabharlann Chontae Mhaigh Eo agus Seirbhís Teiripe Urlabhra & Teanga HSE an Iarthair – ar fáil in ionaid éagsúla i rith na bliana.

**ROGHLIOSTA TABHARTAS AGUS FÁLTAS 2015**

- Eastát Iarla Leamhcháin: Le cuidiú na Scéime Náisiúnta Intéirneachta tá bunachar sonraí curtha le chéile de na taifid ó Eastát Leamhcháin in An Eaglais, Cill Mhic Laisre, Cill Mhíona, Achadh Ghobhair, An Nuachabháil, Cill Ghaobhair, Turlach agus Bréachmhaigh 1834-39; agus 1848-1873.
- Baile an Róba, Contae Mhaigh Eo. *In the Midst of Change* le William P. McDermott (mórchuid cóipeanna deonta ag an údar féin).
- *Tracing the Stem: Killala Bishops* le Rev. Brendan Hoban. (deonta ag an údar).
- Lonnaíocht Iascaireachta Iorrais agus Cumann Fostaíochta na nIompaitheach 1849.
- Coiste Anacra agus Deontas na hÉireann 1922-30
- Aighneachtaí mionsonracha a rinne 154 duine i Maigh Eo mar thacaíocht d'iarratais ar chúiteamh faoi dhrochíde nó caillteanas pearsanta le linn Chogadh na Saoirse. (CD-ROM)
- *Ballina, One Town, Three Wars and More 1880-1923* le Terry Reilly (bronnta ag an údar).
- Stair agus Sochaí Mhaigh Eo: Aistí Idirdhisciplíneacha ar Stair an Chontae. Curtha in eagar ag Gerard Moran agus Nollaig O'Muraile.
- *Tracing the Kielty Ancestry: Gurteen-Claremorris-Knock-Balla-England-USA* le Brendan Forde (bronnta ag an údar).
- *A Moment in Time: Celebrating the 150$^{th}$ Anniversary of St. James's Church, Charlestown*.
- *The Men Will Talk to Me: Mayo Interviews* le Ernie O'Malley. Curtha in eagar ag Cormac O'Malley agus Vincent Keane.
- *Revolution in Connacht* le Cormac O'Comhraí.
- Logainmeacha Acla bailithe ag AFAA. (CD-Rom).
- *Bullsmouth National School: 100 Years of Education*
- *The Valley National School Centenary 1914-2014*.
- *Straw, Hay and Rushes* le Anne O'Dowd.
- *Irish Country Houses: Portraits and Painters* le David Hicks (cuimsíonn Moorehall).
- *Lough Carra* le Chris agus Linda Huxley.
- *Anseo: Killasser and Knocks School: A Record in Picture and Story.*
- Sean Teampall Chill Chomain le Uinsionn MacGraith agus Treasa Ní Ghearraigh.
- *Partry People of County Mayo* le Peter Hennelly McLoughlin.
- *By the Shores of Lough Mask*: *A History of Gaelic Games in Partry and Tuar Mhic Éadaigh.*
- *Breaking Ground, Finding Graves*: *Reports on the Excavations of burials by the National Museum 1927-2006* - 2 Iml. Curtha in eagar ag Mary Cahill agus Maeve Sikora.
- *Blackfort to Bosnia: A Memoir* le Colm McDonnell.
- *St. Angela's National School Castlebar: A Doorway Through Time* 1894-2015.

**BAILIÚCHÁN JACKIE CLARKE**

Bhí an bhliain is gnóthaí fós ag Bailiúchán Jackie Clarke in 2015 nuair a thug 23,358 duine cuairt ar an saoráid – ardú de 9,252 ar 2014. Is cosúil faoi dheireadh na bliana go mbeidh an líon ardaithe de bheagnach 50%.

Bhí a dhá oiread cuairteoirí ann ar Lá Oidhreachta agus le linn Fhéile Fhrancach Bhéal an Átha nuair a bhí codanna de bhailiúchán 1798 ar taispeáint.

Bhí an Bailiúchán bainteach go gníomhach le féilte agus imeachtaí áitiúla lena n-áirítear: Féile Lá Fhéile Pádraig Bhéal an Átha, Deireadh Seachtaine Cásca Bhéal an Átha, Lá Oidhreachta, Féile Fhrancach Bhéal an Átha, Oíche Chultúrtha agus Féile Shamhna 'Samhain Abhainn' agus Féile Nollag Bhéal an Átha.

Tá an-tóir ar Chlár Oideachais an Bhailiúcháin ag bunscoileanna agus meánscoileanna ar fud an chontae. Tá sainchláir fhoghlama ar 1798, An Gorta, 1916, chomh maith le turais idirghníomhacha le haghaidh Sheachtain Mhata agus Sheachtain Eolaíochta, forbartha ag comhordaitheoirí oideachas an ionaid.

Tugadh aitheantas don Bhailiúchán trí roinnt gradam in 2015. Tugadh ardmholadh dó i ngradaim Association for Heritage Interpretation na Ríochta Aontaithe.  Fuair sé gradam Dr. John Igoe as a inrochtaineacht. Fuair sé gradam as a chlár deonacha i mbliana, a leanann ag mealladh deonacha ardchaighdeáin as earnálacha éagsúla mar oideachas, oidhreacht agus gnó. Beidh 2016 ina bliain an-tábhachtach do Bhailiúchán Jackie Clarke os rud é go mbeidh sé mar phríomhphointe fócais ag Comóradh 1916 Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Tá roinnt imeachtaí beartaithe don bhliain lena n-áirítear mórthaispeántas agus ealaíontóir cónaithe.



***Sariad Aine Deane, mí amháin d'aois ar a céad cuairt ar Leabharlann Bhéal an Mhuirthead***



***Bhí an-tóir ag páistí scoile Bhéal Átha hAmhnais ar Sheó puipéad Carmel Balfe***

# BÓITHRE, IOMPAR AGUS SÁBHÁILTEACHT

## RÉAMHRÁ

Cuireann córas éifeachtúil iompair ar bhóithre an bonneagar riachtanach ar fáil chun tacú le forbairt gheilleagrach agus shóisialta réigiúin. Lean Comhairle Contae Mhaigh Eo ar aghaidh in 2015 ag déanamh a páirte chun gréasán na mbóithre sa Chontae a chothabháil agus a fheabhsú agus sa chaoi sin ag tacú leis an ngeilleagar laistigh den chontae. Tá 6,490km de bhóithre faoi chúram Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus in 2015 caitheadh iomlán €42.5m chun gréasán na mbóithre a chothabháil agus a fheabhsú.

## RANGÚ & AIRGEADÚ BÓITHRE

Ta na bóithre sa Chontae rangaithe mar; Príomhbhóithre Náisiúnta; Bóithre Náisiúnta den Dara Grád; Bóithre Réigiúnacha agus Bóithre Áitiúla. Seo a leanas na faid atá sna catagóir éagsúla bóithre i gContae Mhaigh Eo:

| | |
|---|---|
| Príomhbhóithre Náisiúnta: | 133 km |
| Bóithre Náisiúnta den Dara Grád: | 267 km |
| Bóithre Réigiúnacha: | 622 km |
| Bóithre Áitiúla: | 5,468 km |
| IOMLÁN : | 6,490 km |

Fuarthas maoiniú de €38.5m ó Údarás na mBóithre Náisiúnta agus an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt do ghréasán na mbóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta. Chuir an Chomhairle €4m ar fáil sa bhliain don ghréasán bóithre.

## PRÍOMHBHÓITHRE NÁISIÚNTA

Bhí na deontais le haghaidh Príomhbhóithre Náisiúnta in 2015 roinnte amach mar seo leanas:

| **Príomhbhóithre Náisiúnta–Mórscéimeanna:** | | |
|---|---|---|
| N5 | Seachbhóthar Bhaile Chathail | €50,000 |
| N5/ N26/ N58 | Turlach go Both Chomhla | €825,000 |
| N5 | Cathair na Mart go Both Chomhla | €6,000,000 |
| | | **€6,875,000** |

Bhí an deontas le haghaidh Chothabháil Phríomhbhóithre Náisiúnta roinnte amach mar seo leanas:

| **Príomhbhóithre Náisiúnta–Cothabháil:** | |
|---|---|
| Gnáthchothabháil | €363,395 |
| Cothabháil Gheimhridh | €200,000 |
| Soilse Bealaí | €100,463 |
| | **€663,858** |

Seo a leanas achoimre ar staid na scéimeanna ar na Bóithre Náisiúnta i gContae Mhaigh Eo.

**MÓRTHIONSCADAIL BHÓTHAIR**

Tá laghdú suntasach san infheistíocht chaipitil ar chlár na mórbhóithre sa Bhuiséad Náisiúnta agus sa Chlár Bhonneagar & Infheistíocht Chaipitil 2012 – 2016.

Ach, i mbliana, i ndiaidh deimhnithe faoin Ordú Ceannaigh Éigeantaigh, agus faomhadh Ráiteas Tionchair Natura do Thionscadal Bóthair N5 Cathair na Mart – Turlach, seirbheáladh Fógraí Gnóthaíochta ar na húinéirí talún a bhí i gceist agus cuireadh tús le próiseas luachála na talún. Tosaíodh ar thrinseáil thrialach seandálaíochta, mionscrúdú ar shuíomhanna agus ar oibreacha tosaigh eile i mbliana. Is dóigh go leanfar le pleanáil ar na mórscéimeanna bóithre náisiúnta uile i gContae Mhaigh Eo nó ar chuid díobh.

Tá maoiniú sa Chlár Caipitil do roinnt fheabhsuchán sonraithe, ar chostas atá sách íseal, ar an ngréasán náisiúnta den dara grád, nuair atá fadhb le sábháilteacht bóthair i gceist, agus i gceantair thurasóireachta. Táthar ag súil go leanfaidh Maigh Eo ag baint tairbhe ón gclár seo le scéimeanna ar bhealaí N26, N59 and N60.

Seo a leanas an staid ar na Mórscéimeanna ar fad i gContae Mhaigh Eo:

**N5/N26/N58 TIONSCADAL TURLAIGH/BOTH CHOMHLA**

Chuir An Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) do Chéim 2 de Scéim N26 Béal an Átha - Both Chomhla ar neamhní i Feabhra 2010.

Ag leanacht ó Staidéar Tráchta Straitéiseach a coimisiúnaíodh in 2011 chun na Conairí Gréasáin Náisiúnta optamacha ag ceangail na N5-N17-N26, cuireadh maoiniú ar fáil in 2015 chun fad a chur le Tionscadal an N5 Cathair na Mart-Turlach go Both Chomhla agus, ina theannta sin, le conair cheangailte fhéideartha agus acomhal a aithint chun an scéim nua a cheangail leis an N58 go Ceathrú na Líne agus an N26 go Béal Átha na Muice.

I mbliana cuireadh na conairí Bealaí is Dealraithí a Roghnófar don Tionscadal nua N5/N26/N58 Turlach-Both Chomhla, faoi bhráid bhaill Cheantair Bhardasacha Chaisleán an Bharraigh agus Bhéal an Átha i Meitheamh 2015 agus glacadh leo ag cruinniú iomlán den Chomhairle in Iúil 2015.

Táthar ag súil go mbeidh maoiniú ar fáil do Thionscadal N5/N26/N58 Turlach-Both Chomhla in 2016.

**TIONSCADAL N26 BÓTHAR CHLUAIN GALLÁN - 2KM**

Fuair an tionscadal 2 km nua seo ar an bPríomhbhóthar Náisiúnta N26 idir Bhéal an Átha agus Béal Átha na Muice leithdháileadh i mbliana. Cuireadh tús le hoibreacha iniúchadh láithreáin, réamhdheartha agus suirbhéanna comhshaoil ar fad an bhliain seo. Tá deontas €350,000 faighte don tionscadal seo in 2015. Táthar ag súil go leanfaidh an Tionscadal seo ag fáil maoinithe in 2016.

**TIONSCADAL N5 BÓTHAR CHATHAIR NA MART-TURLAIGH - 27KM**

Tá fad na scéime a bhí i dtosach ann ar an N5, ag dul ó Chathair na Mart go Both Chomhla giorraithe mar thoradh ar dhiúltú An Bhord Pleanála don mholadh don N26 Béal an Átha-Both Chomhla. Mar thoradh ar dheimhniú an Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh agus faomhadh an Ráitis Thionchar Comhshaoil in 2014 leathann an tionscadal ó Chathair na Mart go dtí soir ó Chaisleán an Bharraigh agus cuimsíonn sé seachbhóthar nua ó dheas de Chaisleán an Bharraigh.

I mbliana rinneadh “Fógraí Gnóthaíochta” a sheirbheáil ar na húinéirí talún ar fad a bhí i gceist agus cuireadh tús le próiseas luachála na talún. Tosaíodh ar thrinseáil thrialach seandálaíochta, mionscrúdú láithreáin agus ar oibreacha tosaigh eile ar an suíomh i mbliana mar aon le réiteach cáipéisí conartha le haghaidh fálta. Táthar ag súil go leanfaidh an Tionscadal seo ag fáil maoinithe in 2016.


Trinseáil Tástála Seandálaíochta ag teacht chun críche ar an Tionscadal Bhóthar N5 Cathair na Mart go Turlach

**N17 SEACHBHÓTHAR BHAILE CHATHAIL (CNOC MHUIRE GO TOBAR AN CHOIRE)**
Tá pleanáil don scéim seo a bhí ag an staid ‘Dearadh/Bealach Tosaíochta’ curtha ar fionraí.

**N17 CLÁR CHLAINNE MHUIRIS GO TUAIM**
Tá an scéim seo á brú chun cinn ag Oifig Náisiúnta Dhearadh Bóthar na Gaillimhe agus tá an Bealach Tosaíochta roghnaithe.

**BÓITHRE NÁISIUNTA DEN DARA GRÁD**
Caitheadh an Deontas Náisiúnta Fheabhsúchán Bóithre den Dara Grád de €9,340,000 ar fheabhsúcháin fhorleagan cosán don N59 (Bealach Chathair na Mart go An Mhala Raithní)agus ar bhearta sábháilteachta ag Ceathrú Bán ar ghréasán na mBóithre Den Dara Grád.

Rinneadh deontais a leithdháileadh ina leith seo:

| | | |
|---|---|---|
| **Bóithre Náisiúnta den Dara Grád – Mórscéim:** | | |
| N59 | Cathair na Mart go An Mhala Raithní | **€2,000,000** |

| | | |
|---|---|---|
| **Bóithre Náisiúnta den Dara Grád– Cosáin & Mionfheabhsúcháin:** | | |
| N59 | Feabhsúcháin ag An Mhala Raithní | €1,692,000 |
| N59 | Feabhsúchán ar Bhóthar Chill Bhríde | €8,000 |
| N59 | An Mhala Raithní go Baile Uí Mhaonaigh Athshlánú Cosán Céim 2 | €650,000 |
| N59 | An Mhala Raithní go Baile Uí Mhaonaigh Athshlánú Cosán Céim 3 | €650,000 |
| N60 | Dearadh Bhóthar Stáisiún Chaisleán an Bharraigh | €350,000 |
| N60 | Dearadh Chúil na Fearna | €270,000 |
| N60 | Cnoc na mBuachalán | €820,000 |
| N60 | Log na Muc | €280,000 |
| N60 | Crois Mhaigh Nulla | €310,000 |
| N59 | Cora Ros Abha | €2,000,000 |
| N84 | Dearadh An Locháin Bhuí | €190,000 |
| | | **€7,220,000** |

| | | |
|---|---|---|
| **Bóithre Náisiúnta den Dara Grád– Scéimeanna Sábháilteachta:** | | |
| N59 | Ceathrú Bán | **€120,000** |

**N84 SEACHBHÓTHAR BHAILE AN RÓBA / N60 SEACHBHÓTHAR BHÉAL ÁTHA hAMHNAIS / N26/N5 SEACHBHÓTHAR AR BHÉAL AN ÁTHA**

Tá na bealaí tosaíochta glactha don N84-Seachbhóthar Bhaile an Róba, N60-Seachbhóthar Bhéal Átha hAmhnais, agus an N26/N5 Seachbhóthar ar Bhéal an Átha. Tá tuilleadh pleanála ar na scéimeanna seo curtha ar fionraí.

**N59 CATHAIR NA MART- BAILE UÍ FHIACHÁIN AG CILL BHRÍDE, CÉIM 1-3 KM**

Tá tógáil na scéime seo críochnaithe seachas oibreacha cothabhála tírdhreacha atá fós gan déanamh. Cuimsíonn an scéim seo rotharbhealach a chríochnaíonn Glasbhealach Mór an Iarthair ó Chathair na Mart go An Mhala Raithní.

**N59 CATHAIR NA MART – AN MHALA RAITHNÍ - 40 KM**

Dheimhnigh An Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) agus d'fhaomh sé an Ráiteas Tionchair Natura (NIS) don Bhealach Náisiúnta Ísealéileamh den Dara Grád, Cathair na Mart-An Mhala Raithní, in Iúil 2012. Rinneadh "Fógraí Gnóthaíochta" a sheirbheáil ar na húinéirí talún ar fad agus rinneadh socruithe faoi thart ar 50% de na héilimh in 2015. Táthar ag súil go mbeidh maoiniú ar fáil in 2016 le leanacht ag íoc cúitimh i leith na n-éileamh ar thalamh a fuarthas nach bhfuil íoctha go fóill.

Ina theannta sin cuireadh maoiniú ar fáil in 2015 chun an tógáil a thosú ar an bpíosa 2km den scéim ag Cora Ros Abha, atá ag cur sínidh le Scéim Chill Bhríde ó dheas go Cathair na Mart.

Táthar ag súil go gcuirfear maoiniú ar fáil in 2016 chun an tógáil ar an gcuid seo den scéim a chríochnú.

Cuireadh maoiniú ar fáil, chomh maith, in 2015 chun soláthróir seirbhíse innealtóireachta a fháil chun cáipéisí conartha a réiteach chun 3km eile a thógáil ag Cill Mhíona chun síneadh a chur le Cora Ros Abha. Táthar ag súil go gcuirfear maoiniú ar fáil in 2016 chun leanacht le réiteach na gcáipéisí conartha.


N59 – Cora Ros Abha

**N60 CNOC NA mBUACHALÁN - 4 KM**

Le linn 2015, críochnaíodh oibreacha mionsonracha iniúchadh láithreáin agus tá cáipéisí conartha i leith thógáil na scéime beagnach críochnaithe. Táthar ag súil go gcuirfear maoiniú ar fáil in 2016 chun tosú ar chúiteamh a íoc leis na húinéirí talún uile atá i gceist.

**N60 LOG NA MUC - 2 KM**

I ndiaidh faomhadh a fháil ó Bhonneagar Iompair Éireann (TII) chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo isteach Fógra Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) agus Ráiteas Tionchair Natura (NIS) chuig An Bord Pleanála i mí Lúnasa le haghaidh faofa.

Táthar ag súil go ndéanfaidh an Bord an CPO agus an NIS a fhaomhadh agus go gcuirfear maoiniú ar fáil in 2016 chun cáipéisí conartha a réiteach do chéim thógála na scéime seo.

**N60 MAIGH NULLA - 4 KM**

Cuireadh maoiniú ar fáil in 2015 don scéim seo. I ndiaidh phróiseas comhairliúcháin phoiblí roghnaíodh an Bealach is Dealraithí a Roghnófar don scéim in 2015 agus cuireadh faoi bhráid bhaill Cheantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh agus na Comhairle é chun go nglacfaí leis.

Táthar ag súil go gcuirfear maoiniú ar fáil in 2016 chun leanacht le dearadh agus réiteach cáipéisí CPO agus NIS don tionscadal seo.

**N59 FEABHSÚCHÁN AG AN MHALA RAITHNÍ - 1.7KM**

Ag leanacht ar aghaidh i ndiaidh sheoladh Ráiteas Deartha Sráidbhaile na Mala Raithní in Aibreán 2012 críochnaíodh tógáil ar an bpíosa ón Séipéal go dtí an Oifig Thurasóireachta. Dheimhnigh Comhairle Contae Mhaigh Eo Ordú Ceannaigh Éigeantaigh i leith Chroí-Limistéar an tSráidbhaile, a foilsíodh i mí na Nollag 2013, i mí Márta 2014.

I ndiaidh chomórtas tairisceana a reáchtáladh in 2014 ceapadh conraitheoir in Eanáir 2015 chun Croí-Limistéar an tSráidbhaile a thógáil agus tá an obair sin beagnach críochnaithe anois. Táthar ag súil go gcuirfear maoiniú ar fáil in 2016 chun na héilimh ar thalamh a fuarthas agus nach bhfuil socraithe fós a thabhairt chun críche.




Rinneadh an **Deontas Cothabhála do Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád 2015** de €825,808, a leithdháileadh mar seo:

| **Bóithre Náisiúnta-Dara Grád- Cothabháil:** | |
|---|---|
| Gnáthchothabháil | €457,788 |
| Cothabháil Gheimhridh | €230,000 |
| Soilsiú Bealaí | €138,020 |
| | **€825,808** |

## BÓITHRE NÁISIÚNTA – TACAÍOCHT NA COMHAIRLE ÁITIÚLA

Lean Tacaíocht Innealtóireachta na Comhairle Áitiúla ar aghaidh in 2015 le leithdháileadh de €1,404,910. Cuirtear na leithdháiltí seo i leith chostais reáchtála na n-oifigí a bhíonn ag déileáil le scéimeanna feabhsúcháin agus cláir chothabhála ar ghréasán na mBóithre Náisiúnta i gContae Mhaigh Eo agus Seo a leanas an briseadh síos atá orthu:

| **Bóithre Náisiúnta – Tacaíocht na Comhairle Áiti** | |
|---|---|
| Tacaíocht na Comhairle Áitiúla (Feabhsúchán) | €327,110 |
| Tacaíocht Oifig na dTionscadal (Feabhsúchán) | €990,000 |
| Tacaíocht na Comhairle Áitiúla (Cothabháil)) | €77,800 |
| Tacaíocht na Comhairle Áitiúla(Cothabháil Gheimh | €10,000 |
| | **€1,404,910** |

**BÓITHRE REIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA ~ DEONTAIS & ACMHAINNÍ FÉIN**

IN 2015, an maoiniú a bhí ar fáil chun gréasán na mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a chothabháil agus a fheabhsú ná €23,408,688. Seo a leanas an briseadh síos:

| **Deontais Bhóithre Réigiúnacha** | |
|---|---|
| Bóithre Réigiúnacha – Cothabháil | €1,167,000 |
| Bóithre Réigiúnacha – Cothabháil Gheimhridh | €475,065 |
| Bóithre Réigiúnacha – Cóiriú Dromchla | €1,056,271 |
| Bóithre Réigiúnacha – Oibreacha Eile | €357,531 |
| Bóithre Réigiúnacha – Deontas Feabhsúchán Athchóirithe | €2,429,605 |
| Deontais Fheabhsúchán Sonracha–Bóithre Réigiúnacha | €750,000 |
| Deontais Ísealchostais Fheabhsúchán Sábháilteachta-Bóithre Réigiúnacha | €433,000 |
| Oibreacha Athshlánaithe Droichead | €158,900 |
| | **€6,827,372** |

| **Deontais Bhóithre Áitiúla & Acmhainní Féin** | |
|---|---|
| Bóithre Áitiúla – Deontas Feabhsúchán Athchóirithe | €5,669,080 |
| Bóithre Áitiúla – Cóiriú Dromchla | €2,023,153 |
| Scéimeanna Feabhsúchán Áitiúil | €687,807 |
| Leithdháileadh Speisialta Comhairleoirí | €825,000 |
| Leithdháileadh N.O.M. Chomhairleoirí (31 x €30,000) | €1,125,000 |
| Cothabháil Bhóithre Áitiúla | €3,109,895 |
| Bearradh Ciumhaise/Gearradh Fálta | €100,000 |
| Feabhsúcháin Bhóithre Áitiúla | €297,530 |
| Oibreacha Athchóirithe Droichead - Bóithre Áitiúla | €468,602 |
| Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla - Deontas Traenála | €95,000 |
| Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobal | €657,460 |
| Caiteachas Neamh-Incháilithe (in aghaidh deontas) | €550,000 |
| Damáiste Droch-Aimsire 2015 | €436,000 |
| Suirbhé IRI | €10,000 |
| Ranníocaíocht do GMA | €526,789 |
| | **€16,581,316** |

Rinneadh **Deontais Fheabhsúchán Shonracha** a leithdháileadh ar na scéimeanna seo leanas:

| **Deontais Fheabhsúchán Shonracha** | | |
|---|---|---|
| R310 | Sráid an tSéipéil Íochtarach (Newline) Caisleán an Bharraigh | €300,000 |
| R311 | Rehins, Bóthar Bhaile Uí Fhiacháin, Caisleán an Bharraigh | €450,000 |
| | | **€750,000** |



R310 ~ Newline, Caisleán an Bharraigh

Rinneadh na deontais **Ísealchostais Fheabhsúchán Sábháilteachta** a leithdháileadh orthu seo leanas:

| Deontais Ísealchostais Fheabhsúchán Sábháilteachta | | |
|---|---|---|
| R294 | Gailfchumann Bhéal an Átha go Ráth Gioba | €110,000 |
| R330 | Cill an Bhealaigh | €30,000 |
| R330 | Scoil Chnoc Rúscaí | €30,000 |
| R331/ L1609 | Acomhal-T i Maolla | €100,000 |
| R334 | Sráidbhaile na Croise | €13,000 |
| R335 | Leic Ainimhe | €150,000 |
| | | **€433,000** |

Rinneadh deontais i leith **Oibreacha Athshlánaithe Droichead** a leithdháileadh ar dhroichid ar na Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla seo leanas:

| Oibreacha Athshlánaithe Droichead | | |
|---|---|---|
| R327 | Droichead Choill an Chnoic | €158,900 |
| L1206 | Droichead Mount Jubilee | €329,110 |
| L14071 | Droichead Bhaile Uí Fhiacháin | €139,492 |
| | | **€627,502** |



Cosán Coolcran



Droichead Choill an Chnoic

**MAOINIÚ I LEITH DAMÁISTE DROCHAIMSIRE**

Fuair an Chomhairle maoiniú €437,596 in 2015 i leith damáiste drochaimsire a tharla in 2014. Bhuail drochstoirm an Contae arís ar 5ú/6ú Nollaig 2015. Cuireadh maoiniú ar fáil chun fuascailt a thabhairt ó thionchar na stoirmeacha agus fuarthas é in 2016.

**SCÉIMEANNA RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAL**

Cheadaigh fógra na nDeontas 2015 d'Údaráis Áitiúla 7.5% de Dheontais Fheabhsúchán Athchóirithe agus de Dheontais Chothabhála Athchóirithe a chur i leataobh le haghaidh Rannpháirtíocht Phobal in oibreacha bóthair. Cuireadh €657,460 i leataobh chuige seo in 2015 agus roinneadh é go cothrom idir na ceithre Cheantar Bardasach.

Léiríonn an tábla seo leanas, go hachomair, Ráta/Ranníocaíocht an Phobail Áitiúil:

| Ráta an Phobail Áitiúil | De réir is infheidhme |
|---|---|
| 20% | Oibreacha ar fad déanta ag an gComhairle |
| 30% | Mórchuid na n-oibreacha déanta ag an gComhairle |
| 40% | Mórchuid na n-oibreacha déanta ag an bPobal |
| 50% | Oibreacha ar fad déanta ag an bPobal Áitiúil – cuidíonn an Chomhairle trí ábhair nó gléasra a chur ar fáil |

**SCÉIM UM ROTHAÍOCHT AG AN IONAD OIBRE**

Lean Comhairle Contae Mhaigh Eo leis an Scéim um Rothaíocht ag an Ionad Oibre le linn 2015. Ó tugadh an scéim seo isteach in Aibreán 2010 tá iomlán 361 ball foirne tar éis leas a bhaint aisti. An costas iomlán ata i gceist go dtí seo ná €262,000 agus déantar an tsuim seo ar fad a fhorchúiteamh trí asbhaintí tuarastal.

**TEORAINNEACHA LUAIS**

Ghlac an Chomhairle le fodhlíthe leis na teorainneacha luais a ísliú go 30 km san uair i roinnt eastáit thithíochta sa Chontae. Caitheadh suim €104,105 ar an tionscadal seo. Réiteofar breis fodhlíthe le haghaidh eastát eile in 2016.

Chuir an Chomhairle tús le hathbhreithniú ar na teorainneacha luais ar fad sa Chontae ar mhaithe le teorainneacha athbhreithnithe agus oiriúnacha a bheith curtha in áit faoi go luath in 2017.

Tugadh faoi athruithe a chur ar theorainneacha luais ar Bhóithre Áitiúla den tríú grád in 2015.

**SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE**

In 2014, i gcomhar leis na Gardaí, HSE an Iarthair, agus an Údarás um Bóithre Náisiúnta, sheol Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo ár Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 go foirmeálta.

Reáchtálann an Chomhairle Contae, i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, clár oideachais agus feasachta faoi Shábháilteacht ar Bhóithre. Is éard atá i gceist ná an gá le haire agus le feasacht faoi na contúirtí ar na bóithre i Maigh Eo a chur chun cinn.

Cuimsíonn an Clár cuairteanna ar scoileanna ag an Oifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre agus cur chun cinn Scéim na Maor Sóisearach agus Scéim Thraenáil Rothaíochta le scoileanna. Le comhoibriú múinteoirí, na nGardaí agus tuismitheoirí déanann na scéimeanna seo difríocht shuntasach maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre. Beidh an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre ag obair, chomh maith, le Coiste Shábháilteacht ar Bhóithre le Chéile sa Chontae, a

bhfuil baill acu as an gComhairle Contae, HSE an Iarthair, na Gardaí agus ionadaithe na bpobal áitiúil, chun an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre a chur i bhfeidhm.

Beidh Feasacht um Shábháilteacht ar Bhóithre do 2016 dírithe ar 5 phríomhréimse.

**SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE A CHUR CHUN CINN I MBUNSCOILEANNA**

Cuireann an Chomhairle tacaíocht ar fáil do na Gardaí nuair thugann siad cuairt ar scoileanna trí bhileoga, bandaí láimhe frithchaiteacha agus ábhair eile a chuireann sábháilteacht ar bhóithre chun cinn, a chur ar fáil. Is mór is fiú dúinn iarrachtaí na nGardaí agus a gcomhoibriú go ginearálta chun Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn.



**SCÉIMEANNA MAOR SÓISEARACH**

Ta an ghníomhaíocht sa réimse seo ann le tacaíocht a thabhairt don Cheithre Scéim Maor Sóisearach sa chontae. Tá trí scéim i mBeal an Átha; ceann ag Bunscoil na gCailíní, Cnoc an Chlochair, ceann ag Scoil Phádraig, Sráid an Phóna, agus ceann eile ag Scoil Náisiúnta na Cé. Tá scéim ann chomh maith ag Scoil Phádraig i gCathair na Mart.

Cuireann an Chomhairle Contae éide agus comharthaí ar fáil. Déantar na marcanna bóthair a uasdátú go rialta. Tá an t-ádh leis an gComhairle go bhfuil tacaíocht iomlán na bPríomhoidí sna scoileanna seo aici. Gan an tacaíocht dhíograiseach sin ní fhéadfaí an scéim a choinneáil ag imeacht.

**BOLSCAIREACHT GHINEARÁLTA FAOI SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE TRÍ MHEÁIN ÁITIÚLA**

Oibríonn an Chomhairle Contae i dtacaíocht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus trí bholscaireacht ghinearálta sna nuachtáin áitiúla.



Móid an Tiománaí Óig

## PLEAN UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE




Leanfaidh an Coiste Stiúrtha don Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre, a forbraíodh in 2013, ag luacháil dul chun cinn an phlean seo. Tá dóchas ann le himeacht ama go mbainfear amach laghdú suntasach i staitisticí na dtimpistí bóthair sa Chontae.

## CÚLAIGH ISTEACH-TIOMÁIN AMACH

Tá sé i gceist ag Comhairle Contae Mhaigh Eo polasaí "Cúlaigh Isteach-Tiomáin Amach" a thabhairt isteach i gcarrchlóis ag oifigí uile na Comhairle ar fud an chontae.

## STAITISCÍ TIMPISTÍ BÓTHAIR – MAIGH EO

| *Bliain* | **Básanna** |
|---|---|
| 2002 | 14 |
| 2003 | 10 |
| 2004 | 13 |
| 2005 | 14 |
| 2006 | 11 |
| 2007 | 9 |
| 2008 | 10 |
| 2009 | 10 |
| 2010 | 8 |
| 2011 | 12 |
| 2012 | 7 |
| 2013 | 6 |
| 2014 | 11 |
| 2015 | 13 |

# SEIRBHÍS DÓITEÁIN CHONTAE MHAIGH EO

## RÉAMHRÁ

Contae mór tuaithe is ea Maigh Eo a chlúdaíonn achar 2,159 míle cearnach agus a bhfuil daonra thart ar 130,600 duine ann a fhágann go bhfuil sé ar cheann de na limistéir údaráis dóiteáin is mó sa tír.

Tá dualgas reachtúil ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo, mar údarás dóiteáin, faoi na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003, (a) foráil a dhéanamh do mhúchadh pras agus éifeachtach dóiteáin, do chosaint agus do thabhairt slán daoine agus maoine ó ghortú de bharr dóiteáin, (b) briogáid agus áras dóiteáin a bhunú agus a chothabháil, agus (c) soláthar leordhóthanach a dhéanamh do ghlacadh agus d'fhreagairt do ghlao ar chúnamh ón mbriogáid dóiteáin.


## COSC DÓITEÁIN

Cinntíonn Oifigigh um Cosc Dóiteáin go ndéantar foirgnimh a phleanáil, a dhearadh, a thógáil agus a chothabháil ar bhealach sábháilte ó thaobh sábháilteachta dóiteáin. Feidhmíonn an tÚdarás Dóiteáin faoi chorpas mór reachtaíochta; is iad an dá phríomhphíosa reachtaíochta ná na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003 agus na hAchtanna um Rialú Foirgníochta 1990 agus 2014, déanann na hOifigigh um Chosc Dóiteáin measúnú ar iarratais ar Dheimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán. Tháinig méadú de 94 ar líon na nIarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán in 2015, ardú 17.5% ón mbliain roimhe. Léirítear líon na Iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteáin a próiseáladh in aghaidh na bliana don tréimhse 2011 go 2015 i dTábla 1 agus tugtar miondealú ar na cineálacha iarratas a fuarthas do 2014/2015 i bhFíor 1.

**Tábla 1: Achoimre ar Dheimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán (FSC) a Próiseáladh (2011 go 2015)**

| Teastais Sábháilteachta ó Dhóiteán Mionsonraí | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarratais a Fuarthas | 109 | 76 | 93 | 80 | 94 |
| % Athrú Bliantúil | ------ | -30.3% | 22.4% | -14.0% | +17.5% |
| Iarratais Neamhbhailí | 0 | 3 | 1 | 3 | 1 |
| Cinntí a Rinneadh | 93 | 68 | 83 | 66 | 87 |
| A Deonaíodh (Le coinníollacha) | 71 | 68 | 63 | 54 | 76 |
| A Deonaíodh (Gan choinníollacha) | 22 | 0 | 20 | 12 | 11 |
| Iarratais a Diúltaíodh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

**Fíor 1: Miondealú ar Iarratais ar Dheimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán (2014 agus 2015)**




Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán a Fuarthas Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán Leasaithe
Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán Tugtha Chun Rialtachta Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán Fógra 7 Lá


Déanann an Chomhairle próiseáil freisin ar Iarratais ar Fhógraí Tosach Feidhme faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta 1990 and 2014, laistigh den tSeirbhís Dóiteáin. Bhí titim 270 ar líon na nIarratas ar Fhógraí Tosach Feidhme a fuarthas in 2015, titim 39% ón mbliain roimhe. Léirítear líon na nIarratas ar Fhógraí Tosach Feidhme a próiseáladh in aghaidh na bliana sa tréimhse 2011 go 2015 i dTábla 2.

**Tábla 2: Achoimre ar Fhógraí Tosach Feidhme a Próiseáladh (2011 go 2015)**

| Mionsonraí na nIarratas | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarratais a Fuarthas | 322 | 268 | 259 | 415 | 270 |
| % Athrú Bliantúil | ------ | -16.8% | -3.4% | +60.2% | -34.9% |
| Iarratais Bhailí | 318 | 265 | 251 | 400 | 262 |
| Iarratais Neamhbhailí | 4 | 3 | 8 | 15 | 8 |

Léirítear achoimre ar Iarratais ar Fhógraí Tosach Feidhme agus ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán a fuarthas go bliantúil thar an tréimhse 2011 go 2015i bhFíor 2.

**Fíor 2: Iarratais faoin Acht um Rialáil Foirgníochta a Fuarthas (2011 go 2015)**




Fógraí Tosach Feidhme a Fuarthas Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán a Fuarthas

Déanann Oifigigh um Chosc Dóiteáin cigireachtaí freisin de réir Alt 24 de na hAchtanna um Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003. Clúdaíonn an reachtaíocht seo ceadúnú tithe tábhairne, óstlann, hallaí damhsa, clubanna, bialann, áitreabh cluichíochta agus crannchuir etc. Léirítear na cigireachtaí a rinne an Rannóg um Chosc Dóiteáin i dTábla 3.

**Tábla 3: Achoimre ar chigireacht a rinne Oifigigh um Chosc Dóiteáin (2011 go 2015)**

| Tuairisc ar Chigireachtaí | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| Cigireacht Alt 24 (Iarratais ar Cheadúnú) | 235 | 308 | 192 | 263 | 248 |
| Cigireacht Alt 13 (Iarratais Phleanála) | 6 | 8 | 5 | 4 | 8 |
| Cigireachtaí Eile | 34 | 114 | 92 | 172 | 118 |
| Iomlán na gCigireachtaí | 275 | 430 | 289 | 439 | 374 |

**SÁBHÁILTEACHT Ó DHÓITEÁN I MEASC AN PHOBAIL**

Bhí pearsanra ón tSeirbhís Dóiteáin bainteach go gníomhach leis na himeachtaí/gníomhaíochtaí seo a leanas in 2015:

- Cainteanna le Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir.
- Imeacht Sábháilteachta Pobail Ilghníomhaireachta in Ionad Saoire Theach Bhréachmhaí, Caisleán an Bharraigh.
- Seó Sábháilteachta ar Bhóithre Mhaigh Eo san Amharclann Ríoga, Caisleán an Bharraigh.
- Féile Eolaíochta & Teicneolaíochta Mhaigh Eo i GMIT i gCaisleán an Bharraigh.
- Clár Bunscoileanna NDFEM, a seachadadh chuig 825 dalta i 33 scoil.
- Cuairteanna scoile ar stáisiúin dóiteáin; thug breis agus 370 dalta/múinteoir/ tuismitheoir ó 13 scoil cuairt ar stáisiúin dóiteáin ar fud an chontae.
- Baineadh úsáid as an tSeachtain Náisiúnta Sábháilteachta ó Dhóiteáin chun cleachtais um chosc slán ar dhóiteáin a chur chun cinn trí fhógraí ar na meáin, cláir chainte ar an raidió agus tráth na gceist, laethanta oscailte ag stáisiún dóiteáin agus léirithe ionsamhlaithe ar dhóiteáin sceallóg.
- Graduate.ie (comórtas ar líne do Mhic Léinn Dara Leibhéil) – glacann Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo páirt ghníomhach sa tionscnamh oideachasúil seo, ag díriú ar shábháilteacht ó dhóiteán go ginearálta.



**OIBRÍOCHTAÍ NA SEIRIBHÍSE DÓITEÁIN**

Fostaíonn an Chomhairle 121 comhraiceoir dóiteáin faoi láthair in 12 stáisiún dóiteáin lonnaithe mórthimpeall an Chontae mar a léirítear sa léarscáil ag dul leis seo.

Déileálann na comhraiceoirí dóiteáin seo le réimse leathan teagmhas go bliantúil, ó dhóiteáin simléir, dóiteáin tithe, dóiteáin phortaigh/foraoise, go timpistí bóthair, tarrthálacha agus teagmhais bainteach le ábhar ceimiceach. In 2015, d'fhreastail Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo ar 784 teagmhas, méadú de 16.3% ar 2014.Tugtar miondealú ar na cineálacha teagmhas ar fhreagair briogáidí dóiteáin ó Mhaigh Eo dóibh i dTábla 4.

**Tábla4: Achoimre ar na Cineálacha Teagmhas ar Freastalaíodh orthu ó 2011 go 2015**


| Cur Sios ar Theagmhas | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na nDóiteán ar Freastalaíodh orthu**<br>Ina limistéar féin<br>I limistéar údaráis dóiteáin eile | **750**<br>728<br>22 | **499**<br>486<br>13 | **694**<br>663<br>31 | **440**<br>421<br>19 | **519**<br>48<br>7<br>32 |
| **Teagmhais Seirbhísí Speisialta**<br>Timpistí trácht bóthair<br>Caidéalú Uisce/tuilte<br>Tarrtháil uisce<br>Tarrthálacha eile nár bhain le dóiteáin<br>Substaintí Guaiseacha faoi bhealach<br>Ilghnéitheach | **205**<br>161<br>0<br>7<br>15<br>1<br>21 | **172**<br>141<br>0<br>2<br>12<br>1<br>16 | **165**<br>134<br>2<br>2<br>8<br>1<br>18 | **159**<br>135<br>1<br>2<br>12<br>0<br>**9** | **186**<br>13<br>3<br>15<br>9<br>11<br>1<br>17 |
| **Aláraim Bhréagacha**<br>Mailíseach<br>Dea-rún | **104**<br>25<br>79 | **94**<br>17<br>77 | **86**<br>15<br>71 | **75**<br>16<br>59 | **79**<br>14<br>65 |
| **Líon Iomlán na dTeagmhas**<br>Athrú ón mBliain Roimhe<br>% Athrú Bliantúil | **1059**<br>------<br>-27.6% | **765**<br>-294<br>-27.8% | **945**<br>+180<br>+23.5% | **674**<br>-271<br>-28.7% | **784**<br>+110<br>+16.3% |

Bhí 934 freagairt ón mbriogáid dóiteáin don 784 teagmhas in 2015, i.e. briogáid dóiteáin a d'fhreastail ar na teagmhais. Léirigh an figiúr do 2015 méadú de 21% ar an bhfigiúr a taifeadadh in 2014, mar a léirítear i dTábla 5 agus i bhFíor 3.

**Tábla 5: Achoimre ar Ghníomhaíocht na Briogáide Dóiteáin ó 2011 go 2015**

| Gníomhaíocht na Briogáide Dóiteáin | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon iomlán na dTeagmhas | 1059 | 765 | 945 | 674 | 784 |
| Líon iomlán Freastal | 1129 | 870 | 1090 | 772 | 934 |
| Athrú ón mBliain Roimhe | ------ | -259 | +220 | -318 | +162 |
| % Athrú Bliantúil | ------ | -22.9% | +25.3% | -29.2% | +21.0% |
| Cóimheas Freastal/Teagmhas | 1.066 | 1.137 | 1.153 | 1.145 | 1.191 |

**Fíor 3: Gníomhaíocht na Briogáide Dóiteáin (2011 go 2015)**




Líon na dTeagmhas Líon na bhFreagairtí ón mBriogáid Dóiteáin

## FEARAS NA BRIOGÁIDE DÓITEÁIN

Ghlac an Chomhairle seilbh ar Inneall Éigeandála athláimhe in 2015. Úsáidtear an fearas seo, a chuaigh i mbun oibre le Flít Bhríogáid Dóiteáin Chaisleán an Bharraigh, le trealamh tarrthála tionóisce thar a bheith speisialaithe a iompar. Freagraíonn sé do gach tionóisc tráchta bóthair i limistéar Chaisleán an Bharraigh agus in áiteanna eile laistigh den chontae áit a mbíonn gá le cabhair nó le trealamh speisialaithe i gcás mórthionóiscí tráchta bóthair, mar shampla.
Eascraíonn soláthar an fhearais seo ón gclár leanúnach d'athsholáthar an fhlít fearas dóiteáin sa Chontae, arna maoiniú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

## BAINISTIÚ MÓRÉIGEANDÁLA

D'fhógair Comhairle Chontae Mhaigh Eo Pleananna Éigeandála Seachtracha i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus An Garda Síochána don dá bhunaíocht uas-sraithe Seveso i gContae Mhaigh Eo; Atlantic Industries agus Críochfort Gáis Droichead Bhéal an Átha Buí.

Reáchtáladh na cleachtaidh seo a leanas:

- Tástáladh an Plean Éigeandála Seachtrach do Shuiteáil Chomhla Radharc Talún (cuid de líne Gáis na Coiribe) trí ghníomh beo idirghníomhaireachta ar an láithreán.
- Tástáladh an Mórphlean Éigeandála trí ghníomh beo idirghníomhaireachta ag Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire.


**RIALÚ FOIRGNÍOCHTA & FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA**

Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta agus an tÚdarás Forfheidhmithe Pleanála do limistéar riaracháin Chontae Mhaigh Eo. Is iad a príomhfheidhmeanna gearáin i scríbhinn a imscrúdú maidir le forbairtí neamhúdaruithe líomhnaithe i gcomhréir leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, agus cigireachtaí randamacha rialaithe foirgníochta a dhéanamh faoi na hAchtanna um Rialáil Foirigníochta,1990 agus 2014, chun a chinntiú go gcomhlíontar na Rialacháin um Rialú Foirgníochta, 1997 go 2009. Léirítear achoimre ar ghníomhaíocht don Rannóg Forfheidhmithe Pleanála i dTábla 6 agus i bhFíor 4.

**Tábla 6: Gníomhaíocht Forfheidhmithe Pleanála ó 2011 go 2015**

| Cur síos ar Ghníomhaíocht | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na ngearán nua a fuarthas | 110 | 168 | 135 | 152 | 149 |
| Líon na ngearán a díbheadh | 70 | 52 | 50 | 48 | 40 |
| Líon na ngearán a réitíodh trí idirbheartaíocht | 56 | 36 | 22 | 54 | 29 |
| Líon na ngnáthamh forfheidhmithe a rinneadh trí Litreacha Rabhaidh | 82 | 83 | 80 | 83 | 93 |
| Líon na ngnáthamh forfheidhmithe a rinneadh trí Fhógraí Forfheidhmithe | 34 | 15 | 13 | 12 | 22 |
| Líon na gcomhad i seilbh Aturnae na Comhairle Contae | 46 | 38 | 32 | 38 | 33 |
| Líon na n-ionchúiseamh | 2 | 1 | 0 | 3 | 2 |

**Fíor 4: Achoimre ar Ghníomhaíocht Forfheidhmithe Pleanála (2012go 2015)**




Gearáin Nua //Gearáin Dífe//Gearáin a Réitíodh//Litreacha Rabhaidh//Fógraí Forfheidhmithe

Áirítear freisin le dualgais a chomhlíontar faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta 1990 agus 2014, scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar Dheimhniú Rochtana Míchumais agus eisiúint Deimhnithe Rochtana Míchumais. Léirítear achoimre ar ghníomhaíocht maidir le Deimhnithe Rochtana Míchumais i dTábla 7 agus i bhFíor 5.

**Tábla 7: Deimhnithe Rochtana Míchumais a Próiseáladh ó 2011 go 2015**

| Cur Síos ar Ghníomhaíocht | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na n-iarratas **bailí** ar Dheimhnithe Rochtana Míchumais (DAC) | 60 | 34 | 63 | 59 | 60 |
| Líon na nIarratas ar Dheimhnithe DAC a Diúltaíodh mar **Neamhbhailí** | 2 | 3 | 1 | 4 | 7 |
| Líon na n-iarratas inar iarradh ar an iarratasóir **Faisnéis Bhreise** a chur isteach | 36 | 19 | 21 | 28 | 34 |
| Líon na n-iarratas DAC inar síneadh an uastréimhse ama atá leagtha síos le hiarratais a bhreithniú | 12 | 10 | 14 | 11 | 15 |
| Deimhnithe Rochtana Míchumais a eisíodh: - | 52 | 37 | 56 | 53 | 53 |
| Laistigh de 2 mhí | 41 | 29 | 42 | 42 | 42 |
| Níos mó na 2 mhí | 11 | 8 | 14 | 11 | 11 |
| Á ndeonú le coinníollacha | 49 | 34 | 36 | 49 | 42 |
| Á ndeonú gan choinníollacha | 3 | 3 | 20 | 4 | 11 |
| Líon na nDeimhnithe Rochtana Míchumais a diúltaíodh | 4 | 1 | 4 | 1 | 4 |

**Fíor 5: Achoimre ar Iarratais ar Dheimhniú Rochtana Míchumais ó 2011 go 2015**
Bailí//Neamhbhailí//Diúltaithe





Déantar Rialacháin Foirgníochta chun críocha sonracha, e.g. chun foráil a dhéanamh, maidir le foirgnimh, do shláinte, do shábháilteacht agus do leas daoine, do chaomhnú fuinnimh agus do rochtain do gach duine. Tá Sonraíochtaí Teicniúla ábhartha sa mhéid is go mbaineann siad leis na cúinsí seo. Déantar cigireachtaí Rialaithe Foirgníochta ar líon teoranta foirgneamh nua mar a aithnítear ag na fógraí tosach feidhme bailí a chuirtear isteach, a bhfuil d'fheidhm acu spotseiceálacha a dhéanamh maidir le comhlíonadh na rialachán foirgníochta. I bhformhór na gcásanna tugtar aghaidh ar sháruithe ar na rialacháin trí idirbheartaíocht fhada. Uaireanta bíonn sé riachtanach imeachtaí forfheidhmithe dlí a thionscain. Léirítear achoimre ar ghníomhaíocht maidir le Rialú Foirgníochta i dTábla 8 agus i bhFíor 6.

**Tábla 8: Cigireachtaí Rialaithe Foirgníochta ó 2011 go 2015**

| Cur síos ar Ghníomhaíocht | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na bhfoirgneamh clúdaithe ag fógraí tosach feidhme bailí | 340 | 268 | 265 | 432 | 285 |
| Líon na bhfoirgneamh inar iarradh doiciméid | 7 | 2 | 0 | 0 | 51 |
| Líon na gcigireachtaí ar fhoirgnimh nua | 51 | 50 | 36 | 60 | 48 |
| % de chigireachtaí ar fhoirgnimh nua | 15.0% | 18.7% | 13.6% | 13.9% | 17% |
| Líon na gcigireachtaí a rinneadh, lena n-áirítear ilchigireachtaí ar an bhfoirgneamh céanna | 232 | 178 | 176 | 179 | 211 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na n-iarratas ar mhaoluithe & dispeansáidí ar na rialacháin foirgníochta | 3 | 3 | 0 | 0 | 2 |
| Líon na n-iarratas ar mhaoluithe & dispeansáidí ar na rialacháin foirgníochta a deonaíodh | 3 | 0 | 3 | 0 | 2 |
| Líon na bhfógraí forfheidhmithe a seirbheáladh | 1 | 2 | 2 | 1 | 2 |




**Foirgnimh clúdaithe ag CN bailí** **Cigireachtaí ar Fhoirgneamh Nua**

**Fíor 6: Achoimre ar Chigireachtaí Rialaithe Foirgníochta ó 2011 go 2015**

Déantar dualgais an Oifigigh Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a shannadh freisin ar bhall den Aonad. Ar na dualgais eile a chomhlíonann an tAonad áirítear Cothabháil Áras an Chontae agus na bhfoirgneamh gaolmhara. Áirítear san aeráid eacnamaíoch reatha go dteastaíonn idirbheartaíocht fhada ó roinnt mhaith comhad Forfheidhmithe Pleanála agus Rialaithe Foirgníochta chun teacht ar réiteach sásúil agus bhí méadú ar an riachtanas fógraí forfheidhmithe a eisiúint agus dul ar aghaidh go dtí gníomh ón Aturnae.


**RIALÚ DÓITEÁIN RÉIGIÚN AN IARTHAIR**

In 2015 d'fheidhmigh Comhairle Contae Mhaigh Eo Rialú Dóiteáin Réigiún an Iarthair (WRFC) thar ceann údarás áitiúla Chonnacht agus Chontae Dhún na nGall. Soláthraíonn WRFC an tseirbhís freagartha glaonna agus slógaidh éigeandála 112/999 do na hÚdaráis Dóiteáin seo. Déanann Tábla 9 agus Fíor 7 achoimre ar líon glaonna an WRFC dona cúig bliana dár críoch 2015. Tá méadú beag ar líon na nglaonna ag 6.95% ar fhigiúirí 2014, cé nach bhfuil ach méadú an-bheag de 1% ar líon bliantúil na nglaonna ar an meán ghníomhaíocht bhliantúil.

**Tábla 9: Gníomhaíocht Ghlaonna WRFC ó 2011 go 2015**

| Cur síos ar Ghlaonna | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | Meán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Glaonna Isteach** | 22310 | 17163 | 20589 | 17778 | 18876 | 19,343 |
| **Glaonna Amach** | 16503 | 12755 | 14451 | 13405 | 14473 | 14,317 |
| **Líon iomlán na nGlaonna** | 38813 | 29918 | 35040 | 31183 | 33349 | 33,660 |
| **% Athrú** | ------ | -22.92% | +17.12 % | +17.12 % | +6.95% | +0.93% |

**Fíor 7: Achoimre ar Ghníomhaíochtaí Láimhseála Glaonna WRFC ó 2011 go 2015**





Glaonna Isteach//Glaonna amach

Bhí 4,248 teagmhas éigeandála de chuid na briogáide dóiteáin ar fud an réigiúin in 2015 de bharr na gníomhaíochta glaonna seo, a léiríonn méadú de 7.4% ar 2014, mar a léirítear i dTábla 10 agus i bhFíor 8.

**Tábla 10: Teagmhais Éigeandála ó 2011 go 2015**


| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***Líon Iomlán na dTeagmhas*** | 5291 | 4088 | 4882 | 3954 | 4248 |
| ***% Athrú*** | ------ | -22.734 % | +19.4% | +19.4% | +7.4% |

**Fíor 8: Líon na dTeagmhas Éigeandála ó 2011 go 2015**




Den 4,248 teagmhas, ba í Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo ba chúis le breis agus 18% de ghníomhaíocht na réigiún mar a léirítear i bhFíor 9.

**Fíor 9: Dáileadh Teagmhas Éigeandála (ó 2013 go 2015)**




Gaillimh//Dún na nGall//Maigh Eo//Sligeach//Ros Comáin//Liatroim

## IONAD CULTÚRTHA BHÉAL ÁTHA NA MUICE

Is ionad ilfheidhmeach é Leabharlann agus Ionad Cultúrtha Bhéal Átha na Muice atá lonnaithe ar Bhóthar an Stáisiúin, Béal Átha na Muice. Tá an tsaoráid seo lonnaithe áit a d'fheidhmíodh an Stáisiún Iarnróid tráth – ba stór earraí do CIÉ an tIonad Cultúrtha tráth. Is féidir ráillí an iarnróid a fheiceáil taobh thiar den fhoirgneamh go fóill agus tá teach an Bhainisteoir Stáisiúin béal dorais faoi úinéireacht phríobháideach agus é áitithe.

Tá an Leabharlann lonnaithe sa chuid nua den fhoirgneamh mar aon le saoráid Seomra Cruinnithe atá leagtha amach i stíl seomra boird. Is é an Taoiseach Enda Kenny a d'oscail an foirgneamh go hoifigiúil ar 10 Bealtaine 2014.

**ACMHAINN**

Is limistéar spáis oscailte atá inrochtana go hiomlán é an tIonad Cultúrtha a bhfuil slí ann do suas le 187 duine (figiúr ó Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin). Tá spás do suas le 30 duine sa Seomra Cruinnithe ar seomra ar leith é. Tá neart saoráidí chun carranna a pháirceáil mórthimpeall ar an bhfoirgneamh.

**SAORÁIDÍ**

- Scáileán mór anuas
- Teilgeoir (seasta agus iniompartha)
- Ábalta nascadh le ríomhaire glúine
- Seinnteoir DVD nasctha le teilgeoir &scáileán
- Póidiam le micreafón.
- Áit bheag cistine chun tae a dhéanamh le dabhach, reoiteoir agus coire Burco.

**IMEACHTAÍ**

Tháinig méadú ar úsáid an Ionaid Chultúrtha agus an tSeomra Cruinnithe le linn 2015. Reáchtáladh raon leathan ranganna agus imeachtaí arís ar bhonn rialta– an Margadh Tíre Taobh Istigh míosúil, ranganna in aghaidh na seachtaine faoi shláinte agus folláine, suaimhneas agus aireachas, óráidíocht, drámaíocht agus damhsa comhaimseartha ina measc.

Tionóladh roinnt imeachtaí sa tsaoráid arbh díol suntais iad le linn 2015.
Ceolchoirmeacha: Tionóladh dhá cheolchoirm bheo – Charlie Mc Gettigan agus Eleanor Shanley in Feabhra agus Damian Dempsey i mBealtaine.
Seoltaí: D'óstáil Béal Átha na Muice Fleadh Ceoil Mhaigh Eo don tríú bliain as a chéile in 2015 agus seoladh an t-imeacht san Ionad Cultúrtha ag deireadh Bealtaine. Bhí Sabina Higgins ina haoi oinigh ar an lá sin.
Aonach Gnó: In Aibreán, bhí Gavin Duffy, a bhfuil cáil air faoi Dragon's Den, i measc na gcainteoirí ag Aonach Gnó Bhanc na hÉireann a reáchtáladh san Ionad Cultúrtha.
Spiorad na hÁite: Tionóladh imeacht Spiorad na hÁite tar éis seoladh Mórshiúl na nAnamacha ar Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal Átha na Muice, san Ionad Cultúrtha i mi Iúil. Tharla breithniú Bhéal Átha na Muice ina hiontráil rathúil sa chomórtas Mórtas Áite ag an am céanna.
Searmanas Sibhialta: reáchtáladh an chéad Searmanas Sibhialta san Ionad Cultúrtha in Iúil.
Drámaíocht: Chuir Grúpa Drámaíochta Bhéal Átha na Muice léiriú ar stáitse in Aibreán.
Siamsa Sráide: Reáchtáladh an fhéile sráide bhliantúil i Lúnasa. Reáchtáladh roinnt imeachtaí san Ionad Cultúrtha lena n-áirítear Sorcas agus dioscó do dhéagóirí.
Cúirt Chróinéara: Shuigh an Chúirt Chróinéara san Ionad Cultúrtha ar ócáid amháin in 2015.

Comhairliúcháin Phoiblí: Reáchtáil Dearadh Bóthair agus an OPW comhairliúcháin phoiblí i rith na bliana.
Oíche Chultúir: I Meán Fómhair d'eagraigh an tIonad Cultúrtha agus chuir imeacht Oíche Chultúir ar bun. Tugadh cuireadh ar glacadh go fonnmhar leis do scoileanna áitiúla, grúpaí damhsa, Comhaltas agus do dhaoine den phobal a bheith páirteach san imeacht. Bhain a raibh i láthair taitneamh as oíche iontach ceoil, amhrán, damhsa agus aithriseoireachta.
Oiliúint: Reáchtáladh iliomad imeachtaí oiliúna san Ionad Cultúrtha agus sa Seomra Cruinnithe i rith na bliana – i réimsí mar chúram sláinte agus clubanna jabanna.
Cruinnithe pobail: Bhain grúpaí pobail éagsúla leas as saoráid an tseomra cruinnithe i rith na bliana.
Stáisiún Vótála: Ba é an tIonad Cultúrtha an stáisiún vótála don Reifreann a tionóladh in 2015.
Ócáidí Tiomsaithe Airgid: Reáchtáladh roinnt ócáidí tiomsaithe airgid san Ionad Cultúrtha i rith na bliana. In Aibreán mheall ilchomórtas beiriste sluaite móra ón gContae trí chéile ar mhaithe le galar Parkinson. I mí na Nollag reáchtáil Ospís Mhaigh Eo Ros Comáin Aonach Nollag an-rathúil.
Grúpaí Óige: Bhain Gasóga Mhaigh Eo 24 Bhéal Átha na Muice agus Foróige Bhéal Átha na Muice úsáid fhorleathan as an tsaoráid i rith na bliana.
Club na Madraí: Chuir Club Madraí Mhaigh Eo & an Cheantair tús le ranganna i Samhain.
Comórtas Lógó: Reáchtáil an tIonad Cultúrtha Comórtas Lógó. Tugadh cuireadh do na scoileanna áitiúla go léir a bheith rannpháirteach. Fuarthas líon mór iontrálacha. Reáchtáladh Oíche Dámhachtainí i mí na Nollag mar aitheantas ar a ndearna na hiontrálaithe go léir. Ba í Ellie Mulligan a bhain an duais fhoriomlán a mbeidh a lógó mar bhunús leis an dearadh don láithreán gréasáin atá ag teacht aníos don Ionad Cultúrtha.

## MÓTARCHÁIN

Déileálann na hOifigí Mótarchánach i Maigh Eo le riar na Reachtaíochta um Cheadú Feithicle i gContae Mhaigh Eo.

Níl aon bhaint níos mó ag an gComhairle le Ceadúnú Tiomána. Aistríodh an fheidhm seo go dtí an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2013.

Bhí Comhairle Contae Mhaigh Eo i dtús cadhnaíochta i ndílárú na seirbhíse mótarchánach ar bhonn réigiúnach ar fud an chontae agus tá trí oifig mhótarchánach lonnaithe go straitéiseach i Maigh Eo faoi láthair mar seo a leanas:

Páirc an Ghleanna, an Meal, Caisleán an Bharraigh
Oifigí Cathartha, Béal an Átha
Oifigí na Comhairle, Béal an Mhuirthead

Tá seirbhís teagmhála ar líne ar fáil ag motortax@mayococo.ie.

Déantar nuashonrú leanúnach ar láithreán gréasáin Mótarchánach na Comhairle Contae chun athruithe ar pholasaí agus ar ghnáthaimh a léiriú mar aon le ceanglais reachtúla. Is féidir rochtain a fháil air aghttp://www.mayococo.ie/en/Services/MotorTax/

Tá seirbhís Mhótarchánach ar líne ar fáil freisin do chustaiméirí ag www.motortax.ie. Is féidir na ranganna cánach seo a leanas a phróiseáil ar líne:-

- Carranna Príobháideacha
- Gluaisrothair
- Tarracóirí Talmhaíochta, Tochaltóirí/Bainteoirí, agus Comhbhuainteoirí
- Eileatraim
- Feithiclí oiriúnaithe d'úsáid ag daoine faoi mhíchumas
- Mótarcharbháin (ní don chéad chur faoi cháin)
- Feithiclí Seanré/Ársa (athnuachan amháin)

Leanann úsáid na saoráide do mhótarcháin ar líne ag dul i méid bliain ar bhliain a léiríonn nádúr soláimhsithhe na seirbhíse.

B'ionann an t-ioncam iomlán do Mhótarcháin do Chontae Mhaigh Eo in 2015 agus €33,200,000 agus ba é €34,576,000 an t-ioncam do 2014. Bailíodh €18,700,000 tríd an tseirbhís Mhótarchánach ar líne agus bailíodh €14,500,000 trí Oifigí Mótarchánach Mhaigh Eo.

Leanann na hOifigí Mótarchánach ar aghaidh ag cur seirbhís ardchaighdeáin ar fáil dírithe ar chustaiméirí ina bhfuil cúram an chustaiméara i gceartlár gach gníomhaíochta a léirítear i leibhéal iomlán sástachta na gcustaiméirí.

# SÁBHÁILTEACHT UISCE

Tá imeallbhord ollmhór ag Contae Mhaigh Eo lena n-áirítear 12 trá Brait Ghoirm agus 8 dtrá Cósta Glais. Agus an iliomad linn snámha, acraí de lochanna agus uiscebhealaí intíre neamhthruaillithe á gcur san áireamh, is féidir a fheiceáil cén fáth go gcaithfidh gur tosaíocht i gcónaí a bheidh i sábháilteacht uisce do Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

D'fhostaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo 24 garda tarrthála in iomlán le linn na tréimhse Meitheamh – Meán Fómhair 2015 agus bhíodar lonnaithe sna ceantair is mó a raibh tóir orthu do ghníomhaíochtaí uiscebhunaithe allamuigh sa chontae. Is siad seo a leanas na ceantair sin:

**Beirtreach, Cathair na Mart**
**An Seancheann, Cluain Cearbán**
**Carramore, Cluain Cearbán**
**Ceathrú an Uisce, Cluain Cearbán**
**Linn Snámha Bhóthar an Chladaigh**
**An Choim, Acaill**
**An Caol, Acaill**
**Trá na gCeann, Dúghort, Acaill,**
**An Ros, Cill Eala**
**An Mhala Raithní**



***Gardaí tarrthála trá Chomhairle Contae Mhaigh Eo i mbun oiliúna ag Trá Cheathrú an Uisce, Cluain Cearbán i Meitheamh 2015 roimh dóibh dul ag obair do shéasúr an tsamhraidh.***



Cinntíonn soláthar seirbhís garda tarrthála sábháilteacht na ndaoine go léir a thugann cuairt ar uiscebhealaí Mhaigh Eo áit a bhfuil dea-theist sábháilteachta gan locht ann ó cuireadh tús leis an tseirbhís i lár na 70idí.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo mórtasach as a seirbhís garda tarrthála agus cuireann sí an caighdeán is airde de threalamh tarrthála neamh-mheicniúil ar fáil ag gach stáisiún de chuid an gharda tarrthála ar fud an chontae. Tá dífhibrileoirí ar an láthair freisin agus cáilítear gach garda tarrthála a fhostaítear mar Céad Fhreagróir Cairdiach (CFR), ag oiliúint ionduchtúcháin roimh dul i mbun oibre dóibh.

I dteannta gardaí tarrthála a fhostú agus soláthar trealaimh, baineann feidhm Sábháilteachta Uisce freisin le cur chun cinn feasachta agus déantar é seo go príomha trí chúrsaí sábháilteachta uisce a eagrú sna linnte poiblí (Caisleán an Bharraigh, Béal an Átha, Clár Chlainne Mhuiris agus Cathair na Mart) i rith míonna an gheimhridh agus ag iliomad suíomh amuigh i rith an tsamhraidh. Bhí na suíomhanna seo a leanas san áireamh sa chlár fairsing cúrsaí in 2015:

Linnte Bhéal Átha hAmhnais, Bhéal an Mhuirthead, Bhaile Chathail agus Chill Mobhí Cliara, Inis Tuirc, Dumha Éige agus Cé Leacan

Eisíodh 1585 teastas do leanaí agus do dhaoine fásta ó Chontae Mhaigh Eo in 2015, dá rannpháirtíocht sna cúrsaí sábháilteachta uisce seo. Ullmhúchán bunaidh atá sna cúrsaí seo don chéad ghlúin eile de ghardaí tarrthála, múinteoirí snámha agus teagascóirí sábháilteachta uisce a fhostóidh Údaráis Áitiúla agus an tionscal fóillíochta príobháideach sa todhchaí.

RINGBUOYS.IE
A STOLEN RINGBUOY - A STOLEN LIFE

Is fadhb sheasta d'údaráis áitiúla athsholáthar baoithe fáinne a ndéantar iad a lot, a dhamáistiú nó a ghoid. D'fhorbair Sábháilteacht Uisce na hÉireann láithreán gréasáin www.ringbuoys.ie trínar féidir le duine ar bith den phobal tuairisc a thabhairt d'aon Údarás Áitiúil faoi bhaoithe fáinne atá ar iarraidh nó damáistithe. Cuirtear ríomhphost chuig an Oifigeach Sábháilteachta Uisce san Údarás Áitiúil ábhartha a chinnteoidh ansin go ndéantar athsholáthar ar an trealamh tarrthála gan mhoill.



***Gardaí Tarrthála ar an Trá fostaithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo i rith an tSamhraidh 2015***

## COSAINT SHIBHIALTA MHAIGH EO

Is eagraíocht dheonach í Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo a chuimsíonn thart ar 95 oibrí deonach a chuireann tacaíocht ar fáil do sheirbhísí éigeandála agus do phobail áitiúla le baill ardoilte a bhfuil meas ag muintir na háite agus ag seirbhísí éigeandála túslíne ar a gcuid oibre. Is éiteas deonach na heagraíochta agus an tiomantas don chuspóir a neartaíonn an eagraíocht agus tugann a baill a gcuid ama agus saineolais go saor agus go toilteanach.

Tá Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo tiomanta do thimpeallacht a chothú a cheadaíonn dá mbaill tabhairt faoina gcuid dualgas, íomhá dearfach agus gairmiúil á léiriú acu a thugann dea-theist ar an eagraíocht i gcónaí.

Ba ionann buiséad caiteachais Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo do 2015 agus €120,000.00. Faightear cuid de seo i ndeontas ón mBord Cosanta Sibhialta/an Roinn Sláinte. Laghdaíodh an Buiséad do 2015 ag teacht le ceanglais bhuiséadacha fhoriomlána agus leanfaidh Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo ag cur seirbhísí ar fáil don phobal mar a rinne sí sna blianta roimhe seo.

### ACMHAINNÍ COSAINT SHIBHIALTA MHAIGH EO

| | |
|---|---|
| Oibrithe Deonacha | 95 |
| Feithiclí | 15 |
| Báid | 3 |
| Aonad Ordaithe agus Rialaithe | 1 |
| Bád Freagartha Tuile | 1 |
| Leantóir Freagartha Éigeandála | 2 |

### BUAICPHOINTÍ 2015

### TACAÍOCHT PHOBAIL

D'fhreastail Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo ar bhreis agus 85 dualgas tacaíochta pobail i rith na bliana. Áiríodh orthu seo – Rásanna eachtraíochta, Féilte Pobail, Imeachtaí Spóirt agus Carthanachta.

Comhghairdeas le Jim Murray, Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo, ar Chomórtas Ghrianghraf na Míosa a bhaint in Aibreán á reáchtáil ag an gColáiste Cosanta Sibhialta, Ros Cré.



***Mionmharatón Iarthar na hÉireann –Criú & Foireann Campa Leighis Cosanta Sibhialta anseo le Sonia O'Sullivan.***



***Ladrainn agus Foirne Cuardaigh Chosaint Shibhialta le linn cuardaigh i gCeathrú Thaidhg, Meán Fómhair 2015.***



***Club Úinéirí Honda Goldwing na hÉireann 2015 ag Treffen i bPáirc Mhic Éil, CLG, Caisleán an Bharraigh***

# AN ROINN TRÉIDLIACHTA

## SÁBHÁILTEACHT BIA

Is é cuspóir Roinn Tréidliachta Chomhairle Contae Mhaigh Eo oibriú le Oibreoirí Gnó Bia áitiúla chun cuidiú leo na caighdeáin is airde sábháilteachta bia a bhaint amach agus a chothabháil. Tá baint ghníomhach againn le galair zónóiseacha a chomhrac i.e. galair ar féidir a tharchur idir ainmhithe agus daoine. Tá ionchur díreach againn freisin i ndíothú Galair Infhógartha.

Déantar an obair shábháilteachta bia faoi Chonradh Seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI), le béim ar leith le sláinteachas agus inrianaitheacht.

Tá 10 Áitreabh Déantúsaíochta Feola Beaga laistigh den Chontae ina dtáirgtear raon táirgí lena n-áirítear táirgí bagúin, ispíní, putóg dhubh agus bhán, rollaí lóin agus liamhás cócaráilte, feoil mhionaithe agus gearrthacha sicíní. Cuireann siad earraí ar fáil do shiopaí áitiúla agus d'ollmhargaí, mar aon le táirgí a dhéanamh d'Oibríochtaí Gnó Bia eile ar fud an chontae. Tá soláthar do mhargaí idirnáisiúnta á bhreithniú ag roinnt acu anois. Déantar cigireacht agus monatóireacht go rialta ar gach áitreabh beag próiseála feola.

Tá 16 seamlas sa Chontae. Déanann an fhoireann tréidliachta cigireachtaí réamhbháis agus iarbháis ar gach ainmhí a mharaítear sna seamlais seo i gContae Mhaigh Eo, agus déanann maoirseacht ar chúinsí ginearálta oibríochta agus ar shláinteachas struchtúrtha.

In 2015 maraíodh 1,220 eallach, 11,945 caora, agus 13 gabhar sna seamlais sin i Maigh Eo.

## AN tSEIRBHÍS MAORACHTA MADRAÍ

I Maigh Eo is í Comhairle Contae Mhaigh Eo a chuireann an tSeirbhís Maorachta Madraí ar fáil go díreach. Tá dhá mhaor madraí ag an gComhairle mar aon le feighlí póna. In 2015 tugadh 140 madra isteach sa bPóna Madraí. Is é ár bpolasaí úinéir nua a fháil don oiread madraí agus is féidir. Fuarthas úinéirí nua do 107 madra in 2015. Cuireann an Chomhairle Ionad Dídine do Mhadraí ar fáil sa chontae.

In 2015 reáchtálamar feachtais raidió faoi cheadúnas do mhadraí lena gceanglas ceadúnas a fháil dá madraí a chur in iúl d'úinéirí madraí. Is féidir ceadúnais a cheannach ar líne ag www.mayococo.ie nó ó phostoifig ar bith. Reáchtálamar feachtas nuachtáin i gcomhar le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann ag cur i gcuimhne d'úinéirí madraí an damáiste ar féidir le madraí a dhéanamh do chaoirigh mura gcoinnítear faoi smacht iad.

Costas:
Ceadúnas bliantúil 20.00
Ceadúnas saoil 140.00

Tá ocht n-ionad pórúcháin cláraithe faoin Acht um Bunachais Pórúcháin Madraí 2010.

Ó thosach feidhme na Rialachán maidir le Micrishliseadh Madraí 2015, is ceanglas dlí é ón 31 Márta 2016 go mbeadh micrishliseadh déanta ar gach madra agus go ndéanfaí an mhicrishlis a chlárú ar bhunachar sonraí ceadaithe ag an rialtas. Ar chlárú na micrishlise cuirfidh oibreoir an bhunachair sonraí cheadaithe Deimhniú Clárú Micrishlise ar fáil don úinéir. Beidh gá leis an Deimhniú seo má tá madra ar bith le ceannach, le díol nó le haistriú go dtí úinéir nua.

# AN RANNÓG UISCE TUAITHE

Riarann Comhairle Contae Mhaigh Eo an Clár Uisce Tuaithe i gContae Mhaigh Eo a mhaoiníonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus atá tiomanta d'oibriú le pobail a bhfuil d'aidhm acu go mbeadh scéimeanna inmharthana go heacnamaíoch agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil.

Tá 203 scéim ag feidhmiú i gContae Mhaigh Eo ag fónamh do bhreis agus 18,000 teaghlach agus gnó.

D'fhógair an tAire Alan Kelly an Clár Uisce Tuaithe 2015 i mBealtaine 2015. Chuimsigh an buiséad náisiúnta de €14 milliún a leithdháileadh don chlár thart ar €12 milliún do ghrúpscéimeanna uisce agus an €2 milliún a bhí fanta dírithe ar scéimeanna séarachais. Den tsuim seo leithdháileadh €2.74 milliún ar Mhaigh Eo.

Cuireadh riachtanais mhaoinithe do chlár 2015 faoi bhráid an DECLG faoi na bearta seo a leanas:-

(1) Grúpscéimeanna Uisce lena nGabhann Easpa Caighdeáin
(2) Uasghrádú Líonra/Caomhnú Uisce
(3) Nascadh leis an bPríomhphíopa
(4) Glacadh Seilbhe ar Ghrúpscéimeanna Uisce
(5) Cosaint Foinse Shainiúil
(6) Grúpscéimeanna Uisce Nua

Déanann Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe an Chontae, a chuimsíonn comhaltaí tofa agus ionadaithe talmhaíochta, uisce agus crann taca an phobail, monatóireacht ar fheidhmiú an Chláir Uisce Tuaithe go háitiúil agus thángadar le chéile 4 huaire in 2015.

## PRÍOMHFHORBAIRTÍ IN 2015

### BEARTA DEARAIDHTÓGÁLA& OIBRITHE (DBO)

Tá 23 grúpscéim uisce bainteach le Bearta DBO 1 agus 2 a fhónann do thart ar 9,000 teaghlach. Tar éis teacht ar aontú in 2014 leis an13 scéim i mBeart 1, chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo tús le próiseas soláthair d'oibreoir nua DBO. Cuireadh tairiscintí amach i Meán Fómhair 2015 agus meastar go mbeidh an t-oibreoir nua conraithe go luath in 2016.

Cuimsíonn Beart DBO Uimh.2 10 scéim:- Gleann Néifinne, Maoláth, An Caladh, Cuan Mó, PBKS, Cluain Mhór Rúscaigh, An Currach Mór, Parke, Na Sraithíní agus Cill Lasrach. Tugadh oibreacha chun píplíne idirnasctha idir Cuan Mó agus Buckagh/An Fhoirnéis chun críche i rith na bliana.

### UASGHRÁDUITHE LÍONRA & CAOMHNÚ UISCE

Rinneadh athshlánú ar 3km de phríomhphíobaí ag GWS Áth Tí an Mheasaigh i rith 2015.
Tá GWS An Clochair i gCathair na Mart tar éis Innealtóir a cheapadh chun doiciméid chonartha a ullmhú d'uasghrádú iomlán scéime. Beidh athshlánú 12 km de phríomhphíobaí agus na feisteáin ghaolmhara go léir i gceist anseo. Táthar ag súil go mbeidh an scéim seo san áireamh i leithdháileadh uisce tuaithe na bliana seo chugainn chun go gceadófar dí dul ar aghaidh go dtí an tógáil.

Rinneadh mionoibreacha Caomhnaithe Uisce ar **GWS An Trian Caol/ An Trian Láir**. Meastar go mbeidh mionoibreacha tugtha chun críche ag GWS na Cathrach agus GWS Bhaile an Locha an bhliain seo chugainn.

Tá oifig Uisce Tuaithe tar éis Innealtóir Caomhnaithe Uisce a shannadh chun comhairle a chur ar ghrúpscéimeanna uisce faoin gcaoi le sceitheadh a laghdú ar fud a scéimeanna agus chun cuidiú leo leis na mionoibreacha rud a chuideoidh leis an oifig tionscadail chaipitil todhchaí a chur in ord tosaíochta ar bhealach níos soiléire. Is í an aidhm líon níos mó oibreacha caipitil níos lú a thabhairt chun críche in áit líon níos lú de thionscadail níos mó. Tá na GWSanna ag obair faoi láthair le MCC:- GWS Dhumha Thuama Dhoire Choirb, GWS Chuan Oilí An Fód Dubh, GWS Loughnamon, GWS Bhearna Chearúill, GWS Tulaigh Mhic Aogáin, GWS an Tuairín Achadh Mór, GWS Chnoc Thalaigh, GWS Áth Tí an Mheasaigh agus GWS Dhumha Dhearc.

**NASCADH LEIS AN bPRÍOMHLÍNE**

Tugadh conradh athshlánaithe príomhlíonra de 4km de phríomhphíobaí agus ollmhéadair agus Sliúschomhlaí breise don Bhaile Gaelach chun críche in 2015.

De thoradh oibreacha a rinne Uisce Éireann ar an Líonra Poiblí, nascadh GWS Thrian na gCléireach leis na príomhphíobaí Poiblí. Rinneadh mionoibreacha le roinnt Comhlaí Sciúrtha a shuiteáil ar an scéim.

**CEANNAS A GHLACADH AR GHRÚPSCÉIMEANNA UISCE**

Is gné thábhachtach den Chlár Uisce Tuaithe le fada é ceannas á ghlacadh ag údaráis áitiúla ar ghrúpscéimeanna uisce lena ngabhann easpa caighdeáin.

Níor glacadh ceannas ar aon Ghrúpscéim Uisce ó 1 Eanáir 2014. Tá ceannas a ghlacadh ar Ghrúpscéimeanna Uisce sa todhchaí faoi réir ag foilsiú a bheartais faoin céanna ag Uisce Éireann.

Bunaíodh meitheal d'ionadaithe ó DECLG, NFGWS, Uisce Éireann agus trí údarás áitiúla, Maigh Eo, Gaillimh agus an Cabhán in 2015 chun ionchur i mbeartas a aontú.

Roghnaíodh GWS Chois Locha mar GWS Píolótach chun an beartas nua glacadh ceannais a thástáil. Áirítear go bhfuil coinne ag Uisce Éireann go mbeidh ceannas glactha ar an scéim seo roimh dheireadh an chéad ráithe in 2016.

**CÁILÍOCHT UISCE**

Is í Comhairle Chontae Mhaigh Eo an tÚdarás Maoirseachta do Ghrúpscéimeanna Uisce faoi Rialacháin (Uisce Óil) ón gComhphobal Eorpach, 2007 agus 2014. Ceanglaítear ar an gComhairle monatóireacht a dhéanamh ar ghrúpsholáthairtí uisce tríd an gclár monatóireachta a aontaítear go bliantúil. Tá na minicíochtaí monatóireachta bunaithe ar thoirt an uisce a dháiltear nó a tháirgtear go laethúil laistigh de chrios soláthair na scéime.

Déanann an HSE sampláil thar ceann Comhairle Contae Mhaigh Eo agus rinneadh 590 sampláil in 2015.

Bhí ráig de VTEC thart ar phobal Tuairín Achadh Mór i mBealtaine 2015. Tugadh faoi oibreacha éigeandála ag gléasra na grúpscéime lena n-áiríodh suiteáil córas dífhabhtaithe UV, córas clóirínithe nua agus oibreacha cosanta foinse a tugadh chun críche faoi Dheireadh Fómhair 2015 rud a chinntigh uisce óil sábháilte do 475 teaghlach. Tar éis na ráige seo rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo athbhreithniú ar na scéimeanna cosúla go léir in 2015 agus é ar intinn Measúnú Riosca na foinse a thabhairt chun críche. Meastar go dteastóidh cistí caipitil ó fhormhór na scéimeanna chun ligean do na scéimeanna go léir uisce, a chomhlíonann an reachtaíocht um Cháilíocht Uisce, a sholáthar.

Tá DECLG tar éis fógra a thabhairt don MCC go dtabharfar aird ar leith ar Ghrúpscéimeanna Uisce le saincheisteanna THM. Meastar go mbeidh maoiniú breise ar fáil in 2016 chun na saincheisteanna seo a réiteach.

Tá measúnuithe riosca ar gach scéim phríobháideach neamh-DBO chun críche agus tá aighneachtaí maoinithe curtha faoi bhráid DECLG d'oibreacha feabhsúcháin chun uisce a chomhlíonann an reachtaíocht um Cháilíocht Uisce a sholáthar.



***Cuid d'oibreacha Uasghrádaithe a rinneadh ag GWS Tuairín Achadh Mór a tugadh chun críche in 2015***



**ATHBHREITHNIÚ AR FHÓIRDHEONTAS**

Rinneadh athbhreithniú ar an bhfóirdheontas a leag DECLG amach i dtreo costas oibríochtúla GWS maidir le soláthar uisce baile in 2015. Bhí an t-athbhreithniú riachtanach i gcomhthéacs tabhairt isteach muirir uisce baile ar na soláthairtí uisce poiblí. Foilsíodh na socruithe deiridh i mBealtaine 2015 agus éifeacht leo ón 1ú Eanáir 2015.

# AN RANNÓG PEARSANRA

**CLÁR CÉIMITHE**

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus an IPA, rannpháirteach faoi láthair sa Chlár Forbartha Céimithe 2015 – 2017. Earcaíodh 10 gCéimí ó 5 réimse scileanna agus cuireadh i ranna éagsúla de Chomhairle Contae Mhaigh Eo iad ar chonradh 2 bhliain a mhairfidh go dtí 09 Bealtaine 2017. Is iad seo a leanas na cúig réimse scileanna a roghnaíodh don chlár:

1. Forbairt Gnó, Fiontair agus Eacnmaíochta
2. Bainistíocht Cláir agus Tionscadail
3. Bainistíocht Straitéis Nuálaíochta agus Athraithe
4. Cumarsáid agus Margaíocht
5. Bainistíocht HR

Is é cuspóir an Chláir na céimithe seo a fhorbairt le bheith ina bpríomhthiománaithe athraithe agus a chinntiú go mbeidh gach céimí tar éis a inniúlacht ina rogha réimse saineolais léirithe aige ag deireadh na tréimhse dhá bhliain. Cuireann an clár na deiseanna riachtanacha ar fáil chun scileanna agus eolas nua a fhorbairt trí chomhcheangal d'fhoghlaim ó thaithí ar an suíomh, oifigbhunaithe agus tionscadal sonrach mar aon le hoiliúint fhoirmiúil agus oideachas creidiúnaithe sainiúil don earnáil.

Sannadh Bainisteoir Líne do gach céimí a chuireann comhairle, tacaíocht agus cóitseáil ar fáil ar feadh fad an tsocrúcháin. Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo tar éis duine sinsearach den fhoireann a shannadh freisin mar Mheantóir do na céimithe.

Ag deireadh an chláir dhá bhliain déanfaidh an LGMA athbhreithniú go náisiúnta ar an gclár agus má mheastar go raibh sé rathúil ansin d'fhéadfadh go gcuirfí clár eile ar bun.



***Céimithe a Earcaíodh Bealtaine 2015***
***Ó chlé – Padraig Judge, Conal Sexton, Claire Raftery, Joan Finnerty, Emer McGrath, Eithna Walsh, Paul Corrigan.***

## CÉIMITHE A EARCAÍODH LÚNASA 2015



***Anne Claire McLoughlin, Genevieve Flaherty***



***Patrick Geraghty***

## EARCAÍOCHT

Reáchtáladh 38 comórtas 2015.
Bhí 79 comhalta boird fireann ann agus 36 comhalta boird baineann.

## GATEWAY

Fógraíodh Gateway i mBuiséad 2013 agus is scéim socrúcháin oibre de chuid na Comhairle Contae agus Comhairle na Cathrach í atá ceaptha deiseanna oibre gearrthéarmacha a chur ar fáil do dhaoine dífhostaithe.

Tá an scéim ceaptha cuidiú le forbairt shóisialta agus phearsanta rannpháirtithe trí dheiseanna oibre gearrthéarmacha a chur ar fáil agus é d'aidhm aici an bhearna idir dífhostaíocht agus filleadh an athuair ar an bhfórsa saothair a líonadh.

Leanann Gateway ag comhlíonadh an cheanglais i gclár an Rialtais, Pathways to Work, a leagan amach tiomantais shonracha chun an bealach ina dtacaíonn údaráis áitiúla le scéimeanna gníomhachtaithe agus oiliúna margadh saothair a leathnú agus a dhoimhniú.
Tá sé i gceist go ndéanfaidh na deiseanna oibre leas an cheantair áitiúil agus go n-aithneoidh agus go gcuirfidh Údaráis Áitiúla ar fáil iad i gceantair Uirbeacha agus Tuaithe araon. Déanann na hÚdaráis Áitiúla bainistíocht ar Gateway.

Tá an tionscadal faofa ag an Rialtas le tacaíocht ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.
Meastar go ndéanfaidh an clár freastal ar 3,000 rannpháirtí thar na húdaráis áitiúla go léir.

Ba í 80 rannpháirtí an sprioc a leagadh amach do Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Bhíomar ar an gcéad údarás áitiúil a bhain amach agus a sháraigh a sprioc.

In 2015leithdháil Comhairle Contae Mhaigh Eo 17 socrúchán eile. Thug 33 rannpháirtí a 22 mí chun críche ar 12 Feabhra 2016. Meastar go ndéanfaidh Comhairle Contae Mhaigh Eo 30 socrúchán eile a leithdháileadh in 2016.

**SCOIR IN 2015**

| | |
|---|---|
| Helen McDermott | Oifigeach Riaracháin Gníomhach |
| Thomas Reilly | Maor Seirbhísí Ginearálta |
| John Flynn | Maor Seirbhísí Ginearálta |
| Thomas Frain | Maor Seirbhísí Ginearálta |
| Peter Lavelle | Ceardaí |
| James Lawless | Ceardaí |
| Michael O'Malley | Ceardaí |
| Patrick James Doyle | Oibreoir Gléasra |
| John A. O'Connor | Feighlí Oibreacha Uisce Grád III |
| John Philbin | Feighlí Oibreacha Uisce Grád III |
| Michael (Bob) O'Malley | Feighlí Oibreacha Uisce Grád III |
| Michael Neary | Saoiste |
| John Morris | Saoiste Gníomhach |
| Thomas Cunningham | Oibrí Ginearálta |
| Michael McNulty | Oibrí Ginearálta |

## IONAD OILIÚNA RÉIGIÚNACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH

Éascaíonn Ionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh (CRTC) riachtanais oiliúna na nÚdarás Áitiúla seo a leanas: Comhairlí Contae Mhaigh Eo, Contae na Gaillimhe, Liatroma, Longfoirt, Ros Comáin agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo an príomhúdarás. Cuirimid oiliúint ar fáil freisin don earnáil uisce tuaithe, don earnáil fóntas agus d'eagraíochtaí eile de chuid na hearnála poiblí agus príobháidí sa réigiún. Táimid tar éis cur leis an ionad go seasta le cúpla bliain anuas agus seachnaímid thart ar 5000 lá oiliúna in aghaidh na bliana anois. Táimid féinmhaoinithe agus mhéadaigh ár láimhdeachas go €1.08 m in 2015.

Bunaíodh an Líonra Ionad Oiliúna chun soláthar oiliúna cuí d'Údaráis Áitiúla a éascú i dtrí réimse oibríochtúla, is iad sin Bóithre, Uisce agus Timpeallacht. Ach cuirimid raon leathan cúrsaí oiliúna eile ar fáil lena n-áirítear:

- Cúrsaí Sábháilteachta & Sláinte Ceirde.
- Cúrsaí Gairmiúla Ardleibhéil (CPD)
- Cúrsaí & Seimineáir Ceannaireachta.
- Cúrsaí ICT

Thosaigh CRTC le deireanaí ag seachadadh cúrsaí oiliúna Sláine Ailt Mheicniúil (MJI) Creidiúnaithe ag Bord Oiliúna Thionscail na Foirgníochta Innealtóireachta (ECITB) Is é an ECITB an comhlacht scileanna reachtúil do thionscal na foirgníochta innealtóireachta sa Ríocht Aontaithe. Ceadaíonn faomhadh ECITB do ndéanfaí na hardchláir oiliúna theicniúla seo a sheachadadh go háitiúil a chruthaíonn agus a chothabhálann poist ar a seal agus tairgeann coigilteas do chuideachtaí a mbeadh orthu, seachas sin, pearsanra a chur go dtí an Ríocht Aontaithe nó an Eoraip. Bhí roinnt fostaí ag Shell Ireland ag freastal ar na cúrsaí seo i gCaisleán an Bharraigh le deireanaí, na caighdeáin oiliúna éigeantacha dá róil á gcomhlíonadh acu de réir ceanglais ghinearálta na hearnála ola agus gáis. Féadfaidh cuideachtaí agus tionscail eile ag obair i bhfóntais, in uisce, i ndéantúsaíocht, i bhfuinneamh ceimiceach agus in-athnuaite leas a bhaint as an oiliúint chreidiúnaithe seo agus cáilíocht a aithnítear go hidirnáisiúnta a bhaint amach.



***Joe Loftus, Stiúrthóir Seirbhísí, MCC; Jo-Anne Gaughan, Comhordaitheoir Oiliúna Shell IRL;***
***Jim Quinlan, Oiliúnaí ECITB Holland Training Teo.; Lee Bridson, Comhordaitheoir Oiliúna Shell IRL;***
***Maura Lawless, CRTC Bainisteoir Ionaid MCC***

Cuirtear oiliúint ar fáil go dtí an caighdeán is airde. Chomh maith le creidiúnú ECITB, tá creidiúnú ag an tsaoráid ó SOLAS, QQI agus City & Guilds.

Cuireann oiliúint san ionad oibre le feidhmíocht ghnó, sábháilteacht agus meanma na foirne. Tá an eacnamaíocht ag tabhairt aghaidh ar chéim nua téarnaimh. Iad siúd a infheistíonn in oiliúint ardchaighdeáin cháilithe beidh siad ábalta lántairbhe a bhaint as an deis iontach seo.

Sa todhchaí tá sé i gceist againn líon na gcúrsaí oiliúna ardchaighdeáin a chuirtear ar fáil d'údaráis Áitiúla a mhéadú. Tá sé i gceist againn freisin bonn custaiméara an ionaid a fhás agus níos mó cúrsaí ar fáil agus fostaithe ón earnáil phríobháideach agus fostaithe ón earnáil phoiblí níos leithne ag freastal orthu. Tá sé i gceist againn an t-ionad a leathnú amach d'fhonn níos mó oiliúint phraiticiúil chreidiúnaithe a chur ar fáil.

## AN RANNÓG SOLÁTHAIR

Tá príomhról ag an rannóg soláthair i bhforbairt réiteach soláthair chun freastal ar an éileamh ar laghduithe costais suntasacha agus ar luach ar airgead i gcaiteachas.

Tá freagracht orainn freisin maidir le leasú soláthair thar ceann Comhairle Contae Mhaigh Eo mar phríomhghné de chlár leasaithe an Rialtais agus chun caidrimh oibre dhearfacha a bhunú agus a choinneáil leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir, taobh istigh agus taobh amuigh den eagraíocht.

I rith 2015 chuireamar roinnt córas nua bainistíochta Catagóire i bhfeidhm mar aon le forbairt beartais agus gnáthaimh soláthair bhreise do chláir a bhí treoraithe go lárnach mar aon le forbairt agus cur i bhfeidhm réitigh foinsithe nua luach ar airgead.

Bhíomar ceaptha chun an sainchúram Soláthair Réigiúnaigh (naoi n-údarás áitiúla) a threorú i mórchleachtadh laghdú costais agus éifeachta ar raon catagóirí earraí agus seirbhísí. Mar chuid den ról seo chuireamar oiliúint ar fáil don réigiún ar Threoracha ón Eoraip, ar Cheanglais Reachtúla agus ar dhea-chleachtas, ó shonraíochtaí a chur le chéile go conarthaí a bhronnadh.

D'aithníomar freisin roinnt comhchatagóirí caiteachais laistigh den réigiún áit a raibh coigilteas an-suntasach ag Comhairle Contae Mhaigh Eo as cur chuige comhoibríoch.

Cuirimid comhairle agus tacaíocht ar fáil don fhoireann ar fud na heagraíochta maidir le ceannach, conarthaí, atheagrú ar an bpróiseas bainistithe soláthair, bainistiú feidhmeanna soláthair, costas ábhar agus seirbhísí ceannaithe a laghdú, agus caibidlíocht faoi idirbhearta agus conarthaí casta.
I rith 2015 chuir an t-aonad comhairle theicniúil ar fáil ar gach gníomhaíocht soláthair i rith na céimeanna éagsúla den timthriall soláthair do gach rannóg de Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

Tá sé seanbhunaithe ar fud na heagraíochta gur ról maoirseachta, comhairleach agus oibríochta atá ag an rannóg Soláthair. Is é an t-ionchas go ndéanfaidh rannóg soláthair ghairmiúil ardchaighdeáin riaracháin agus cumas oibríochta a sheachadadh i soláthar Earraí, seirbhísí agus mionoibreacha. Agus foireann de thriúr againn tá freagracht orainn maidir le méadrachtaí meántéarmacha go fadtéarmacha a fhorbairt chun rathúlachta an aonaid.

Tá ath-ailíniú an-mhór tagtha ar an soláthar sa Rialtas Áitiúil le blianta beaga anuas. Aithnítear go bhfuil údaráis áitiúla tar éis turas neamhghnách a thabhairt orthu féin chun ardleibhéil éifeachtúlachta agus coigiltis a bhaint amach, agus tá rannchuidiú láidir déanta acu freisin do na coigeartuithe a bhí riachtanach chun ár ngeilleagar a athshlánú. Bhí rannóg Soláthair Chomhairle Contae Mhaigh Eo i dtús cadhnaíochta i gcinntiú go ndéantar soláthar Earraí & Seirbhísí a aimsiú ar bhealach cóir agus cothrom.

Éilíonn an Rannóg Soláthair na caighdeáin is airde rialachais agus í i mbun a feidhmeanna:

- Ionracas – níl aon coinbhleacht leasa i gcinntí agus i ngníomhartha (airgeadais, eagraíochta, pearsanta)
- Dílseacht – is chun leasa na heagraíochta cinntí agus gníomhartha, ní ag éirí as claontacht ar bith eile
- Oibiachtúlacht – tá critéir, fianaise agus réasúnaíocht shoiléir do chinntí agus gníomhartha i ngach gníomhaíocht bainteach le soláthar.
- Trédhearcacht – is féidir mionscrúdú a dhéanamh ar ghníomhartha agus ar chinntí

- Cuntasacht – níl aon débhrí faoi róil agus freagrachtaí sa chóras agus tá soiléireacht faoi “cé” agus “conas” na cuntasachta
- Ceannaireacht –Beidh tacaíocht leis na hoibríochtaí agus le prionsabal soláthair, agus dílseacht dóibh ón mbarr anuas.

Bíonn aird ag an aonad i gcónaí ar fhéinfhorbairt phearsanta leanúnach chun a chinntiú go mbíonn na scileanna cuí againn chun treo straitéiseach na heagraíochta a fhorbairt agus a threorú, le tiomantas chun feabhas leanúnach a thiomáint trí athrú a threorú agus a bhainistiú. Leanfaidh an rannóg uirthi ag cur nósanna imeachta monatóireachta agus measúnachta i bhfeidhm.

Ag éirí as an straitéis náisiúnta ríomhsholáthar don earnáil phoiblí, chuir an earnáil rialtais áitiúil tús le tionscadal chun straitéis ríomhsholáthair ar leibhéal na hearnála a fhorbairt. Ba é cuspóir na straitéise sraith moltaí don athrú a chur ar fáil agus plean cur i ngníomh chun forbairt soláthair san earnáil a threorú sa chaoi go bhféadfaí coigilteas suntasach a bhaint amach trí dheiseanna a thapú chun feidhmíocht soláthair a fheabhsú. Aithníodh nárbh é an cur chuige reatha an ceann ab éifeachtaí i gcónaí ó thaobh cumhacht cheannaigh a ghiaráil agus iomaíocht leordhóthanach a chinntiú sa mhargadh soláthair agus gur theastaigh córas bunaithe ar theicneolaíocht.

Le tamall d’aithin clár leasaithe na hearnála poiblí an soláthar mar fheidhm atá i bpáirt ag gach comhlacht san earnáil phoiblí agus mar sin tairgeann scóip nach beag d’éifeachtúlachtaí. D’aithin Tuarascáil LGER 2010 go háirithe coigilteas ionchasach de €70 milliún san earnáil rialtais áitiúil trí chomhoibriú feabhsaithe idir údaráis áitiúla ag leibhéil réigiúnacha agus leibhéil ar fud na hearnála.

## PLEAN ATHCHÓIRITHE SAN EARNÁIL PHOIBLÍ SAMHAIN 2011

D’aithin an Plean Athchóirithe don tSeirbhís Phoiblí leasú soláthair mar cheann de roinnt mhórthionscadail. Is é a aidhm luach níos nó ar airgead a sheachadadh trí úsáid mhéadaithe chomhchreata soláthair, gairmiúlacht mhéadaithe agus úsáid níos nuálaí teicneolaíochta.

Oibríonn an rannóg Soláthair go dlúth lenár gcomhghleacaithe sa rialtas áitiúil, go háirithe i réigiún an iarthair áit a bhfuil comhoibriú déanta againn ar roinnt tionscnamh soláthair a raibh coigilteas suntasach de thoradh air. Táimid feasach ar mhéid an athraithe atá curtha i gcrích cheana agus aithnímid freisin go bhfuil coigilteas ollmhór déanta cheana trí sheirbhísí roinnte, réasúnaíocht agus soláthar láraithe.

Tá Grúpa Maoirseachta Athchóirithe an Rialtais Áitiúil, faoi cheannaireacht na hOifige um Bainistiú Cláir, tar éis dualgas a chur ar gach údarás áitiúil tacú leis an mbrú chun cinn chun rannóg soláthair éifeachtach agus éifeachtúil a sheachadadh. Tá sé criticiúil go mbíonn tacaíocht mhaith ag an PMO chun seachadadh seirbhísí roinnte tras-earnálacha a thiomáint, agus dul i bpáirt le Ranna Rialtais ar ghnéithe eile den chlár athchóirithe, go háirithe i réimse an tsoláthair phoiblí.

Tá sé ríthábhachtach go dtógaimid ar an sárobair atá déanta go dtí seo agus go gcoinnímid an móiminteam atá cruthaithe. Tá Rialtas áitiúil tar éis a léiriú gur féidir mórathrú a chur i bhfeidhm chun éifeachtúlacht a chomhdhlúthú gan laghdú ar cháilíocht na seirbhíse. Baineadh rathúlacht na rannóg soláthair go dtí seo amach trí obair na bhfoirne agus trí chomhpháirtíocht.

## AN OIFIG NÁISIÚNTA SOLÁTHAIR

Leanann an Oifig Náisiúnta Soláthair uirthi ag cuidiú leis an earnáil Údarás Áitiúil i mbaint amach coigiltis soláthair. Mar chuid dá phlean oibre beidh iniúchadh á dhéanamh ar dheiseanna chun coigilteas a bhaint amach agus deiseanna soláthair náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a aithint.

I measc gníomhaíochtaí eile déanfaidh an oifig iniúchadh ar dheiseanna soláthair náisiúnta i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais.
Tá pleananna ann freisin chun clár oiliúna soláthair caighdeánaithe a sheachadadh ag díriú ar gach údarás áitiúil.

**AN OIFIG UM SHOLÁTHAR RIALTAIS**

Seoladh an Oifig um Sholáthar Rialtais (“OGP”) go hoifigiúil in 2013.
Ta OGP á threorú ag Príomhoifigeach Soláthair an Rialtais (“CPO”), an tUasal Paul Quinn, atá i mbun an athchóirithe ar sholáthar san earnáil phoiblí.

Gan caiteachas an Rialtais ar oibreacha caipitil agus ar thionscadail bonneagair a chur san áireamh, caitheann an tseirbhís phoiblí thart ar €9bn gach bliain ar earraí agus ar sheirbhísí – sin thart ar €25m in aghaidh an lae. Is é cáiníocóir na hÉireann a íocann as an gcaiteachas seo agus is ionann é agus sciar an-suntasach de chaiteachas foriomlán an Rialtais.

Tá an Rialtas tar éis sprioc coigilt airgid suas le €500m thar 3 bliana a thabhairt don chlár athchóirithe soláthair. Leagadh an sprioc seo amach tar éis anailís chúramach ar chaiteachas soláthair reatha agus plé le hearnálacha. Feabhsóidh láidriú an chumais soláthair san earnáil phoiblí an luach ar airgead a fhaightear ó chaiteachas soláthair agus is rannchuidiú suntasach a bheidh ann d’ár spriocanna laghdaithe easnaimh agus cuirfidh ar chumas an Stáit seachadadh níos éifeachtúla ar sheirbhísí a theastaíonn go géar.

Beidh rochtain éasca ag gach duine ar sheirbhísí soláthair ardchaighdeáin a bhfuil muinín acu astu agus a bhfuil foireann soláthair mórtasach as a gcur ar fáil.

- Príomhchlár athchóirithe don tseirbhís phoiblí
- Cumasóir suntasach chun spriocanna laghdaithe easnaimh a bhaint amach.
- Shocraigh an Rialtas ar shamhail soláthair treoraithe ag an lár agus d’fhaomhaigh plean cur chun feidhme
- Sprioc coigiltis €500m thar 3 bliana ar chaiteachas €6.6bn, so-aimsithe as féin, in aghaidh na bliana
- Samhail láidir rialachais
- Beidh soláthar poiblí inrochtana ag gach díoltóir, lena n-airítear SMEanna
- Cuirfidh Bord an OGP maoirseacht agus ceannaireacht Rialtais ar fáil d’athchóiriú soláthair
- Déanfaidh an Grúpa Stiúrtha Soláthair ionadaíocht ar Ranna agus ar Ghníomhaireachtaí custaiméara agus cuirfidh ceannaireacht agus urraíocht ar fáil ar fud na Seirbhíse Poiblí agus na Státseirbhíse
- Beidh an Feidhmeannas freagrach as bainistiú oibríochtúil an tsoláthair ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí, seachadadh an chláir thrasfhoirmithe agus an phlean coigiltis
- Beidh an Feidhmeannas freagrach as bainistiú oibríochtúil soláthair ar fud na hearnála poiblí agus seachadadh an chláir thrasfhoirmithe agus an phlean coigiltis
- Áireofar san Fheidhmeannas an Príomhoifigeach Soláthair agus a thuarascálacha díreacha, tacaíocht dhlíthiúil agus na treoraithe freagrach as bainistíocht na foirne foinsithe earnála. Buailfidh an Feidhmeannas le chéile uair sa choicís agus:
- Forbróidh sé agus cuirfidh i bhfeidhm an creat beartais don soláthar
- Leagfaidh sé síos na caighdeáin do sholáthar agus scaipfidh iad ar fud na Seirbhíse Poiblí
- Cinnteoidh seachadadh próiseas foinsithe comhlíontacha ag Leibhéal Earnála agus Ionaid
- Déanfaidh seachadadh Seirbhíse Custaiméara do sholáthar a bhainistiú
- Cuirfidh Bord na hOifige um Sholáthar Rialtais maoirseacht Rialtais ar fáil don OGP agus ceannaireacht d’athchóiriú soláthair ar fud na Seirbhísí Poiblí. Beidh an tAire Stáit ag an Roinn

Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina chathaoirleach ar an mBord. Déanfaidh an Príomhoifigeach Soláthair ionadaíocht thar ceann Feidhmeannas an OGP agus tabharfaidh tuairisc do Bhord.

- Buailfidh an Bord le chéile ar bhonn ráithe agus:
    - Cuirfidh maoirseacht agus treoir ar fáil don Oifig um Sholáthar Rialtais
    - Déanfaidh ainm a chur le beartas soláthair
    - Cuirfidh a ainm le Fís, Misean, Plean Gnó agus Cuspóirí don OGP agus do na Foirne Soláthair Treoraithe ag Earnáil
    - Déanfaidh maoirseacht ar fheidhmíocht agus ar chomhlíonadh

**TIONSCNAMH CCMA**

D'aithin an CCMA láithreach go raibh forbairt cur chuige earnála ríthábhachtach chun spriocanna éifeachtúlachtaí agus coigiltis na hearnála a sheachadadh. D'aontaigh CCMA struchtúr an rialtais ar sholáthar a láidriú agus freagra stuama comhordaithe a sheachadadh chun a chinntiú gur sheachaid athchóiriú soláthair uasmhéid coigiltis san achar ama is giorra.

Cuireadh de chúram ar Chomhairle Contae Chiarraí Oifig Soláthair Náisiúnta a bhunú, bunaithe ar a dtaithí leathan roimhe seo ar thionscnaimh soláthair a sheachadadh thar ceann na hearnála. Is daoine ón earnáil atá ag obair sa NPO agus cuimsíonn foireann tacaíochta ICT, riaracháin agus soláthair a bhfuil taithí acu. Tá tiomantas déanta ag an earnáil tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do NPO chun ceadú di a sainchúram a dhéanamh mar atá leagtha amach thíos:

- Bheith mar thúsphointe teagmhála don Oifig um Sholáthar Rialtais.
- Próisis a chur in áit chun comhlíonadh a chinntiú in úsáid Creataí Náisiúnta.
- Próisis soláthair chuí a aontú do sholáthar náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.
- Líonra oifigeach soláthair speisialaithe lánaimseartha réigiúnach agus áitiúil a sheachadadh.
- Úsáid cártaí ceannaigh luacha ar chostas íseal ar fud na hearnála.
- Úsáid creataí náisiúnta a mhéadú chun coigilteas agus éifeachtúlachtaí a sheachadadh.

**SOLÁTHAR AG LEIBHÉAL RÉIGIÚNACH**

Laghdaíodh an líon líonraí soláthair réigiúnacha atá ag teacht chun cinn ó 8 go 4 d'fhonn a chinntiú gur féidir le gach réigiún leas a bhaint as na buntáistí a thugann tairseach criticiúil don phróiseas soláthair. Ceanglaítear ar gach ceann de na réigiúin nua seo speisialtóir soláthair tiomanta lánaimseartha a cheapadh. Tuairisceoidh na speisialtóirí soláthair seo go díreach don Oifig Soláthair Náisiúnta.

- Feidhmiú mar ionad saineolais trí chur ar fáil comhairle ábhartha ar dhea-chleachtas soláthair
- Feidhmiú mar phointe teagmhála d'oifigigh sholáthair áitiúla
- Comhairle agus cúnamh a thabhairt d'oifigigh sholáthair lena n-áirítear saineolas agus eolas ar sholáthar a chur ar fáil
- Feasacht ar sholáthar a spreagadh i measc soláthraithe
- Tairiscintí náisiúnta agus réigiúnacha a chomhordú
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas réigiúnach agus deiseanna do thairiscintí comhiomlána réigiúnacha nua a aithint
- Líonra Soláthair a bhunú chun dea-chleachtas i soláthar a sheachadadh
- Teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Náisiúnta Soláthair.
- Oiliúint a chur ar fáil d'oifigigh sholáthair réigiúnacha in:
    - Úsáid conarthaí
    - Comhchleachtais agus nósanna imeachta
    - Saincheisteanna soláthair

## TEICNEOLAÍOCHTAÍ FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (ICTanna)

I rith 2015 lean an Roinn IS ag cothabháil agus ag tacú le riachtanais ICT Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus ag an am céanna i mbun pleananna do riachtanais todhchaí an Údaráis Áitiúil. Anuas ar na gnáthcheisteanna tacaíochta laethúla is é seo a leanas liosta roinnt de na tascanna a rinne an Roinn IS i rith na bliana.

- Tugadh Tionscadal Uasghrádaithe Windows XP go Windows 2007 chun críche.
- Seoladh Deasc Seirbhíse IT nua-struchtúrtha in Aibreán 2015. Fuarthas agus próiseáladh thart ar 13,000 Glao Tacaíochta faoi dheireadh na bliana.
- ISO - 27001:2005 Athdheimhniú. Choinnigh an Rannóg a Caighdeán ISO go rathúil.
- Thug an Roinn IS faoi staidéar chun liostú cuimsitheach den Chlár Sócmhainní Seasta Foirgneamh agus Talún a aithint agus a thabhairt chun críche. Tá na torthaí le nascadh leis an gCóras Bainistíochta Airgeadais AGRESSO.
- Tugadh Uasghrádú NVDF chun críche i ngach Oifig Mhótarchánach ar fud an Chontae.
- Cábla Snáthoptaice Trasatlantach. Ba phríomhpháirtí leasmhar an Roinn IS sa Tionscadal seo.
- Ghlac an Roinn IS bainistíocht gach Teileafónaíocht Sho-ghluaiste agus Seasta don Eagraíocht uirthi féin.
- Tionscadal ILAS (Córas Iarratais Ceadúnais Comhtháite) –is cuid de Thionscadal Píolótach ilghníomhaireachta í Comhairle Contae Mhaigh Eo chun gach Ceadúnú Rialtais a lárú in aon tairseach amháin.
- Cuireadh Córas Taistil agus Cothaithe i bhfeidhm go rathúil. Bhí rolladh amach an chórais agus oiliúint Fhoireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo ina úsáid i gceist sa chur i bhfeidhm seo.
- Seoladh Tionscadal Píolótach ar Choinneáil Sonraí. Meastar go mbeidh sé críochnaithe in 2016.
- Cuireadh réiteach CRM ar fáil san Aonad Fiontair Áitiúil.
- Cuireadh tús le Tionscadal Bainistithe Prionta don Eagraíocht agus meastar go mbeidh sé críochnaithe faoi Shamhradh 2016.
- Rinneadh uasghrádú ar an gCóras Bainistithe Tithíochta (iHouse) go Leagan 3.3.
- Rinneadh uasghrádú ar CORE go Leagan 19. Rolladh amach Oiliúint CORE do gach Ball Foirne.
- Líonra Ceantar Cathrach Chaisleán an Bharraigh. Nasc Comhairle Contae Mhaigh Eo leis an líonra sin i Nollaig 2015. Tagann an nasc seo in áit ár nasc 300MB ó Eircom le Nasc 1000MB (1GB).
- D'aithin agus d'athsholáthar an Roinn IS Córais UPS a bhí ann cheana i suíomhanna ríthábhachtacha ar fud an Chontae chun íosmhéid Aga Fónaimh 12 uair an chloig a chur ar fáil i gcás éartha seirbhíse cumhachta.
- Lean GIS ag cur tacaíocht theicniúil ar fáil do Rannóga uile an Údaráis Áitiúil.
- Bhí Foireann GIS bainteach le suirbhéireacht ar an nglúineach bhiorach ar fud an Chontae.
- Lean Tionscadal Tithe Mhaigh Eo i rith na bliana agus tá sé ar sceideal le críochnú i Samhradh 2016.
- Choinnigh Foireann IT orthu ag cothabháil gach ceann de 27 Láithreán Gréasáin agus Seirbhísí Ar Líne Poiblí Chomhairle Contae Mhaigh Eo Staff
- Bhí baint ag Foireann IT le cothabháil an láithreáin ghréasáin www.mayo.ieagus Seirbhísí gaolmhara.

## OIFIG OIDHREACHTA MHAIGH EO

Tá sé d'aidhm ag Plean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo 2011–2016feasacht a mhéadú ar chaomhnú oidhreacht thógtha, nádúrtha agus cultúrtha an chontae, an oidhreacht a shainaithint agus a chur chun cinn. Tá 50 gníomh ar leith sa Phlean, foirmlithe chun chuspóirí seo den Phlean straitéiseach cúig bliana a chur i gcrích. Ar na príomhthionscadail ón bPlean Oidhreachta a rinneadh in 2015 áiríodh seo a leanas:

**PLEANANNA BAINISTITHE AGUS MAPÁLA GNÁTHÓG**

I gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta and na pobail áitiúla i ngach ceann de na bailte agus na sráidbhailte, leanamar le tionscadal mapála gnáthóg Mhaigh Eo ar cuireadh tús leis in 2014. Rinneadh suirbhéireacht agus léarscáiliú ag cúig láthair i Maigh Eo —Béal an Átha, Béal Easa, Crois Mhaoilíona, Balla agus An Mhala Raithní. Is é cuspóir an tionscadail oidhreachta nádúrtha gach ceann de na bailte agus na sráidbhailte a mheasúnú agus a luacháil, agus plean bainistíochta bithéagsúlachta do gach ceantar a ullmhú. Foirmlíodh moltaí mionsonraithe maidir le bainistíocht ghnáthóg agus bhithéagsúlachta chun cuidiú leis na pobail áitiúla, lena n-áirítear Coistí na mBailte Slachtmhara, chun acmhainn na gceantar áitiúla a bhaint amach. Sainaithníonn na pleananna deiseanna d'fheabhsú bithéagsúlachta agus do chaomhnú cuí, agus molann bearta praiticiúla dírithe ar oidhreacht nádúrtha na mbailte/sráidbhailte a chaomhnú agus a fheabhsú. Tá fiúntas sna pleananna freisin do lucht pleanála, innealtóirí agus do dhaoine eile d'fhoireann an údaráis áitiúil, agus tograí á measúnú agus á bhforbairt do na ceantair seo. Déantar iniúchadh freisin ar dheiseanna d'fhorbairt saoráidí oideachasúla agus léirmhínitheacha do na bailte agus na sráidbhailte.

**CEARDLANN BHALLA CLOICHE AGUS AOIL NA MALA RAITHNÍ**

Tionóladh Ceardlann tionscnaimh Bhalla Cloiche agus Aoil na Mala Raithní ón 8 go dtí 10 Bealtaine 2015. Ba í aidhm na ceardlainne feasacht a mhéadú ar na scileanna traidisiúnta seo agus iad a choinneáil beo, chun saineolas agus tuiscint a spreagadh in úsáid aoil tógála agus chun aire a thabhairt dár n-oidhreacht. Tionóladh an cheardlann i gcomhar le Fóram Aolta Tógála Éireann. Is éard a bhí sa cheardlann, a bhí dírithe ar fhoireann an údaráis áitiúil, rannpháirtithe RSS agus na pobail áitiúla, ná meascán de chainteanna, cás-staidéir agus léirithe ó ghairmithe caomhnaithe agus ceardaithe a raibh taithí acu, agus obair phraiticiúil. Is é an saineolaí Éireannach aitheanta i mballa cloiche agus údar, Pat McAfee, a threoraigh an cheardlann bhalla cloiche agus an saor athchóirithe traidisiúnta agus balla cloiche singile ó Cheanada, John Shaw-Rimmington.



***Rannpháirtithe sa Cheardlann Aoil, An Mhala Raithní***



***Ballaí Cloiche á nDeisiú ar Ghlasbhealach, An Mhala Raithní***

**SEACHTAIN GHABHLÁN GAOITHE MHAIGH EO**

Reáchtáladh Seachtain Ghabhlán Gaoithe Mhaigh Eo ón 29 Meitheamh go dtí 4 Iúil chun caomhnú an ghabhláin ghaoithe atá i mbaol i Maigh Eo a chur chun cinn. Thug an tseachtain an deis foghlaim faoi iompar agus faoi bhitheolaíocht an ghabhláin ghaoithe agus an deis cóilíneachtaí goir áitiúla a fheiceáil iad féin. Mar aon le seoladh an láithreáin ghréasáin swiftconservation.ie, reáchtáladh roinnt siúlóidí agus cainteanna faoi ghabhláin ghaoithe i mbailte áirithe lena n-áirítear Clár Chlainne Mhuiris, Cathair na Mart, Béal Easa agus Caisleán an Bharraigh i rith na seachtaine. Rinne an Comhairleoir John Cribbin an 'cur ar siúl' oifigiúil do ghlaonna mealltacha do thrí bhosca neadaireachta a suiteáladh ar Halla an Bhaile i gClár Chlainne Mhuiris; seinntear glaonna mealltacha chun cuidiú leis na gabhláin ghaoithe na boscaí neadaireachta a aimsiú tráth a mbíonn na héin anseo chun pórú, ó Bhealtaine go Lúnasa.




***'Cur ar siúl' glaonna mealltacha do ghabhláin ghaoithe ag an gComhairleoir John Cribben ag Halla an Bhaile i gClár Chlainne Mhuiris***

**CUMANN ALLAMUIGH NÁDÚRAITHE MHAIGH EO**

I rith 2015, d'eagraigh Cumann Allamuigh Nádúraithe Mhaigh Eo seacht dturas go dtí cuid de na gnáthóga nádúrtha is luachmhara agus is suimiúla atá ar fáil i Maigh Eo, lena n-áirítear bruach locha, cosán aoil chloiche agus coillearnach darach, i gcomhluadar nádúraithe, luibheolaithe agus geolaithe aitheanta. Reáchtáil Cumann Luibheolaíochta na Breataine agus na hÉireann Seachtain Taifeadta Mhaigh Eo i gcomhar leis an gCumann Allamuigh an tseachtain dheiridh i mí Iúil. Lonnaithe i Loch Lannach, ghlac 42 luibheolaí ó gach cearn in Éirinn páirt sa tSeachtain Taifeadta thar 8 lá agus bhailigh beagnach 11,000 taifead plandaí.



***Turas Chumann Allamuigh Nádúraithe Mhaigh Eo go Leithinis an Dúin, Loch Ceara***

## SEIMINEÁR AR ACMHAINN OIDHREACHTA BHAILE AN RÓBA A BHAINT AMACH

Tionóladh seimineár ar acmhainn Oidhreachta Bhaile an Róba a bhaint amach i mBaile an Róba i Márta. Dhírigh an seimineár, a sheachaid Graham Hickey agus Geraldine Walsh ó Iontaobhas Sibhialta Bhaile Átha Cliath, ar oidhreacht luachmhar agus uathúil Bhaile an Róba agus rinne iniúchadh ar an gcaoi ar féidir leas a bhaint as an tsócmhainn seo chun acmhainneacht Bhaile an Róba a uasmhéadú. Tugadh cuireadh do gach duine aonair, eagraíocht, gnó agus páirtí leasmhar i bpobal Bhaile an Róba freastal air. D'fhiosraigh an seimineár bunús uathúlachta Bhaile an Róba agus céard is féidir leis an bpobal a dhéanamh chun teacht i dtír air seo chun leasa an phobail, an bhaile agus a oidhreachta. Ag leanúint ar aghaidh ón seimineár rinneadh suirbhé áitíochta agus grianghrafach ar fhoirgnimh i mBaile an Róba, mar aon le hiniúchadh ar chomharthaíocht ar an mbaile. Úsáidfear an t-eolas seo chun bonn eolais a chur faoi mheasúnú do shonrú Limistéar Sainghné Ailtireachta.



***Seimineár ar Acmhainneacht Bhaile an Róba a Bhaint Amach***

## CEARDLANN GHEODHEARAIDH NA MALA RAITHNÍ

I Meán Fómhair, reáchtáladh Ceardlann Gheodhearaidh dhá lá sa Mhala Raithní. Rinne an cheardlann píolótú ar chur chuige rannpháirtíochta, ildisciplíne agus treoraithe go háitiúil maidir le pleanáil na timpeallachta tógtha, an tírdhreacha agus comhéadan cósta na Mala Raithní. Chuir coiste stiúrtha a chuimsigh ionadaithe an phobail áitiúil, Scoil Ailtireachta UCD agus an tOifigeach Oidhreachta an cheardlann in oiriúint do riachtanais an tsráidbhaile agus an phobail. Threoraigh an tOllamh Carl Steinitz agus Hrishi Ballal an cheardlann. Tá Carl Steinitz, Ollamh Alexander agus Victoria Wiley le hAiltireacht Tírdhreacha agus Pleanála, Emeritus, Scoil Dearaidh Iarchéime Harvard, tar éis cuid mhór dá shaol acadúil a chaitheamh le tírdhreacha ardluacha a bhfuil brú nach beag á chur orthu don athrú. Reáchtáladh slua-imeacht léarscáilithe i rith na Seachtaine Oidhreachta mar ullmhú don cheardlann Gheodhearaidh, áit ar chuidigh rannpháirtithe chun léarscáiliú agus cur sios a dhéanamh ar phríomhghnéithe cultúrtha na Mala Raithní e.g. ainmneacha áite, teachíní cloiche agus seangheataí agus léarscáileanna stairiúla Suirbhéireachta Ordanáis.



***Rannpháirtithe ag Ceardlann Gheodhearaidh na Mala Raithní***

## BITHÉAGSÚLACHT PHOBAIL AGUS PLEANANNA FIADHÚLRA

Cuireadh oiliúint bithéagsúlachta ar fáil do sheacht bpobal i Maigh Eo lena n-áirítear Baile an Róba, Baile an Chaisleáin, Conga, Cill Cheallaigh, Cill Eala, Cnoc Mhuire agus Cluain Cearbán. Ba í príomhaidhm na hoiliúna bithéagsúlachta pleananna fiadhúlra agus nádúir áitiúil a ullmhú do na bailte agus na sráidbhailte roghnaithe. Cuimsíonn na pleananna liosta de thionscadail a bheidh ar siúl thar thréimhse trí bliana chun leasa an nádúir agus fiadhúlra, na timpeallachta agus an phobail áitiúil.

## STRAITÉIS CHOMÓRTHA MHAIGH EO

Bunaíodh Coiste Comórtha Mhaigh Eo in 2013 chun Straitéis Chomórtha a fhorbairt don tréimhse 2013 go 2023. Lean cur i ngníomh na Straitéise in 2015.

Chuathas i mbun comhairliúcháin phoiblí le bonn eolais a chur faoi fhorbairt chlár imeachtaí do 2016, le ceardlann comhairliúcháin phoiblí mar bailchríoch in Iúil 2015. Cuireadh aiseolas ón gceardlann i dtoll a chéile agus tugadh clár imeachtaí do chomóradh céad bliain 1916 chun críche. Tá obair ag dul ar aghaidh ar thionscnaimh éagsúla chun mórphearsanra Mhaigh Eo den tréimhse seo a cheiliúradh, lena n-áirítear an Dr Kathleen Lynn agus an Maor John MacBride. Déantar an láithreán gréasáin CentenaryMayo.ie a thabhairt cothrom le data i gcónaí le hábhar bainteach leis an tréimhse sin. Táimid ag obair ar bhonn leanúnach le cumainn staire agus oidhreachta agus le pobail ábhartha sa chontae chun cuidiú leo imeachtaí comórtha áitiúla a fhorbairt.

## FÉILIRE CUIMHNEACHÁIN MHAIGH EO 1916

Tá cnuasach uathúil ábhair bhunaidh agus annaimh bainteach le hÉirí amach 1916 le fáil i bhféilire cuimhneacháin 2016 de chuid Comhairle Contae Mhaigh Eo. Ta ábhar sa bhféilire seo ó Bhailiúchán Jackie Clarke i mBéal an Átha a bhfuil an bailiúchán is mó ábhair ann bainteach leis an Éirí Amach lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, agus áirítear ann lámhscríbhinní, grianghraif, tuairiscí pearsanta, paimfléidí, teachtaireachtaí, fógráin, breis agus 350 páipéar nuachta, fiosrúcháin rialtais, litreacha, póstaeir agus forógraí (lena n-áirítear Forógra 1916 agus Forógra 1917 atá níos uathúla), agus cuid mhór earraí uathúla eile nach raibh eolas cheana orthu. Seoladh an féilire atá ar fáil ag gach teaghlach i Maigh Eo i Nollaig 2015.



***Comhaltaí tofa agus baill d'fhoireann bainistíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo ag seoladh Féilire Cuimhneacháin Mhaigh Eo 2016***

**SEACHTAIN OIDHREACHTA**

Tionóladh breis agus 70 imeacht oidhreachta ar fud an chontae chun Seachtain Oidhreachta 2015 a cheiliúradh, a bhí ar siúl ón 22 go 30 Lúnasa. Eagraíodh clár imeachtaí éagsúil agus eicléictiúil, lena n-áiríodh siúlóidí, cainteanna agus léirithe oidhreachta. Chuir na himeachtaí, ar eagraigh pobail cuid mhaith acu, taispeántas saibhir agus éagsúil ar fáil faoi oidhreacht chultúrtha, nádúrtha agus thógtha an chontae. Bhí mionsonraí na n-imeachtaí go léir ar fáil in eolaí póca Seachtain Oidhreachta Mhaigh Eo. Chuir Scéim Deontais d'Imeachtaí Seachtain Oidhreachta Chomhairle Contae Mhaigh Eo, le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta, cúnamh ar fáil do bhreis agus 35 pobal le himeachtaí a óstáil.

**SPEICIS IONRACHA**

Tá obair ar siúl go leanúnach le pobail sa bhFód Dubh, i mBéal an Mhuirthead, in Acaill agus i gCluain Cearbán chun cláir shrianta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don speiceas planda coimhthíoch gunnaire (*Gunnera tinctoria*). Tar éis cur i bhfeidhm forálacha reachtúla le gairid bainteach le speicis ionracha táimid i dteagmháil le comhaltaí de choiste Meitheal Oibre Speiceas Ionracha Mhaigh Eo, a chuimsíonn eagraíochtaí/cúrsaí sa chontae ar suim leo srianadh speiceas ionracha, lena n-áirítear NPWS, IFI, Teagasc agus Leader. Is í aidhm an Choiste Oibre breathnú ar na saincheisteanna a bhaineann le speicis ionracha agus bealaí a fhiosrú ina bhféadfaí baol speiceas ionracha sa Chontae a chomhrac.

Anuas ar chur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta, áirítear seo a leanas ar na réimsí a dtugann an tOifigeach Oidhreachta aghaidh orthu ar bhonn leanúnach:

- Comhairle a chur ar fáil don phobal agus d'fhoireann na comhairle ar chúrsaí bainteach le hoidhreacht
- Comhairle a chur ar fáil do ghrúpaí pobail atá i mbun scéimeanna 'glantacháin' reilige
- Comhairle agus cúnamh a chur ar fáil do dhaoine aonair, do ghrúpaí pobail, do mhaoirseoirí agus rannpháirtithe sa Scéim Shóisialta Tuaithe, agus Grúpaí na mBaile Slachtmhara maidir le Tionscadail Oidhreachta Áitiúla
- Clár Deontas Oidhreachta Áitiúil na Comhairle Oidhreachta agus scéimeanna deontas oidhreachta eile a chur chun cinn agus comhairle a chur ar fáil do ghrúpaí pobail ar iarratais de réir mar a theastaíonn
- Comhordú Fóram Oidhreachta Mhaigh Eo
- Oibriú le pobail ag cuidiú leo eolas ar a n-oidhreacht chultúrtha, nádúrtha agus thógtha a fháil agus í a chosaint agus a chur chun cinn.

## CUSPÓIRÍ GINEARÁLTA

**SAORÁIL FAISNÉISE**

Fuarthas 94 iarratas in iomlán faoin Acht um Shaoráil Faisnéise do 2015.

**DEONTAIS ARDOIDEACHAIS**

Tá gach iarratas nua ar Dheontas Mac Léinn, lena n-áirítear iarratais ó mhic léinn atá ann cheana agus atá ag athrú a gcúrsaí nó ag dul ar aghaidh go dtí cúrsaí nua (bídis ina gcúrsaí breise nó eile) á phróiseáil ag Tacaíocht Chomhchoiteann do Mic Léinn in Éirinn (SUSI) ón mbliain acadúil 2012/13 ar aghaidh. Tá SUSI ag íoc Deontais Mac Léinn freisin do gach iarratasóir nua ar bronnadh deontais orthu ón mbliain acadúil 2012/13 ar aghaidh, faoi réir ag deimhniú agus fíorú freastail.

Leanann Comhairle Contae Mhaigh Eo uirthi ag próiseáil iarratais athnuachana ar Dheontas Mac Léinn do mhic léinn ar bhronn an Chomhairle deontais orthu cheana go dtí an uair a mbeidh a gcúrsaí reatha tugtha chun críche acu agus leanfaidh ag íoc na mac léinn athnuachana ar an ngnáthbhealach faoi réir ag deimhniú agus fíorú freastail.

Chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna an Scéim Deontas Mac Léinn 2015 ar fáil do Chomhairle Contae Mhaigh in Aibreán 2015.

Fuarthas 29 iarratas athnuachana in iomlán ar Dheontas Mac Léinn sa bhliain acadúil 2015/16. Is é 27 an líon reatha mac léinn athnuachana atá ag fáil deontais ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

**FOGHLAIM AGUS FORBAIRT**

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo tiomanta d'Fhorbairt agus d'Fhoghlaim Acmhainní Daonna chun ár gcuspóirí agus ár spriocanna a bhaint amach. Aithnímid go bhfuil an chaoi ar éirigh linn seirbhís ardcháilíochta a chur ar fáil don phobal tógtha ar fhórsa oibre tiomanta, díograiseach, dílis. Measaimid go bhfuil sé tábhachtach spiorad foirne a chothú inár bhfostaithe go léir trí Phlean Forbartha agus Foghlama forásach a chur i bhfeidhm dár bhfostaithe ar fud gach réimse gníomhaíochtaí.

**CLÁR EITICE**

Fuarthas Dearbhuithe Bliantúla do 2015 ó fhostaithe ábhartha agus ó chomhaltaí tofa laistigh den tréimhse reachtúil.

**AN tACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014**

Ní bhfuarthas aon ghearán faoin Acht thuas luaite in 2015.

# ROINN NA nAILTIRÍ

Is oifig ildisciplíne í Roinn na nAiltirí a chuireann Seirbhís Chomhairliúchán Caomhantais, Ailtireachta agus Bainistíochta, Soláthair agus Dearaidh ar fáil do gach roinn agus stiúrthóireachtaí réigiúnacha de chuid Comhairle Contae Mhaigh Eo. Tá raon saineolais riaracháin agus teicniúil intí le fáil san oifig agus tá sé comhdhéanta de:

- Ailtirí
- Innealtóirí
- Ailtire Caomhantais
- Teicneoirí Ailtireachta & Sibhialta
- Gairneoir
- Cléirigh Oibre
- Foireann Chléireachais

D'fhág Clár Oibreacha Caipitiúla an Údaráis Áitiúil do 2015 go raibh Roinn na nAiltirí bainteach le forbairtí nua éagsúla lena n-áirítear Saoráid Oideachasúil Allamuigh agus Linn Snámha Chaisleán an Bharraigh ar cuireadh tús leo ar an suíomh i Nollaig 2015, Oibreacha sa Réimse Poiblí i Mala Raithní, gníomhaíocht Tithíochta i gcás Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Feabhais, mar aon le roinnt mhaith Saoráidí Spóirt agus Áineasa agus tionscadail foirgníochta treoraithe ag an gCaomhnú ar fud an Chontae.

Áirítear ar réimsí oibre 'neamhthógála' eile a raibh baint ag Roinn na nAiltirí leo, baint a bhí ag dul i méid i rith na bliana:

- Riaradh na Scéime Deontas "Struchtúir i mBaol"
- Seirbhísí Comhairliúcháin Caomhantais Ailtireachta & Pleanála
- Éascú Ráiteas Dearaidh Baile & Sráidbhaile
- Cothabháil & Bainistiú Gairdíní Pháirc an Turlaigh

**CLÁR CAIPITIL**

**TITHÍOCHT**

Sheol an Roinn Clár nua ilbhliantúil Tógála Tithe do 2015-2017 go luath in 2015 a fhoráil do leibhéal cuid mhór níos mó de ghníomhaíocht 'nuathógala' ar fud an Chontae i gcomparáid le blianta roimhe. Tá réamhoibreacha pleanála agus dearaidh ar siúl faoi láthair ar roinnt forbairtí tithíochta a bhfuiltear ag súil go mbeidh siad ar suíomh in 2016.

Dhírigh gníomhaíocht eile bainteach le tithíocht laistigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo ar oibreacha uasghrádaithe éifeachtúlachta fuinnimh agus feabhais chomh maith. In 2015 tugadh oibreacha uasghrádaithe bainteach le hinsliú áiléir agus balla chun críche i mbreis agus 200 áitreabh.

## SAORÁIDÍ SEIRBHÍSE, POBAIL & ÁINEASA

### LINN SNÁMHA CHAISLEÁN AN BHARRAIGH & FOIRGNEAMH OIDEACHAIS ALLAMUIGH

Cuireadh tús le hoibreacha tógála ar Choimpléacs Linn Snámha agus Foirgneamh Oideachais Allamuigh ag Loch Lannach, Caisleán an Bharraigh, atá lámh le Club Leadóige Chaisleán an Bharraigh. Thug an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt cuidiú i ndeontas do na hoibreacha seo faoina gClár Linn Snámha Údaráis Áitiúil agus meastar go dtabharfar na hoibreacha chun críche i lár 2017.



***Léaráid ealaíontóra den tionscadal thuas agus é críochnaithe, agus grianghraf thíos den dul chun cinn go dtí seo.***



***Síneadh le hIonad Pobail Ghaoth Sáile***





***Réadmhaoin Nua i nGaoth Sáile geall le bheith críochnaithe (an halla pobail atá ann cheana ar chúl)***

Luíonn an tsaoráid bheartaithe laistigh de Mháistirphlean/tionscadal níos mó, treoraithe agus deartha ag an bpobal, lena n-áirítear:

- Saoráid Spóirt Reatha (baile reatha Chlub Dornálaíochta Ghaoth Sáile)
- Saoráid phobail Béilí ar Rothaí agus Cúram Lae
- Acadamh Spóirt Sármhaitheasa beartaithe a mbeidh tábhacht náisiúnta leis áit a ndéanfar lúthchleasaithe agus cóitseálaithe a chóitseáil, a spreagadh, monatóireacht á dhéanamh orthu agus iad oilte go saineolach go dtí na leibhéil feidhmíochta is airde.
- Eispéireas Cultúrtha/Oidhreachta do Chuairteoirí.

**SEIRBHÍSÍ SAINCHOMHAIRLEOIREACHTA OIDHREACHTA AILTIREACHTA, PLEANÁLA & CAOMHANTAIS**

Tá Roinn na nAiltirí tar éis na dualgais agus freagrachtaí bainteach le ról an Oifigigh Chaomhantais do Chomhairle Contae Mhaigh Eo a ghlacadh chucu ó 2010.

Mar chuid de na dualgais agus na freagraíochtaí seo le linn 2015, chuir an tOifigeach Caomhantais Ailtireachta comhairle agus tuairiscí ar fáil maidir le seo a leanas:

- Taifead Struchtúr Cosanta
- Tuarascálacha Comhad Pleanála agus comhairliúcháin Réamhphleanála
- Comhairle Chaomhantais d’úinéirí oidhreachta tógtha
- Deontais Chaomhnaithe Tógála
- Ciste do Struchtúir i mBaol

**CEARDLANNA SCILEANNA BALLA CLOICHE SINGILE & AOIL**

Chuimsigh na ceardlanna seo a eagraíodh do dheireadh seachtaine i lár Bealtaine 2015 leis an Oifigeach Oidhreachta, i gcomhar le Todhchaí Phobal na Mala Raithní & Fóram Aolta Tógála na hÉireann, sraith ghnéithe praiticiúla agus teoiriciúla. Thug cainteanna, cás-staidéir agus léiriúcháin ó ghairmithe caomhantais, saoir chloiche agus cleachtóirí aoil réamhléiriú ar dhea-chleachtas agus ar phrionsabail an chaomhnaithe. Deisíodh cuid de bhalla cloiche single feadh Ghlasbhealach na Mala Raithní mar chuid den tionscadal.



***Rannpháirtithe ag na Ceardlanna ar Scileanna Balla Cloiche Singile & Aoil***

**CISTE DO STRUCHTÚIR I mBAOL 2015**

Is í aidhm an Chiste do Struchtúir i mBaol (SRF) cuidiú le hoibreacha chun struchtúir atá cosanta faoin Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) a chumhdach: lena n-áirítear oibreacha ar struchtúir chosanta bheartaithe, agus i gcásanna áirithe, oibreacha chun struchtúir a chosaint laistigh de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta.

Lorgaíodh iarratais don Chiste do Struchtúir i mBaol trí fhógra ar láithreán gréasáin na comhairle. Fuarthas sé iarratas incháilithe ar dheontas i Márta 2015 agus cuireadh dhá thionscadal faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, le faomhadh a fháil tar éis measúnú a dhéanfaí orthu. Ba é Teach an Droichid, Cathair na Mart an struchtúr rathúil.

**TEACH AN DROICHID, AN MEAL THUAIDH, CATHAIR NA MART**

Leanadh leis an obair chaomhantais a rinneadh ar an struchtúr cosanta roimhe seo le hoibreacha cobhsaíochta ríthábhachtacha lena n-áirítear deisiúcháin ar an lograchta go dtí an díon a chlis, agus athchur na sclátaí bunaidh ar phríomhstruchtúr an dín. Tógadh struchtúr iomlán an dín go dtí gabhal éadain an dín as a chéile chun deis a thabhairt an trus nua adhmaid gabhal-éadain a chur isteach le tacaíocht chruaiche. Baineadh úsáid an athuair as na rachtaí agus na coiléir bhunaidh go léir san atógáil. Rinneadh deisiúcháin simléir ar an dá phríomh stoc simléir ar an bpríomhdhíon, lena n-áirítear an phointeáil moirtéal aoil ar an obair chloiche áit a raibh an t-ábhar bunaidh glanta amach ag an mbáisteach. Chuir athsclátáil agus obair luaidhe ghaolmhar an sméar mhullaigh ar na gnéithe ríthábhachtacha seo. Chinntigh cigireacht ar na hoibreacha agus riaradh an deontais mhaoinithe de réir treoirlínte rannacha gur tugadh an ghné seo den tionscadal chun críche in 2015.



***Teach an Droichid, an Meal Thuaidh, Cathair na Mart: Roimhe ré***



***Scafall ar Theach an Droichid***



***Atógáil ar an díon le rachtaí & coiléir bhunaidh***



***Teach an Droichid, an Meal Thuaidh, Cathair na Mart: Ina dhiaidh***

## TIONSCADAIL CHAOMHANTAIS

## FRIAR’S BRIDGE, CONGA

Tá Abhainn an Chonga, a shníonn ó shráidbhaile Conga chun bualadh le Loch Coirib i gCaisleán Cheapach Corcóige, mar chuid de shuíomh tírdhreacha an droichid seo ó luath sa naoú céad déag. Bhí imní faoin ardú cloiche substainteach don droichead seo os cionn na habhann atá pábháilte le cloch Lios Ceannúir. Thug fiosrúcháin tosaigh ón Oifigeach Oidhreachta & ón Oifigeach Caomhantais do Choillte an deis dul ag obair i gcomhar leo chun a chinntiú go dtiocfadh an droichead slán, agus dea-phrionsabail caomhantais á léiriú. Tar éis ullmhú tuairiscí reachtúla i gcomhar le hinnealtóir caomhantais, éiceolaí agus seandálaithe na comhairle, d’fhág soláthar an tionscadail trí Roinn na nAiltirí gur foráladh d’oibreacha deisiúcháin íogaireacha a bhí le tabhairt chun críche laistigh den fhráma ama sonraithe.



***Droichead coisithe, Conga: Roimh ré***



***Droichead Coisithe, Conga: Ina dhiaidh***

## HALLA AN LÍNÉADAIGH, CAISLEÁN AN BHARRAIGH

I dtaca le leithdháileadh cistí in 2015 chun deisiúcháin a dhéanamh ar aghaidh Ionad Ealaíona Halla an Línéadaigh, lorgaíodh comhairle ó Roinn na nAiltirí chun Sceideal Imlíne Oibreacha a ullmhú leis na costálacha gaolmhara. Agus méid na n-oibreacha a raibh gá leo á chur san áireamh beartaíodh go ndéanfadh Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh buiséad bliantúil a leithdháileadh don struchtúr stairiúil seo. Áiríodh ar na hoibreacha a tugadh chun críche in 2015 tabhairt ar shiúl na seirbhísí go léir ar aghaidh an struchtúir lena n-áirítear an soláthar leictreachais don amharclann a chur faoi thalamh. Rinneadh grútáil ar an aghaidh thosaigh, agus deisiúcháin chloiche ar chóiriú peidiméideach an dorais a raibh meath suntasach imithe i bhfeidhm air.





***Halla an Línéadaigh, Caisleán an Bharraigh: Roimh ré***

***Halla an Línéadaigh, Caisleán an Bharraigh: Ina dhiaidh***

**<u>BEAIRIC MHÍLEATA CHAISLEÁN AN BHARRAIGH</u>**

Chinntigh maoiniú a cuireadh ar fáil faoi thionscnamh píolótach CEDRA an Chreasa Forbartha Eacnamaíoch Tuaithe (REDZ) i nDeireadh Fómhair 2015 go ndeachaigh gnéithe den tionscadal ag an mbeairic mhíleata chun cinn. Chuir an chéad tionscnamh, i gcomhar le hInstitiúid Ríoga Ailtirí Éireann, ardán ar fáil chun ailtirí a fhostú, trí chomórtas, chun tograí imlíne a chur ar fáil don bheairic mhíleata ina iomláine, le linn dó aghaidh a thabhairt ar a chaidreamh leis an mbaile agus leis an Meal. Cuireadh maoiniú ar fáil freisin chun suirbhé geoifisiceach seandálaíochta a dhéanamh.

Cheadaigh oibreacha caomhantais a rinneadh go dtabharfaí aghaidh ar roinnt gnéithe i mBloc A&B, i dtaca le suirbhé foirgníochta, imoscailt oibreacha agus suirbhéanna staide speisialaithe á ndéanamh. Áiríodh i scóip na n-oibreacha a d’eascair as seo athsholáthar lindéar i ngach áit fuinneoige, agus rácáil amach moirtéal stroighin-bhunaithe go dtí an phointeáil strapa sna hailt ar an aghaidh thosaigh. Rinneadh athphointeáil le meascán moirtéal aoil a aontaíodh, á mheaitseáil leis an méid ar léir sa bhalla binne ar an aghaidh thosaigh. Ar oibreacha inmheánacha áiríodh tabhairt ar shiúl plástair stroighne sa taobh istigh chun triomú amach an struchtúir a éascú, agus cóireáil ar ghiarsaí agus ar chláir adhmaid áit a raibh taise tar éis teacht isteach. Cheadaigh oibreacha ag leibhéal an dín do dheisiúcháin ar stoic simléir, ar fhleascadh luaidhe gaolmhar agus do shuiteáil earraí uisce báistí iarainn teilgthe chun na himlínte bunaidh a bhí le feiceáil ar Bhloc G&H a mheaitseáil.



***Pointeáil strapa***



***Pointeáil moirtéil aoil***



*Cosaint heiseáin ar oibreacha aoil*



*Ballaí ag triomú & cóireáil adhmaid*

## OIBREACHA SA RÉIMSE POIBLÍ



*Oibreacha sa Réimse Poiblí ag Sráidbhaile na Mala Raithní*

Is í Rannóg na nAiltirí a chéadmhol an smaoineamh spás áineasa poiblí nua nó ‘Promanáid’ a chruthú ag amharc amach ar thírdhreach iontach Chuan Mó i gcroílár Shráidbhaile na Mala Raithní, agus na tograí dearaidh do Ráiteas Dearaidh Shráidbhaile na Mala Raithní á ullmhú in 2011.

Mhol Ráiteas Dearaidh an tSráidbhaile an ‘phromanáid’ seo leis na il-aidhmeanna an sráidbhaile a chomhdhlúthú agus beocht a chur ann, rothaithe a mhealladh ón mBealach Glas, agus daoine a bhí ag dul thar bráid a spreagadh chun sos a ghlacadh agus taitneamh a bhaint as an taobh tíre iontach agus ar an gcaoi seo breis ghníomhaíochta tráchtála sa sráidbhaile a chur chun cinn.

Thug Oifig Dhearaidh na mBóithre Náisiúnta (NRDO) faoin tasc deacair na tailte agus na hoibreacha conartha a fháil, d’oibrigh an Rannóg Ailtireachta i bpáirt leo agus d’fhorbair dearadh mionsonraithe agus aeistéitiúil na ngnéithe pábhála, na ráillí, an soilsiú poiblí, troscán sráide etc.

D’ullmhaigh comhairleoirí Innealtóireachta Sibhialta RPS na pacáistí tairisceana do na hoibreacha sibhialta agus bhainistigh an tionscadal foriomlán ar an suíomh.

Ba chomhoibriú an-rathúil an tionscadal idir an NRDO agus Rannán na nAiltirí le hionchur freisin ón Rannán Pleanála agus ón Oifigeach Oidhreachta. Chruthaigh an ‘Phromanáid’ thar a bheith rathúil. Bhí méadú suntasach ar ghníomhaíocht choisithe sa sráidbhaile a chuir beocht ann nach raibh ann roimhe. Tá súil againn go leanfaidh an phromanáid ag spreagadh gníomhaíochta tráchtála agus tuilleadh forbartha agus comhdhlúthaithe sa Sráidbhaile.

**SAORÁIDÍ ÁINEASA**

Idir na blianta 2000 agus 2015 d’éascaigh an Roinn Ailtirí forbairt 86 saoráid áineasa phoiblí in iomlán ag 46 láthair éagsúla ar fud an chontae. Áirítear ar shaoráidí dá leithéid Áiteanna Súgartha, Ceantair Cluichí ilúsáide, Ionad Aclaíochta Amuigh faoin Aer, Cúirteanna Leadóige, Cúirteanna Cispheile, an Pháirc Scátála i gCathair na Mart agus an Raon Sintéiseach ag Béal Leice, Béal an Átha. Tá tuilleadh saoráidí beartaithe do Bhéal Easa agus do Pholl an tSómais.

Rinneadh na tionscadail seo i gcomhar le grúpaí pobail agus i roinnt cásanna fuaireadar maoiniú ón Údarás Áitiúil, LEADER, an Rialtas Láir, nó trí thiomsú airgid ag an bPobal ach i bhformhór na gcásanna is comhcheangal de na foinsí maoinithe uile thuas a bhí ann. Rinne Roinn na nAiltirí dearadh agus bainistiú ar na tionscadail agus ról lárnach ag an bpobal áitiúil i ngach céim den tionscadal.

D’fhág an infheistíocht shuntasach seo gur leath líonra de Shaoráidí Áineasa Poiblí ar fud an chontae le go mbainfeadh pobail áitiúla agus cuairteoirí araon taitneamh astu. Aithnítear Contae Mhaigh Eo anois mar cheann de na contaetha sa tír is fearr a bhfuil freastal air ó thaobh soláthar saoráidí áineasa poiblí.

**TÓGÁIL RAON REATHA SINTÉISEACH, BÉAL LEICE, BÉAL AN ÁTHA**



***An ribín á ghearradh Bealtaine 2015***



***Leanaí Áitiúla ag spraoi***

Osclaíodh an raon reatha sintéiseach den chineál is nuaí i mBealtaine 2015. Cuireadh saoráid 8 lána a tógadh le freastal ar na caighdeáin is airde in áit an tseanraoin 4 lána. Breis is €600,000 an costas a bhí ar an tionscadal agus é maoinithe ag iar-Chomhairle Baile Bhéal an Átha, Comhairle Contae Mhaigh Eo agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

## TÓGÁIL GLASBHEALACH BHÉAL LEICE, BÉAL AN ÁTHA



***Rotharbhealach/ siúlbhealach nua Bealach Glas Bhéal Leice***

## OIBREACHA FEABHSÚCHÁIN AG AN LOCHÁN –BEALACH GLAS BHÉAL LEICE

Tógadh beagnach 4km de Rotharbhealach Siúlbhealach trí Bhéal Leice i mBéal an Átha. Tosaíonn an siúlbhealach nua a tógadh ag an gClub Sacair agus críochnaíonn ag Knockatana. Chosain an tionscadal ina iomláine breis agus €250,000. Tugadh an tionscadal chun críche i Meán Fómhair 2015.

## SÍNEADH LE hÁIT SÚGARTHA CHLÁR CHLAINNE MHUIRIS, CLÁR CLAINNE MHUIRIS



***Bhí síneadh leis an áit súgartha reatha ag Lios Mhic Fheorais Clár Chlainne Mhuiris i gceist sna hoibreacha. Tugadh na hoibreacha chun críche i Meán Fómhair 2015 agus chosain breis agus €25,000. Bhí an tionscadal maoinithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Comhairle Contae Mhaigh Eo.***

## ÁIT SÚGARTHA AG AN BHREACLACH BHUÍ, BÉAL ÁTHA hAMHNAIS



***Tógadh áit súgartha nua ag an Bhreaclach Bhuí, Clár Chlainne Mhuiris. D'oscail an tAire Michael Ring an tionscadal go hoifigiúil agus chosain sé breis agus €40,000.***

## PÁIRC ÁINEASA NA MAILPE BÉAL ÁTHA HAMHNAIS



***Áirítear sa pháirc áineasa nua a tógadh ag na Mailpe Béal Átha hAmhnais Áit súgartha do Leanaí, Láthair Cluichí Ilúsáide agus Líne bhabhlála agus shlacaidh Cruicéid. Chosain an tionscadal breis agus €300,000 ina iomláine agus rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú air.***

## BÉAL AN ÁTHA - BUAITEOIR BONN CRÉ-UMHA NA mBAILTE SLACHTMHARA



***Sa phictiúr thuas - Comhaltaí de scéim Fostaíochta Pobail Bhailte Slachtmhara Bhéal an Átha agus foireann allamuigh Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus rathúlacht an bhaile i ngradaim na mBailte Slachtmhara Náisiúnta 2015 á ceiliúradh acu.***

## SEACHTAIN NÁISIÚNTA NA gCRANN 2015



***Ag luí isteach ar an obair: An Taoiseach Enda Kenny agus crainn á bplandáil aige ag Loch Lannaigh le scoláirí ó scoileanna áitiúla chun Seachtain Náisiúnta na gCrann 2015 a chomóradh.***

# COISTÍ UM BEARTAS STRAITÉISEACH

## COISTE UM BEARTAS STRAITÉISEACH MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT & IOMPAR AR BHÓITHRE

Tá an Coiste um Beartas Straitéiseach comhdhéanta de na Comhaltaí a leanas:
An Comh. Annie May Reape, Cathaoirleach
An Comh. Rose Conway-Walsh; An Comh. Cyril Burke; An Comh. Patsy O'Brien; An Comh. Seamus Weir
An Comh. Damien Ryan; An Comh. Brendan Mulroy
An tUas John McMillan, Fóram Pobail Chontae Mhaigh Eo
An tUas Eddie Lavelle, Ionadaí Taca Ceardchumainn
An tUas Michael Moran, Ionadaí Taca Gnó
Majella Patasz Uas., Ionadaí Taca Comhshaoil

Chuaigh an Coiste ar thoscaireacht go dtí an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta i Meán Fómhair 2015 chun iad seo a leanas a phlé:

- Teorainneacha Luais agus moilliú tráchta [N5 Both Chomhla & N60 Bréachmhaigh];
- Nuashonrú ar Thionscadail N26/N58/N5 agus N5;
- Bonneagar bóithre i mBéal an Átha mar mhol tionsclaíocht agus bonn turasóireachta;
- Scéimeanna ar an ~ N84 (Achadh Droighneach) & N60 (acomhail an Ardbhuaile & An Ráth Dhubh);
- Imní sábháilteachta maidir le lánaí ag casadh ar dheis ar Bhealaí Náisiúnta;
- Maoiniú don N84 i mBaile an Róba agus thart timpeall air;
- Nósanna imeachta ann chun comhstádas do choisithe agus do rothaithe i mbailte & sráidbhailte áit a thrasnaíonn príomhbhóithre náisiúnta iad;
- Togra chun timpeallán a chruthú ag crosbhealach Bóithre na Mala Raithní/Acla/Bhaile Chruaich;
- Soláthar cosán ar an N59 go Baile Chruaich N.S.

Tá an Coiste tar éis na saincheisteanna seo a leanas i measc ceisteanna eile a bhreithniú agus déileáil leo:

- An Clár um Bóithre Náisiúnta don Chontae
- An Clár um Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad
- Sábháilteacht ar Bhóithre
- Scéim Rannpháirtíochta Phobail
- Teorainneacha Luais in Eastáit Tithíochta agus
- Beartas Gearradh Fálta
- Infheistíocht in Iompar ar Tír
- Iompar Poiblí Mhaigh Eo

## COISTE UM BEARTAS STRAITÉISEACH MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA, GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA, OIDHREACHTA, OIDEACHAIS AGUS CULTÚRTHA

Faoi Chathaoirleacht an Chomhairleora Jarlath Munnelly agus Stiúrthóireacht an Uasail Joe Loftus, thionóil an Coiste um Beartas Straitéiseach maidir le Seirbhísí Éigeandála, Gnóthaí Corparáideacha, Oidhreachta, Oideachais agus Cultúrtha **4** chruinniú i rith 2015.

I rith 2015, rinne comhaltaí SPC breithniú ar na cúinsí seo a leanas lena n-áirítear:-

- Plean Seirbhísí Dóiteáin do Sheirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo faoi thionscnamh an rialtais “Pobail a Choinneáil Slán.”
- Glacadh le Plean Oibre Deiridh 2015-2019 an Choiste agus Gníomhaíochtaí Tosaíochta ó Phlean Oibre 2015.
- Moladh go bhfostófaí Comhairle Contae Mhaigh Eo foireann d’fhonn éagsúlacht teanga sa Chontae a chaomhnú agus do thaifeadadh.
- Moladh do Chomhairle Contae Mhaigh Eo go ndéanfaidís iniúchóir béaloideasa a fhostú d’fhonn bailiúchán de Bhéaloideas Mhaigh Eo a bhunú i Leabharlann Chontae Mhaigh Eo.
- Moladh do Chomhairle Contae Mhaigh Eo go mbunóidís Scéim Deontais Oidhreachta Phobal Bhliantúil chun tacú leis an méid ollmhór obair dheonach atá á dhéanamh ag an iliomad grúpa pobail ar fud an Chontae.
- Sruthú beo ar chruinnithe na Comhairle Contae.
- Moladh do Chomhairle Contae Mhaigh Eo go gceapfaí Oifigeach Scannán lánaimseartha.
- Moladh do Chomhairle Contae Mhaigh Eo go gceapfaí Oifigeach Eorpach.
- Moladh do Chomhairle Contae Mhaigh Eo go mbeadh an príomhról ag Ceantair Bhardasacha i leathnú amach agus athspreagadh nascadh bailte agus gur chóir nascadh bailte stairiúla a aithris d’fhonn dea-chleachtas a bhunú agus an cheist a cur faoi bhráid na Comhairle iomlán arís chun an polasaí a chur faoina bráid.
- Moladh go n-ullmhófaí Sceideal do Dhámhachtainí don Fhoilseachán is Fearr agus go ndéanfadh an Coiste é a bhreithniú.
- Moladh do Chomhairle Contae Mhaigh Eo go nglacfaí leis an dréachtbheartas leasaithe maidir le gradaim shibhialta agus eile arna dtabhairt ag Comhairle Contae Mhaigh Eo.
- Moladh go ndéanann Comhairle Contae Mhaigh Eo iarracht maoiniú agus tacaíochtaí eile a chur ar fáil ar bhealach cóir chun bonneagar ealaíne an Chontae a chothabháil.

**AN COISTE UM BEARTAS STRAITÉISEACH MAIDIR LE PLEANÁIL, COMHSHAOL & TALMHAÍOCHT**

Reáchtáladh dhá chruinniú den Choiste um Beartas Straitéiseach maidir le Pleanáil, Comhshaol & Talmhaíocht in 2015, ar 21 Bealtaine agus 27 Samhain.

Ar na hábhair a pléadh áiríodh:

- Leasú ar an bPlean Forbartha Contae
- Treoirlínte Pleanála do Phleananna Ceantar Bardasacha
- An tAcht um Athnuachan Uirbeach
- Plean Bainistíochta Bruscair
- Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach
- Córas Íoc-de-réir-Meáchain do bhailiú bruscair
- Straitéis Athrú Aeráide
- Treoir um Chreat Uisce.

Reáchtáladh Ceardlann do na comhaltaí ar 19 Márta 2015. Ba é cuspóir na ceardlainne príomhcheisteanna a shainaithint a bhféadfadh an SPC aghaidh a thabhairt orthu trí fhoirmliú beartais, athbhreithniú nó moladh thar shaolré an SPC. D’éascaigh an comhordaitheoir Dramhaíola Réigiúnach, Kevin Swift, Réigiún dramhaíola Chonnacht Uladh.

Roinneadh an cheardlann i dtrí roinn ar leith, is iad sin Pleanáil, Comhshaol agus Talmhaíocht. Faoi gach roinn chuir an éascaitheoir léargas ar fáil ar na príomhghníomhaíochtaí nó feidhmeanna a bhí ar siúl sa réigiún.

Bhreithnigh an cheardlann na príomhcheisteanna a bhí roimh gach ceann de na réigiúin a scrúdaíodh mar a leanas:

- Sainaithníodh 34 ceist i réigiún na Pleanála ó thabhairt ar láimh eastáit tithíochta neamhchríochnaithe go cosaint éan.
- Sainaithníodh 40 ceist i réimse an Chomhshaoil ó dhumpáil neamhdhleathach go dtí cosaint na tuaithe.
- Ó thaobh freagrachtaí na Comhairle maidir le Talmhaíocht áiríodh ar na príomhchúrsaí ar tugadh aird orthu ná cur i bhfeidhm na Rialacháin um Shábháilteacht Bia trí oifigigh tréidliachta, rialú madraí agus capall agus cur i bhfeidhm cigireachtaí feirme maidir le srianadh ar thruailliú timpeallachta.

**<u>AN COISTE UM BEARTAS STRAITÉISEACH MAIDIR LE FORBAIRT EACNAMAÍOCH & TACAÍOCHT FIONTAIR (SPC)</u>**

Dhéileáil an SPC maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Tacaíocht Fiontair le sraith saincheisteanna i rith 2015 lena n-áirítear:

- Múnlú agus faomhadh gné eacnamaíochta an Phlean Pobail & Eacnamaíochta Áitiúil;
- Ionchur a chur ar fáil do Straitéis Infheistíochta Mhaigh Eo;
- Cuir i láthair a fháil ó:
    - Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire, ar na dúshláin roimh an aerfort;
    - An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha ar leathanbhanda;
    - Mayo.ie – nuashonruithe láithreáin ghréasáin & brandála;
    - Cónaidhm Theileachumarsáide & Idirlín – clúdach idirlín agus móibíleach;
    - Fondúireacht Chontae Mhaigh Eo;
    - Oifig Fiontair Áitiúil Mhaigh Eo;
- Nuashonruithe maidir le pleananna chun infheistíocht a mhealladh go Cill Eala agus naisc le Rhode Island;
- Plé ar an Staidéar Tionchar Eacnamaíochta a rinneadh ar Theach Chathair na Mart.

Comhaltaí an SPC Eacnamaíoch: An Comh. Michael Kilcoyne, an Comh. Lisa Chambers, an Comh. Al Mc Donnell, an Comh. Tom Connolly, an Comh. Neill Cruise, an Comh. Rose Conway-Walsh, an Comh. Christy Hyland, Pat Staunton, Neill O'Neill, Deirdre Carroll – RIP, Seamus Heverin, Joanne Grehan.

**<u>COISTE UM BEARTAS STRAITÉISEACH MAIDIR LE TURASÓIREACHT & BIA</u>**

Tá Coiste saincheaptha um Beartas Straitéiseach maidir le Bia agus Turasóireachta i mbun oibre anois agus bhuaileadar le chéile ar shé ócáid in 2015. Áirítear ar na comhaltaí:
An Comh. Gerry Coyle, Cathaoirleach; An Comh. Michael Loftus; An Comh. Paul McNamara; an Comh. John O'Hara; An Comh. Teresa McGuire; An Comh. Thérèse Ruane; An Comh. Seamus Weir; An tUasal Michael Lennon; An tUas Padraig Heverin;
An tUas Patrick Chambers; An tUas Michael Carey.

**<u>AN COISTE UM BEARTAS STRAITÉISEACH MAIDIR LE TITHÍOCHT</u>**

Tá an Coiste um Beartas Straitéiseach maidir le Tithíochta comhdhéanta de na comhaltaí seo a leanas: -
An Comh. Gerry Ginty, Cathaoirleach
An Comh. Annie May Reape
An Comh. Blackie Gavin
An Comh. Henry Kenny

An Comh. John Cribbin
An Comh. Gerry Murray
An Comh. Richard Finn
An tUas Kevin Kirrane, Kirrane Auctioneering, Béal Átha hAmhnais
An tUas Padraig Heverin, Ashfield, An Baile Glas, Clár Chlainne Muiris
Anne Chambers Uasal, Western Care Association, Br Sheán de Mórdha, Caisleán an Bharraigh
An tUas Willie Walsh, Moyhastin, Br. Bhaile an Róba, Cathair na Mart

Thionóil an Coiste 4 cruinniú i rith 2015. Tá an Coiste tar éis na saincheisteanna seo a leanas i measc ceisteanna eile a bhreithniú agus déileáil leo:

- Plean Feidhmithe do Dhaoine Gan Dídean i Maigh Eo
- Athbhreithniú ar an Scéim Deontas Tithíochta
- Clár Tithíochta 2015-2017
- Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta
- Cur i Láthair ó Ghrúpa Beartais Shóisialta Chontae Mhaigh Eo
- Cur i Láthair ar Phróiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste.

## LÉARGAS AR ÚSÁID FUINNIMH IN 2015

Is iad soilsiú poiblí, iompar agus breoslaí téimh na príomhúsáideoirí fuinnimh ag Comhairle Contae Mhaigh Eo tar éis gur chuir aistriú sócmhainní seirbhísí uisce go Uisce Éireann in Eanáir 2014 laghdú 56% ar ídiú Fuinnimh Leictrigh.

Go ginearálta tá treochtaí ídithe seasta de bharr éifeachtúlachta feabhsaithe ó thuiscint níos fearr ar fhuinneamh agus infheistíocht i laghdú fuinnimh i bhfoirgnimh mar insliú saoráide áineasa agus chuir uasghráduithe téimh leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú.

In 2015, d'ídigh Comhairle Contae Mhaigh Eo thart ar 21,210 MWh fuinnimh a chuimsigh:

- 10 MWh leictreachais; (Laghdaigh aistriú sócmhainní go dtí Uisce Éireann ídiú de 56% d'Eanáir 2015).
- 11 MWh breoslaí iontais, lena n-áirítear (Soláthar agus monatóireacht Feithicle ar shonraí breoslaí Iompair a chuireann athchódú níos cruinne úsáid breosla ar fáil).
- 0.210 MWh breoslaí in-athnuaite (Áirítear ann millíní Grianteasa & Adhmaid).

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ A RINNEADH IN 2014 & 2015

Thug Comhairle Contae Mhaigh Eo faoi raon tionscnamh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú lena n-áirítear:

- Bhí torthaí éagsúla ag Deimhnithe Fuinnimh Taispeána (DECanna) ar gach foirgneamh poiblí sa chontae bunaithe ar na sonraí fuinnimh a bhí ar fáil.
- Athbhreithniú ar shaincheisteanna seirbhíse & coimisiúnaithe an aonaid Gáis Nádúrtha, Cumhacht agus Teas in Éineacht (CHP) a Suiteáladh in Ionad Áineasa Chathair na Mart
- Bronnadh Conradh Soilsithe Poiblí ar Electric Skyline Teodo shuiteáil agus do mhonatóireacht ar 200 aonad solais éifeachtach ar Fhuinnimh i gCrois Mhaoilíona, Contae Mhaigh Eo. Is féidir tuairisc a thabhairt faoi éaradh seirbhíse ar shoilsiú poiblí agus/nó fabhtanna ar an bhfón nó ar líne go díreach chuig Electric Skyline.
- Tairiscint Gáis In-athnuaite do shuíomh Líonadh Talún Ráth Ruaín agus Doire an Iomaire chun éileamh ar leictreachas a fhritháireamh.
- Easáiteoidh suiteáil córas PV Gréine i bhfoirgneamh Áras 2016 éileamh ar leictreachas.

Cuirfidh siad seo go léir le chéile agus bearta eile coigilt fuinnimh thart ar choigilteas fuinnimh 5% ar fáil in aghaidh na bliana do Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

### GNÍOMHAÍOCHTA ATÁ BEARTAITHE DO 2016

In 2016 agus ina dhiaidh tá sé i gceist ag Comhairle Contae Mhaigh Eo ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh trí na tionscnaimh a leanas a dhéanamh:

- Áirítear san athbhreithniú ar iarratas faoin gClár Pobal Fuinneamh Níos Fearr uasghráduithe beartaithe d'fhoirgnimh de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo a chuir an soláthraí fuinnimh Enprova isteach. Foirgnimh a shainaithint do chláir BEC sa todhchaí.
- Infheistíocht i Soilsiú Poiblí éifeachtach ar fhuinneamh bunaithe ar shonraí stairiúla a taifeadadh ó thionscadail uasghrádú soilsithe mar an suiteáil ag Crois Mhaoilíona agus an conradh Monatóireachta a bronnadh in 2013.
- Déanfaidh atairiscint ar shuiteáil córas PV Gréine i bhfoirgneamh Áras 2016 easáitiú ar an éileamh ar leictreachas.

- Cuirfidh doiciméid comhairliúcháin Rialtais do Dhreasacht Teasa In-athnuaite (RHI) deiseanna ar fáil do thabhairt isteach Teicneolaíocht Teasa In-athnuaite i bhfoirgnimh de chuid na Comhairle.
- Uasghráduithe inslithe agus téimh do stoc tithíochta (ar bhonn contae) faoi mhaoiniú tacaíochta roinne do chlár uasghráduithe do thithíocht leis an gcomhairle.

# I nDIL CHUIMHNE ar JOHN McNICHOLAS, R.I.P.  (1957-2015)



Is le comhbhrón ó chroí a dhéanaimid cur síos ar bhás ár gcomhghleacaí agus ár gcara uasal John McNicholas, Maoirseoir Seirbhísí Ginearálta, a cailleadh go tragóideach gan choinne ar an 9 Meitheamh, 2015 tar éis timpiste san ionad oibre.

Thosaigh John ag obair le Comhairle Contae Mhaigh Eo mar Oibreoir Ginearálta in 1982.  In 1984 tugadh ardú céime dó go post Saoiste i gCeantar Bhéal Átha na Muice agus ina dhiaidh sin go Maor in 1994.  Ceapadh é mar Mhaor Bóthair i Meán Fómhair 1996. In Eanáir 2015 tar éis athshannadh na dToghlimistéar, sannadh John go dtí Ceantar Bardasach Bhéal an Átha.

Chomhlíon John a chuid dualgas le bróid agus le sásamh as a phost. Ba bhreá leis bualadh le daoine agus cúnamh nó comhairle a chur orthu dá bhféadfadh sé. Bhí bá iontach aige leis an bhfoireann a d'oibrigh leis agus bhí meas mór acu sin air. Ba throm a chuaigh nádúr a bháis i gcionn ar a chomhghleacaithe oibre agus tá siad faoi chian ina dhiaidh. Ceiliúradh Aifreann Cuimhneacháin a d'eagraigh a chomhghleacaithe in Ionad Cultúrtha Bhéal Átha na Muice ar 18 Nollaig, 2015 agus ba léir ón slua mór a bhí i láthair an meas a bhí ar John.

Bhí suim mhór ag John i gcúrsaí polaitíochta i gcónaí. Ba bhall d'Fhine Gael é ó 1970 agus sheas sé mar iomaitheoir de chuid Fhine Gael i dToghcháin na Comhairle i gCeantar Bhéal Átha na Muice in 1985 in aois a 28.

Thar aon rud eile ba fear mór teaghlaigh é John. Phós sé a bhean Ann (a raibh McNicholas uirthi féin freisin) ar an 21 Meitheamh 1980 agus bhí ceathrar clainne orthu – Julie, Claire, John agus Kieran.  D'oibrigh John gan stad gan staonadh chun cuidiú lena chlann dul chun cinn a dhéanamh sa saol.
Go gairid i ndiaidh a bháis rugadh beirt gharpháiste do bheirt iníonacha John, ócáid a raibh John ag súil go mór leis. Cé go raibh sceideal gnóthach laethúil aige, thug John cuairt i gcónaí ar a mháthair Annie gach tráthnóna ag 8p.m.

Fear mór pobail é John freisin. Chaith sé cuid mhór uaireanta ag obair go deonach i bParóiste Bhoth Chomhla i mbun oibreacha éagsúla agus bhí sé gníomhach ar choistí éagsúla. Bhí sé an-mhórtasach as a dhúchas agus is i Lios Mearáin ab ansa leis a bheith.

Thaitin sé le John dul ag taistil agus taithí a fháil ar chultúir eile agus dhéanfadh sé cur síos ar mhionsonraí na dturas ina dhiaidh sin. Thug sé an turas deiridh ar Medugorje a chuaigh i bhfeidhm go mór air agus bhí sé i gceist aige filleadh.

Bhí an t-ádh orainn go léir go raibh aithne againn ar John agus tá dea-chuimhní againn go léir ar thréimhsí a chaitheamar ina theannta. Beidh cuimhne go deo againn ar a iliomad focal gaoise agus ar a rógaireacht.

# AGUISÍNÍ

*(Féach doiciméid ar leith)*

**AGUISÍN 1**

- CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ/CLÁR ATHEAGRAITHE 2015/2016

**AGUISÍN 2**

- LIOSTA COMHLACHTAÍ SEACHTRACHA A mBÍONN IONADAÍOCHT FHOIRMIÚIL AG COMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO ORTHU AG COMHAIRLEOIRÍ IN 2015

**AGUISÍN 3**

- COSTAIS NA gCOMHALTAÍ TOFA THAR LEAR 2015
- COSTAIS NA gCOMHALTAÍ TOFA DO CHOMHDHÁLACHA, DON OILIÚINT AGUS DO CHRUINNITHE IN ÉIRINN
- CRUINNITHE A TIONÓLADH IN 2015 / OILIÚINT AR BHAIN COMHALTAÍ TOFA LEAS ASTU 2015
- ÍOCAÍOCHTAÍ DO CHOMHALTAÍ TOFA 2015
- ÍOCAÍOCHTAÍ DO CHOMHALTAÍ COISTE NACH COMHAIRLEOIRÍ IAD 2015

**AGUISÍN 4**

- NOCHTADH TABHARTAS AGUS CAITEACHAIS

**AGUISÍN 5**

- TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA